

Léamh Iarchoilíneach ar shaothair le Cathal Ó Sándair.

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta a
chomhlíonadh

Róisín Ní Mhulláin

arna stiúradh ag an Dr. Ríona Ní Fhrighil

Roinn na Gaeilge,
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr,
Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Iúil 2020



CLÁR

Dearbhú	v
Achoimre	vi
Buíochas	vii
Noda	viii
Réamhrá	ix
Cathal Ó Sándair: Cuntas Beathaisnéise agus a chaidreamh leis an nGúm	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Cuntas Beathaisnéise	1
1.3 Cathal Ó Sándair agus An Gúm: Fianaise ón gCartlann Náisiúnta	8
1.4 Cúrsaí Gaeilge agus ceist chaighdeán na teanga i saothar Uí Shándair	11
Léirmheas Litríochta	15
2.1 Réamhrá	15
2.2 An Chritic Iarchoilíneach agus Critic Liteartha na Gaeilge	15
2.3 Idir Dhá Theanga, Idir Dhá Chultúr, Idir Dhá Dhearcadh, Idir Dhá Shaoirse.....	16
2.4 An Chritic i Litríocht na nÓg go hIdirnáisiúnta	18
2.5 Litríocht na nÓg in Éirinn	23
2.6 Litríocht Ghaeilge na n-Óg.....	25
2.7 Ceangal	26
Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg	27
3.1 Réamhrá	27
3.2 Litríocht na n-óg le linn an Naoú hAois Déag.....	27
3.3 Tréimhse na hAthbheochana	33
3.4 Bunú an Ghúim.....	40
3.5 Éire: Blianta Tosaigh an Stáit go 1950	48
3.6 Ceangal	51
An tÚrscéal Coire agus Bleachtaireachta agus Réics Carló.....	52
4.1 Réamhrá	52
4.2 An tÚrscéal Coire agus Bleachtaireachta	52
4.3 An tÚrscéal Coire agus Bleachtaireachta sa Ghaeilge	54
4.4 An tÚrscéal Coire agus Bleachtaireachta i Litríocht na nÓg	57
4.5 Scéalta Bleachtaireachta i Litríocht Ghaeilge na nÓg	63
4.6 Ceangal	69
Club Leabhar Réics Carló.....	70
5.1 Réamhrá	70
5.2 Íomhá de Nua-Éirinn.....	70
5.3 Réics Carló agus Saíocht na Gaeilge	84

5.4 Caidrimh le muintir na hÉireann agus le pobail eile.....	91
5.5 Ceangal	107
Club Leabhar an Iarthair Fhiáin agus Réamonn Óg	109
6.1 Réamhrá	109
6.2 Leabhair faoin Iarthar Fiáin.....	109
6.3 Leabhair faoin Iarthar Fiáin i Litríocht na Gaeilge	111
6.4 Leabhair faoin Iarthar Fiáin agus Litríocht Bhéarla na nÓg ó Mheiriceá agus ó Shasana	113
6.5 Leabhair faoin Iarthar Fiáin agus Litríocht Bhéarla na nÓg in Éirinn	116
6.6 Leabhair faoin Iarthar Fiáin i Litríocht Ghaeilge na n-óg	116
6.7 Caidreamh agus Léiriú na nIndiach.	128
6.8 Caidrimh Réamoinn Óig le mná.....	135
Iarfhocal.....	136
Cathal Ó Sándair: Clár Saothair	139
Liosta Léitheoireachta	145

Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá á chur faoi scrúdú agam don chéim PhD sa Nua-Ghaeilge agus nár bronnadh céim orm san Ollscoil seo nó in aon áit eile de thoradh an tsaothair seo.

Achoimre

Chuir mé romham sa tráchtas seo staidéar a dhéanamh ar theoiricí iarchoilíneacha i litríocht Ghaeilge na n-óg agus na teoiricí sin a thagairt do shaothar Chathail Uí Shándair, an tsraith Réics Carló agus Réamonn Óg go speisialta. Cuimsítear réimsí taighde éagsúla sa tráchtas seo; cultúr na hóige ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois, cúrsaí stairiúla agus polaitiúla na hÉireann, stair na foilsitheoireachta Gaeilge, chomh maith le ról agus stádas na Gaeilge sa chóras oideachais. Pléitear ceisteanna idé-eolaíochta, teanga, féiniúlachta agus cultúir i litríocht Ghaeilge na n-óg agus scrúdaítear na ceisteanna sin i saothar roghnaithe de chuid Chathail Uí Shándair. Áiteofar gur thug Ó Sándair faoi fhéiniúlacht nua Ghaelach a chruthú le go gcuirfí luachanna agus idéil náisiúnacha chun cinn i measc léitheoirí óga na Gaeilge. D'fhéach Ó Sándair leis an mbearna idir léitheoirí óga na Gaeilge agus léitheoirí óga an Bhéarla a dhúnadh trí sheánraí agus trí mhúnlaí éagsúla liteartha a chur chun cinn sa Ghaeilge. Sa tráchtas seo, pléitear seánra an úrscéil choire agus bhleachtaireachta agus leabhair faoin Iarthar Fiáin agus an bheirt charachtar, Réics Carló, bleachtaire, agus Réamonn Óg, buachaill bó. Áitítear gur ábhar í litríocht Ghaeilge na n-óg a chuireann go mór lenár dtuiscint ar theanga, ar fhéiniúlacht agus ar chultúr na Gaeilge agus na hÉireann.

Buíochas

Táim go mór faoi chomaoin ag mo stiúrthóir, an Dr Ríona Ní Fhrighil. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil léi as a cuid díograise agus a cuid tacaíochta, agus as a cuid tuisceana ar litríocht Ghaeilge na n-óg agus an tuiscint theoiriciúil ina leith a roinnt go fial liom sa tráchtas seo.

Táim fíorbhuíoch den Ollamh Mhícheál Mac Craith, as a chuid comhairle agus tacaíochta ó thosaigh mé ag dul don Ghaeilge.

Táim buíoch den Ollamh Gearóid Denvir a thug treoir agus spreagadh dom agus mé ag tabhairt faoin tráchtas seo i dtosach.

Is mór agam tacaíocht mo chuid chomhghleacaithe; Dr Liam Ó hAisibéil, Dr Mairéad Conneely agus Dr Conal Mac Seáin a thug tacaíocht agus misneach dom agus a roinn a gcuid tuairimí liom. Chomh maith leis sin, tá mé buíoch de Shinéad Campbell, Sheila Foley, an tAthair Michael Duignan agus Dr Michelle McGarraghy.

Tá mé an-bhuíoch den Dr Róisín Adams, a roinn a cuid saineolais agus tuiscintí liom go flaitiúil.

Táim buíoch d'fhoireann na mbailiúchán speisialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh dá gcuirteis agus dá gcabhair i gcónaí. Chomh maith leis sin, tá mé buíoch d'fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus d'fhoireann Chartlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Tá mo shíorbhuíochas ag dul do mo thuismitheoirí, Michael agus Frances, a thug gach deis dom sa saol agus a threoraigh mé i dtreo na Gaeilge ón gcéad lá riamh. Tá mé buíoch de mo bheirt deartháireacha, David agus Darragh, as a gcuid tacaíochta agus grá.

Mo chéile, David, a thacaíonn liom i gcónaí, a thugann grá agus misneach dom, ár mbuachaill beag, Cathal agus ár gcailín beag, Aedín.

Noda

Is é córas Harvard atá i bhfeidhm sa tráchtas seo. De bharr an líon mór scéalta le Cathal Ó Sándair a foilsíodh in aghaidh na bliana tabharfar teidil an scéil agus tagairt á dhéanamh do scéalta Uí Shándair féin.

Réamhrá

Sa chuntas a thugann sé ar ghaisce scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair, leagann Alan Titley béim ar an stádas eisceachtúil a bhí aige i dtáirgeadh agus i margadh na Gaeilge:

Is é gaisce scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair an gníomh aonair pinn is éachtaí i stair an úrscéil Gaeilge. Ní thagann aon scríbhneoir eile úrscéalta i ngiorracht tobar dúigh dó ó thaobh toirte, iomadúlachta nó raidhse a shaothair. Fara a bheith ag plé le heitealláin do-fheicthe agus corpáin i dtruncanna agus gluaisteáin sí agus uafáis i mBrú na Bóinne agus dúnmharuithe i bPáirc an Chrócaigh. Bhí caoi ag a laoch ildánach, Réics Carló, coireanna nó oilghníomhartha a réiteach san Iodáil, san Afraic, san Éigipt, sa tSín, sa Bhreasaíl, sna Stáit Aontaithe, i gCairlín, i bPáras, ar an ngealach agus, le déanaí, ar Oileán Mhanainn gan trácht ar iliomad ball eile nach féidir a lua ceal spáis agus foighne. Má bhí an céad éigin úrscéal a scríobh sé dírithe ar an aos scoile, agus margadh rialta le fáil acu ina measc dá réir, féachadh ar a shaothar mar chloch bhunúsach san iarracht leanúnach a bhí ar siúl gnáthléitheoireacht a sholáthar go rialta don ghnáthléitheoir. (Titley, 1991: 65)

Ag cur an chuntais sin san áireamh, díol suime é nár scrúdaíodh saothar Chathail Uí Shándair go mion cheana. Níl ann ach líon beag aistí criticiúla ar shaothar Uí Shándair; dhá aiste le Ríona Nic Congáil, ‘Réics Carló: Gaelachas san nua-aois’ (2009), ‘Contrárthachtaí Chathail Uí Shándair: Idé-eolaíocht an Chosantais agus an Margadh Domhanda’ (2015); aiste amháin le Róisín Adams, ‘Baile Átha Cliath Abú!’ Cathal Ó Sándair agus an Suíomh Uirbeach i Litríocht Ghaeilge na nÓg’ (2014), agus aiste amháin liom féin, ‘An tÚrscéal Scoile (1952-1960): Sraith Chluain Éanna le Cathal Ó Sándair (2014). Chomh maith leis sin, léiríonn Philip O’Leary tábhacht Uí Shándair i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge agus freastal ar Ghaeilge óga agus déanann sé cur síos ar mhúnlaí, ar scéalta bleachtairachta agus ar scéalta faoin Iarthar Fiáin roghnaithe de chuid Uí Shándair a foilsíodh roimh 1951 in *Writing Beyond the Revival: Facing The Future in Gaelic Prose 1940-1951* (2011). Is léir mar sin, go bhfuil easnamh i Léann na Gaeilge agus faillí áirithe déanta i saothar Uí Shándair. Go deimhin, is réimse measartha nua i Léann na Gaeilge féin an staidéar acadúil ar litríocht na n-óg. Is chuige sin an tráchtas seo. Cuirim romham staidéar a dhéanamh ar theoiricí iarchoilíneacha i litríocht Ghaeilge na n-óg agus iad sin a thagairt do shaothar Chathail Uí Shándair.

Le deich mbliana anuas nó mar sin tá aird á díriú ar litríocht Ghaeilge na n-óg mar ábhar acadúil i léann na Gaeilge. Tá aitheantas á thabhairt do litríocht Ghaeilge na n-óg mar ábhar acadúil, mar ábhar taighde agus mar ábhar spéise faoi leith. Mar sin féin, is beag plé agus anailís a dhíríonn ar an gceangal idir litríocht Ghaeilge na n-óg agus teoiricí iarchoilíneacha, agus ar na ceisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga a bhaineann leis an dá dhioscúrsa. Cuirim romham sa tráchtas seo litríocht Ghaeilge na n-óg a léamh trí lionsa an iarchoilíneachais agus an teoiric sin a thagairt do shaothair roghnaithe de chuid Chathail Uí Shándair. Is tráchtas idirdhisciplíneach atá i gceist le hábhar an tráchtais seo mar sin. Tabharfar cuntas ar an gceangal idir an teoiricíocht iarchoilíneach agus critic léann na Gaeilge agus áiteofar go bhféadfaí na teoiricí iarchoilíneacha a thagairt do litríocht Ghaeilge na n-óg faoi mar atá

déanta i gcás litríocht chanónda na Gaeilge. Breathnófar ar fhorbairt chritic léann na n-óg sa Bhéarla, go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta in Éirinn agus pléifear tuiscintí scoláirí i leith litríocht Ghaeilge na n-óg mar chuid de chritic léann na n-óg. Le go mbainfí lántairbhe as an gcur chuige seo, ní mór na comhthéacsanna ina saothraítear litríocht Ghaeilge na n-óg a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, pléifear réimsí taighde éagsúla agus a dtionchar ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg, ina measc; cultúr na hóige ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois, cúrsaí stairiúla agus polaitiúla na hÉireann, stair na foilsitheoireachta Gaeilge, chomh maith le ról agus stádas na Gaeilge sa chóras oideachais. Scrúdófar an t-ábhar léitheoireachta don óige a cumadh ag deireadh an naoú haois déag agus le linn thréimhse na hAthbheochana. Ábhar suntais é gur leagadh béim ar thábhacht na Gaeilge mar theanga náisiúnta in ábhar léitheoireachta Béarla agus gur féachadh le daoine óga a spreagadh i dtreo na Gaeilge, na staire agus an chultúir Ghaelaigh. In ábhar léitheoireachta Béarla agus Gaeilge na tréimhse seo, tá tuiscint bháúil na n-eagarthóirí agus na scríbhneoirí i leith na Gaeilge le tabhairt faoi deara. Is léir go raibh béim ar theagasc na Gaeilge i bhfianaise na gceachtanna Gaeilge a foilsíodh le foclóir, foghraíocht agus gramadach na Gaeilge a theagasc. Díol suime é nár thosaigh Conradh na Gaeilge ar ábhar léitheoireachta a fhoilsiú do dhaoine óga go dtí tús an fichiú haois. Ábhar léitheoireachta teagascach a bhí ann seachas ar ábhar litríochta agus béim ar theagasc foclóra agus ar theagasc na gramadaí.

Tréimhse an-chorraitheach a bhí sa tréimhse ó aimsir na hAthbheochana go bunú an tSaorstáit, agus ina dhiaidh sin. Tháinig claochlú mór ar Éirinn mar thír spleách de chuid Impireacht Shasana go tír neamhspleách. Ní miste móreachtraí stairiúla agus polaitiúla a lua mar chúlra agus mar chomhthéacs; teacht chun cinn Parnell agus Léig an Rialtais Dúchais (1872-1882), Athbheochan Angla-Éireannach agus Athbheochan na Gaeilge ag tús na 1890idí agus bunú Chonradh na Gaeilge (1893), an Chéad Chogadh Domhanda (1914-1916), Éirí Amach na Cásca (1916), Cogadh na Saoirse (1919-1921), bunú an tSaorstáit (1922), Cogadh Cathartha (1922-1923). Tá ceangal idir ábhar léitheoireachta na n-óg agus cúrsaí stairiúla agus polaitiúla na hÉireann, go háirithe le linn na tréimhse 1890-1922, agus léireofar go raibh tionchar ag na cúrsaí sin ar fhorbairt agus ar easpa leanúnachais i litríocht Ghaeilge na n-óg. I gcomhthéacs fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg, tagrófar do dhíospóireachtí le linn na tréimhse seo maidir le dhá mhórghluaiseacht chultúrtha a bhí ar bun: an Athbheochan liteartha Angla-Éireannach agus Athbheochan na Gaeilge agus pléifear ceisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga agus a léiriú in ábhar léitheoireachta i mBéarla agus i nGaeilge na n-óg. Léireofar na bealaí ar cuireadh féiniúlacht Ghaelach chun cinn i litríocht Ghaeilge na n-óg tar éis bhunú an tSaorstáit agus pléifear tábhacht bhunú an Ghúim agus a ról i bhfoilsiú ábhar léitheoireachta do dhaoine óga trí bhunshaothair agus aistriúcháin a sholáthar. Scrúdófar fíis agus tuiscint an Ghúim i leith réimse spéise agus cumas teanga daoine óga. I bhfianaise ábhar cartlainne an Ghúim, tabharfar léargas ar mheon agus ar dhearcadh eagarthóirí agus léirmheastóirí an Ghúim i leith ábhar litríochta na n-óg, agus ar an bplé a bhíodh ag eagarthóirí agus léirmheastóirí le scríbhneoirí agus aistritheoirí litríocht na n-óg. Mar chuid den chuntas seo, pléifear fíis

Chathail Uí Shándair i leith litríocht Ghaeilge na n-óg agus tábhacht an chaidrimh ghairmiúil a bhí aige le Seán Mac Lellan, eagarthóir sa Ghúm. Tabharfar cuntas ar mhodh oibre na beirte a d'fhéach le litríocht Ghaeilge na n-óg a chur chun tosaigh agus a chur chun cinn.

Tá an tráchtas seo roinnte ina dhá chuid. Baineann an chéad chuid, Caibidil 1- Caibidil 3 le cúlra stairiúil litríocht na n-óg go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Ó tharla gur beag plé acadúil as Gaeilge a rinneadh go dtí seo ar litríocht na n-óg mar réimse acadúil, bheartaigh mé ar chomhthéacs cuimsitheach stairiúil a thabhairt ar fhás agus ar fhorbairt litríocht na n-óg mar ábhar léitheoireachta agus mar réimse léinn. Sa chéad chaibidil den tráchtas seo, tabharfar cuntas ar shaol Uí Shándair agus déanfar cur síos ar an saothar leis an Sándarach a d'fhoilsigh an Gúm. Pléifear caidreamh Uí Shándair le heagarthóirí agus le léirmheastóirí an Ghúim. Ag tarraingt ar ábhar cartlainne an Ghúim, pléifear ceist chaighdeán na teanga aige agus gnéithe eile a tháinig chun cinn i gcomhfhreagras idir é agus an Gúm. Tá níos mó ná céad chomhad in ábhar cartlainne an Ghúim a phléann go sonrach le lámhscríbhinní Uí Sándair, idir chomhfhreagras, léirmheasanna ó phiarmheasúnóirí an Ghúim, léirmheasanna agus ailt a foilsíodh sna páipéir náisiúnta, conarthaí idir Cathal Ó Sándair agus an Gúm agus comhfhreagras agus pictiúir de chlúdaigh scéalta Uí Shándair. Tugann ábhar cartlainne an Ghúim léargas ar phearsantacht Uí Shándair, ar fhís an scríbhneora óig agus ar a mhian scéalta Gaeilge a scríobh le freastal ar Ghaeil óga. Ina theannta sin, tugtar léargas ar mheon agus ar dhearcadh eagarthóirí an Ghúim i dtaobh litríocht Ghaeilge na n-óg agus ar pholasáí teanga an Ghúim le linn na 1940idí agus ina dhiaidh sin.

I gCaibidil 2, déanfar plé agus anailís ar theoiricí iarchoilíneacha agus mar a dhéantar iad a thagairt do litríocht na Gaeilge, do litríocht Bhéarla na n-óg agus do litríocht Ghaeilge na n-óg. Pléifear coincheapa, 'idir dhá theanga', 'idir dhá dhearcadh', 'idir dhá shaoirse' i gcomhthéacs fhorbairt nua-litríocht Ghaeilge na n-óg agus na dúshláin a bhain le freastal ar léitheoirí óga na Gaeilge agus ar léiriú idé-eolaíochta agus féiniúlachta i litríocht Ghaeilge na n-óg. Áiteofar go bhfuil easnamh ann i gcritic litríocht na n-óg go hidirnáisiúnta sa mhéid is nach ndéantar plé agus anailís ar theoiricí iarchoilíneacha i dtaca le litríocht na n-óg go rómhinic. Chomh maith leis sin, pléifear critic litríocht na n-óg in Éirinn agus an ceangal idir litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn agus litríocht Ghaeilge na n-óg agus díreofar go sonrach ar fhorbairt na critice i litríocht Ghaeilge na n-óg.

Ar chúlra stairiúil agus polaitiúil i bhforbairt litríocht Ghaeilge na n-óg a dhíreofar i gCaibidil 3. Breathnófar ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg i dtrí thréimhse; an tréimhse ó lár an naoú haois déag go tús na bliana 1900; tréimhse na hAthbheochana agus faoi dheireadh tréimhse bhunú an Ghúim agus ina dhiaidh sin. Pléifear tábhacht chuairt na Banríona Victoria go hÉirinn in Aibreán na bliana 1900 agus tabharfar cuntas ar an athrú a tháinig ar mheon agus ar dhearcadh shochaí agus phobal na hÉireann i leith ról agus tábhacht na bpáistí. Déanfar comparáid idir an t-athrú meoin agus dearcadh seo i measc mhuintir na hÉireann agus an tuiscint a bhí ann i measc mhuintir Shasana le fada i leith ról na bpáistí sa tsochaí agus tábhacht litríocht na n-óg mar ábhar spreagtha le hidé-eolaíochtaí éagsúla a chur chun

cinn, dílseacht don Impireacht san áireamh. Tabharfar cuntas ar ghluaiseachtaí éagsúla náisiúnaíocha in Éirinn a bunaíodh le páistí agus daoine óga a spreagadh i dtreo an náisiúnachais agus an neamhspleáchais agus a thosaigh ar úsáid a bhaint as litríocht na n-óg mar uirlis le hidé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha a chur chun cinn. Tabharfar cuntas chomh maith ar mhóreachtraí stairiúla agus polaitiúla agus a dtionchar ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg agus breathnófar ar chomhthéacs polaitiúla agus sóisialta in Éirinn le linn bhlianta tosaigh an tSaorstáit agus le linn ré Éamonn de Valera mar Thaoiseach. Baineann tábhacht leis an gcúlra seo le tuiscint cheart a fháil ar theacht chun cinn Chathail Uí Shándair mar scríbhneoir ag tús na 1940idí.

Baineann an dara cuid den tráchtas le téacsanna ar leith le Cathal Ó Sándair a ndéanfar anailís théacsúil orthu. Le haghaidh an tráchtais seo, roghnaíodh dhá chlub leabhar agus beirt príomhcharachtar de chuid Uí Shándair le mionanailís a dhéanamh orthu. Is iad sin Club Leabhar Réics Carló agus an bleachtairé Réics Carló, agus Club Leabhar an Iarthair Fhiáin agus an buachaill bó, Réamonn Óg. Roghnaíodh an dá chlub leabhar agus an bheirt charachtar seo ar mhórán cúiseanna. Sa chéad áit, is iad an dá shraith scéalta seo is líonmhaire dá shraithscéalta uile agus is iad is fearr a thugann léargas ar mhúnlá na seánraí a dhéanann freastal ar léitheoirí óga. Tá an líon is mó leabhar sa dá chlub leabhar seo, daichead cúig leabhar i gClub Leabhar Réics Carló agus fiche naoi leabhar i gClub Leabhar an Iarthair Fhiáin. Sa dara háit, is dhá sheánra thábhachtacha i litríocht na cruinne iad an seánra coire agus bleachtairéachta agus leabhar faoin Iarthair Fhiáin. Díol suime na bealaí ar tháinig forbairt ar an dá sheánra sa Bhéarla agus sa Ghaeilge do dhaoine lánfhásta agus i litríocht na n-óg agus bealaí ar fhéach Ó Sándair le téamaí agus comharthaí sóirt an dá sheánra a mhúnlú le freastal ar leitheoirí óga Gaeilge in Éirinn sna 1940idí. Chomh maith leis sin, is é Réics Carló, bleachtairé, agus Réamonn Óg, buachaill bó, is suimiúla ar an ábhar go bhfuil príomhcharachtar amháin i mbun eachtraíochta i mBaile Átha Cliath agus in Éirinn go príomhúil, agus príomhcharachtar eile i suíomh iomlán coimhthíoch, an Rio Grande. Tugtar faoi deara cosúlachtaí agus difríochtaí na beirte i léiriú cultúir, féiniúlachta agus teanga. De bharr líon mór na scéalta faoi Réics Carló a foilsíodh agus a díoladh, agus de bharr thábhacht an charachtair i litríocht Ghaeilge na n-óg mar léiriú ar idé-eolaíocht agus ar fhéiniúlacht náisiúnaíoch, cinneadh ar dhá chaibidil a scríobh ar Chlub Leabhar Réics Carló. Pléifear an dá chlub leabhar i gcomhthéacs cheisteanna na critice iarchoilíní agus i gcomhthéacs an ama ar scríobhadh iad le léargas a fháil ar chur chuige an scríbhneora a bhí ag iarraidh freastal ar léitheoirí óga Gaeilge agus fíis agus féiniúlacht Ghaelach a chur chun cinn.

I gCaibidil 5, áiteofar gur thug Ó Sándair faoi luachanna agus idéil Ghaelacha a chur chun cinn ar thrí bhealach; trí íomhá nua-Éirinn a shamhlú, trí stádas na Gaeilge a ardú mar theanga dhomhanda agus trí chaidrimh Réics Carló le muintir agus pobal eile a léiriú. Is amhlaidh, áfach, nár bhain an bhéim idé-eolaíoch chéanna le scéalta an Iarthair Fhiáin agus díreofar ar scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin i gcomhthéacs phlé agus chaidrimh Réamoinn Óig le bundúchasaigh agus na bealaí a léirítear cás na nIndiach, ceist na bhfear bán agus athshealbhú na talún sna scéalta sin. I gcás an dá chlub leabhar áirítear

ábhar cartlainne an Ghúim agus plé agus díospóireachtaí i dtaobh Réics Carló agus Réamonn Óig agus na gnéithe éagsúla a tháinig chun cinn i gcomhfhreagras idir an scríbhneoir, na heagarthóirí agus na piarmheasúnóirí.

I gCaibidil 6, pléifear na leabhair faoin Iarthar Fiáin agus faoin mbuachaill bó Réamonn Óg. Déanfar comparáid idir na gnéithe is suimiúla i sraithscéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus sraithscéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin. Tabharfar aghaidh ar ghnéithe de thionscnamh na critice iarchoilíní agus an ceangal idir saothair roghnaithe Uí Shándair mar eiseamláirí ar léiriú ar mhórcheisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga i litríocht Ghaeilge na n-óg.

Caibidil a hAon

Cathal Ó Sándair: Cuntas Beathaisnéise agus a chaidreamh leis an nGúm

1.1 Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an gcaibidil seo cuntas beathaisnéise a thabhairt ar shaol Chathail Uí Shándair, ar an bplé a bhí aige leis an nGúm agus ar cheist chaighdeán na teanga i saothar Uí Shándair. Sa chéad chuid tabharfar cuntas ar óige Uí Shándair, ar phearsaí éagsúla a chur i dtreo na Gaeilge agus na scríbhneoireachta é, agus ar shaol oibre agus ar shaol pearsanta Uí Shándair. Sa dara cuid tabharfar cuntas ar ábhar chartlainne atá ar fáil sa Chartlann Náisiúnta agus ar an líon agus ar an raon saothar leis a d'fhoilsigh an Gúm. Ar deireadh, pléifear ceist chaighdeán na teanga ina shaothar agus an bealach ar phléigh an Gúm le Ó Sándair, scríbhneoir nár cainteoir dúchais ná nár scríbhneoir Gaeltachta é.

1.2 Cuntas Beathaisnéise

Rugadh Cathal Ó Sándair ar an 15 Iúil, 1922, in Weston-Super-Mere i Sasana (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 211). Ba as Sráid Camden, Baile Átha Cliath, máthair Chathail, Florence Elliot agus ba as Dorset a athair. Chas an bheirt ar a chéile i Sasana nuair a bhí máthair Chathail ag obair i monarcha muinisin i mBristó. Ba dhornálaí gairmiúil é athair Chathail, Simon Saunders, agus throid sé faoin ainm Darkey Saunders. Ba bhall d'arm Shasana é chomh maith. Nuair a d'aistrigh an chlann go hÉirinn liostáil Simon in airm an tSaorstáit agus bhí sé mar thiománaí tamall ag an Aire Kevin O'Higgins (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 211). D'fhreastail Ó Sándair ar Scoil Treasa in Ascaill Dhún Odhar agus luaitear tionchar an mhúinteora Prionsias Ó Súilleabháin, air ó thaobh na Gaeilge de go speisialta (Mac Aonghusa, 1996: 27). Cuireadh Ó Sándair ag bailiú airgid ar son Choiste na Teanga sa bunscoil agus ní raibh sé ach deich mbliana d'aois nuair a cuireadh chun na Gaeltachta le Coiste na bPáistí (Breathnach agus Ní Mhurchú, 1996: 27). D'fhan sé i dTeach Sheáin Uí Chonghaile i gCois Fharraige; bhí cáil ar Ó Conghaile mar oide agus mar Ghaeilgeoir, bhíodh sé ag timireacht do Ghael Linn ag bailiú béaloidis agus seanchais agus bhain sé duaiseanna amach ag an Oireachtas dá ghearrscéalta, do chomórtais ardáin agus dá aistí agus toghadh é mar Uachtarán an Oireachtais sa bhliain 1976 (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 211).

D'fhreastail Ó Sándair ar Mheánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Synge (Mac Aonghusa, 1996: 27) agus ar Choláiste Chiaráin i mBré (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 211). Tugann Ó Sándair cuntas ar thionchar na múinteoirí i meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Synge ar an tsuim a chuir sé sa Ghaeilge agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach:

Thosaigh sé go léir leis na haistí scoile. “An tseachtain seo, a bhuachaillí, leifidh mé amach cúpla ceann de na haistí is fearr a scríobh sibh”. Is féidir liom an múinteoir úd a fheiceáil go fóill ina shuí ar a stól ard ag ceann an rangsheomra i Scoil na mBráthar, Sráid Synge, Baile Átha Cliath. ‘Ar dtús, leifidh mé amach “An tEarrach” le Cathal Ó Sándair. Bhí mé ceithre bliana déag d’aois san am, ach nach mé a bhí bródúil as m’iarracht, ag ceapadh gur dom féin amháin a d’éirigh an ghrian agus a chuaigh sé faoi. Ba iadsan, ar ndóigh, blianta griannmhara glórmhara réamhChogaidh, agus blianta geala mo dhéagóireachta. Bhíodh mo chroí go hiomlán sa cheapadóireacht – mé chomh corraithe ag scríobh faoi dhraíocht an tSamhraidh nó faoi bhinncheol na n-éan agus a bheadh file ar bith. Seachtain i ndiaidh seachtaine, bhíodh na haistí á scríobh againn – faoi na séasúir, faoi eachtraí a bhain dinn, faoi mhadraí agus faoi chat agus faoi chapall ag insint a scéil féin, agus mar sin de. Dom féin, b’iad na haistí céanna mór-imeachtaí na seachtainí. D’imíodh an t-am mar a bheadh eítí faoi agus an t-ábhar ag sní ó mo pheann go sciobtha saoráideach. Arís agus arís eile, bhíodh m’aistí á léamh amach don rang. (Ó Sándair, 1980: 5)

Mhol an múinteoir dó aistí a sheoladh chuig nuachtán náisiúnta le foilsiú agus rinne Ó Sándair amhlaidh ach níor foilsíodh ábhar leis agus is minic a cuireadh nótaí diúltaithe chuige. Is cosúil, áfach, gur spreag an taithí seo Ó Sándair le dian-staidéar a dhéanamh ar cheird na scríbhneoireachta agus ar thuilleadh scéalta agus alt a scríobh agus a sheoladh chuig irisí agus chuig nuachtáin agus faoi dheireadh bhí toradh ar a chuid oibre. Tá sé spéisiúil gurb é an nós céanna a chleacht sé agus é ina bhuachaill óg agus an nós a chleacht sé le heagarthóirí an Ghúim:

“Tá an tEagarthóir buíocht díot as ucht an t-alt seo a chur chuige ach is oth leis...” Bhí siad an-bhéasach, an-mhúinte, na hEagarthóirí éagsúla a fuair ábhar uaim a scríobhadh ar dtús mar aistí scoile. Rinne mé bailiúchán beag de na duillíní diúltaithe. Ní dúirt aon Eagarthóir liom, gan fiacail a chur ann, nach raibh mo chuid ábhair feiliúnach in aon chor do nuachtán le haghaidh daoine fásta. Ach anois, bhí mé ag caitheamh neart saor ama sa leabharlann poiblí ag Ráth Maoinais. Gach leabhar faoin iriseoireacht agus faoin scríbhneoireacht, bhí siad á léamh agam agus á n-athléamh. Rinne mé staidéar ar na gnéithe meicniúla de cheird an údair. Thosaigh mé ag cur altanna agus scéalta chuid iriseáin éagsúla chomh maith leis na nuachtáin. Ansin, 1938 agus mo chéad scéal i gcló! Ansin, 1938 agus mo chéad scéal i gcló! ‘An Gael Óg’ ab ainm don iriseán úrnua a bhí arna chur amach ag na Bráithre Críostúla. Bhíos-sa i ndiaidh scéal Gaeilge a chur chuig ‘*Our Boys*’. Tharla gur shroich an scéal an oifig sin go díreach agus na Bráithre faoi réir an foilseachán nua a chur amach. Sa chéad uimhir riamh de ‘*An Gael Óg*’ bhí mo chéad scéal foilsithe. ‘*An Strainséir*’ ba theideal don scéal agus bhain me feidhm as ainm pinn ‘Cuan Aoibhinn’. (Ó Sándair, 1980: 5)

Foilsíodh an chéad ghearrscéal le Ó Sándair in aois 16 bliain dó faoin ainm cleite ‘Cuan Aoibhinn’, agus ba é seo an chéad ghearrscéal Gaeilge a foilsíodh san eagrán nua, *An Gaedheal Óg*, forlíonadh Gaeilge le *Our Boys* (Mac Aonghusa, 1996: 27). Tá ceist ann faoi bhliain a fhoilsithe sa chuntas ag Breathnach agus Ó Murchú, ‘caithfidh gur i leathanach Gaeilge *Our Boys* a bhí sé óir níor thosaigh *An Gael Óg* go 1945 (Breathnach agus Ní Mhurchú, 201: 212). Is cosúil, áfach, gur foilsíodh *An Gaedheal Óg* in 1938 agus tagann sé seo le cuntas agus le cur síos Uí Shándair (Ó Sándair, 1980: 5) agus le cuntas Mhic Aonghusa (1996: 27).

Tar éis na meánscoile, chuaigh Ó Sándair isteach san Aer-Chór i mBaile Dhónaill agus bhí sé ina bhall de Chraobh Moibhí de Chonradh na Gaeilge agus ina dhiaidh sin de Ghlúin na Bua. Ghlac sé páirt i gcruinnithe poiblí ar son na Gaeilge (Mac Aonghusa, 1996: 27). Deirtear gurbh é Ó Sándair a scríobh

an paimfléad Béarla, *Tusa agus an Ghaeilge: A Word to the Worker* in 1944 agus ar díoladh 20,000 cóip de (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 212). Le bunú *Inniu* sa bhliain 1943 thosaigh Ó Sándair ag díol, ag bailiú fógraí agus ag scríobh alt le foilsiú sa nuachtán chomh maith (Mac Aonghusa, 1996: 27).

Is le linn na tréimhse seo a chuir sé aithne ar Sheán Mc Lellan, eagarthóir in An Gúm, agus dhírigh sé ar an scríbhneoireacht chruthaitheach agus ar scéalta níos faide a scríobh seachas ailt agus gearrscéalta amháin. In Aibreán 1942, sheol Ó Sándair litir chuig Mc Lellan. Faoin am seo bhí scéalta leis foilsithe in *An Gaedheal Óg*, alt Gaeilge in *The Irish Independent* in 1939 agus cúig ghearrscéal as Béarla (Comhad G295) agus bhí sé ag súil le hábhair eile a fhoilsiú leis an nGúm. Sa litir d'iarr Ó Sándair ar Mc Lellan an bhféadfaí leabhar nó gearrscéalta a fhoilsiú fiú murar scríbhneoir aitheanta tú agus mhínigh sé gurbh é a mhian ábhar léitheoireachta a scríobh do dhaoine óga:

I would be much obliged if it could be possible to let me know if practically unknown writers like myself would stand any chance of getting a small book of say, a dozen short stories, published, if they reached your standard...It is my dearest wish to do something towards the advance of the National language...Of course my efforts are still poor, but I think I could do a little to write a modest book of topical Irish stories which would help in a small way the national effort. (Comhad N1014)

Chuir an litir seo tús le comhfhreagras idir Ó Sándair agus Mc Lellan agus eagarthóirí eile sa Ghúm a mhairfeadh daichead bliain. Is léir ón gcomhfhreagras idir Mc Lellan agus Ó Sándair sna blianta luatha go raibh tuiscint idir an bheirt, agus gur mheas Mc Lellan go bhféadfadh Ó Sándair ábhar a scríobh a thaitneodh le daoine óga. Ba thráthúil comhfhreagras agus plé Uí Shándair agus Mc Lellan mar go raibh bunscríbhneoirí agus bunábhar Gaeilge á lorg ag an nGúm le daoine óga a mhealladh i dtreo na Gaeilge. Ó bunaíodh an Gúm bhí mórchuid leabhar Béarla aistriithe go Gaeilge le freastal ar Ghaeil óga agus ba léir ó na figiúirí agus ó líon íseal na ndíolachán nach raibh leabhair Ghaeilge á gceannach ag daoine óga agus gur chosúil nach raibh suim ag daoine óga in ábhar na leabhar (Adams, 2018: 118). I miontuairisc a scríobh Mc Lellan chuig an Rúnaí Aire in An Gúm i Samhain na bliana 1942, thug sé cur síos ar ábhar na scéalta. Mheas Mc Lellan go raibh plotaí scéalta Uí Shándair go maith agus in ainneoin a amhras faoi chaighdeán liteartha na scéalta, is léir gur thuig sé go raibh an t-ábhar ag teacht leis an gcineál ábhair a bhí á léamh ag buachaillí i mBéarla agus gur thuig sé go raibh cáil agus tóir ar a leithéid. Mar sin féin, mheas Mc Lellan go raibh ceist ann i dtaobh chaighdeán teanga Uí Shándair:

Rúnaí Aire, This is the case I mentioned to you on the phone a few days ago. As you will see, the Irish is weak judged from the standard of the native speaker and would not pass muster in the Gaeltacht. The plots of the stories are good, however, and while the work may have no literary merit yet it is a good example of the type of 'escape' reading matter so popular in English with boys 14-19 (the similar types of story in English in 'Our Boys', 'The Champion', 'Adventure'. (Comhad N1014)

É sin ráite, mhol Mc Lellan go nglacfaí leis na scéalta agus go ndéanfaí iad a fhoilsiú in aon chnuasach amháin. Bhí sé den tuairim go bhféadfaí Gaeilge na scéalta a cheartú agus Ó Sándair a spreagadh le feabhas a chur ar a chuid Gaeilge féin: ‘I think we should accept the stories and encourage the author to send us more of the same kind while impressing on him he must use every means possible to improve his Irish... If he [Ó Sándair] cannot get something written in Irish, I fear he will have to give up the idea of writing in Irish’ (Comhad N1014). Sheol Ó Sándair ábhar scéalta eile chuig Mc Lellan agus foilsíodh *Jacko* cnuasach gearrscéalta in 1943. Sular foilsíodh an dá chnuasach in 1943, bhí cruinniú ag Ó Sándair le Mc Lellan. Le linn an chruinnithe seo pléadh múnlaí nua scéalta agus seánraí a bhféadfaí a chruthú le daoine óga a mhealladh i dtreo na Gaeilge. Pléadh an cineál ábhair scríbhneoireachta ar mhian le Ó Sándair a scríobh agus múnlaí na scéalta coire agus bleachtairachta. Mar thoradh ar an gcruinniú sin, tháinig Réics Carló ar an saol. Thug Ó Sándair dhá chuntas ar an gcruinniú úd a tharla, ceann as Gaeilge ‘Mar a thosaigh mé ag scríobh’ a foilsíodh in *Feasta* in 1980 agus ceann as Béarla ‘The Thrills’ a foilsíodh in *The Leader* in 1930. Ó tharla gur cruinniú cinniúnach a bhí ann, is fiú cuid den chuntas Gaeilge a thabhairt anseo:

Bhí comhrá fada againn [Seán Mac Lellan, Oifigeach Foilseacháin an Ghúim agus Cathal Ó Sándair], mise lán de dhóchas agus de dhánacht na hóige le lear tuairimí, smaointe agus scéimeanna i mo cheann. Theastaigh uaim go mbeadh neart saghas ábhar léitheoireachta ar fáil sa Ghaeilge a bhí gann go leor go dtí sin – scéalta bleachtairachta, scéalta scoile do bhuachaillí agus do chailíní, scéalta eachtraíochta, scéalta faoi fhoghlaith mara agus faoi spásfhir agus mar sin de. “Tá go maith,” arsa Seán liom ag an gcéad agallamh eile a bhí agam leis. “Glacaimid leis na gearrscéalta uait. Tíocfaidh siad amach i ndá leabhar bheaga – “*Tríocha Píosa Airgid*” agus “*Jacko*”. Ach tá a thuilleadh ábhair uainn den chineál a raibh tú ag caint faoi. Céard faoi lámhscríbhinn le do bhleachtair príobháideach féin? Sruth de leabhair atá uaim. An féidir leat iad a sholáthar?” Bhí mo dhúshlán tabharta. Ba iontach an deis í agus gach rud chomh deacair i ndomhan na foilsitheoireachta. Laistigh de sé mhí, bhí mé ar ais leis an gcéad eachtra de chuid Réics Carló, taighdealaí príobháideach. Scéal faoin mór-roinn chailte, Atlantis, a bhí ann, “*Na Mairbh a D’Fhill*.” Ghlac an Gúm leis. (Ó Sándair, 1980: 5-6)

Sa chuntas Béarla den chruinniú, luaigh Ó Sándair tionchar na n-irisí ó Shasana air le linn a óige agus rinne sé cur síos ar an gcineál carachtair ar theastaigh uaidh a chruthú. Bhí fonn air an carachtar seo Réics Carló a bhunú ar charachtar Bulldog Drummond in áit Sherlock Holmes. Tugtar faoi deara chomh maith go luann Ó Sándair comharthaí sóirt an scéinséara sa chuntas Béarla; theastaigh uaidh an bhéim a leagan ar eachtraíocht an scéil seachas ar an lorgaireacht ná ar an mbleachtairacht féin:

The door was shut behind me and I stood in the presence of An tOifigeach Foilseachán. My book of short stories had been accepted, he said. I was in the seventh heaven. But even better news was to follow. What other work could I do for them, he asked... Could I write short thrillers with a special appeal to boys, he asked. I must admit that were it not for this suggestion I would probably never have decided to make the writing of fiction my main occupation during the next few years. The seed was sown in that interview. I returned home and created Rex Carlowe, private detective. I made up my mind from the start to avoid intricate, clever plots. I always preferred the fighting Bulldog Drummond to the learned Sherlock

Holmes. When at school, I used to love the tales of the Red McGregor, Trig McFee, The Laughing Pirate and Captain “Q” in the *Wizard* and the *Hotspur*. In these stories things just happened and there was no necessity to explain why, as long as the reactions of these manly characters in certain unusual situations were conventional and natural. Rex Carlowe would be neither scientific nor exceptionally clever, but I would make him a straight-shooter and a hard-hitter. The accent would be on adventure, not detection. (Ó Sándair, 1930: 30)

Ag tús na 1940idí d’fhág Ó Sándair an tAer-Chór le hobair leis an Roinn Soláthairtí, roinn shealadach a bunaíodh le linn thréimhse an chogaidh, agus ina dhiaidh le hobair sa tSeirbhís Chustaim agus Máil i gceantar Chairlinn i gcontae Lú (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2001: 212). Le linn na tréimhse seo agus é ina chónaí i gcontae Lú, chuir sé aithne ar Mháire McGeown agus phós siad (Breathnach agus Ní Mhurchú, 2011: 323). Idir na blianta 1943 go 1950 d’fhoilsigh an Gúm dhá leabhar déag le Ó Sándair (Mag Shamhráin, 1997). Is cosúil, áfach, go raibh éiginnteacht maidir le conarthaí Uí Shándair leis an nGúm chomh maith le héiginnteacht faoi líon na leabhar a bhí le foilsiú. Ardaíodh ceist faoi chaighdeán Gaeilge Uí Shándair sna nuachtáin. In *Radio*, ar an 16 Meán Fómhair 1949, thug H.Ó.S le fios go raibh díomá air nach raibh tuilleadh eachtraí Réics Carló á bhfoilsiú agus go raibh scéal cloiste aige gur bhain sé seo le ceist chaighdeán na teanga, ‘Dúradh liom freisin go raibh “Gaeilgeoir mór” éigin (i gcead do Mháirtín Ó Cadhain) san reilig sin go dtugtar an Gúm uirthi den tuairim nach raibh Gaeilge Chathail “suas don mharc” agus gurb é sin an fáth gur cuireadh deireadh leis an gconradh’ (Comhad G295). Mhol H.Ó.S stíl scríbhneoireachta Uí Shándair a mhaíomh go mbíodh sé mar shólás dó, ‘go ndúirt “Gaeilgeoir mór” eile san institiúid chéanna na focail ceannainn céanna le duine de na scríbhneoirí Gaeilge dob fhearr a bhí againn riamh. ‘Bíodh sé de shólás breise aige go ndearna sé níos mó don teangain do mhúscailt i gcroí na n-óg le linn na tréimhse gairide ina raibh sé ag scríobh ná mar a rinne airí uile agus cigirí uile agus oidí uile na Sé gContae Fíchead ó bunaíodh an stát’ (luaite in O’Leary, 2011: 105). I Nollaig na bliana 1949 d’ardaigh Mícheal Óg Mac Pháidín, Teachta Dála, ceist sa Dáil maidir le conradh Uí Shándair leis an nGúm: ‘An fíor go bhfuil sé beartaithe ag an nGúm gan glacadh le haon leabhar ó Chathal Ó Sándair feasta, agus más fíor, an é rud is cúis leis sin ná ná fuiltear sásta leis an nGaolainn a bhíonn ins na leabhra a thairgeann Cathal Ó Sándair don Ghúm? (Comhad G295). Rinneadh an cheist a fhiosrú agus i gcomhfhreagras idir eagarthóirí agus an tOifigeach Foilseachán tugadh cuntas ar leabhair agus ar scéalta Uí Shándair a bhí i seilbh an Ghúim; faoin mbliain 1949 bhí 27 lámhscríbhinn ag an nGúm, foilsíodh 11 scéal, bhí naoi lámhscríbhinn leis na clódóirí, níor glacadh le trí lámhscríbhinn de bharr ábhar na scéalta, bhí dhá lámhscríbhinn le dul chuig na clódóirí, bhí dhá lámhscríbhinn eile á mheas ag piarmheasúiní an Ghúim.

Ó thús na 1950idí ar aghaidh tháinig méadú ar líon scéalta de chuid Uí Shándair a foilsíodh. Idir mí na Samhna 1952 agus mí Eanáir na bliana 1957, foilsíodh leabhar gach aon mhí, agus i dtréimhse aon mhí amháin foilsíodh dhá leabhar, rud a chiallaigh go raibh 53 leabhar foilsithe in achar 51 mí (Comhad G295). In Eanáir na bliana 1951, tosaíodh ar shraithscéalta a fhoilsiú in *Inniu* chomh maith, “Scéal

Lorgaireachta” ina raibh Réics Carló mar laoch iontu, agus tosaíodh ar stiallghreannáin a fhoilsiú, “Réics Carló agus an Cró-Dheamhan” agus “Réics Carló san Aifric” (Ní Uiginn, 1995: 98). Faoi dheireadh na bliana 1953, bhí leathanach iomlán ag Réics Carló sa nuachtán *Inniu*, “Réics Carló ag Caint”. Ar an leathanach sin iarradh ar dhaoine óga scríobh isteach chuig Réics Carló le scéalta, le scéalta grinn, le píosa beaga eolais a roinnt agus le páirt a ghlacadh i gcomórtais (Ní Uiginn, 1995: 98). Sa bhliain 1953, d’éirigh le Ó Sándair scoláireacht a bhaint amach. Faoin scéim seo do scríbhneoirí a bhí á reáchtáil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, chaith sé tréimhse ó mhí na Samhna 1953 go dtí mí na Bealtaine 1954 i nGaeltacht Chois Fharraige (Comhad G295). Le linn na tréimhse seo, i gcomhfhreagras le Seán Mc Lellan, thug Ó Sándair le fios nach raibh sé ag cumadh ach ag díriú ar fhoghlaim na Gaeilge (Comhad G295). In 1954, d’éirigh sé as a phost sa tSeirbhís Chustaim le tabhairt faoin scríbhneoireacht ar bhonn lánaimseartha agus deir Mac Aonghusa gur chaith Ó Sándair ocht mbliana ag tabhairt faoin scríbhneoireacht ar an mbonn sin, a dhearbhíodh (1996: 28). Ní thagann an cuntas sin le comhfhreagras ná le cáipéisí in ábhar cartlainne an Ghúim, áfach, agus ní fios go díreach cén t-achar a thug sé ag gabháil don scríbhneoireacht go lánaimseartha. Is cosúil, ámh, gur éirigh teannas idir Ó Sándair agus an Gúm i dtreo dheireadh na 1950idí. I Nollaig na bliana 1956, sheol Ó Sándair an lámhscríbhinn *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* chuig an nGúm agus sa litir leis an lámhscríbhinn thug sé le fios go raibh sé i gceist aige sos a ghlacadh ón scríbhneoireacht (Comhad N1613). In Eanáir na bliana 1957, scríobh sé chuig an Aire Oideachais le cuntas a thabhairt ar an líon saothar leis a d’fhoilsigh an Gúm. Faoin am seo bhí 110 lámhscríbhinn seolta ag Ó Sándair chuig an nGúm le cúig mbliana déag anuas ach mhaígh sé: ‘Táim spíonta amach anois. Níl aon fhonn mór orm tabhairt fá aon chineál nua scríbhneoireachta mar tá neart lámhscríbhinn le foilsiú go fóill (Comhad G295). D’iarr sé ar an Aire Oideachais comhairle a chur air maidir le cáin údair, ‘Dá mbeadh ar mo chumas mo lámha do chur ar an gcáin údair a bheidh dlite sna blianta atá romham (go mór mór nuair bheidh Club Leabhar na nÓg fá lántseoil), ba chuidiú é chun gnó beag do bhunú abhus. Ach ní mheasaim go bhfuil an Roinn in ann éinni do dhéanamh maidir leis seo’ (Comhad G295). Sa litir chéanna thug Ó Sándair le fios nach raibh aon rogha aige ach dul ar imirce cé gur mhol cara dó teagmháil a dhéanamh leis an Aire Oideachais agus an Roinn Oideachais i dtosach le comhairle a lorg maidir le hairgead agus le cáin údair. I Márta na bliana 1957, scríobh Ó Sándair chuig Éamonn de Valera a bhí ina Taoiseach ag an am agus rinne sé cur síos ar cheithre bhealach a bhféadfadh an Taoiseach gníomhú ar a shon agus cuidiú leis ar bhealaí éagsúla; cáin údair a íoc ar ais leis, cead craolacháin Raidió Éireann a cheannach, post feiliúnach a thairiscint dó nó iarraidh ar an Roinn Oideachais comhaontú cinnte a dhéanamh leis. Is cosúil go ndearna Rúnaí an Taoisigh an scéal a fhiosrú agus go ndearnadh teagmháil le heagarthóirí agus le hoifigigh sa Ghúm agus leis an Aire Oideachais. I bhfreagra a scríobh an tAire Oideachais chuig an Taoiseach in Aibreán 1957 mhaígh sé: ‘Ins na cúrsaí sin, is oth leis an Aire [Oideachais] nach bhfeictear dó aon ní ar fhéidir leis a dhéanamh ar shon Chathail Uí Shándair a dhearbhíodh slí chinnte bheatha dó as scríobh litríochta i nGaeilge nó in aon fhostadh eile a bheadh ar chumas a Roinne a thabhairt’ (Comhad G295). Ní fios go díreach an bealach ar tharla sé gur cinneadh

ar phost a thairiscint do Chathal Ó Sándair leis an tSeirbhís Chustaim ach is léir gur chaith sé tréimhsí i gCorcaigh, i bPort Láirge agus sa tSionainn ag obair ina oifigeach custaim ó 1963 ar aghaidh (Mac Aonghusa, 1996: 28). Ní raibh aon teagmháil idir Ó Sándair agus an Gúm ó Nollaig 1956 go Meitheamh 1959 go dtí gur sheol sé an lámhscríbhinn *An Siopa Dorcha* chuig an nGúm agus súil aige go bhfoilseofaí é (Comhad N1649). D'fhoilsigh an Gúm scéalta eile le linn na 1960idí, sraithscéalta ar eachtraí An Chaptean Spéirling, sraithscéalta ar eachtraí an mhadra Prionsa agus scéalta aonair chomh maith. Foilsíodh an dá scéal dheireanacha a bhain le heachtraí Réics Carló sna hochtóidí, *Fáilte ar ais, a Réics* (1981) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984).

Le linn a shaoil foilsíodh ailt agus scéalta eile le Ó Sándair in irisí, i dtréimhseacháin agus i nuachtáin eile, ina measc; *St Anthony's Annals, Our Boys, Times Pictorial, Irish Digest, Irish Press, The Word, Africa Missions, Evening Press, Irish Independent, Cork Examiner* (Comhad G295). Is deacair an t-ábhar seo uilig a choimriú, áfach. Mar shampla, baineadh úsáid as an t-ainm cleite “Aomhlaibh” in *Evening Press* agus ní fios ar bhain sé úsáid as ainmneacha cleite eile (Comhad G295). Maidir le leabhair Bhéarla, d'fhoilsigh Irish Messenger Office leabhair faoin ainm Cahill O'Sandair; *Introducing Ambrose* (1950), *Ambrose and the Parrot* (1951), *Pat sees the truth* (1951), *Ambrose and the Phantom* (1951). Deirtear gurbh é Ó Sándair a scríobh *Bullets are Trumps* (1961), leabhar i sraith an bhleachtaire Sexton Blake faoin ainm cleite Desmond Reid, agus gur minic a bhain scríbhneoirí éagsúla úsáid as an ainm cleite céanna sa tsraith.

Ó na 1960idí ar aghaidh thosaigh Ó Sándair ar dhialann agus ar fhéilire a choinneáil a chuimsíonn 65 imleabhar ina bhfuil cur síos ar imeachtaí a tharla gach bliain in Éirinn agus sna tíortha Ceilteacha (Mac Aonghusa, 1996: 28). Ba fhear mór teangacha é Ó Sándair agus deirtear go ndearna sé staidéar ar na teangacha Ceilteacha uile agus ar theangacha eile, an Fhraincis, an Ghearmánais, an Spáinnis ina measc (Mac Aonghusa, 1996: 28). Fuair sé bás ar an 18 Feabhra 1996.

Tráchtar go minic ar éacht scríbhneoireachta Uí Shándair agus ar an líon leabhar leis a foilsíodh agus a díoladh. Tuairiscíonn Mac Aonghusa gur foilsíodh 160 leabhar leis agus ar líon 100 leabhar ar eachtraí Réics Carló, agus gur díoladh breis is leathmhíliún cóip dá chuid leabhar ar fad (Mac Aonghusa, 1996: 27). Is deacair a bheith cinnte faoin líon leabhar leis, idir Bhéarla agus Ghaeilge, a foilsíodh ina iomláin, ach is féidir a rá go cinnte gur fhoilsigh an Gúm 120 leabhar dá chuid agus gur scéalta faoi Réics Carló iad 45 scéal (Mag Shamhráin, 1997). Tá ceist ann faoi fhigiúir ard sin, áfach, agus is deacair an figiúr seo a dheimhniú ná a bhréagnú. Is fíor, áfach, gur beag buntaighde a rinneadh go dtí seo ar scéalta agus ar sheánraí uile a shaothraigh Ó Sándair, agus ar an tábhacht a bhaineann lena chuid scríbhneoireachta i gcomhthéacs chultúr agus litríocht na n-óg in Éirinn.

1.3 Cathal Ó Shándair agus An Gúm: Fianaise ón gCartlann Náisiúnta

Tá 135 comhad de chuid Chathail Uí Shándair sa Chartlann Náisiúnta, ina measc comhaid a bhaineann le scéalta a d'fhoilsigh agus scéalta nár fhoilsigh an Gúm, agus comhaid a bhaineann le hábhair eile agus le comhfhreagras. Tá an leagan amach céanna ar na comhaid sa mhéid is go bhfuil an comhfhreagras iniata leagtha amach de réir an dáta. Is minic cóip de chomhfhreagras idir Cathal Ó Shándair agus Seán Mc Lellan, eagarthóir, sa chomhad, agus cur síos ar lámhscríbhinn nó ar scéal atá faoi iamh, agus ina dhiaidh sin tá cóip den chineál comhfhreagras a chuirte amach ag piarmheasúnóirí an Ghúim le lámhscríbhinn a léamh, an t-ábhar a mheas agus tuarascáil a scríobh. Iarradh ar léitheoirí measúnú a dhéanamh ar lámhscríbhinní faoi na ceanteidil seo a leanas; (1) ó thaobh na Gaeilge; (2) ó thaobh an ábhair; (3) an fiú é a chur i gcló; (4) muna bhfuil sé sáthach maith id' thuairisc, le cur i gcló mar atá, an bhfuil aon chomhairle agat maidir lena fheabhsú a b'fhiú leat a thabhairt don údar (Comhad N1014). Sa chás gur diúltaíodh don lámhscríbhinn is minic nár luadh cúis ar leith leis an údar ach gur baineadh úsáid as an teimpléid seo:

Maidir leis an lámhscríbhinn darbh teideal 'X' a chuiris chugainn le deanaí is mian liom a chur in iúl duit gur scrúdaíodh í go cúramach. Is oth liom a rá, áfach gurab é tuairim na Roinne nach mbeadh an t-ábhar feiliúnach foilsithe fá'n nGúm. Tá orm an lámhscríbhinn a sheoladh ar ais chugat leis seo agus ár mhuíochas a chur in iúl duit as ucht í do thairiscint dúinn, Mise le meas, Oifigeach Foilseacháin. (Comhad N1372)

I gcás Uí Shándair agus na lámhscríbhinní a sheol sé chuig an nGúm, diúltaíodh do 24 scéal ar fad. Diúltaíodh do 11 scéal de bharr na stíle scríbhneoireachta. Is iad teidil na scéalta sin: *Ár nDia agus Ár nDóchas* (1950), *Mac ghníofartha Réics Carló* (1950), *An Dúnmharú ar an Sliabh* (1951), *Réics Carló agus an Fear Meicniúil* (1952), *Réamonn Óg agus an Cogadh ar an Machaire* (1954), *Réamonn Óg ar Eachtra Eile* (1955), *An Baile Seo Ár Sinsear* (1960), *Prionsa an tSléibhe* (1960), *Eachtraí Nua Prionsa* (1960) *Mo Ghrá tú, a Phrionsa* (1961), *Prionsa sa Bhearna Baoil* (1961). Diúltaíodh do chúig scéal eile de bharr chaighdeán na Gaeilge; *Smugléirí Ghlacadh Mara* (1949), *Ramona Iarthar Fiadhain* (1950), *Scórach Ghlionnáin agus Dlí na mBlácach* (1954), *Scórach Ghlionnáin Arís* (1954), *An Bráthair Seán* (1960). Diúltaíodh do 6 scéal de bharr ábhair a mheas léirmheastóirí nach raibh oiriúnach do dhaoine óga: *Dubh, Bán nó Riabhach* (1947), *Nuair a d'fhill Fionn* (1951), *Eachtraí Ambróis an fear custaim* (1952), *Na Blianta Seánmhara* (1959), *Réics Carló i gCois Fharraige* (1954), *Cailíní Chluain Éanna agus Rún na hEothrach Órtha* (1953). I gcás an dá leabhar eile a seoladh ar ais chuige, bhí *Father Tom Tales* (Comhad N1372) níl ach litir diúltaithe sa chomhad agus dá bhrí sin ní fios go díreach an chúis ar diúltaíodh dó. I gcás na lámhscríbhinne eile, *Réics Carló i dTír an Dragain Dheirg* (1980) níl ach cóip den lámhscríbhinn féin sa chomhad agus níl aon chomhfhreagras ná miontuairiscí a mhíníonn an cinneadh.

1.3.1 Saothar Chathail Uí Shándair

Sa chéad litir idir Ó Sándair agus McLellan thug Ó Sándair cur síos ar an bhfís a bhí aige maidir le hábhar léitheoireachta a chur ar fáil do dhaoine óga sa Ghaeilge agus ar na seánraí agus greannáin éagsúla a bhí ar fáil as Béarla agus a bhféadfaí a chur chun cinn sa Ghaeilge chomh maith (Comhad G295). Faoin mbliain 1945 is léir ó chomhfhreagras eatarthu gur díriodh ar sheánraí agus ar charachtair faoi leith a fhoilsíú agus go raibh tuiscint idir an bheirt fhear faoi na bealaí le margaíocht a dhéanamh ar ábhair agus ar an dóigh le daoine óga a mhealladh i dtreo na léitheoireachta. Mhol Ó Sándair do McLellan Club Leabhar a bhunú le go bhféadfadh daoine óga síntiús a íoc leis an nGúm agus sraithscéalta a fháil sa phost. Chiallaigh an cur chuige seo go mbíodh fógraíocht ar chúl gach leabhar ina dtugtaí cur síos ar an gcéad eachtra eile sa sraithscéal nó cur síos ar leabhar eile de chuid Uí Shándair a bhí le teacht. I gcomhfhreagras chuig McLellan ar an 31 Deireadh Fómhair 1945, tugann Ó Sándair cur síos ar cheithre Chlub Leabhar ar mhian leis a chur chun cinn; Club Leabhar Réics Carló, Club Leabhar na gCailíní (scéalta scoile), Club an Iarthair Fhiáin (buachaillí bó) agus Club Leabhar Nua-Éireann (scéalta ginearálta do bhuachaillí agus do chailíní) (Comhad G295). Ba é an tsraith Cailíní Chluain Éanna an t-aon shraith ar scríobh Ó Sándair a bhí dírithe ar chailíní go sonrach mar spriocléitheoirí agus d'fhoilsigh an Gúm trí scéal ar fad sa tsraith cé go raibh sé i gceist ag Ó Sándair cur leis an líon seo. I gcomhfhreagras an Ghúim bhí plé idir Ó Sándair agus Seán Mac Lellan faoin ainm cleite, Eibhlín Ní Bhriain, a úsáid le haghaidh Chlub Leabhar na gCailíní le cailíní a mhealladh i dtreo na léitheoireachta ach cinneadh ar deireadh cloí le hainm Uí Shándair féin (Comhad N1195). Díoladh dhá oiread níos mó cóip den scéal *Cailíní Chluain Éanna* (1952) ná mar a díoladh de *Buachaillí Chluain Éanna* (1952) (Comhad G382), rud a léiríonn go raibh spéis ag léitheoirí i scéalta na gCailíní. Is amhlaidh, ámh, nár cumadh níos mó scéalta le haghaidh Chlub Leabhar na gCailíní agus ina dhiaidh sin cinneadh ar scéalta Uí Shándair a eagrú i dtrí Chlub Leabhar: Club Leabhar Nua-Éireann (scéalta ginearálta, scéalta staire agus scéalta scoile do bhuachaillí agus do chailíní), Club Leabhar Réics Carló (scéalta faoin mbleachtaire Réics Carló) agus Club Leabhar an Iarthair Fhiáin (scéalta faoi bhuachaillí bó).

Sa Chlub Leabhar Nua-Éireann tá scéalta ginearálta, scéalta staire agus scéalta scoile. Sa chéad ghrúpa tá na scéalta ginearálta. I bhformhór na scéalta seo, tá cur síos ar shaol agus ar bhéaloideas chathair Bhaile Átha Cliath agus mhaígh Ó Sándair go raibh sé mar aidhm ag an Club Leabhar seo Éire na linne agus Éire na cianaimsire a thabhairt le chéile:

Ins an tsraith leabhar seo, is mian liom chómh fada agus is féidir gnéithe éagsamhla de shaoghal na cathrach agus de shaoghal na mbuachaillí ann do bheith mar chúl leis na scéalta agus cineál droichid do chur idir saoghal na hÉireann san aois seo, ár stair agus ár dteanga ar thaobh amháin agus an domhan mór ar an dtaobh eile. Ní'l ann ach iarracht, dar ndóigh. Ach tá an smaoineamh sin mar threóir ann. (Comhad N1207)

Is iad seo a leanas na scéalta ginearálta sa chatagóir seo; *Jacko agus Scéalta Eile* (1943), *Tríocha Píosa Airgid* (1943), *An Chathair Seo 'Gainne* (1947), “*John Joe*” (1952), *An Buachaill Bán* (1950), *An Bóthar go Cuailgne* (1953), *Bliain ón mBás* (1953) agus *An tSeamróigín Dhílis* (1956).

Sa dara catagóir, tá dhá ghrúpa de scéalta staire faoi chúrsaí stair na hÉireann agus scéalta a cumadh bunaithe ar an gcarachtair Scorach Ghlionnáin. Sa chéad ghrúpa díobh seo tá *An Lá Geal* (1945) agus *Micilín* (1953). Baineann an chéad scéal le beirt deartháireacha le linn Éirí Amach 1916 agus sa dara scéal, tá cur síos ar ról an phríomhcharachtair, Micilín, in imeachtaí móra a tharla in Éirinn idir na blianta 1922 agus deireadh na 1940idí. Sa dara grúpa scéalta, tá na scéalta faoin Scorach Ghlionnáin, carachtar ó bhéaloideas Cheantar Chois Fharraige, Chonamara, a mhair le linn aimsir an Ghorta Mhóir. Carachtar ar aon dul le “Robin Hood” agus “Ned Kelly” é sa chaoi is gur ghoid sé ó thiarnaí talún le cabhrú le daoine bochta sa cheantar. Ba é seo an t-aon sraith a scríobh Ó Sándair agus daoine óga na Gaeltachta ar intinn aige mar spriocléitheoirí. Rinne sé iarracht freastal ar chanúint Chonamara sa trí scéal sa tsraith seo; *Ballaí Indreabháin* (1955), *Cuir Fios ar Scorach Ghlionnáin* (1956) agus *Scorach Ghlionnáin ó Chonamara* (1958).

Sa tríú catagóir, tá na scéalta scoile tá ocht leabhar faoi eachtraí bhuachaillí Chluain Éanna agus trí leabhar faoi chailíní Chluain Éanna; *Buachaillí Chluain Éanna* (1952), *Cailíní Chluain Éanna* (1952), *Cluain Éanna go Bráth* (1953), *Cluain Éanna Arís* (1953), *Uafás i gCluain Éanna* (1954), *Cailíní Chluain Éanna agus Fear an Chlócha Dhuibh* (1954), *Buachaillí Chluain Éanna agus an Spiaire ón Spéir* (1954), *Cailíní Chluain Éanna agus Mistéire na Scoile-ar-Muir* (1955), *Buachaillí Chluain Éanna agus an Mac Léinn is Raimhre ar bith* (1956), *An Chéad Bhliain i gCluain Éanna* (1959), *Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna* (1960). Is í an tsraithscéalta scoile an t-aon sraith le Ó Sándair a cumadh roimh 1960 ina raibh daoine óga mar phríomhcharachtar. Baineann formhór na scéalta le saol na scoile ach tá eachtraí eile sa tsraith nach samhlófaí le sraithscéalta scoile. Mar shampla, daltaí i mbun lorgaireachta agus ag iarraidh breith ar smugláirí agus ar ghadaithe agus daltaí i mbun eachtraí ag iarraidh saoirse agus neodracht na hÉireann a chosaint ó bhagairtí idirnáisiúnta.

Foilsíodh 45 scéal i gClub Leabhar Réics Carló agus 29 scéal i gClub an Iarthair Fhiáin. Mar a míníodh sa Réamhrá is iad an dá Chlub Leabhar seo is ábhar don tráchtas seo agus pléifear na scéalta sna caibidlí amach romhainn.

Foilsíodh dhá shraith scéalta eile nach n-áirítear mar chuid den Chlub Leabhar Nua-Éireann, is iad sin An Captaen Toirneach agus An Captaen Spéirling. Foilsíodh an chéad tsraith, An Captaen Toirneach, ag deireadh na 1950idí. Baineann na sraithscéalta seo le haimsir Chromaill agus le fear óg ó Dhroichead Átha, Risteard Toirneach, a éalaíonn ó fhuadaitheoirí agus a bheartaíonn ar a shaol a chaitheamh mar fhoghlaí mara sa Mhéanmhuir. Foilsíodh sé scéal faoin gCaptaen Toirneach; *Fé Bhratach an Bháis* (1956), *An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile* (1956), *An Captaen Toirneach ar an Meánmhuir* (1957), *An Captaen Toirneach Arís* (1957), *An Captaen Toirneach agus Órthaisce na Spáinneach* (1958), *Faoi*

sheol leis an gCaptaen Toirneach (1959). Foilsíodh an dara sraithscéal, *An Captaen Spéirling*, ag tús na 1960idí agus foilsíodh ceithre scéal sa tsraith; *An Captaen Spéirling Arís* (1960), *An Captaen Spéirling agus an Plainéad do Phléacs* (1960), *Leis an gCaptaen Spéirling go Mars* (1961), *An Captaen Spéirling, Spásphíllota* (1962). Scríobhadh na scéalta i lár na 1950idí agus foilsíodh na scéalta sna 1960idí (Comhad N1597), (Comhad N1599), (Comhad N1604), (Comhad N1605). Ní hiad na scéalta seo céad iarrachtaí Uí Shándair ar sheánra na ficsean-eolaíochta a shaothrú as Gaeilge, áfach, mar gur thaisteal Réics Carló féin go dtí an Ghealach agus go Mars chomh maith sna scéalta, *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951) agus *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951).

Is scéalta aonair iad an chuid is mó na scéalta a foilsíodh sna 1960idí. Is iad teidil na scéalta sin: *An Campa sna Sléibhte* (1962), *An Príosúnach* (1962), *Íobairt Sheáin* (1962), *Ar Son a Charad* (1964), *An Clódóir Óg* (1964), *Rún M' Athar* (1964), *Mo Ghaiscíoch, Mícheál* (1965) agus *Mo Chara, Mo Namhaid* (1967) agus sraithscéal amháin faoin madra Prionsa; *Prionsa, Rí na Madraí* (1963), *Mo Mhadra Prionsa* (1964), *Prionsa Arís* (1966). Mar a luadh cheana, ghlac Ó Sándair sos ón scríbhneoireacht idir Nollaig 1956 agus Meitheamh 1958 agus tá difríochtaí móra idir na scéalta a scríobh sé roimh an sos sin agus ina dhiaidh. Níl cur síos i gcomhaid na cartlainne ar na cúiseanna a bhí leis an athrú seo. Níor lean Ó Sándair múnlaí ná struchtúir na gClubanna Leabhar feasta – is é sin eachtraí éagsúla leis an gcarachtar céanna, leithéidí Réics Carló agus Réamoinn Óig. Chomh maith leis sin, athraíodh stíl scríbhneoireachta agus insint na scéalta ón tríú pearsa go dtí an chéad phearsa. Roghnaigh Ó Sándair gnáthdhaoine mar phríomhcharachtair na scéalta i gcomparáid le carachtair ar bhleachtairí nó ar bhuaichailí bó iad agus ba dhaoine óga iad príomhcharachtair sna scéalta chomh maith. Níor fhoilsigh an Gúm aon scéal leis idir 1967 agus 1980 tráth ar foilsíodh an dá scéal dheireanacha i gClub Leabhar Réics Carló, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980) agus *Fáilte ar ais, a Réics* (1981).

1.4 Cúrsaí Gaeilge agus ceist chaighdeán na teanga i saothar Uí Shándair

Ba é córas an Ghúim ná iarraidh ar léitheoirí measúnú a dhéanamh ar Ghaeilge na lámhscríbhinne a seoladh chucu agus nóta a dhéanamh d'earráidí ó thaobh litriú agus comhréire de i dtuarascáil a bhí le scríobh agus le cur faoi bhráid an eagarthóra. Níor cloídh leis an gnásmhaireacht sin i gcás Chathail Uí Shándair, áfach. Tá fianaise in ábhar cartlainne idir 1943 agus 1950 gur iarradh ar léitheoirí neamhaird a dhéanamh de Ghaeilge na lámhscríbhinní agus measúnú a dhéanamh ar ábhar an scéil amháin agus breithiúnas a thabhairt maidir lena fhoilsiú. Ní fios go díreach cén socrú a rinneadh idir an Gúm, Cathal Ó Sándair, agus an duine a dhéanfadh na ceartúcháin Ghaeilge, ach tá sé le tuiscint ón gcomhfhreagras gur moladh do Chathal Ó Sándair glacadh le socrú ina ndéanfaí Gaeilge na lámhscríbhinní a cheartú agus nár ghá dó féin ach eagarthóireacht a dhéanamh ar an ábhar. Gné eile a bhain leis an socrú ná gur chinn an Gúm ar tháille na gceartúchán a ghearradh ar Ó Sándair féin agus feictear i gcomhaontaithe éagsúla a shínigh Ó Sándair leis an nGúm gur bh éigean dó airgead a íoc leis an duine a dhéanfadh na

ceartúcháin Ghaeilge. Tagraítear don socrú seo den chéad air i dtuarascáil a scríobh Mícheál Ó Síochfhradha ar an scéal “*John Joe*”: ‘Ní bhacfaidh mé le hathruithe ar bith a dhéanamh le Gaeilge na leabhar; tuigim go bhfuil socrú déanta agat mar gheall ar sin’ ach ní mhínítear an socrú a rinneadh (Comhad N1212).

Diúltaíodh don chéad lámhscríbhinn de ghearrscéalta leis an Sándarach, *Tríocha Píosa Airgid* in 1943 agus níor tugadh aon chúis ná míniú leis sin (Comhad N1014). Bheartaigh Ó Sándair ar aiseolas a lorg ón nGúm agus scríobh sé ar ais ag iarraidh coinne a dhéanamh leis an oifigeach foilseacháin, Seán Mac Lellan, lena chás a phlé. Tá uailmhian agus díograis an scríbhneora le brath ar an litir:

‘...my ambition is to write an Irish book and hope you will not consider me over-troublesome if I ask you one more favour...I take this writing very furiously and wish to correct any bad defects which are not obvious to myself I should be most grateful if I could be informed whether it was (a) plots, (b) Irish, (c) style or absence of same, (d) lack of ‘knack’ of telling a story, that caused my work to be returned also if it is thought that I am ever likely to be able to write a suitable MSS for ‘An Gúm’ from what I have submitted. (Comhad N1014)

Mar fhreagra ar an iarratas le haiseolas a fháil, thug Mc Lellan le fios go raibh ceist ann faoi chaighdeán na teanga i gcás gceithre chinn de na gearrscéalta. I nDeireadh Fómhair 1942 sheol Ó Sándair na gearrscéalta céanna agus cinn bhreise chuig an nGúm agus d’iarr sé ar Sheán Mc Lellan na scéalta a chur faoi bhráid phiarmheasúnóirí an Ghúim ag míniú dó go bhfuair sé cúnaimh ó chara leis, cara a raibh saothar leis foilsithe ag an nGúm cheana féin:

I refer to the four stories sent to An Gúm last April and were returned. As I am sure it was the Irish was at fault I rewrote the MSS and got a friend of mine who has had work published by An Gúm to correct some of the errors I over-looked on those four and the other ten stories. The plots are original and the characters are if course entirely fictitious. As I am not a native speaker and am only 20 years of age, I hope you will not judge too severely any signs of ‘béarlachais’ I did not notice. (Comhad N1014)

Iarradh ar Mhícheal Breathnach measúnú a dhéanamh ar na gearrscéalta ar fad agus tuarascáil a scríobh agus in ainneoin go bhfuair Ó Sándair cúnaimh agus comhairle ó scríbhneoir eile measadh arís go raibh ceist ann faoi chaighdeán Gaeilge an údair. Chomh maith leis sin, mheas an léitheoir go raibh tuilleadh cleachtaidh le déanamh ag Ó Sándair ar cheird na gearrscéalaíochta:

Tá dhá mhór-locht agam ar shaothair an duine seo. 1. Níl an Ghaeilge sáthach dúchasach aige. Tá sí tanaí, craptha in a lán áiteacha agus tá leaganacha agus múnlaí cainte aige nach dual don Ghaeilge ar chor ar bith. 2. Níl ceird na gearrscéalaíocht foghlamtha go cruinn fós aige. Is minic ábhar maith aige ach ní shaoghraíonn sé é ar an mbealach go rachadh sé i ngreim agus i bhfeidhm ar an léitheoir. Tá féith bheag ann ceart go leor agus dá mbeadh sé sásta an dá rud seo a dhéanamh measaim go n-éireoidh leis rud maith a chur ar fághail amach annseo. 1.) staidéar níos doimhne a dhéanamh ar dhúchas na Gaeilge agus

chuipe sin níor mhór dó tréimhse a chaitheamh i nGaeltacht éigin. 2) Staidéar a dhéanamh ar ealaíon na gearrsgéalaíochta agus chuipe sin níor mhór dó a lán lá de na gearrsgéalta is fearr i nGaeilge agus i dteangacha eile do léigheamh. (Comhad N1014)

I dtaca leis na scéalta nua d'iarr Ó Sándair ar McLellan liosta na mbotún agus na n-earráidí Gaeilge a sheoladh chuipe ionas go bhféadfadh sé foghlaim ó thuairimí na léirmheastóirí agus na ceartúcháin Ghaeilge a dhéanamh. Diúltóidh don iarratas seo, áfach. Diúltaíodh do chúig scéal de chuid Uí Shándair go hoifigiúil de bharr chaighdeán na Gaeilge ach is léir ó chomhfhreagrás idir eagarthóirí agus piarmheasúiní an Ghúim go raibh ceist ann maidir le caighdeán teanga Uí Shándair i gcás gach uile lámhscríbhinn agus go ndearnadh ceartúcháin ar gach uile scéal a foilsíodh. De réir fhianaise na gcartlainne, is léir ó dheireadh na bliana 1950 gurbh é Seán Mac Maoláin a rinne formhór na lámhscríbhinní le Ó Sándair a léamh i dtosach agus gurbh é siúd a scríobh an tuarascáil le haghaidh eagarthóirí an Ghúim ina ndéanfaí breithiúnas a thabhairt ar ábhar an scéil agus ar chaighdeán teanga an scéil. Ó 1950 ar aghaidh, ba é Mac Maoláin féin a rinne formhór na gceartúcháin agus na heagarthóireachta ar chruinneas teanga agus ar chomhréir Ghaeilge Uí Shándair. In ábhar cartlainne tugann Ó Sándair cead don Ghúm táille ceartúcháin in aghaidh an fhocail a íoc le duine eile a dhéanfadh ceartúcháin ar Ghaeilge na scéalta. D'íoc an Gúm trí phunt in aghaidh an mhíle focal le Cathal Ó Sándair. I bhformhór scéalta Uí Shándair bhí idir 20,000 agus 25,000 míle focal agus d'íoctaí 12 scilling in aghaidh an mhíle focal leis an duine a dhéanfadh na ceartúcháin. Díol suime go ndearna eagarthóirí an Ghúim iarrachtaí an nós chéanna a chur i bhfeidhm le scríbhneoirí eile do dhaoine óga nár chainteoirí dúchais iad, Mícheál d'Andún agus Críostóir Ó Floinn, mar shampla, ach dhiúltaigh an bheirt scríbhneoirí glacadh leis an gcleachtas (Adams, 2015: 120). Mar sin féin is cosúil gur tháinig athrú ar mheon agus ar dhearcadh Uí Shándair i dtaobh ceist chaighdeán na teanga i lár na 1950idí, a bhfianaise le feiceáil i gcomhfhreagrás idir Ó Sándair agus Mac Lellan. Faoi thús na 1950idí bhí an cheist maidir le caighdeán Ghaeilge Uí Shándair pléite i nDáil Éireann agus sna nuachtáin agus léiríodh tacaíocht don Sándarach agus fuarthas locht ar an nGúm as moill a chur ar a chuid foilseachán. Is cosúil gur thug sé seo misneach don scríbhneoir óg. Pléann Adams tionchar an leabhráin *Forbairt na Gaeilge* (1951) ar Ó Sándair agus an dóigh ar thug sé sin misneach dó plé le heagarthóirí an Ghúim:

Is léir gur mhór an spreagadh a thug leabhrán Néill Uí Dhomhnaill, *Forbairt na Gaeilge*...Is féidir a shamhlú an dóchas agus an t-ardú meanman a thabharfadh a leithéid de thuairim, ó chainteoir dúchais, d'fhear óg a bhí tar éis beagnach cearta Ghaeilgeoirí óga na cathrach a chosaint. Tar éis deich mbliana, nach mór, d'eagarthóirí an Ghúim ag insint d'Ó Sándair nach raibh a chuid Gaeilge maith go leor, bhí dearcadh nua ag teacht ar an saol. (Adams, 2014: 149)

Is cosúil go raibh iarrachtaí á ndéanamh ag Ó Sándair aithris a dhéanamh ar chanúint Chonamara i gcás na sraithe *An Scorach Ghlionnáin*. Cuireadh lámhscríbhinn an scéil, *Scorach Ghlionnáin agus Ballaí*

Indreabháin (1955 chuig Seán Mac Giollarnáth agus is mar seo a leanas a rinne sé cur síos ar Ghaeilge Uí Shándair, ‘Tá an t-údar seo ag iarraidh, den chéad uair, creidim, scéal a innsint i gcaint na ndaoine’ (Comhad N1486). Is é an tsraith An Scorach Ghlionnáin, an t-aon shraith a dhírigh ar aos óg na Gaeltachta agus ní thagann an cheist maidir le canúint Chonamara chun cinn i scéalta eile. Díol spéise an ceangal a dhéanann Máirín Nic Eoin ar chur chuige Sheáin Mhic Mhaoláin a d’fhéach le caighdeán Gaeltachta a chur chun cinn sa Ghúm agus a mhol caighdeán Gaeltachta trí aithris a dhéanamh ar chanúint réigiúnach amháin:

Is é an cur chuige is coitianta ar fad ag scríbhneoirí dara teanga, áfach, ná cur chuige Sheáin Mhic Mhaoláin, scríbhneoir a d’fhéach le norm nó le caighdeán Gaeltachta a bhaint amach trí aithris a dhéanamh ar chanúint réigiúnach amháin... Is é an straitéis teanga atá ag go leor de scoláirí na Gaeilge freisin í. An ghné is suntasaí den straitéis seo ná gurb iad na noirm nó na caighdeán teanga a bhaineann leis an tseanghlúin Ghaeltachta a bhíonn sa treis go hiondúil... An rud is mó atá le tabhairt faoi deara ná go seachnaítear tionchar an Bhéarla, agus aon fhrása a léireoidh rian ar bith de bhéarlagair an Bhéarla. Seachnaítear an comhadmheascadh is an comhadmhalartú, mar shampla, agus saothraítear friotal íonghlan Gaeilge, an cineál friotail a thabharfadh le tuiscint nár tharla an bhris, i bhfocail Titley arís, ‘an sórt Gaeilge a bhíodh ann nuair a bhí Gaeil in Éirinn beo, nó an sórt Gaeilge ar mhaith linn a bheith á labhairt dá n-iompódh an mhá. (2005: 373-4)

Is léir ó scéalta Uí Shándair nár fhéach sé le haithris a dhéanamh ar chanúint ar leith ná ar scríbhneoir ar leith. Ceist chasta é an t-idirdhealú idir cumadóireacht Uí Shándair agus ceartúcháin agus eagarthóireacht Mhic Mhaoláin, go háirithe as ucht nach bhfuil fáil anois ar na lámhscríbhinní a seoladh agus a ceartaíodh agus nár tugadh liosta d’éarráidí ná de bhotúin i dtuasarascálacha na léitheoirí. In ainneoin mholtaí Mhic Mhaoláin, agus an brú a bhí ann caighdeán Gaeltachta a bhaint amach trí aithris a dhéanamh ar chanúintí Gaeilge, níor fhéach Ó Sándair le tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge a sheachaint ar fad ar fad. Go deimhin, cumann sé focail agus téarmaí nua ina scéalta uile. Ní sheachnaítear ach oiread tionchar agus taithí an tsaoil nua-aimseartha a léiriú agus seánraí nua a thabhairt isteach sa Ghaeilge. Ina choinne sin, d’fhéadfaí a rá go raibh saoirse ar leith ag Cathal Ó Sándair mar go raibh sé ag plé le litríocht na n-óg agus le léitheoirí óga.

Caibidil a Dó

Léirmheas Litríochta

2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo déanfar cur síos ar theoiricí iarchoilíneacha i gcritic liteartha na Gaeilge agus déanfar an teoiric sin a thagairt do litríocht Ghaeilge na n-óg. Pléifear forbairt na critice iarchoilíní i dtaca le litríocht na n-óg go hidirnáisiúnta agus in Éirinn, i mBéarla agus i nGaeilge. Tabharfar cuntas ar na hábhair díospóireachta agus ar na mórcheisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga a bhaineann go dlúth le léann na Gaeilge, léann an iarchoilíneachais agus léann litríocht Ghaeilge na n-óg. Díol suntais nach bpléitear ceist litríocht Ghaeilge na n-óg i saothar na gcriticeoirí Gaeilge ná i saothar na gcriticeoirí iarchoilíneacha. Aithnítear go bhfuil tionchar ag litríocht na n-óg ar fhorbairt meoin agus dearcadh daoine óga agus i gcur chun cinn na hidé-eolaíochta agus smaointeoireachta maidir le cultúir, féiniúlachta agus teanga. In ainneoin an mhéid sin, áfach, is beag criticeoir ná scoláire Gaeilge atá tar éis léargais na dteoiricí iarchoilíneacha a chur i bhfeidhm ar litríocht Ghaeilge na n-óg.

2.2 An Chritic Iarchoilíneach agus Critic Liteartha na Gaeilge

Áitíonn Máirín Nic Eoin go bhfuil an tionscnamh critice iarchoilíneach ar cheann de na hábhair díospóireachta is bríomhaire i Léann na hÉireann le blianta beaga anuas ach gur beag scoláire nó criticeoir Gaeilge atá tar éis plé agus peirspeictíocht na Gaeilge a thabhairt ar ghnéithe éagsúla den tionscnaimh sin (2005:18). Ó na 1970idí ar aghaidh, tháinig an dioscúrsa iarchoilíneach chun cinn agus tháinig borradh agus forbairt ar léann an iarchoilíneachais in institiúidí ardoideachais agus i ranna Béarla agus ranna litríochta. Aithnítear tábhacht shaothair Edward Said, Homi Bhabha agus Gayatri Spivak, ‘the Holy Trinity of colonial-discourse analysis’ go forleathan i gcur chun cinn theoiricí agus léann an iarchoilíneachais (Young, 1995: 163). I measc na gcriticeoirí Gaeilge a thug faoi scrúdú agus anailís dhomhain a dhéanamh ar mhórthéamaí agus ar mhórcheisteanna de chuid na critice iarchoilíní i gcomhthéacs nualitríocht na Gaeilge tá Breandán Ó Doibhlin (2009), Alan Titley (1981), Gearóid Denvir (1997), Máirín Nic Eoin (2005), Louis de Paor (2018) agus criticeoirí eile nach iad. Is minic a dhéantar neamhaird ar cheist litríocht na Gaeilge mar cheist chultúrtha i léann an iarchoilíneachais agus féachann na criticeoirí thuasluaite le haird a tharraingt ar chritic agus ar cheist na Gaeilge.

Is é *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (2005) le Máirín Nic Eoin is fearr a dhéanann scrúdú ar litríocht na Gaeilge agus ar léann an iarchoilíneachais agus a phléann ról na dteangacha dúchais mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní. Áitíonn Nic Eoin gurb ionann téamaí agus ceisteanna lárnacha thionscnaimh na critice iarchoilíní agus litríocht na Gaeilge. Pléitear gnéithe de litríocht nua-aoiseach agus litríocht chomhaimseartha na Gaeilge ar mhaithe leis an litríocht

sin a áireamh mar ghné lárnach de léann an iarchoilíneachais agus de léann na hÉireann. Aithníonn Nic Eoin go bhfuil bearna mhór idir saothrú léann an iarchoilíneachais i measc chriticeoirí an Bhéarla agus i measc chriticeoirí na Gaeilge agus cáineann sí an t-imeallú a dhéanann criticeoirí an Bhéarla ar chritic agus ar litríocht na Gaeilge. Maíonn sí gur chóir do chriticeoirí na Gaeilge páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí, ‘mar go mbeadh cineálacha eile fianaise á gcur i láthair a léireodh iarmhairtí cultúrtha an choilínithe agus na straitéisí comhshamhlaithe agus freasúracha a tharraing an pobal chuige féin go stairiúil’ (2005: 45).

2.3 Idir Dhá Theanga, Idir Dhá Chultúr, Idir Dhá Dhearcadh, Idir Dhá Shaoirse

Pléitear na coincheapa ‘idir dhá theanga’, aistriú cultúir agus teanga agus léiriú féiniúlachta i litríocht nua-aoiseach na Gaeilge agus tionchar agus éifeacht cúrsaí polaitiúla agus athruithe sóisialta ar phobal na hÉireann. Tarraingítear ar ghnéithe de thionscnamh na critice iarchoilíní mar chuid den phlé agus den díospóireacht agus déantar ceangal idir chritic agus litríocht na Gaeilge leis an teoiricíocht iarchoilíneach. Baineann na coincheapa agus na ceisteanna céanna leis an bplé i litríocht Ghaeilge na n-óg chomh maith agus is féidir ceangal a dhéanamh idir litríocht Ghaeilge na n-óg agus teoiricí iarchoilíneacha. Is ceisteanna lárnacha de chuid na critice iarchoilíní iad ceisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga. Maidir le litríocht na Gaeilge, idir litríocht do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, is ceisteanna lárnacha iad ceist an traidisiúin agus ceist na hidé-eolaíochta, stádas na teanga mar mhionteanga agus tionchar an chultúir choilínithe ar mheon agus ar dhearcadh scríbhneoirí.

Sa chnuasach aistí *Ag Caint leis an Simné* (2018) pléann Louis De Paor an ceangal idir an scríbhneoir aonair agus an traidisiún a tháinig roimhe, agus na bealaí a ndearna scríbhneoirí Gaeilge freastal ar léitheoirí a linne féin. Ó thaobh na Gaeilge de, ceist chasta í ceist an traidisiúin, dar leis, mar gheall ar stair choilíneach na hÉireann. Tagraíonn De Paor don mhíshuaimhneas a bhain agus a bhaineann le ceist an traidisiúin, ‘tá míshuaimhneas éigin ag baint le ceist an traidisiúin ó tosnaíodh ar litríocht na Gaeilge a athchóiriú ó aimsir na hathbheochana ar an dúshlán a bhaineann le teanga mhionlathaithe agus cultúr coilínithe a chur in oiriúint dóibh féin agus dá gcuid léitheoirí’ (2018: 8). Tagraíonn Declan Kiberd do théis Frantz Fanon agus do chinneadh scríbhneoirí Éireannacha múnlaí iasachta a nascadh le gnéithe dúchasacha le hathshealbhú a dhéanamh ar smaointeoireacht agus idé-eolaíocht (1996: 299). Seo mar a mhíníonn Fanon próiseas an athshealbhathe:

At the very moment when the native intellectual is anxiously trying to create a cultural work he fails to realize that he is utilizing techniques and language which are borrowed from the stranger in his country. He contents himself with stamping these instruments with a hall-mark which he wishes to be national, but which is strangely reminiscent of exoticism. The native intellectual who comes back to his people by way of cultural achievements behaves in fact like a foreigner. Sometimes he has no hesitation in using a dialect in order to show his will to be as near as possible to the people; but the ideas that he expresses

and the preoccupations he is taken up with have no common yardstick to measure the real situation which the men and women of his country know. (Fanon, 1961: 180)

In ailt agus saothar chriticeoirí na Gaeilge léirítear na dúshláin agus na deiseanna a bhí ann don scríbhneoir Gaeilge athchóiriú a dhéanamh ar sheanmhúnláí agus/nó múnláí nua a chruthú agus litríocht nua-aoiseach na Gaeilge a chur chun cinn. Cé nach ndéantar trácht ar na dúshláin agus na deiseanna a bhí ann do scríbhneoirí na n-óg, bhí saoirse ag scríbhneoirí Gaeilge straitéisí cruthaitheacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le mórcheisteanna cultúir, féiniúlachta agus teanga i dtéacsanna agus i saothar. Samhlaítear na gnéithe seo uile, mórcheisteanna cultúir, féiniúlachta, teanga agus straitéisí cruthaitheacha an scríbhneora mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní i gcás litríocht na Gaeilge agus i gcás litríocht Ghaeilge na n-óg. Baineann na ceisteanna céanna, ceist an traidisiúin agus ceist na nua-litríochta le saothar scríbhneoirí Bhéarla chomh maith agus ar léiriú íomhá agus féiniúlachta na hÉireann. Tuigtear do Kiberd (1993; 1995), go raibh saoirse ar leith ag scríbhneoirí Éireannacha iarchoilíneacha: ‘two kinds of freedom were available to the Irish: the return to a past, pre-colonial Gaelic identity, still yearning for expression if long-denied, or the reconstruction of a national identity, beginning from first principles all over again’ (1995: 286).

Is ceist lárnach de chuid na critice iarchoilíní é ceist léirithe cultúir agus féiniúlachta agus baineann gnéithe breise leis seo i gcás na Gaeilge mar mhionteanga. Maíonn Nic Eoin go bhfuil géarghá ann modhanna critice a cheapadh le mionscrúdú a dhéanamh ar an gceangal idir gné na polaitíochta agus gné na haeistéitice d’úsáid liteartha na Gaeilge. Is amhlaidh, áfach, go gcaithfear glacadh le trí fhíríc bunúsacha maidir le litríocht na Gaeilge, dar léi; sa chéad áit go bhfuil litríocht na Gaeilge á scríobh i gcomhthéacs ina bhfuil dhá theanga in úsáid; sa dara háit go bhfuil an Ghaeilge, atá ina teanga chomhaimseartha, i mbaol a báis gan tacaíocht leanúnach ón stát; agus sa tríú háit go bhfuil an Béarla mar theanga dhomhanda ag éirí níos láidre de réir a chéile (2005: 322). Baineann gnéithe éagsúla le ceist ionad na Gaeilge mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní; ceist na saoirse agus straitéisí cruthaitheacha an scríbhneora, ceist agus léargas criticeoirí agus tráchtairí, ceist an ama agus na tréimhse agus réaltacht shochtheangeolaíoch na teanga. Is ionann na gnéithe seo uile i litríocht nua-aoiseach na Gaeilge agus litríocht Ghaeilge na n-óg agus is gá plé agus anailís a dhéanamh ar litríocht Ghaeilge na n-óg sa chaoi chéanna. Dá réir sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg, ar shaothar mórscríbhneoirí na n-óg i gcomhthéacs cheist an traidisiúin, ceist na nua-litríochta, ceist na féiniúlachta agus ceist na teanga. Is ar an gcaoi sin a léireofar go bhfuil bunús agus seasamh ag litríocht Ghaeilge na n-óg mar chuid d’ionad léann agus critic na Gaeilge agus mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní.

Cuireann Dónall Ó Corcora síos ar staid intinne phobal na hÉireann tar éis na céadtréimhse neamhspleáchais, ar bhunú Éire nua-aoise agus ar na dúshláin agus na coimhlíntí a bhain le féiniúlacht náisiúnta a mhúnlú agus a chur chun cinn, “Everywhere in the mentality of the Irish people are flux and

uncertainty. Our national consciousness may be described, in a native phrase, as a quaking sod. It gives no footing. It is not English, nor Irish, nor Anglo-Irish ...” (1966: 14). Ba dhúshlán é íomhá d’Éirinn a léiriú agus a chur chun cinn sa Bhéarla mar theanga iasachta agus bhain deacrachtaí le haistriú cultúir agus teanga, ‘Ireland has not learned how to express its own life through the medium of the English language... the results of being caught between two cultures (Kiberd, 1995: 557). Ba dúshlán é chomh maith íomhá agus léiriú féiniúlachta as Gaeilge agus dul i ngleic le haistriú cultúir agus teanga.

Díol suime iad ceisteanna an traidisiúin, ceisteanna teanga agus ceisteanna staid choilíneach agus iarchoilíneach na tíre i litríocht na Gaeilge do dhaoine fásta. Is ceisteanna tábhachtacha iad chomh maith i gcás litríocht Ghaeilge na n-óg agus is ceisteanna iad a thagann chun cinn i saothair Chathail Uí Shándair. Baineann tábhacht faoi leith le Ó Sándair ar mhórán cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, bhí saoirse aige mar scríbhneoir athchóiriú a dhéanamh ar sheanmhúnlaí liteartha nó múnlaí nua a chruthú don aos óg. Bhí meon agus dearacadh dearfach ag Ó Sándair i leith na teanga agus in ainneoin nár chainteoir dúchais ná nár scríbhneoir Gaeltachta é, roghnaigh sé scríobh as Gaeilge agus íomhá dhearfach den teanga a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht leis an tréimhse a raibh Ó Sándair ag saothrú ann mar bhí athruithe suntasacha tar éis teacht ar shochaí, ar chúrsaí polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha na hÉireann. Bhí deis ag Ó Sándair léiriú ar leith a thabhairt do dhaoine óga ar fhéiniúlacht nua Éireannach.

2.4 An Chritic i Litríocht na nÓg go hIdirnáisiúnta

Má táthar leis an gcritic iarchoilíneach a thagairt do litríocht na n-óg caithfear breathnú ar fhorbairt na critice i dtosach báire agus ar ábhair díospóireachta a bhain le critic litríocht na n-óg féin. De réir mar a tháinig forbairt ar dhioscúrsaí liteartha agus ar an gcritic liteartha sna 1970idí, tháinig forbairt ar staidéar acadúil ar léann na n-óg agus ar thuiscintí maidir le litríocht na n-óg. É sin ráite, is léir nach bhfuil mórán scoláirí tar éis dul i ngleic le ceisteanna ná le gnéithe den teoiricíocht iarchoilíneach agus tá an t-easnamh seo le tabhairt faoi deara ar chritic litríocht na n-óg, rud atá pléite ag Snell:

Despite more than five decades of dedicated scholarship the field of postcolonial studies has still to make significant inroads into children’s literary and cultural studies. In a similar vein, children’s literary and cultural studies have been somewhat reluctant to enter the field of postcolonial studies; when children’s literary and cultural studies scholars have made a foray into it, they have tended to rely on a handful of key thinkers. There is a paltry amount of material that brings postcolonialism and children’s cultures together, a surprising research lacuna when one considers that the modern concept of childhood has supported – and even made possible – the European colonial enterprise. (Snell, 2017: 176)

Bhí claonadh ann roimhe sin neamhaird agus neamhshuim a dhéanamh d’ionad agus de thábhacht litríocht na n-óg agus bhí drogall ann léann na n-óg a áireamh mar chuid de dhioscúrsaí liteartha acadúla.

Shamhlaítí litríocht na n-óg mar ábhar siamsaíochta amháin nó mar ábhar le scileanna litearthachta agus léitheoireachta a theagasc; shamhlaítí í le Coláistí Oideachais agus le hábhair múinteoirí. Cuireadh tús le plé agus le hanailís a dhéanamh ar chúrsaí idé-eolaíochta i litríocht na n-óg agus ar an gceangal idir litríocht na n-óg agus an teoiricí liteartha sna 1990idí nuair a tháinig litríocht na n-óg faoi thionchar criticeoirí agus tráchtairí áirithe, Jacqueline Rose (1984) agus Perry Nodelman (1992; 2008) go speisialta, beirt a d'fhéach le litríocht na n-óg a phlé mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní agus aird a dhíriú go speisialta ar an gcaidreamh idir daoine fásta agus daoine óga. I saothar agus in ailt acadúla na tréimhse sin, cuireadh an caidreamh idir choilíneoirí agus lucht a gcoilínithe i gcomparáid leis an gcaidreamh idir daoine fásta agus daoine óga.

I ndiaidh do Rose *The Case of Peter Pan, Or The Impossibility of Children's Literature* (1984) a fhoilsiú scrúdaíodh an páiste ar an múnla “the child/colonized analogy” agus cuireadh modhanna anailíse éagsúla chun cinn a d'fhéach le hanailís a dhéanamh ar litríocht na n-óg ó thaobh na teagmhála agus caidrimh idir daoine fásta agus daoine óga de. Is léir go mbíonn cumhacht ag daoine fásta agus smacht acu dá réir ar litríocht na n-óg; is daoine fásta a scríobhann agus a roghnaíonn ábhar leabhar, mar shampla, agus is daoine fásta a dhéanann eagarthóireacht agus dearadh ar leabhair agus ar phictiúir agus is iondúil gurb iad na daoine fásta a roghnaíonn agus a cheannaíonn leabhair le haghaidh daoine óga. Treisíodh ar argóint Rose le foilsiú an ailt *The Other: Orientalism, Colonialism, and Children's Literature* (Nodelman, 1992). Thagair Nodelman do thuairim Edward Said faoin Oirthearachas agus meon agus dearcadh mhuintir na hEorpa i leith na nArabach agus na nÁiseach. Chuir Nodelman ráiteas ar leith le Said in oiriúint do litríocht na n-óg á mhaíomh:

Child psychology and children's literature can be discussed and analysed as the corporate Institution for dealing with childhood- dealing with it by making statements about it, authorizing views of it, describing it, by teaching it, settling it, ruling over it; In short, child psychology and children's literature as an adult style for dominating, restructuring, and have authority over childhood.

Anyone distressed by these strongly critical words about our Institutions for dealing with children will be happy to hear that I have made the words up. Or more accurately, I have borrowed them: I have merely inserted phrases relating to childhood institutions into a quotation that actually discusses a quite different topic:

Orientalism can be discussed and analyzed as the corporate institution for dealing with the Orient—dealing with it by making statements about it, authorizing views of it, describing it, by teaching it, settling it, ruling over it; in short, Orientalism as a Western style for dominating, restructuring, and having authority over the Orient. (Said 3) (Nodelman, 1992: 29)

Pléann Nodelman gnéithe éagsúla den Oirthearachas agus de léiriú agus de choincheap na hóige ó thaobh cúrsaí síceolaíochta, cúrsaí litríochta agus cúrsaí an chultúir de. Áitíonn sé go bhfuil ceangal idir téis Said agus smaointeoireacht Rose. Cuireann sé an argóint chun cinn gurbh ionann an caidreamh idir daoine fásta agus daoine óga, agus an caidreamh idir choilíneoirí agus lucht a gcoilínithe. Dar le

Nodelman, is cuid den choilíneachas féin í litríocht na n-óg agus an choimhlint seo idir daoine fásta agus daoine óga:

As I read through Said's powerful descriptions of the history and structure of Orientalism, I was continually astonished by how often they suggested to me parallel insights into our most common assumptions about childhood and children's literature. Perhaps I shouldn't have been so astonished: after all, Jacqueline Rose's influential discussion of "the impossibility of children's fiction" works from the premise that children's literature is a form of colonization. (Nodelman, 1992: 29)

D'fhorbair criticeoirí éagsúla argóint Nodelman. Cuireadh ina coinne chomh maith, ar ndóigh. Ceistíodh an chomparáid idir an páiste agus an pobal faoi chois. Chuir Peter Hunt i gcoinne smaointí Nodelman agus cháin sé tuairimí Rose go háirithe mar 'intellectual dead-end' agus 'long-lived poltergeist' i gcritic litríocht na n-óg. Tuigtear do Hunt gur chuir na tuairimí sin bac le forbairt léann litríocht na n-óg mar ábhar critice:

Rose's contribution, therefore, can be seen as an intellectual dead-end in the development of children's literature studies... Consequently, I have my doubts about revisiting the whole affair... and the only reason that children's literature specialists might have to revisit it is to exorcise what has (embarrassingly) proved to be long-lived poltergeist. That it has received so much credence over the years does not reflect very well on children's literature theory. (Hunt, 2010: 224-225)

I measc na gcriticeoirí agus dtráchtairí is mó a chuireann i gcoinne théis agus smaointeoireacht Rose (1984) agus Nodelman (1992; 2008), tá Karin Lesnik-Oberstin (1998), Melanie Eckford-Prossor (2000) Kimberly Reynolds (2007), Clare Bradford (2007), Sue Walsh (2010), agus Blanka Grzegorzcyk (2015). Sna saothair thuasluaite, tagraítear don chaidreamh idir daoine fásta agus daoine óga agus tugtar aghaidh ar cheisteanna cultúir, féiniúlachta, teanga, agus ceisteanna cine agus aicme chomh maith. Tagraíonn Grzegorzcyk (2015) don deighilt a tharla i bhforbairt na critice iarchoilíní i litríocht na n-óg agus tugtar cur síos ar fhorbairtí i dtaobh taighde agus dioscúrsaí eile atá ag teacht chun cinn i litríocht na n-óg le blianta beaga anuas; teoiric na haiteachta, teoiric an fheimineachais, teoiric na heitneachta, heitribhéasna, agus teoiric na hibridithe mar shampla. Feictear do Grzegorzcyk go bhfuil géarghá tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal idir litríocht na n-óg agus an teoiric iarchoilíneacha:

By bringing together postcolonialism and children's fiction, the critics of the 1990s and the 2000s added the problems of race and ethnicity to the already complicated debate about subjectivity, childhood and representation for children. The discussion of postcolonial readings of children's texts is further complicated by the view that children's literature is a site of the colonization of children by imperialist adults, with importance results for the field and for the way in which the field is theorized (Rose, 1984, Nodelman, 1992, 2008) [...] In constructing a variety of implied reader positions tied to the literary paradigms and values of the culture that produced it, children's fiction may be seen as an imperial project

aimed at submitting the needs of its readers and subjects to adult desires and expectations with regards to children. (Grzegorzcyk, 2015: 22-23)

I saothar ceannródaíoch Clare Bradford (2007), cáinteann smaointeoireacht Nodelman agus an tionchar a bhí aige ar fhorbairt na critice liteartha i litríocht na n-óg. Is é áiteamh Bradford nach ionann an caidreamh agus teagmháil idir daoine fásta agus daoine óga agus coilíneoirí agus a gcoilínithe agus go bhfuil argóint Nodelman easnamhach ar go leor bealaí eile chomh maith:

I would argue that children stand in quite different relationship to adults than do Orientals to Orientalists, since children are always seen as occupying a state or stage that will lead to adulthood, whereas Orientals never transmute into Orientalists and are thus always and inescapably inferior. Most importantly, Nodelman's use of postcolonial theory sidesteps the question of race, which is central to the binary distinctions between "civilized" and "primitive" on which colonialism and colonial relations were built. (Bradford, 2007: 7)

Dar le Bradford, níl critic léann na n-óg tar éis dul i ngleic leis an teoiricíocht iarchoilíneach ná níl critic léann an iarchoilíneachais tar éis dul i ngleic le litríocht na n-óg (2007: 6). Is annamh a thugtar aird ar theoiricí iarchoilíneacha i léann litríocht na n-óg, agus luaitear cúiseanna éagsúla leis an easnamh seo: tionchar ollmhór Rose agus Nodelman; criticeoirí Meiriceánacha a dhírigh ar chúrsaí cine go speisialta ar an gcaidrimh Afraí-Mheiriceánach, criticeoirí Shasanacha a dhírigh ar sheánraí agus ar théamaí na hImpireachta chomh maith le díospóireachtaí iomadúla faoin rémhír 'iar' sa téarma agus sa choincheap 'iarchoilíneachas' (Hunt agus Sands, 2000: 49). É sin ráite, is iad na scoláirí Béarla as Meiriceá agus as Sasana atá chun cinn i léann na n-óg agus is mó a dhéanann ceangal idir litríocht na n-óg agus teoiricí iarchoilíneacha. Fágann sé seo go bhfuil tuilleadh taighde agus staidéar le déanamh ar litríocht dhúchasach na n-óg i dtíortha eile. Luaitear ionad litríocht na n-óg mar chuid den tionscnamh impiriúil agus mar chuid de ghníomhaíocht choilíneach na hEorpa. Tá an-chuid samplaí ann de litríocht na n-óg a áireamh mar chuid den tionscnamh impiriúil agus tionchar agus éifeacht litríocht Shasana na n-óg ar dhaoine óga i dtíortha a bhí faoi smacht na Sasanach ag tús an naoú chéad déag, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Ceanada san áireamh. D'fhéadfaí a rá go bhfuil claonadh ann i measc criticeoirí agus scoláirí breathnú ar lárionad litríocht Shasana na n-óg mar chuid de thionscnamh Impiriúil na Breataine seachas breathnú ar litríocht dhúchasach na n-óg i dtíortha coilínithe agus anailís a dhéanamh ar théacsanna agus saothar dúchasach, i mBéarla nó i mionteangacha. Tráchtar go minic ar an scéal eachtraíochta ar cheann de na léirithe is mó cáil i litríocht na n-óg ó Shasana agus mar eiseamláir den idé-eolaíocht impiriúil agus mar sheánra cumhachtach a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine óga i Sasana agus sna coilíneachtaí. Sna scéalta eachtraíochta seo, léirítear an laoch fireann geal, óg, bríomhar, fuinniúil agus cróga agus féiniúlacht láidir aige agus é dílis don Impireacht. Déantar neamhaird de fíorshaol na linne, den réabhlóid tionsclaíochta agus de chruachás an tsaoil agus cuirtear an tuairim chun cinn gur tréimhse faoi leith í an óige. Tuigeadh do scríbhneoirí na n-óg gurbh é seo an cineál

ábhair a thaitin le daoine óga. Seo mar a mhíníonn Kimberly Reynolds ré stairiúil an tseánra impiriúil agus tionchar na dtéamaí sin ar sheánraí agus ar mhúnlaí eile:

Historically, British books for children and young people thematized imperialism through novels of adventure and exploration in places such as India, Africa, and Australia, and in these countries a reliance on British books and literary precedents informed cultural production well into the twentieth century, tracking the cultural shifts whereby former colonies established themselves as independent nations. Themes, histories and tropes of imperialism continue to feature in contemporary writing by both Indigenous and non-Indigenous authors and appear in a wide range of genres and modes including historical novels, picture books, picturebooks and narratives dealing with neo-colonial politics. (Reynolds, 2011: 166)

Ba mhór an tionchar a d'imir na scéalta eachtraíochta seo ar dhaoine óga i dtíortha coilínithe agus is díol suime é gur ghlac daoine óga dúchasacha leis an laoch impiriúil ainneoin nach ndearnadh athchóiriú ná athruithe ar charachtar, ar phlotaí, ar léiriú agus íomhá na hImpireachta leis an ábhar a chur in oiriúint don phobal dúchasach. Bhain cultúr Shasana le cultúr agus le scéal na hImpireachta, 'The culture of Britain was ... permeated with empire. The definition of culture here is not a set of *things* – paintings, novels, exhibitions, music-hall songs, or newspapers – rather it is about a set of *practices*' (Hall, 2008: 202). Ba é cultúr agus scéal na hImpireachta a léiríodh i litríocht na n-óg i Sasana, go háirithe i scéalta eachtraíochta do bhuachaillí óga. Déanann Gayatri cur síos ar mhúnlaí agus ar sheánraí impiriúla a bhí á gcur chun cinn agus in úsáid ag údair Shasanacha le hidé-eolaíocht pholaitiúil agus chultúrtha a chur chun cinn i litríocht na n-óg: 'it should not be possible to read nineteenth century British literature without remembering that imperialism, understood as England's social mission, was a crucial part of the cultural representation of England to the English' (2000: 40). Scrúdaíonn David Steege an modh inste agus an seánra impiriúil agus is léir dó an ceangal idir na ceisteanna sin agus gnéithe de thionscnamh na critice iarchoilíní agus léamh Said. In ainneoin, go ndíríonn argóint Said ar litríocht do dhaoine fásta, áitíonn Steege gur féidir argóint Said maidir le múnlaí impiriúla a phlé i gcomhthéacs litríocht na n-óg:

While Said did not focus on children's literature and its connections to imperialism, it is a logical place to look. Given the need of an empire, such as the British Empire, to sell itself to its people – to win hearts, minds and bodies to the colonial struggle – it is not surprising to find that fiction intended for children drew on and contributed to attitudes toward British colonies and their indigenous peoples. It is also not surprising that some of these books presented the history of British colonialism in as favourable a light as possible. As Said puts it, "stories are at the heart of what explorers and novelists say about strange regions of the world ... who owned the land, who had the right to settle and work on it, who kept it going – these issues were reflected, contested ... in narratives. (Steege, 2003: 91)

Tá ceangal mar sin idir scéal agus cultúr na hImpireachta agus litríocht na n-óg ó Shasana agus idé-eolaíocht na scéalta eachtraíochta do bhuachaillí óga. Baineann tábhacht leis an gceangal seo i gcás na

hÉireann de bharr go raibh litríocht Bhéarla na n-óg ó Shasana ar fáil agus á léamh ag buachaillí agus cailíní óga na hÉireann ó lár an naoú haois déag ar aghaidh. Pléitear an ceangal seo i dtaighde Michael Flangan (2006; 2011; 2016) agus tionchar irisí Bhéarla ó Shasana ar Ghaeil óga. I dtaighde Marnie Hay (2006; 2012; 2016) léirítear tábhacht chultúr na hóige ag tús an fichiú haois agus bealaí éagsúla ar cuireadh idé-eolaíocht náisiúnaíoch chun cinn i measc an aosa óig. Is amhlaidh, áfach, nach gcuirtear litríocht Ghaeilge na n-óg san áireamh agus léiríonn sé seo go bhfuil taighde agus staidéar le déanamh go fóill ar thionchar litríocht Ghaeilge na n-óg ar dhaoine óga agus ar thábhacht chultúr Gaeilge sa tréimhse áirithe seo. I gcás litríocht na n-óg in Éirinn, is minic a dhéanann criticeoirí Béarla neamhiontas de litríocht Ghaeilge na n-óg; ní áirítear í mar chuid den scéal iomlán. Tá an t-easnamh seo le tabhairt faoi deara ar thráchtairacht Webb thíos nó ní luaitear litríocht Ghaeilge na n-óg go sonrath:

It is easy to forget that prior to partition, all Ireland was an English colony. Since the sixteenth century, England has consciously suppressed the Irish. The English as a conquering power engaged in a conscious process of deculturalization, stripping the Irish of their cultural identity. The Irish language, literature, and national dress were banned by Henry VIII's *Act for the English Order; Habit and Language* following England's invasion of Ireland in the early fifteenth century. Further laws employed over the centuries restricted religious practice, ownership of land, educational opportunity, the power to vote, and, in fact, variously disempowered every aspect of life except the imagination. The intellectual revolution that led to the Easter Uprising of 1916 and the formulation of the Irish Republic embodied the literary Celtic revival. In short, the literary reconstruction of an Irish consciousness was accomplished by the imagination and the revival of mythic heroic narratives. The development of Irish children's literature parallels that movement. (Webb, 2000: 84-85)

Le plé cuimsitheach a dhéanamh ar théacsanna agus ar shaothair éagsúla i dtíortha éagsúla, is gá go mbeadh criticeoirí ilteangacha ann, criticeoirí a bhfuil eolas agus líofacht acu i dteangacha éagsúla ionas go mbeadh tuiscint iomlán acu ar scéal litríocht na n-óg na tíre sin. Is fíor sin i gcás litríocht Ghaeilge na n-óg, gan amhras. Ba cheart go mbeadh aird agus eolas ag criticeoirí agus ag scoláirí ar chúrsaí stairiúla agus polaitiúla na hÉireann agus ar litríocht na Gaeilge má táthar le litríocht na n-óg in Éirinn a mheas ina hiomláine.

2.5 Litríocht na nÓg in Éirinn

Is mar seo a leanas a chuireann Robert Dunbar síos ar litríocht na n-óg in Éirinn agus aird aige ar litríocht Ghaeilge na n-óg mar chuid de thraidisiúin léann na n-óg in Éirinn:

The world of Irish children's literature is a strange, complex, and fascinating place. Those who enter it are immediately caught in a tangle of complexities, most of them deriving from questions of definition and origin. What, in fact, *is* Irish children's literature and, should we wish to approach the phenomenon

in chronological terms, where should we start? It may, at first, seem that these are questions to which there should be reasonably straightforward answers, but on closer examination they are seen to elude anything approaching easy or unanimous resolution. Part of the explanation for this is certainly that the history and politics of Ireland have been such that nothing prefixed by the adjective "Irish" allows for easy definition: this consideration applies to "Irish children's literature" as much as to most other things. When the authoritative history of the subject comes to be written it is going to be a very lengthy and wide-ranging work. When such a volume eventually appears, it will show an Irish tradition of children's writing which stretches back some three hundred years. That tradition--and this is one of the reasons for the complications mentioned above--includes writing in both the Irish language and English. (Dunbar, 1997: 309)

Maidir le litríocht na n-óg in Éirinn, de réir mar a tháinig borradh ar líon na bhfoilseachán do pháistí sna 1980idí, tháinig forbairt ar thuiscintí maidir le ról, tábhacht agus le hionad litríocht na n-óg mar ábhar acadúil agus mar chuid de chritic agus de dhioscúrsa Léann na hÉirinn. I measc na scoláirí a chuir bonn acadúil faoi léann litríocht na n-óg in Éirinn tá Valerie Coghlan, Robert Dunbar, Celia Keenan, Mary Shine Thompson. Bunaíodh An Cumann Éireannach um Staidéar ar Litríocht na n-Óg (ISSCL) sa bhliain 2004 agus is éachtach líon agus raon na bhfoilseachán a d'eascair as cainteanna a tugadh ag comhdháil bhliantúil ISSCL. Ar na foilseacháin is ábhartha tá *Studies in Children's Literature, 1500-2000*, (Keenan agus Thompson, 2004), *Treasure Island: Studies in Children's Literature*, (Thompson agus Keenan, 2006), *Divided Worlds: Studies in Children's Literature*, (Thompson agus Coghlan, 2007), *Young Irelands: Studies in Children's Literature*, (Thompson, 2011), *What Do We Tell the Children? Critical Essays on Children's Literature*, (Ní Bhroin agus Kennon, 2012), *Children's literature on the move: nations, translations, migrations* (Maguire agus Rodgers, 2013) agus *Politics and Ideology in Children's Literature* (Keyes agus McGillicuddy, 2014). Baineann foilseacháin a dhíríonn ar chultúr na hóige in Éirinn le hábhar chomh maith; *Children, childhood and Irish society: 1700 to the present* (Luddy agus Smith, 2014), *Irish Children's Literature and Culture: New Perspective on Contemporary Writing* (Valerie Coughlan agus Keith O Sullivan, (2011). Tugann na teidil léargas ar ábhair agus ar mhórtéamaí chritic litríocht na n-óg mar atá sí á saothrú in Éirinn. Is ábhar suntais é nach bhfuil an bhéim ar an iarchoilíneachas féin, áfach.

Ba é *Studies in Children's Literature 1500-2000*, an chéad fhoilseachán de chuid ISSCL in 2004 agus leag Celia Keenan agus Mary Shine Thompson béim ar thábhacht an fhoilseacháin mar go raibh aitheantas á thabhairt do litríocht na n-óg in Éirinn mar ábhar acadúil den chéad uair (2004: 9). Sa chnuasach aistí, *Young Irelands* (2011) tugadh cuntas ar thábhacht ISSCL i mbuanú chritic litríocht na n-óg in Éirinn agus moladh litríocht na n-óg a áireamh mar chuid de léann na hÉireann (Keenan agus Shine Thompson, 2011: 9). Sna foilseacháin Bhéarla luaite thuas díritear ar litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn agus pléitear ceisteanna spéisiúla maidir le cultúir, idé-eolaíochta agus féiniúlachta de. Tráchtar ar an gceangal idir litríocht Bhéarla na n-óg i Sasana agus litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn, tagraítear do thionchar litríocht na Gaeilge ar litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn agus léirítear litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn mar thionscnamh nua-litríochta a d'eascair agus a tháinig chun cinn ag deireadh an naoú

haois déag. Ní phléitear saothar ná téacsanna Gaeilge do dhaoine óga go sonrach, áfach. Níor mhór mar sin forbairt chritic litríocht Ghaeilge na n-óg a fhiosrú agus plé a dhéanamh ar theacht chun cinn na critice sin laistigh de léann na litríochta Gaeilge.

2.6 Litríocht Ghaeilge na n-Óg

Maidir le litríocht Ghaeilge na n-óg, mar a sonraíodh cheana, is beag scoláire ná criticeoir Gaeilge atá tar éis staidéar a dhéanamh ar an gceangal idir an teoiricí iarchoilíneacha agus litríocht Ghaeilge na n-óg nó atá tar éis plé agus anailís a dhéanamh ar théacsanna agus ar shaothair Ghaeilge mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní. Cé go bhfuil aitheantas á thabhairt do litríocht Ghaeilge na n-óg mar ghné thábhachtach de chultúr agus de litríocht na Gaeilge agus de léann na n-óg le blianta beaga anuas, níl oiread agus alt amháin ann a fhiosraíonn go sonrach an ceangal idir litríocht Ghaeilge na n-óg agus teoiricí iarchoilíneacha. I measc na n-údar d'fhoilsigh ailt agus aistí ar ghnéithe de litríocht Ghaeilge na n-óg tá, Gabriel Rosenstock (1990), Ré Ó Laighléis (1997) Máire Uí Mhaicín (1996) agus Alan Tittley (2000). Sa bhliain 2003 foilsíodh cnuasach aistí a bhain le cúrsaí léitheoireachta agus litearthachta do dhaoine óga, *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht* (2003). San fhoilseachán sin díriodh ar litríocht Ghaeilge na n-óg i gcomhthéacs na scoile agus pléadh cúrsaí léitheoireachta i measc daoine óga sa Ghaeltacht, an déaglitríocht agus na dúshláin a bhaineann le hábhar a fhoilsiú i dteanga mhionlath.

Ba é *Codladh Céad Bliain* (2012) an chéad chnuasach d'aistí acadúla ar chúrsaí cultúir agus litríochta na n-óg as Gaeilge. Cuireadh tús le sraith comhdhálacha ar litríocht Ghaeilge na n-óg sa bhliain 2011 agus réachtáladh dhá chomhdháil ó shin – ceann sa bhliain 2012 agus ceann eile sa bhliain 2013. D'eascair cnuasaigh aistí as cainteanna agus páipéir na gcomhdhálacha sin agus foilsíodh trí chnuasach aistí ar léann litríocht Ghaeilge na n-óg; *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg* (Nic Congáil, 2012), *Laethanta Gréine agus Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Nic Lochlainn agus Nic Congáil, 2013) agus *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Adams, Dunne agus Nic Lochlainn, 2014). I réamhrá an chéad chnuasaigh aithnítear an tábhacht a bhaineann le tús a chur le tionscnamh den chineál seo i gcás litríocht Ghaeilge na n-óg agus an tábhacht a bhaineann leis an réimse mar ábhar acadúil agus mar dhisciplín a chuireann go mór lenár dtuiscint faoin óige agus faoi litríocht na n-óg. Pléitear réimse leathan ábhair: litríocht na hAthbheochana, an litríocht chomhaimseartha; ceist an aistriúcháin don óige, litríocht na n-óg sna dúichí ceilteacha, síscéalta agus miotaseolaíocht, banscríbhneoirí an Ghúim, an fhoilsitheoireacht chomhaimseartha, cúrsaí litearthachta agus litríochta agus oideachas na n-óg, féiniúlachtaí éagsúla i litríocht na n-óg. Tá dhá aiste sa leabhar *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* ar Chathal Ó Sándair, aiste amháin ar an úrscéal scoile sa Ghaeilge agus ar Shraith Chluain Éanna, liom féin agus aiste eile le Róisín Adams ar Bhaile Átha Cliath mar shuíomh uirbeach i saothar roghnaithe de chuid Uí Shándair.

Ní dhéantar staidéar ar theoiricí iarchoilíneacha i litríocht Ghaeilge na n-óg i gceachtar de na haistí, ná na teoiricí sin a cheangal do shaothar Uí Shándair. Díol suime nach bhfuil aiste amháin ann a dhíríonn go sonrach ar an iarchoilíneachas féin. Sna hailt agus sna haistí uile pléitear ceisteanna agus gnéithe éagsúla i litríocht Ghaeilge na n-óg, ach is é tábhacht na gcnuasach ná ionad litríocht Ghaeilge na n-óg a áireamh mar chuid de léann na Gaeilge agus de léann na hÉireann agus de léann na n-óg.

2.7 Ceangal

I bhfianaise an phlé ar fhorbairt na critice iarchoilíní i léann na n-óg go hidirnáisiúnta, is léir go bhfuil gaol casta idir litríocht na n-óg agus léann an iarchoilíneachais. Is casta fós an ceangal sin nuair a chuirtear cúrsaí teanga san áireamh, teangacha dúchais go speisialta. Is léir, mar shampla, go ndéantar imeallú ar litríocht Ghaeilge na n-óg i gcritic liteartha na Gaeilge agus an Bhéarla araon, agus i gcritic an iarchoilíneachais féin, in ainneoin gurb ionann ceisteanna agus ábhar plé na ndioscúrsaí sin. I gCaibidil 3 tabharfar cuntas ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg ó aimsir na hAthbheochana go teacht chun cinn Chathail Uí Shándair mar scríbhneoir. Tabharfar cuntas ar fhorbairt litríocht na Gaeilge ó dheireadh an naoú haois déag go bunú an Ghúim agus ina dhiaidh sin. Pléifear na straitéisí a ghlac scríbhneoirí Gaeilge chucu féin le híomhá agus le léiriú a thabhairt ar thaithí saoil an Ghaeil agus an Ghaeilgeora óig.

Caibidil a Trí

Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg

3.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo pléifear forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg agus an tionchar a bhí ag cúrsaí staire agus ag cúrsaí polaitiúla ar an bhforbairt sin. Cuirfear trí thréimhse san áireamh; litríocht na n-óg le linn naoú haois déag, tús agus éabhlóid litríocht Ghaeilge na n-óg le linn thréimhse na hAthbheochana agus forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg ó bhunú an Ghúim go tús na 1940idí. Sa chéad chuid den chaibidil tabharfar cur síos ar chultúr na hóige agus ar ábhar léitheoireachta a cuireadh ar fáil do pháistí i mBéarla agus i nGaeilge ó lár an naoú haois déag ar aghaidh go tús Athbheochan na Gaeilge. Ina dhiaidh sin breathnófar ar fhorbairt litríocht na n-óg le linn na hAthbheochana liteartha Angla-Éireannaí agus Athbheochan na Gaeilge agus idé-eolaíocht agus tuiscintí faoi ról agus faoi chumhacht pholaitiúil na litríochta. Ar deireadh, pléifear bunú an Ghúim mar chor nua i bhfoilsitheoireacht litríocht na n-óg agus pléifear an cur chuige a bhí ag eagarthóirí an Ghúim leis an réimse seo a chur chun cinn. Tabharfar comhthéacs staire agus cultúrtha ar litríocht Ghaeilge na n-óg agus scrúdófar a tábhacht agus a ról mar chuid den tionscnamh cultúrtha náisiúnta.

3.2 Litríocht na n-óg le linn an Naoú hAois Déag

Ní mór na comhthéacsanna stairiúla agus polaitiúla a chur san áireamh le hathruithe i gcultúr na hóige agus idé-eolaíochtaí éagsúla a thuiscint agus plé á dhéanamh ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg. Tugann ábhar léitheoireachta na n-óg ó lár an naoú haois déag, idir Bhéarla agus Ghaeilge, léargas ar thábhacht an pháiste i sochaí na hÉireann agus ról an pháiste mar chuid d'idé-eolaíochtaí éagsúla. Is mar thréimhse shoineanta agus mar thréimhse chosanta sa tsochaí a léirítear tréimhse na hóige i litríocht na linne, i litríocht do dhaoine fásta agus do dhaoine óga, rud atá ag teacht le tuiscintí an ama faoin óige. B'fhíor sin i gcás litríocht do dhaoine fásta ag tús an fichiú haois mar ar rinneadh idéalú ar íomhá an pháiste agus na hóige. Níorbh ionann sin agus léiriú na hóige i litríocht na n-óg, áfach. Tháinig litríocht na n-óg faoi thionchar na hImpireachta, faoi thionchar ghluaiseachtaí náisiúnachais, agus faoi thionchar eagraíochtaí agus chumainn eile agus tháinig athrú ar mheon agus ar dhearcadh dhaoine fásta i leith ról an pháiste agus ról na litríochta i múnlú agus i gcur chun cinn idé-eolaíochta (Hay, 2012, 148-160; Nic Congáil, 2011: 41-45). In Éirinn ba thréimhse ar leith í an tréimhse idir lár an naoú haois déag agus tús an fichiú haois agus Éire ar tí neamhspleáchas a bhaint amach. Tharla athruithe móra i gcúrsaí polaitiúla, cultúrtha agus sóisialta in Éirinn. Ar na móreachtraí polaitiúla is suntasaí, tá Conradh na Talún (1879-1892) agus feachtas le cearta talún a bhaint amach d'Éireannaigh faoi cheannas Charles Stewart Parnell agus Pháirtí an Rialtas Dúchais (1873-1882). I dtaobh chúrsaí cultúir, tharla gluaiseachtaí cultúrtha

Athbheochan Liteartha Angla-Éireannach agus Athbheochan na Gaeilge agus bunú Chonradh na Gaeilge sna 1890idí (West, 1994: 165). Bhí impleachtaí móra ag athruithe polaitiúla agus cultúrtha ar chúrsaí sóisialta na hÉireann, ar shochaí agus ar phobal na hÉireann. Bhí tionchar ag na himeachtaí agus gluaiasteachtaí intleachtúla ar chultúr na hóige, ar an idé-eolaíocht faoin óige agus faoi ról an pháiste (Nic Congáil, 2011: 56). Leagann Condon béim ar thábhacht chultúr na hóige le linn an naoú haois déag agus ar an dlúthcheangal idir an t-aos óg agus idé-eolaíocht pholaitiúil:

Children's culture has been explored and revealed as having been an important territory to be controlled by the imperial machine given that the child was seen as first and foremost the future citizen, who would decide the future harmony or unrest in the nation, depending on how he or she was taught and influenced in their youth. (Condon, 1999: 7)

Ar na hábhair díospóireachta a cheanglaíonn na móreachtraí agus athruithe seo, tá ról na litríochta i gcruthú agus i gcur chun cinn féiniúlachta. Mar a mhíníonn Lynch, tháinig forbairt ar litríocht na n-óg de réir mar a tháinig forbairt ar choincheap na hóige féin:

As the end of the nineteenth and start of the twentieth century introduced the concept of childhood as 'a qualitatively different period of life than adulthood', concerns for the physical and intellectual development of Irish children grew among educationalists and policy makers, creating a market in which the publication of books written for children became economically viable and socially desirable. From the 1890s to the 1920s, a burgeoning genre of children's literature was established, including an 'extraordinary outburst of historical, adventure and hero tales'. These publications provided the cerebral sustenance to accompany the idealized physicality of the 'romping of sturdy children', ensuring a context in which childhood reading gained status as both a social and political issue. (Lynch, 2014: 199)

Áitíonn Janette Condon go raibh úsáid a bhaint as litríocht na n-óg mar uirlis pholaitiúil agus go raibh neamhaird á déanamh ar ábhar spéise an pháiste i litríocht na n-óg. Dar le Condon, bhain cumhacht pholaitiúil le litríocht Bhéarla na n-óg ó Shasana, agus le hábhar léitheoireachta Bhéarla na n-óg in Éirinn:

Irish children's education and literature was a critical site of textual and historical contestation throughout the nineteenth century as different authors and critics competed for the control of the cultural allegiances of a juvenile audience often solely perceived and valued in the generational sense of their being the future citizens of the state. It ultimately suggests that children's literature was itself 'colonised' in a sense by such political motivations that neglected the 'child' in Irish children's literature. (Condon, 1999: vi)

Pléann Ríona Nic Congáil téis Janette Condon agus an ceangal idir cultúr na hóige agus idé-eolaíocht na hImpireachta, agus an ceangal idir idé-eolaíocht náisiúnaíoch agus ábhar léitheoireachta na n-óg in Éirinn le cur i gcoinne idé-eolaíochta na hImpireachta:

Irish children's literature was also "colonized" by "political motivations." Irish nationalists were acutely aware that in their efforts to establish a nationalist children's culture through magazines, newspaper columns, clubs, and societies, they were attempting to prevent children from being influenced by the imperialist ideology of children's magazines such as *Boys Own Magazine* (est. 1855) and *Boys of England* (1866), both readily available in Ireland. (Nic Congáil, 2011: 40-41)

Is amhlaidh go raibh ceangal idir cultúr na hóige, cur chun cinn idé-eolaíochtaí agus litríocht na n-óg i Sasana agus in Éirinn. Tá sé tábhachtach a mheabhú gur litríocht agus ábhar léitheoireachta as Béarla atá faoi chaibidil agus nach raibh bunús litríocht Ghaeilge na n-óg ann go tús an fichiú haois (Nic Congáil, 2012: 20). Baineann tábhacht le Córas Oideachais Shasana in Éirinn ar cheist stádais agus teagasc na Gaeilge le linn an naoú haois déag agus bhí impleachtaí aige sin ar chúrsaí litearthachta agus ar líon na léitheoirí óga sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

3.2.1 Ábhar Léitheoireachta do dhaoine óga

Is gá stádas agus teagasc na Gaeilge a chur san áireamh le forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg a chur i gcomhthéacs. Sa bhliain 1831 bhunaigh Rialtas Shasana scoileanna náisiúnta in Éirinn faoi Acht 1831 agus den chéad uair bhí córas oideachais saor in aisce ann do gach páiste idir sé bliana agus 12 bliain. Tháinig feabhas ar scileanna litearthachta Béarla na bhfoghlaimoirí agus rinneadh nós na léitheoireachta Béarla a chothú i measc an aosa óig in Éirinn (Nic Congáil, 2007: 291). Is amhlaidh, áfach, go raibh drochthionchar ag curaclam na scoileanna náisiúnta ar scileanna litearthachta agus léitheoireachta na Gaeilge. Cé go raibh taithí ag daoine óga ar thraidisiúin béil na Gaeilge, ar bhéaloideas, ar scéalaíocht agus ar sheanchas na teanga ní raibh an taithí chéanna acu ar litríocht scríofa na Gaeilge, ní raibh na scileanna litearthachta ná léitheoireachta acu leis an teanga a léamh (Nic Congáil, 2011: 44). Déanann John Coolahan cur síos ar theagasc agus ar imeallú agus na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta agus ar mheathlú na teanga dá bharr (Coolahan, 1981: 21). Seo mar a mhíníonn Ó Buachalla drochthionchar na scoileanna náisiúnta ar theagasc agus ar fhoghlaim na teanga agus dá réir sin ar stádas na Gaeilge i measc daoine óga agus i measc an phobail:

In its curricular regulations, its funding arrangements, its teacher training programmes and its inspectorial process, the national school system made no provision for that segment of the population (319,602 in 1851), for whom Irish was a vernacular and only language, nor for the much larger group totalling 1.5 million in 1851 who were bilingual. When, after 1878, the Irish language was included in the national school curriculum, its status was that of a marginal extra subject, comparable to that of physical geography, Greek and Latin or French. In the secondary schools, under the Intermediate Act of 1878, Celtic was recognised as a school subject in a position inferior to most other languages; it was assigned 600 marks whereas 1000 marks were assigned to Greek, Latin and English while French and German merited 700 marks each. Very few students offered Celtic as a subject in the examinations conducted by the Intermediate Board, very few teachers were qualified to teach it and the subject was tolerated rather than encouraged in the official policy of the Commissioners. During the first four decades of their

existence, there is no mention of the Irish language in the programme of regulations of the Commissioners of National Education; furthermore no provision whatsoever was made in 1831 when the original scheme was drawn up for the education of those children who spoke Irish only. (Ó Buachalla, 1984 :75)

Fiú dá mbeadh an léitheoireacht as Gaeilge ar a dtoil acu, ba bheag ábhar léitheoireachta Gaeilge a bhí ar fáil (Uí Mhaicín, 1996: 121; Nic Congáil 2011: 44). Foilsíodh an chéad téacsleabhar dátheangach scoile, *An Irish English Primer, Intended for the Use of Schools*, in 1815, téacs ina raibh stór focal Gaeilge agus roinnt scéalta le hAesóp (Nic Congáil, 2012: 20). Is foclóir, go príomha, a bhí ann, áfach. Níor tosaíodh ar leabhair do dhaoine óga a fhoilsiú go tús na hAthbheochana agus tugann Nicholas Williams cur síos ar thionscnamh foilsitheoireachta na Gaeilge bheith in ‘ísle brí san ochtú agus sa naoú haois déag ó thaobh na foilsitheoireachta de. [...] [I]s ar éigean a bhí Gaeilge de chineál ar bith á priontáil, gan a bheith ag caint ar leabhair do pháistí’ (Williams, 1988: 12). De bhrí nach scileanna litearthachta agus léitheoireachta na Gaeilge a bhí á dteagasc ná á gcleachtadh ag daoine óga sna scoileanna náisiúnta, agus nach raibh fáil ar ábhar léitheoireachta Gaeilge do dhaoine óga, glacadh le hirísí agus le leabhair mhangaire Shasana mar ábhar léitheoireachta, ní nach ionadh. Is éard a bhí sna hirísí agus sna leabhair mhangaire seo, nó “penny bloods” agus “penny dreadfuls” mar a thugtaí orthu i mBéarla, ná foilseacháin Bhéarla a tháinig chun cinn sa agus réimse scéalta do dhaoine óga, idir scéalta eachtraíochta, scéalta stairiúla agus scéalta sí (Ní Chuilleanáin, 2014: 27; Lynch, 2014: 201). Foilsíodh formhór an ábhair léitheoireachta do dhaoine óga le linn an naoú haois déag i mBéarla ach rinneadh iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn sna hirísí ar bhealaí éagsúla. Tuigeadh nach raibh líofacht sa Ghaeilge ag formhór na léitheoirí óga ach rinneadh iarracht iad a spreagadh le bheith báúil do chultúr, stair na Gaeilge agus don teanga féin. Le cur le cumas Gaeilge na léitheoirí foilsíodh ceachtanna Gaeilge i dtosach agus de réir a chéile foilsíodh scéalta beaga i nGaeilge chomh maith (Nic Congáil, 2009: 94-96; 2011: 43-46)

Foilsíodh *The Story of Ireland for Children* le Alexander Martin Sullivan sa bhliain 1867. Cuntas ar scéal agus ar stair na hÉireann ó dhearcadh na nGael a bhí ann a d’fhéach le daoine óga a spreagadh i dtreo an náisiúnachais. Bhí Martin Sullivan bainteach le cúrsaí náisiúnachais agus leis an ngluaiseacht *Young Ireland* le linn an naoú haois déag agus bhí sé ina eagarthóir ar an nuachtán *The Nation* (1842) chomh maith ar feadh tréimhse (Nic Congáil, 2009: 45-46). Sa bhliain 1875 thosaigh Martin Sullivan ar fhorlónadh seachtainiúil a fhoilsiú leis an bpáipéar, *Young Ireland: Rising Magazine of Entertainment and Instruction* (1875-1891) inar foilsíodh scéalta eachtraíochta staire agus miotaseolaíochta do bhuachaillí agus do chailíní agus béim ar laochra eiseamláireacha Éireannacha agus ar idé-eolaíocht náisiúnaíoch sna scéalta. Bhíodh tagairtí san fhorlónadh do ghníomhaíochtaí Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (SPIL) agus ina dhiaidh sin do ghníomhaíochtaí Chonradh na Gaeilge. Bhíodh ábhar léitheoireachta eile á fhoilsiú sna nuachtáin *The Nation* agus *The Weekly Freeman* chomh maith ina raibh idé-eolaíocht Éire-Gaelach, náisiúnaíoch agus Caitliceach á cur chun cinn agus

iarrachtaí ar bun daoine óga a spreagadh i dtreo na teanga agus an chultúir Ghaelaigh (Nic Congáil, 2011: 38-39). Tuigeadh nach raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ag formhór an phobail léitheoireachta agus féachadh chuige in “Éire Óg” sraith ceachtanna agus cleachtaí Gaeilge a fhoilsiú (Nic Congáil, 2011: 46). Mar a cuireadh in iúl i dteideal an fhoilseacháin, bhain dhá ghné le *Young Ireland: Rising Magazine of Entertainment and Instruction*: foilsíodh ábhar siamsaíochta do dhaoine óga ach chomh maith leis sin, bhain gné an teagaisc agus na hoiliúna le hábhar agus cuireadh idé-eolaíocht Éire-Gaelach agus náisiúnaíoch chun cinn. Ar na foilseacháin ba mhó cáil i measc an aosa óig in Éirinn bhí *The Irish Fireside*, a foilsíodh mar forlónadh i dtosach agus ansin mar cholún rialta in *Weekly Freeman* le linn na blianta 1883-1924 (Nic Congáil, 2009: 94-97). Is ábhar suime *The Irish Fireside* ar mhórán cúiseanna; ábhar léitheoireachta a bhí ann do dhaoine óga i dtosach ach tháinig fás agus forbairt air mar ghluaiseacht agus mar eagraíocht de réir a chéile agus bunaíodh “Irish Fireside Club” in 1887 (Nic Congáil, 2009: 94-96). Thosaigh cumainn náisiúnaíocha agus an Eaglais Chaitliceach ag tabhairt airde ar an múnla seo in *Weekly Freeman/ The Irish Fireside* agus “Irish Fireside Club” agus rinneadh aithris air trí fhoilseacháin a cheangal le gluaiseacht, mar shampla, *An tÉireannach*, *An t-Éireannach Óg* agus *Cumann na nÓg*, *The Father Matthew Record/The Children’s Page* agus *Cúinne an Aoibhnis* agus *The Young Irish Crusaders* (Mac Congáil, 2007: 298-299). Bhí an “Irish Fireside Club” i mbarr a réime ag tús na 1890idí agus faoi Eanáir na bliana 1894 bhí 50,000 ball óg san eagraíocht, bhí craobhacha scaipthe go forleathan timpeall na tíre agus thar lear i Londain, i Learpholl agus i Chicago agus thiocfadh baill na heagraíochta le chéile uair sa tseachtain le cúrsaí reatha, polaitiúla agus staire a phlé agus thógtáí miontuairiscí de chruinnithe agus de ghníomhaíochta na heagraíochta (Nic Congáil, 2009: 104-5). Is suimiúil gurbh iad daoine óga na heagraíochta a bhí i gceannas ar chóras eagraithe an Chlub, córas a thug tuiscint dóibh ar fhreagracht agus ar neamhspleáchas. Bhí aidhmeanna éagsúla ag an gClub; grá don nádúr agus don dúlra a chothú, an cineáltas agus achmhainneacht a chleachtadh agus eolas a roinnt ar dhaoine eile (Nic Congáil, 2009: 97). Cuireadh leis na haidhmeanna seo agus leagadh béim ar luachanna agus ar scileanna faoi leith ar mian le baill an Chlub a chothú:

Irish Fireside Club, which tend to advance education and love of study; to develop national and artistic skill; to encourage and foster an honest and upright patriotism, and love of Irish literature, history, manners, customs, language, and people; to promote home industry; to encourage love of nature and ‘kindness to animals’ among the young; to create a spirit of hope, resolution, honesty, piety, perseverance, and self- reliance. (luaite in Mac Congáil, 2007: 286)

Bhíodh ábhar éagsúil á fhoilsiú san iris; scéalta eachtraíochta agus sraithscéalta, colúin agus cuntais eolais ar chúrsaí reatha agus ar chúrsaí garraíodóireachta, mar shampla. Tháinig deireadh leis an iris mar iris neamhspleách, áfach agus foilsíodh mar chuid den *Weekly Freeman* é ó dheireadh na bliana 1887 ar aghaidh (Mac Congáil, 2007: 283). Cuireadh tús le colún nua sa nuachtán, *Irish Fireside for boys and girls edited by Uncle Remus* ina mbíodh comhfhreagras idir Uncle Remus le baill an Chlub

agus aistí gearra, litreacha, dánta agus tuairimí a scríobhadh daoine óga nó baill an Chlub chuige agus duaiseanna ar chomórtais le gnóthú chomh maith (Mac Congáil, 2007: 282-3). Ó thaobh na Gaeilge de, bhain tábhacht leis an bhfoilseachán agus leis an gclub mar gur threoraigh sé agus spreag sé daoine óga i dtreo an náisiúnachais, na litríochta agus i dtreo an léinn agus na Gaeilge. Ba é an Béarla príomhtheanga an cholúin ach bhíodh corrpheána ann as Gaeilge agus le cur le scileanna teanga na léitheoirí óga tosaíodh ar cheachtanna Gaeilge leis an Athar Ó Gramhna a fhoilsiú sa *Weekly Freeman* sa bhliain 1894 (Nic Congáil, 2009: 107). Don pháiste óg ar chainteoir dúchais Gaeilge é/ í, ba é an *Irish Fireside* an chéad deis a bhí aige/aici an teanga dhúchais a fheiceáil i gcló. Bhí Conradh na Gaeilge roinnt mhaith blianta ar an bhfód sular thosaíodar ag plé le daoine óga agus ar iarrachtaí a dhéanamh an teanga a chur chun cinn i measc na n-óg (Nic Congáil, 2009: 107). Tuigtear do Mac Congáil gur botún a bhí sa neamhiontas sin:

Ó tharla gurbh é an Béarla gnáthmheán an cholúin seo [*Irish Fireside Club*] agus ó tharla gur bhain sé le daoine óga, rinne lucht taighde na Gaeilge agus na staire ar fad dá ndéarfainn é neamhshuim de, go háirithe agus iad ag díriú ar an chuid eile den nuachtán *Weekly Freeman*. Meancóg a bhí ansin óir cuidíonn an colún sin linn breis eolais a fháil ar ghnéithe éagsúla de stair na hAthbheochana agus an náisiúnachais agus ar na daoine a bhain léi. (Mac Congáil, 2007: 288)

Scrúdaíonn Mac Congáil stair agus forbairt an *The Irish Fireside*, an forlíonadh agus “Irish Fireside Club”, an eagraíocht, agus áitíonn sé gur bhain tábhacht mhór leis an gcolún agus leis an eagraíocht chun daoine óga a threorú i dtreo an léinn, an náisiúnachais, na Gaeilge agus an chultúr Ghaelaigh, rud a bhí as alt le Córas na Scoileanna Náisiúnta (2007: 291-2). . D’éirigh leis an *Irish Fireside* freastal a dhéanamh ar dhá ghrúpa; cainteoirí dúchais gan scileanna litearthachta agus léitheoireachta Gaeilge agus daoine óga arbh é an Béarla a gcéad teanga agus gan mórán eolais ná taithí acu ar an nGaeilge. Bhí tábhacht inleachtúil agus pholaitiúil nár bheag leis an gcur chuige seo, dar le Mac Congáil:

Rinne an Club tairbhe mhór maidir le bearnaí móra a líonadh sa chóras oideachais gallda ag an am, bearnaí ar thug Conradh na Gaeilge aghaidh ar a leigheas ina dhiaidh sin. Mhúnláigh an Club intinn daoine óga, spreag sé iad, chuidigh sé lena bhforbairt mar dhaoine, mar smaointeoirí, mar náisiúnaithe mar Éireannaigh, mar scríbhneoirí, mar dhaoine ar chás leo a gcomhdhaoine, an dúlra agus a dtír. Spreag sé eagraíochtaí eile agus colúin eile le himeacht ama agus is léir a thionchar ar chinníúint na tíre ó shin. (Mac Congáil, 2007: 314)

Mar a luadh, chuaigh an colún agus an eagraíocht “Irish Fireside Club” i bhfeidhm go mór ar eagarthóirí irisí agus nuachtán eile agus tosaíodh ar cholúin do pháistí a áireamh mar chuid de phríomhleathanaigh foilseacháin éagsúla; an nuachtán *The Irish Peasant* agus an colún Béarla do dhaoine óga, *Le h-Aghaidh an Aosa Óig – Tales and Tidings for Young Members* (1905-1906), an nuachtán *Irish Weekly Independent and Nation* agus an colún Éire Óg (1901), an iris Chaitliceach *The Father Matthew’s*

Record agus a d'fhoilsigh colúin éagsúla do dhaoine óga, *The Children's Page*, *Cúinne an Aoibhneis* agus *Banba* (1908-9), (Mac Congáil, 2007: 298-299).

Ní miste a rá go raibh formhór d'ábhar léitheoireachta do dhaoine óga in Éirinn á fhoilsiú i nuachtáin nó i bhfóram 'dhaoine fásta' mar irisí agus mar fhorlíonadh. É sin ráite, bhí ráchairt fós ar ábhar léitheoireachta Sasanach in Éirinn do dhaoine óga. Is cosúil go raibh cúiseanna eile ar thaitin irisí Sasanacha le daoine óga Éireannacha; bhí ardchaighdeán ar dheardh na n-irisí, bhí taithí léitheoireachta ag daoine óga ar an gcló Rómhánach, seans go raibh bunús na scéalta níos fearr ó thaobh na heachtraíochta agus na dtéamaí de. Ag tús thréimhse na hAthbheochana, bhí aird á tabhairt ar chultúr na hóige agus ar litríocht na n-óg agus tuigeadh go bhféadfaí úsáid a bhaint as 'litríocht na n-óg' i mBéarla agus i nGaeilge mar mhúnla féiniúlachta agus le léiriú agus íomhá Ghaelach a chur chun cinn (West, 1994: 165-166).

3.3 Tréimhse na hAthbheochana

Bhí tionchar ag an Athbheochan Liteartha Angla-Éireannach agus ag Athbheochan na Gaeilge ar fhorbairt litríocht na n-óg in Éirinn ag deireadh an naoú haois déag. I dtreo bhlianta tosaidh an chéid agus ina dhiaidh sin, tharla móreachtraí i gcúrsaí stairiúla agus polaitiúla na hÉireann; Frith-dhúnadh 1913, an Chéad Chogadh Domhanda 1914-1916, Éirí Amach 1916, Cogadh na Saoirse (1919-1922), Bunú an tSaorstáit (1922) agus Cogadh Cathartha (1923). Bhí súil ag Athbheochanóirí go ndéanfaí litríocht na n-óg a chothú as Béarla agus as Gaeilge, ach is amhlaidh gur mó rath a bhí ar litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn i gcomparáid le litríocht Ghaeilge na n-óg. I gcás litríocht Ghaeilge na n-óg bhí droch-chuma ar chúrsaí foilsitheoireachta na Gaeilge tar éis Éirí Amach (1916) (Uí Laighléis, 2004: 185; Adams, 2018: 120-121). Bhain roinnt mhaith cúiseanna leis seo; bhí cuid de na húdair Ghaeilge marbh, i bpríosún nó gafa le cúrsaí polaitiúla agus na húdair a bhí ag scríobh bhí siad ag scríobh do pháistí scoile (Uí Laighléis, 2004: 185). I gcás litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn, bhláthaigh an t-ábhar léitheoireachta dúchasach a foilsíodh i mBéarla, 'With the Anglo-Irish literary renaissance in Ireland, there would appear to have been an equally thriving period of creativity in the production of children's books of a specifically Irish nature, aimed at the British, Irish and American markets. Such a situation seemed to augur well for the future development of a native Irish genre of children's literature written through the medium of English (West, 1994: 166).

Is léir go raibh an dá ghluaiseacht athbheochana (an Athbheochan Angla-Éireannach agus Athbheochan na Gaeilge) ag breathnú ar ghnéithe éagsúla mar bhonn do nua-litríocht na n-óg. Is spéisiúil gur ábhar dúchasach a roghnaíodh agus a aistríodh mar bhunús agus mar ábhar spreagtha na bhfoilseachán Béarla agus d'fhéach lucht liteartha an Bhéarla le miotas agus le finscéalta litríocht na Gaeilge a mhúnlú le féiniúlacht Ghaelach a chruthú le linn na tréimhse seo. Athshamhlaíodh na laochra dúchasacha mar Chú

Chulainn, agus Fhinn Mac Chumhail, mar laochra na scéalta nua eachtraíochta seo le daoine óga a mhealladh i dtreo na léitheoireachta agus i dtreo idé-eolaíocht an náisiúnachais.

Many of these retellings, in the spirit of the age, were heavily sanitised versions of the originals, and not just in those intended for the young, writing for whom became a self-appointed minor task for many Revivalists, providing a kind of Irish equivalent of that branch of Victorian English children's fiction which focused on the young men (mainly) who would one day rule an Empire. (Dunbar, 2001: 81)

Tagraíonn Máire West do mhórshaothair le scríbhneoirí de chuid na hAthbheochana Liteartha Angla-Éireannaí; *Finn and his Companion* (1892), *The Coming of Cuchulain* (1894), *In the gates of the North* (1901) agus *The Triumph and passing of Cuchualin* (1920) le Standish O'Grady; *Cuchualin of Muirthemne* (1902) le Bantiarna Augusta Gregory; *Irish Fairy Tales* (1892) le W.B. Yeats a bunaíodh ar shíscéalta agus scéalta béaloideas ó bhailiúcháin Dhubhghlais de hÍde; *The Coming of the Lugh* (1909) agus *Celtic wonder tales* (1910) le Ella Young; *Irish fairy tales* (1890) agus *The fairy minstrel of Glenmalure and other stories for children* (1899) le Edmund Leamy a bunaíodh ar fhinscéalta agus bhéaloideas ó thaighde ar scríbhínní Eugene O'Curry; *Irish fairy tales* (1920), *Deirdre* (1923) agus *In the land of youth* (1924) le James Stephens. Is léir ón liosta seo gur samhlaíodh tábhacht le miotaseolaíocht agus le finscéalta na Gaeilge mar ábhar spreagtha do nua-litríocht d'Éireannaigh óga as Béarla. Leagadh béim sna scéalta ar an gceangal idir laochra agus idé-eolaíocht agus féiniúlacht náisiúnaíoch (West, 1994: 175). Seo mar a mhíníonn Ciara Ní Bhroin ról agus feidhm na scéalta i gcruithú agus i mbunú náisiúin agus féiniúlachta iarchóilíní:

Irish myths and legends were first published for children during the Cultural Revival of the late nineteenth and early twentieth centuries as manifestations of national distinctiveness. The role of myth in nation building and its particular significance in postcolonial societies has been well documented (Fanon 2001; Brown 1991; Kiberd 1996; Foster 2002). The reclamation through myth, and in Ireland's case, also, through translation, of a glorious (imagined) precolonial past acts as an inspiration for national self-determination. Writers of the Revival, therefore, mythologized Ireland's past with a view towards shaping its future. (Ní Bhroin, 2010: 7)

Chomh maith leis sin, áfach, tá ceist ann i dtaobh spriocléitheoirí na litríocht Béarla a foilsíodh in Éirinn don aos óg agus freastal ar mhargaidh náisiúnta na hÉireann nó idirnáisiúnta Shasana agus Mheiriceá.

I gcás litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn, cé go raibh leabhair á bhfoilsiú agus ar fáil in Éirinn, fós féin ceapadh go raibh idé-eolaíocht na hImpireachta fós á cur chun cinn agus nach raibh fáil ag daoine óga ar litríocht dhúchasach. In 1919 chuir an tAthair Stephen Brown liosta le chéile de 160 leabhar ar mheas sé bheith oiriúnach do bhuachaillí óga, toisc go raibh idé-eolaíocht na scéalta Caitliceach agus náisiúnaíoch. Is é an t-ábhar imní is mó a bhí ag Brown, áfach, ná na seánraí éagsúla is mó cáil i Sasana;

na scéalta scoile, na scéalta bleachtaireachta, na scéalta cogaidh agus nach raibh ag teacht le taithí saoil an Ghaeil óig:

In our present national situation, we are practically out off from whole realms of romance into which the imagination of our young folk would gladly adventure. If they wander into such realms, as matters are at present, they find themselves in an alien atmosphere. I have before me as I write a little book which might well fill with envy anybody interested in what our children read. It is a guide to the choice of books for children between the ages of five and fifteen. No doubt, had we in Ireland the material out of which to compile a similar book our choice would not be quite the same from a religious and national point of view: it is not the choice but the great abundance of the material that is the subject of our envy. (Brown, 1919: 662).

Le dul i ngleic le staid na foilsitheoireachta mar a bhí, rinne Brown trí mholadh faoin mbealach ar chóir ábhar léitheoireachta dúchasach a chur ar fáil do dhaoine óga. Sa chéad áit, ba chóir athfhoilsiú a dhéanamh ar ábhar léitheoireachta *Young Ireland* le Alexander Martin Sullivan, sa dara háit ba cheart tréimhseacháin a chur le chéile le scéalta ó *Our Boys*, *The Shamrock*, *The Catholic Bulletin*, *Ireland's Own*, *The Irish Packet* agus a fhoilsiú i leabhrán amháin mar 'Fiction Library for Boys'. Sa tríú háit, ba cheart cur le líon na leabhrán den *Irish Messenger* de chuid Catholic Trust Society agus scéalta le haghaidh buachaillí agus cailíní óga a fhoilsiú.

San iarfhocal, 'Catholic Juvenile Literature: a classified list/ compiled and edited with an introduction', déanann Brown cur síos ar staid litríocht na n-óg in Éirinn ag an am agus luann sé na dúshláin a bhain le liosta den chineál seo a chur le chéile; na deacrachtaí teacht ar leabhair de dheasca líon íseal cóipeanna i gcló agus cuid acu imithe as cló; ábhar na scéalta a bheith sean-fhaiseanta agus as alt le réimse spéise bhuaachaillí óga. Thagair Brown do litríocht Ghaeilge na n-óg chomh maith. Thuig Brown go raibh cúrsaí foilsitheoireachta i ndroch-chaoi in Éirinn agus bhí dearcadh réalaíoch aige faoin achar ama a thógfadh sé ábhar léitheoireachta Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga.

To make any practicable suggestion towards remedying our sad lack of Irish juvenile literature is difficult in present circumstances. Publishing in Ireland is almost at a standstill. On the other hand there is an increasing number of parents who want for their children not more literature in the English language, however Irish in sentiment that literature may be, but more literature in Irish. To the latter I would say that even if it be certain that the Irish language will eventually come into its own, there will be a long interval of transition that must be provided for. (Brown, 1919: 663)

Mar a luadh cheana, bhí droch-chuma ar chúrsaí foilsitheoireachta na Gaeilge tar éis na bliana 1916 agus an chosúlacht air nach raibh mórán údar Gaeilge ag cumadh ná ag scríobh ábhar léitheoireachta ná litríochta sa Ghaeilge, don aos óg agus go ginearálta. É sin ráite, d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge ábhar éagsúil do dhaoine óga sa Ghaeilge ag tús an fichiú haois agus rinneadh iarracht ceangal a

dhéanamh idir idé-eolaíocht náisiúnaíoch agus ábhar litríochta le hÍomhá agus féiniúlacht nua-Éirinn a chur chun cinn.

De réir a chéile tháinig ceannairí Chonradh na Gaeilge chun tuisceana ar chur chun cinn na teanga agus idé-eolaíochta i measc na n-óg agus is léir athrú treo sa phlé agus sa chaidreamh idir Conradh na Gaeilge agus daoine óga ag tús an fichiú haois. Mar a luadh, bhí ábhar léitheoireachta á fhoilsiú ag deireadh an naoú haois déag do dhaoine óga in irisí agus i bhforlíontaí na nuachtán Éireannach ach bhí an chuid is mó den ábhar seo, idir scéalta, chomhfhreagras agus eile as Béarla. Tuigeadh go raibh easpa taithí ar léamh agus ar labhairt na Gaeilge i measc mórchuid den aos óg agus san ábhar léitheoireachta a foilsíodh spreagadh daoine óga i dtreo fhoghlaim agus úsáid na teanga agus foilsíodh ceachtanna Gaeilge leis an teanga a theagasc. I measc na n-irisí a thug faoi ábhar teagaisc a fhoilsiú, bhí iris de chuid Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (SPIL) ar foilsíodh ábhar teagaisc ann ar chúrsaí gramadaí agus ar stór focal idir na blianta 1879-1881. Bunaíodh SPIL sa bhliain 1876 agus i measc chuspóirí an chumainn bhí an Ghaeilge á spreagadh mar theanga labhartha agus litríocht na Gaeilge a chur chun cinn. D'fhoilsigh an cumann leaganacha nua-aimseartha de mhíotais agus finscéalta na hÉireann, mar shampla, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne, Oidheadh Chlainne Lir* agus *Macghníomhartha Fhinn* (O'Leary, 1994: 7). Chomh maith leis sin, d'fhéach Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge le hardú stádais a bhaint amach don Ghaeilge mar chuid den chóras scolaíochta agus d'éirigh leo brú a chur ar Bhord na Scoileanna Náisiúnta le cead a thabhairt do theagascóirí an Ghaeilge a theagasc mar ábhar roghnach lasmuigh d'uaireanta scoile (West, 1994: 179). Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893, agus ba iad dhá mhóraidhm an chumainn an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga náisiúnta agus mar theanga labhartha in Éirinn agus litríocht Ghaeilge a chothú. Is amhlaidh, áfach, nár dhírigh Conradh na Gaeilge ar bhallaíocht daoine óga mar chuid den chumann ná ar litríocht na n-óg go tús an fichiú haois. De réir a chéile a thángthas ar an tuiscint go bhféadfaí ceangal a dhéanamh idir ballraíocht daoine óga, teanga na Gaeilge agus litríocht na Gaeilge (Nic Congáil, 2009: 113).

Tuigtear do Condon, Hay agus Nic Congáil, gur bhain tábhacht le cuairt Bhanríona Victoria go hÉirinn sa bhliain 1900 agus le cuireadh na Banríona do dhaoine óga teacht go Páirc an Fhionnuisce; cuairt agus cuireadh a bhí tábhachtach i stair chultúr na hóige in Éirinn (Condon, 1999: 253-265; Hay, 2012: 148; Nic Congáil, 2011: 37). Dar leo gur léiríodh do dhaoine óga na hÉireann go raibh suim ag an mBanríon buaileadh leo agus ócáid a eagrú ar a son. Chomh maith leis sin, tuigeadh do náisiúnaithe go raibh tábhacht ag baint le cothú chultúr na hóige in Éirinn agus go bhféadfaí daoine óga a spreagadh agus a mhealladh i dtreo an náisiúnachais. Tugtar faoi deara an athrú meoin agus dearcaidh seo i measc náisiúnaithe ina dhiaidh sin agus bunaíodh cumainn agus eagraíochtaí le freastal ar dhaoine óga. Bhí cur síos ar an múscailt suime san óige ar leathanaigh an nuachtáin *United Irishman*:

The children have been too long neglected, and if ourselves and our predecessors had been more active in enlisting their sympathies, the political ignorance and apathy which prevails could never have survived so long. Our opponents have long ago recognised the importance of organising their youth, and numerous brigades and unions and organisations of one sort or another exist amongst them, and ensure the perpetuation of their political beliefs, but nationalists have made little effort in that direction. And the cause has unquestionably lost by this neglect, for many men and women whose sympathies should be with us have gone over to the enemy, or been lost in the maze of middle-class indifferentism, which is just as bad'. (*United Irishman*, 1900: 8, luaite in Condon, 1999: 252).

I ndiaidh do chuairt na Banríona tháinig grúpa náisiúnaithe le chéile le cóisir a eagrú do dhaoine óga nár fhreastail ar ócáid na Banríona. Tugadh ‘Patriotic Children’s Treat Committee’ ar an gcoiste agus Maud Gonne a bhí ina hUachtarán air. Cinneadh ar chóisir a reáchtáil ar an 1 Iúil na bliana céanna i bPáirc Chluain Torc i nDroim Chonrach (Hay, 2011: 148). D’eascair an eagraíocht Inghinidhe na hÉireann as coiste Patriotic Children’s Trust agus i measc na n-aidhmeanna a bhí acu bhí cur chun cinn chultúr na hÉireann. Leis sin a bhaint amach cuireadh ceachtanna Gaeilge ar fáil saor in aisce do dhaoine óga i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh (Hay, 2011:149). Bhain tábhacht leis an eagraíocht sa chaoi is go raibh ceangal láidir á dhéanamh idir cúrsaí polaitiúla, cultúr na hóige agus an Ghaeilge, sé sin an náisiúnachas, daoine óga a mhealladh chun ballraíochta agus ceachtanna Gaeilge a chur ar fáil. Níorbh iad Inghinidhe na hÉireann an t-aon eagraíocht a d’fhéach leis an gceangal céanna a dhéanamh agus díol suime bunú Na Fianna leis an mBantiarna Markievicz agus Bulmer Hobson sa bhliain 1909.

Maidir le hábhar léitheoireachta, d’fhoilsigh Inghinidhe na hÉireann an iris *Bean na hÉireann* idir 1908 agus 1911, iris ina raibh cur síos ar ghníomhaíochtaí an dá eagraíocht, Inghinidhe na hÉireann agus Na Fianna Éireann agus bhí colún ann do dhaoine óga “An Grianán” (Hay, 2012: 151). Chomh maith leis sin, bhí ábhar Gaeilge eile á fhoilsiú do dhaoine óga i bhfoilseacháin náisiúnaíochta eile idir 1910-1918; “Grianán na nÓg” in *Irish Freedom* (1910-1914), “Éire Óg” in *An Gaedheal* (1916), “The Handyman’s Corner” agus “Cailín’s Column” in *Young Ireland* (1917) (Hay, 2012: 157). Cé go raibh an ceangal céanna a dhéanamh ag eagarthóirí agus scríbhneoirí roimhe seo in *The Nation* agus in *The Weekly Freeman*, agus in eagraíocht mar “Irish Fireside Club” d’fhéadfaí a rá gur treisíodh ar an gceangal agus go ndearnadh níos mó iarrachtaí an Ghaeilge a theagasc agus a chur chun cinn in Inghinidhe na hÉireann agus in Na Fianna Éireann (Hay, 2012). Chomh maith leis sin, tuigeadh do náisiúnaithe go raibh ról ar leith ag daoine óga in Athbheochan na Gaeilge, go raibh sé fíorthábhachtach go mbeadh daoine óga rannpháirteach i gcumainn agus in eagraíochtaí náisiúnaíochta, go mbeidís ag freastal ar scoileanna ina raibh éiteas Caitliceach náisiúnaíoch á chur chun cinn, agus go mbeadh ábhar léitheoireachta ann ina mbeadh idé-eolaíocht na hAthbheochana á léiriú. Tuigeadh an tábhacht a bhain le cultúr na n-óg i dtaobh chultúr na hóige agus chumhacht pholaitiúil dhaoine óga a mhúnlú, agus leagadh béim ar chothú timpeallachta agus cultúir Ghaelaigh agus ar chur chun cinn dhearcadh náisiúnaíoch:

Many Irish nationalists saw children as having an important role to play in the revival and promotion of indigenous Irish culture. At a practical level it was easier for a child to gain fluency in Irish or develop a

skill as a hurler. At a metaphorical level children were the embodiment of Ireland's future. They could be utilised as valuable symbols of the future nation state. One day they too would be in a position to shape the country's destiny as political and community leaders, policy-makers, voters and parents. Thus, organisations like the Gaelic League, Inghinidhe na hÉireann and Na Fianna Éireann, certain schools, such as those operated by the Christian Brothers and Patrick Pearse, and nationalist newspaper columnists actively sought to engage children in aspects of the Irish cultural revival. These aspects included language, literature, sport, theatre, music, dance and even needlework. This focus on children was not unique to Ireland. By the late nineteenth and early twentieth centuries there was a growing perception in the western world of children as a national resource and a group within society in need of legal protection. (May, 2015: 3-4).

B'fhacthas do bhaill "Irish Fireside Club" go raibh ceangal idir ábhar náisiúnaíoch na bhfoilseacháin agus aidhmeanna Chonradh na Gaeilge agus dá réir sin chuaigh cuid mhór de bhaill an "Irish Fireside Club" le Conradh na Gaeilge ina dhiaidh sin. I measc na ndaoine móra le rá, a chuaigh le Conradh na Gaeilge tar éis dóibh bheith ina mbaill den "Irish Fireside Club", bhí Éinrí Ó Muirgheasa, Úna Ní Fhaircheallaigh, Seámus de Chlanndiolúin, Mícheál Ó Maoláin (Nic Congáil, 2007: 289). Tuigeadh do cheannairí Chonradh na Gaeilge gur cheart díriú ar dhaoine óga agus féachadh le timirí Gaeilge a fhostú le ranganna Gaeilge do dhaoine óga a chur ar bun agus cuireadh tús le feachtas leis an nGaeilge a áireamh ar chuid de churaclam na scoile (Hay, 2015: 5; Nic Congáil, 2009: 113).

Foilsíodh an chéad leabhar Gaeilge sa bhliain 1900, cnuasach gearrscéalta *Sgéilíní* (1900) le hÉadhmonn Ó hAlbainn agus ina dhiaidh sin *An tAilleán* (1902) an chéad phictiúrleabhar do pháistí le Tadhg Ó Donnchadha agus maisithe ag Seoirse Ó Fágáin (Nic Congáil, 2012: 20). D'fhoilsigh Conradh na Gaeilge 510 leabhar sa Ghaeilge idir na blianta 1893-1918 agus tuairiscíonn Gearóidín Uí Laighléis gur shásaigh sé seo an t-éileamh a bhí ann do leabhair Ghaeilge ar feadh tamaill (2004: 185). Léiríonn scríbhneoirí Athbheochan na Gaeilge go raibh eolas acu ar thábhacht pholaitiúil litríocht na n-óg agus ar bhealaí ina bhféadfaí litríocht na n-óg a úsáid le hidé-eolaíocht a chur chun cinn. Mar fhianaise air seo, is fiú réamhrá an chéad phictiúrleabhair a lua. Is é seo a leanas intreoir Thaidhg Uí Dhonnchadha laistigh de chlúdaigh an leabhair:

Sin leabhairín do scríobh mé dhíbh. B'é mo ghrádh díbh do thug orm é scríobhadh, agus tá súil agam go bhfuighid an uile-dhuine agaibh an oiread suilt as a léigheamh agus fuair mise ar a scríobhadh. Cuimhnigh gur i nÉirinn do rugadh sibh; gur cheart dúinn ár ndícheall do dhéanamh ar son Éireann; maireamhaint agus bás d'fhágháil i nÉirinn; agus ó's í an Ghaeghilg ár dteanga féin, í labhairt i gcomhnuidhe. Dia go deóidh libh, a cháirde agus bheannacht libh. (Ó Donnchadha, 1902: 2).

Ábhar suntais é an cnuasach gearrscéalta *Sídheoga ag Obair: sgéalta le haghaidh an aosa óig* (1903) le W.P Ryan chomh maith. I scéalta an chnuasaigh moltar do dhaoine óga teanga na Gaeilge a fhoghlaim agus suim a chur i gcúrsaí staire agus i gcultúr na hÉireann. I scéal amháin, 'Tír gan Fás', casann cailín óg ar thaibhse a seanmháthar agus tugtar rabhadh don chailín óg agus do pháistí óga na hÉireann an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt lena chéile ionas go mbeidh cead acu dul go Neamh. Tá áiféala ar

an tseanmháthair nár mhúin sí Gaeilge dá páistí agus dá bhrí sin nuair a fuair sí bás tháinig Spiorad an Tiarna chuici agus thug sé idé béil di:

A bhean, mícúramach, mínádúrtha do mhill tú d'anam féin agus do mhill tú anama agus intinní do pháistí beaga. Níor fhás d'intinn féin, agus níor fhás a n-intinn-sean. Do chaith tú amach an cumhacht agus an bhrí do thug Dia duit. Da thusa an bheag-a-mhaith ar an tsaoghal, agus do réir mar bhí tú gan fás gan brú ar an dtalamh b'fheidir i do chomhaí san áit atá gan fás, gan sonas i measc daoine mínádúrtha, mar tú féin. (Ryan, 1903: 20-21)

Is spéisiúil an ceangal a dhéantar idir an Spiorad Tiarna agus an teanga, an Eaglais Chaitliceach agus an Ghaeilge, agus luíonn sé seo le tuiscintí na tréimhse ar ábhar litríochta Gaeilge agus ar an idé-eolaíocht Chaitliceach (O'Leary, 1994: 21). Ba thearc na leabhair a bhí á bhfoilsíú ag tús an fichiú haois. Dhírigh formhór an ábhair a foilsíodh ar theagasc na Gaeilge seachas ar ábhar spéise ná ábhar siamsaíochta a léiriú (Adams, 2018: 118-9). Mar sin féin, níl liosta cuimsitheach ann d'fhoilseacháin Chonradh na Gaeilge agus is deacair mar sin figiúr cinnte a lua le líon na leabhar a foilsíodh ná anailís a dhéanamh ar ábhar na leabhar.

Foilsíodh ábhar léitheoireachta Gaeilge san iris *Our Boys* de chuid na mBráithre Críostaí. Bunaíodh an iris in 1914 le freastal a dhéanamh ar bhuachaillí Éireannacha. Bhí fáil ag daoine óga in Éirinn ar irisí agus ar leabhair mhangaire Shasana, mar shampla *Boy's Own*, *Marvel*, *Pluck*. Bhraith eagarthóirí na hirise go raibh ide-eolaíochta na hImpireachta á cur chun cinn ina leithéid d'fhoilseacháin agus nach raibh siad oiriúnach do Ghaeil óga. I bhfoilseacháin *Our Boys*, leagadh béim ar luachanna Éire-Ghaelach, ar mhoráltacht Chaitliceach agus ar luachanna náisiúnaíochta a chur chun cinn agus le cur i gcoinne thionchar na bhfoilseacháin ó Shasana (Keogh, 2015: 701-3). Seo mar a mhíníonn Michael Flanagan cuspóir na hirise *Our Boys*, agus na bealaí ar fhéach na Bráithre Críostaí le codarsnacht a léiriú idir ábhar iris na mBráithre Críostaí agus ábhar na n-irisí a tháinig ó Shasana:

The rationale behind the foundation of this magazine: instilling an impressionable generation of Irish youth with the principles of nationalism, encouraging them to see themselves as uniquely Irish rather than British, outlining the manner in which such nationalist idealism might be expressed and fostering their growing sense of Gaelic self-identity... There was, however one crucial difference in the manner in which the Christian Brothers presented this material: the heroic figure whose exploits dominated these tales, was, more often than not, Irish – cowboys, detectives, school boys and even space explorers were all indigenous figures with whom Irish boys could identify, a nationalist version of the 'stiff upper lip' tradition of British adventure narrative. (Flanagan, 2010: 89)

Tuigeadh d'eagarthóirí na hirise gur bhain tábhacht leis an nGaeilge le luachanna traidisiúnta agus cultúrtha na hÉireann a chaomhnú. Léiríodh dearcadh dearfach i leith na teanga agus cuireadh ábhar léitheoireachta Gaeilge i gcló san iris féin agus i bhforlíontaí a foilsíodh leis an iris (Keogh, 2015: 707).

Sa chéad eagrán de *Our Boys* foilsíodh ailt i nGaeilge agus in 1923 d'fhoilsigh na Bráithre Críostaí greannán iomlán Gaeilge darbh ainm *Tír na nÓg* (1923-4) agus greannán eile Gaeilge *An Gaedheal Óg* ó dheireadh na tríochaidí go dtí na nóchaidí (Dunne, 2019: 2). Tagraíonn Keogh do leathanaigh eile Ghaeilge a foilsíodh in *Our Boys* in 1937, ar a tugadh *Tír na nÓg* chomh maith, mar réamhtheachtaí *An Gaedhael Óg* a foilsíodh in 1938. In eagarfhocal in Eanáir 1937 léirítear dearcadh na n-eagarthóirí maidir le cur chun cinn na teanga:

The Catholic Gaelic people of Ireland want [their language] restored. They realize that it will act as a safeguard against the attacks of a pagan world... on the faith and morals of the race, and our ancient culture, a culture inherently beautiful, refined, purified and raise to a higher plane by long centuries of association with the leavening influence of the Church of God. (Luaite in Keogh, 2015: 708)

De réir a chéile tháinig feabhas ar scileanna litearthachta agus léitheoireachta Gaeilge na ndaoine óga agus cé gur tháinig méadú ar líon ábhar léitheoireachta a foilsíodh do dhaoine óga is dócha go bhféadfaí a rá gur ar pháistí scoile a bhíothas ag díriú ag tús an chéid agus ar ábhar léitheoireachta teagaisc den chuid is mó. I dtréimhseacháin de chuid Chonradh na Gaeilge, *Misneach*, i Lúnasa 1921, mhaígh Máire Ní Chinnéide go raibh easpa ábhair liteartha as Gaeilge ann do dhaoine óga agus go raibh iomarca béime ar théacsleabhair (1921: 3). Tháinig comhlachtaí eile foilseacháin chun cinn sna 1920idí a d'fhoilsigh leabhair Ghaeilge, ina measc Educational Company of Ireland, Browne and Nolan, and Maunsel and Roberts (Adams, 2018: 119). Ba é an leabhar ba mhó cáil a foilsíodh i rith na 1920idí ná *Jimín Mháire Thaidhg* le Pádraig Ó Síochfhradha, a d'fhoilsigh Comhlucht Oideachais na hÉireann den chéad uair in 1919 (Ní Chuilleanáin, 2014: 45). Le bunú an tSaorstáit tháinig athrú ar chúrsaí foilsitheoireachta Gaeilge agus bhí impleachtaí móra ag cinntí rialtas an tSaorstáit ar chúrsaí foilsitheoireachta na Gaeilge. Bhí an Ghaeilge á múineadh ar bhonn éigeantach sna scoileanna, rud a chiallaigh go raibh scileanna léitheoireachta agus litearthachta maithe ag daoine óga agus go raibh leabhair scoile de dhíth. Chomh maith leis sin, bunaíodh An Gúm in 1926, faoi chúram an Stáit agus ina dhiaidh sin bhí dlúthcheangal idir an Gúm agus an Stát, foilseacháin leabhair scoile agus forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg.

3.4 Bunú an Ghúim

Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur eascair An Gúm as scéim leabhar a cuireadh ar bun le linn Chogadh na Saoirse (1919-1921) le go mbeadh téacsleabhair ar fáil le haghaidh chlár oideachais dhátheangaigh agus gur mar chuid den scéim seo a bunaíodh Coiste na Leabhar sa bhliain 1926 le hábhar léitheoireachta oiriúnacha d'fhoghlaimoirí agus do dhaltaí scoile a sholáthar (Uí Laighléis, 2004: 186-9). Cuireadh preasésiúnt amach in *Fáinne an Lae* i Márta na bliana 1926 a d'fhógair; 'Baineann an Gúm go speisialta le leabhra a meastar a bheith oiriúnach mar théacs-leabhra ins na Meadhon-

Sgoileanna. Taobh amuich dhíobh san, ámhthach, d'fhéadfaí glacadh le leabhra eile chum foilsithe a measfí tairbhe fá leith do bheith ionnta do lucht foghlama Gaeilge' (Luaithe in O' Leary, 2004: 17). Bhain tábhacht ar leith leis an nGúm i dtaobh cur i bhfeidhm pholasaí teanga an tSaorstáit agus an chórais oideachais chomh maith le hábhar téacsleabhair a sholáthar. Ag cruinniú Choiste na Leabhar in 1926, pléadh ról an Ghúim in ábhar léitheoireachta ginearálta a fhoilsiú agus i miontuairiscí an chruinniú, dúirt Seosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne Oideachais:

For the past quarter of a century the School and colleges have turned out a steadily increasing number of people who can read Irish well... If these people could get popular matter to read in Irish the training in Irish that they have received during their educational career would be strengthened and made permanent by their daily reading afterwards... Under the circumstances it would seem to be necessary if much of the work done in the schools is not to be wasted that the Government should take the initiative in supplying popular literature in Irish to the reading public until such time as the ordinary commercial supply will make this un-necessary. (Comhad G008)

Ghlac Rúnaí na Roinne Airgeadais leis an moladh seo agus sa bhliain 1927 bunaíodh An Coiste Foillsiúcháin le hábhar léitheoireachta ginearálta a sholáthar, idir fhicsean agus neamhfhicsean, aistriúcháin agus bunsaothar. Tháinig an dá choiste le chéile, Coiste na Leabhar agus An Coiste Foillsiúcháin sa bhliain 1928 faoin ainm Coiste na Leabhar (Uí Laighléis, 2004: 193) agus de réir a chéile, tháinig an t-ainm 'an Gúm' chun cinn sa chomhfhreagras (Uí Laighléis, 2007: 201). Bhítí ag tagairt don 'ghúm chun leabhair a fhoilsiú' agus is as sin a tháinig an Gúm mar ainm ar an eagraíocht (Ó Murchú, 2012: 23). Ba iad Oifig an tSoláthair, craobh de chuid na Roinne Oideachais a ghlac freagracht clódóireachta an Ghúim agus ba iad a d'fhoilsigh tromlach leabhar an Ghúim (Comhad G008). Ba léir, áfach, go raibh smacht ag An Roinn Oideachais, Oifig an tSoláthair agus *imprimatur* na Roinne Oideachais ar chúrsaí foilsitheoireachta Gaeilge agus tugtar faoi deara an líne, 'Measta ag Roinn Oideachais i gcóir foillsiúcháin fá'n nGúm chun cabhráithe le foilsiú leabhar i nGaeghilge atá oiriúnacht mar théacsleabhra ins na Meán-Sgoileanna). Ba chúis é seo le mórán fadhbanna foilsitheoireachta agus achrainn idir scríbhneoirí agus eagarthóirí, idir scríbhneoirí do dhaoine fásta agus do dhaoine óga agus d'aistritheoirí. Tháinig Coiste na Leabhar agus An Coiste Foillsiúcháin le chéile agus tosaíodh ar an dá chineál ábhar léitheoireachta a chur ar fáil do dhaoine óga, leabhair scoile agus litríocht ghinearálta. Léiríonn taighde Uí Laighléis gur aistriúcháin a bhí i mbreis agus seasca faoin gcéad de na leabhair ficsin a bhí i gcló ag an nGúm faoin mbliain 1937 (2004: 195). Tugann Adams le fios go raibh an céatadán níos airde fós i gcás na litríochta do dhaoine óga agus as breis agus leathchéad leabhar do dhaoine óga a cuireadh i gcló roimh Shamhain 1937, b'aistriúcháin iad ar fad seachas ocht leabhar (2013: 98-9).

Tugadh tús áite d'aistriúcháin agus do litríocht do dhaoine óga faoi seach. Is minic a cháintear an bhéim a leag an Gúm ar an aistriúcháin mar bhunús na nua-litríochta Gaeilge agus bhain conspóid lena leithéid

de thionscnamh (O'Leary, 2004: 376-406). Cáineadh forbairt litríocht na n-óg agus na leabhair do pháistí a foilsíodh chomh maith mar thionscnamh a bhí ag cur bac ar bhláthú na litríochta Gaeilge do dhaoine fásta chomh maith. Ó bhunú an Ghúim, tosaíodh ar aistriúcháin a sholáthar do pháistí óga agus do dhaoine óga agus ina dhiaidh sin leagadh béim ar bhunleabhair a fhoilsiú agus ar an scríbhneoireacht chruthaitheach a chur chun cinn. Bhí gá le nós na léitheoireachta a chothú san aos óg agus le leanúnachas a chruthú i dtaobh na n-aoisghrúpaí le freastal a dhéanamh ar pháistí réamhscoile agus bunscoile agus féachaint chuige go mbeadh ábhar léitheoireachta ansin ann don ghlúin sin agus iad ag fás aníos. Tionóladh cruinniú i 1931 agus de réir thuairisc ó Oifigeach Foilseacháin an Ghúim, Séan Mc Lellan, bhí triúr Airí i láthair, an tAire Oideachais, an tAire Airgeadais agus an tAire Rialtas Áitiúil agus Sláinte Poiblí (Comhad G369), rud a léiríonn go raibh freagrachtaí ag an Rialtas i dtaobh chur chun cinn cúrsaí litríocht na n-óg. Moladh ag an gcrúinniú sin gur cheart tús a chur le scéim aistriúcháin do dhaoine óga agus cinneadh ar aistriúchán a dhéanamh ar *Sunny Stories for Little Folks* le Enid Blyton. Scéalta gearra a bhí in *Sunny Stories* agus foilsíodh mar chuid den tsraith *Laethanta Gréine* iad. Fiche cúig leabhrán a foilsíodh san iomlán. Mheas lucht an Ghúim go mbeadh tóir ar a leithéid agus foilsíodh 10,000 cóip den chéad dá leabhar, ach tháinig laghdú ar an bhfigiúr sin de réir a chéile mar nach raibh mórán éilimh orthu. An chúis a bhí leis an easpa éilimh, dar le Adams, is ea an easpa iarachta a rinneadh leis na scéalta a chur in oiriúint do pháistí óga in Éirinn. Seo mar a mhíníonn sí:

An fhadhb a bhí ann ná go raibh ábhar dúchasach ag teastáil ó pháistí a raibh Gaeilge acu. Is rílér ó na cineálacha leabhar Gaeilge do pháistí a raibh ráchairt orthu sa tréimhse sin, go raibh scéalta Éireannacha de dhíth ar aos óg na hÉireann ina chuid léitheoireachta Ghaeilge. Bhí an-tóir, mar shampla ar *Sgeulidhe Fíor na Seachtmhaine*, ar *Fí-Fá-Fúm* agus ar leabhair Marion King. Is cosúil go raibh páistí an tSaorstáit ag iarraidh a ndomhan féin a fheiceáil i scéalta Gaeilge – nach gcuirfidís suim sa litríocht go dtí go gcuirfeadh an litríocht sin suim iontu. Bhí eachtraí agus carachtair a d'aithneoidís de dhíth orthu. (Adams, 2013: 103)

Níor díoladh mórán den tsraith *Laethanta Gréine* ina iomlán agus cé go ndearadh iarrachtaí cuid mhaith den tsraith a thabhairt saor in aisce do scoileanna Gaeltachta agus leabharlanna sna blianta 1955-1957, díoladh formhór na leabhar mar bhruspháipéar sa bhliain 1957 (Uí Laighléis, 2004: 203).

I measc na saothar eile ar aistríodh go Gaeilge iad, bhí na scéalta iontais cáiliúla ó theangacha Eorpacha eile, síscéalta de chuid na ndeartháireacha Grimm agus Herman Ould, ar nós *Seáinín agus an Gas Pónaire* (1936) le Séamas Mac Shamhradháin agus *An Leasmháthair (Hansel agus Gretel)* (1936) le Seamus Mac Úgó. Chomh maith leis sin, foilsíodh thart ar leathchéad leabhar a bhí oiriúnach do dhéagóirí ach leabhair mhóra théagartha a bhí i gcuid mhaith de na leabhair seo, mar shampla, bhí 239 leathanach in *Eachtra Phinocchio* (Collodi 1933), bhí 333 leathanach in *Sgéalta don Aos Óg* (Anderson 1935), 385 leathanach in *Annálacha Fíora Ríoghachta na Sidheog le linn Rí Cól* (Gibbon 1933), 445 leathanach in *Páistí na Nua-Flhoroise* (Marryat) 1933 agus 531 leathanach in *Seán Workmann*

(Dominik 1933). Ní hamháin gur aistríodh saothar ó theangacha agus ó chultúir eile, ach aistríodh saothar a bhí suite in Éirinn agus saothar le scríbhneoirí Éireannacha chomh maith, saothar Patricia Lynch san áireamh. Bhí Lynch ar dhuine de na scríbhneoirí do dhaoine óga is mó cáil in Éirinn san fhichiú haois agus ar dhuine de na scríbhneoirí is mó éileamh. Cinneadh ar aistriúchán a dhéanamh ar thrí shaothar léi; an dara leabhar sa tsraith *The Turf-Cutter's Donkey*, *The Turf-Cutter's Donkey Goes Visiting* faoin teideal *Eibhlín agus Séamas* in 1942, an chéad leabhar sa tsraith *The Turf-Cutter's Donkey* faoin teideal *Asal Fhear na Mónadh* i 1944, agus *The King of the Tinkers* faoin teideal *Rí na dTincleoir* i 1946. Ba í Maighréad Nic Mhaicín a d'aistrigh an trí shaothar. Bhí formhór na scéalta le Lynch suite in Éirinn rud a chiallaigh go bhféadfaí suíomh agus cultúr na scéalta a aistriú go héasca agus nach raibh dúchasú rómhór le déanamh ar an saothar féin. Léiríodh íomhánna dearfacha d'Éirinn agus cuireadh íomhá de nua-Éirinn chun cinn. Gné spéisiúil eile dá cuid scríbhneoireachta ná gur éirigh léi eilimintí den mhiotaseolaíocht agus den stair a sníomh le chéile.

Níor leor aistriúcháin a fhoilsiú mar réiteach ar an mbunfhadhb a bhí ann, áfach, is é sin go raibh easpa ábhair nua-chumtha dhúchasaigh ar fáil. Tháinig críoch le Scéim na nAistriúchán go hoifigiúil sa bhliain 1939 ach bhí moill á cur ar fhoilsiú na n-aistriúchán roimhe sin nuair ba léir don Ghúm nach raibh daoine á gceannach ná á leamh, i gcás leabhar do dhaoine fásta agus do dhaoine óga araon. B'aistriúcháin a bhí sa leathchéad leabhar a foilsíodh do dhaoine óga seachas ocht leabhar eile agus astu sin ba dhrámaí seacht gcinn dóibh: *Oidhche Bhealtaine* (1932) le Mícheál Mac Liammóir; *An Naomh ar Iarraidh* (1935) le Dubhghlas de hÍde; *An Solus sa bhFuinneog* (1935) le Searlot Ní Dhúnlaing; *An Rí agus an Maor* (1936) agus *An Charraig Bhan agus Connla* (1936) le hAnraoi Saidléar; *An Cochaillín agus An Cúiteamh* (1937) le Nioclás Toibín agus *An Biorán Suain* (1937) le Tomás Luibhéid. Foilsíodh agus stáitsíodh roinnt drámaí eile don óige sna 1920idí agus sna 1930idí luatha, mar shampla, *Dhá Dhráma do Leanbhaí, an Picnic agus Máirín* le Pádraig Ó Bróithe agus *Caitlín na Clúide: dráma beag trí-mhír le ceol agus damhsaí i gcomhair an aosa óig* le Pádraic Ó Conaire (Nic Congáil 2013: 247).

Foilsíodh dhá chnuasach gearrscéalta eile ag tús na 1930idí, *Sgéalta ón Radio* le Shán Ó Cuív (1931) agus *Fí-Fá-Fum* (scéalta béaloidis agus scéalta iontais Gaelaithe) le Seán Mac Giollarnáth (1931) ach ní leor a leithéid le freastal a dhéanamh ar réimse spéise ná ar chumas teanga léitheoirí óga. Ba é *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine* (1935) le Dubhghlas de hÍde an t-aon leabhar do pháistí a foilsíodh roimh 1937 nár dhráma ná aistriúchán é, eagrán athchóirithe de scéalta béaloidis a d'fhoilsigh Gill agus a Mhac in 1909. I gcomparáid leis na haistriúcháin a foilsíodh do dhaoine óga, bhí ráchairt mhór ar ábhar nua-chumtha dúchasach; díoladh 2,851 den leabhar *Fí-Fá-Fúm* le Seán Mac Giollarnáth (Comhad A0164). Foilsíodh an chéad bhunleabhar do pháistí óga sa bhliain 1937, *Seán* le Marion King, agus ba é an chéad leabhar nár leabhar scoile é a d'fhoilsigh an Gúm do pháistí faoi bhun deich mbliana d'aois. Foilsíodh dhá leabhar déag le King idir 1937 agus 1942. Díol suime ag an am nach raibh ach meándíolachán de seacht gcéad cóip ag leabhair do pháistí (Adams, 2013: 109). Is léir, áfach go raibh

ráchairt ar leabhair King: mar shampla, díoladh 4,527 den leabhar *Seán* (1937) agus 5,825 den leabhar *Cáit agus Cóil* (1937), agus *Úna* (Comhad G198). Ní raibh mórán Gaeilge ag King agus is i mBéarla a scríobh sí na téacsanna agus rinne Sorcha Ní Ghuairim iad a aistriú go Gaeilge. B'ábhar dúchasach Éireannach a bhí sna scéalta, áfach, iad suite in Éirinn agus in oiriúint do thaithí saoil pháiste óig (Adams, 2013: 98).

Bhí sraith cartún ag King don aos óg i mBéarla san *Irish Times* ó 1953 go 1963 agus in *An t-Éireannach* ar leathanach na bpáistí, 'An t-Éireannach Óg' ó Mheitheamh 1934 go Feabhra 1937. Nuachtán sóisialach a bhí in *An t-Éireannach*, nuachtán a bhí dírithe ar mhuintir na Gaeltachta agus ba í Sorcha Ní Ghuairim a bhí mar eagarthóir ar leathanaigh na bpáistí. B'ionann leathanach na bpáistí in *An t-Éireannach* (Meitheamh 1934 go Feabhra 1937) agus nuachtáin agus foilseacháin eile roimh thús agus le linn na hAthbheochana, *Weekly Freeman* mar shampla. Bhí leathanaigh do pháistí ann ina raibh scéalta agus cartúin ann agus gach seachtain bhíodh litir chuig páistí na hÉireann. Faoi mar a bhí 'Uncle Remus' mar phearsa i bhforlónadh *Irish Fireside Companion* in *Weekly Freeman* ó lár na 1880í go tús an chéid, bhí 'Seanmháthair' in *Éire Óg* sa cholún a foilsíodh san *Irish Weekly Independent and Nation* in 1901, bhí 'Niamh Chinn Óir' (Sorcha Ní Ghuairim) mar phearsa in 'An t-Éireannach Óg'. Bhain sraith cartún King le himeachtaí laethúla Mhuintir Choinín. Ba í King féin a rinne na pictiúir a dhearadh agus ba í Sorcha Ní Ghuairim a scríobh an téacs (Ó Cíosáin, 1993: 188). Bhain ceithre leabhar de chuid King a d'fhoilsigh an Gúm le saol agus le clann Muintir Choinín: *Seán: Eachtraí Mhuintir Choinín I* agus *Nodlaig: Eachtraí Mhuintir Choinín II* (1937), *Peigín: Eachtraí Mhuintir Choinín III* (1939) agus *Clann Choinín: Eachtraí Mhuintir Choinín IV*, bhain *Taimín* (1939) le sraithscéalta faoi lucha. Cé go raibh an-cháil ar scéalta le hainmhithe do dhaoine óga sa Bhéarla ó thús an chéid, mar shampla *The Tale of Peter Rabbit* (1901) le Beatrix Potter agus *The Wind in the Willows* (1908) le Kenneth Grahame, ba iad seo na chéad phictiúrleabhair as Gaeilge ina raibh ainmhithe mar phríomhcharachtair. Caitheann na hainmhithe, nó sa chás seo, Muintir Choinín a saol mar 'ghnáthdhaoine' sa mhéid is go mbíonn ghnátheachtraí agus imeachtaí saoil ag tarlú dóibh agus thart timpeall orthu. Gné faoi leith a bhaineann le scéalta le hainmhithe ná an bhéim a leagtar ar an mbaile agus ar an gceantar dúchais i gcomparáid le heachtraíocht nó spéis a léiriú i gcúrsaí taistil. Is spéisiúil gur foilsíodh sraith Mhuintir Choinín roimh thús an Dara Cogadh Domhanda agus íomhá idéalaithe d'Éirinn á cur chun cinn mar chuid den dioscúrsa polaitiúil.

Ó chéad laethanta an Ghúim i leith ba iad leabhar King ba mhó ráchairt do pháistí óga; díoladh 61,146 leabhar de chuid Marion King idir Samhain 1937 agus Márta 1948 (Comhad G198), éacht foilseacháin agus díolacháin a léiríonn gur thaitin scéalta den chineál seo le páistí óga ach an t-ábhar a bheith in oiriúint dóibh maidir le réimse spéise, teanga agus dearadh na leabhar agus na bpictiúr. Bhí tuiscint ar leith ag King ar pháistí óga agus litríocht na n-óg. Áitíonn Adams gurbh é seo a mheall léitheoirí óga i dtreo na léitheoireachta Gaeilge:

Is léir go raibh Marion King ag iarraidh domhan léitheoireachta a chruthú don pháiste Éireannach a mbeadh sé in ann ionannú a dhéanamh leis go héasca – eispéireas nach bhfuair sé sna haistriúcháin. Cé go gcruthaítear an domhan seo ar bhealach caolchúiseach agus nádúrtha, tugann King le fios ina leabhair ar fad gur lonnaithe in Éirinn atá siad. Tá na scéalta ar fad bunaithe ar ghnátheachtraí laethúla páistí – dul ar scoil, glanadh an tí, súgradh le bréagáin, obair bhaile. Is eachtraí iad a mbeadh an-taithí ag páistí meánaicmeacha Éireannacha na tréimhse orthu. Feicimid carachtair King ag ceiliúradh fhéilte na bliana – an Nollaig, Oíche Shamhna agus An Cháisc – chomh maith le laethanta breithe, agus déantar cur síos ar na nósanna a ghabhann leo in Éirinn... Rud úrnua a bhí sna cineálacha sin sonraí don Ghaeilgeoir óg, agus ba chuid den chúis iad go raibh ráchairt chomh mór sin ar leabhair King. (Adams, 2013: 103-4)

Ba é *A-B-C na Gaedhlighe* an leabhar deireanach a foilsíodh ó pheann King i Nollag 1942. Glacadh ar feadh i bhfad gur leor pictiúrleabhair King mar ábhar léitheoireachta do pháistí óga agus go dtí lár na 1970idí tháinig laghdú ar líon na bpictiúrleabhar a foilsíodh (Adams, 2013: 114). Le linn na 1970idí agus na 1980idí díriodh ar ábhar léitheoireachta do pháistí réamhscoile agus do pháistí bunscoile. Ba thráthúil na foilseacháin iad agus fás ag teacht ar líon na nGaelscoileanna agus is dócha gurbh é sin a spreag an Gúm le pictiúrleabhair a fhoilsiú. Aistríodh sraithscéalta éagsúla go Gaeilge, sraithscéalta Liam agus Bhridín ón mbunleagan Francise le Marlier Marcel; *Eachtraí Liam agus Brídín sa Bhriotáin* (1978), *Liam agus Brídín sna sléibhte* (1976) *Liam agus Brídín cois farraige* (1975) *Liam agus Brídín san fhoraois* (1976) *Liam agus Brídín i Sri Lanca* (1982). Aistríodh sraithscéalta le Gilbert Delahaye ón bhFrancis go Gaeilge ar eachtraí Mháirín; *Máirín Thinn* (1977), *Máirín sa Zú* (1975), *Máirín sa Sorcas* (1977). Chomh maith leis sin, aistríodh sraithscéalta *Spot* le Eric Hill ó Bhéarla go Gaeilge; *Cá bhfuil Bran?* (1982), *Bran ar scoil* (1984), *Bran agus an Nollaig* (1985), *Bran ag an Sorcas* (1986).

Faoi thús na 1940idí mheas léitheoirí agus léirmheastóirí nach raibh go leor á dhéanamh ag an nGúm i dtaobh fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg; nach raibh go leor leabhar á fhoilsiú agus nach raibh na leabhair a foilsíodh ag teacht le réimse spéise daoine óga (O’Leary, 2011: 97-8) In ainneoin theacht le chéile choiste an Ghúim agus plé ar aistriúcháin agus ar bhunshaothair a sholáthar mar bhunús do litríocht Ghaeilge na n-óg, is cosúil go raibh mearbhall ar eagarthóirí an Ghúim ar cad is ábhar litríochta do dhaoine óga ann agus go raibh neamhaird á déanamh ar ábhar na litríochta de rogha chur chun cinn na teanga. Sa *Leader* in 1940 in alt dar teideal ‘A Schoolboy Looks at Literature’, thug ‘Brian Óg’ le fios go raibh scríbhneoirí na Gaeilge ag iarraidh gaisce teanga a dhéanamh agus gur chuma leo faoin bpobal léitheoireachta:

The men who write Irish books never seem to think of us at all. Some of them are thinking of the language, and by doing their duty by it. But most of them seem to me to be thinking about themselves, about showing off how much Irish they know, and their books seem to be written to display their knowledge of idioms and difficult words (Leader, 23/11/40). (Luaithe in O’Leary, 2011: 98).

In léirmheas ar *Eachtra Mór ar Muir* (1946), leabhar eachtraíochta Phádraig Mhic Conghamhna, cháin T. de B. (Tomás de Bhaldraithe) an bhéim a leagadh ar ‘thalamh cosanta litríocht na Gaeilge’ agus an easpa airde a thug scríbhneoirí na Gaeilge ar ábhar léitheoireachta a sholáthar don ghnáthléitheoir:

An té gur dóigh leis gur féidir an Ghaeilge d’aithbheochaint gan ábhar léitheoireachta a chur ar fáil don choitiantacht, tá breall air. Caithfear leabhair a sholáthar don óg-mhaighdin ná héiligheann ach baoth-scéalta grá, don gharúin scoile go bhfuil a dhúil i scéalta iongantais agus uafáis, don bhean tige agus don bhfeirmeoir agus don bhfear gnótha a bhíonn tuirseach cortha i ndeireadh an lae. Mura ndéanfar leabhair thaitneamhacha a chur ar fáil don aos óg ní léighfidh siad ach na leabhair a bhíonn ar chlár na scrúdúchán agus tabharfaidh siad druim a láimhe leis an nGaeilge chomh luath a fhágfaidh siad an scoil amach. (Luaite in O’Leary, 2011: 97)

Cé go raibh léitheoirí, léirmheastóirí agus criticeoirí ar aon intinn i dtaobh thábhacht litríocht Ghaeilge na n-óg, d’fhéadfá a rá go raibh míthuiscintí éagsúla ann i dtaobh chur chuige an Ghúim; go raibh neamhaird á déanamh ar ábhar, ar réimse suime, agus ar sheánraí a thaitin le daoine óga. Bhí an iomarca béime á cur ar pholasaí teanga agus ar idé-eolaíocht iasachta mar bhonn do litríocht Ghaeilge na n-óg. In alt a foilsíodh in 1935 ‘What Shall the Children Read?’, mhaígh Aodh de Blacám gur bhain tábhacht le litríocht na n-óg mar mheán cumhachtach le hidé-eolaíochtaí éagsúla a chur chun cinn. Mheas sé go raibh neamhaird á déanamh ar litríocht na n-óg in Éirinn agus thug sé cur síos ar an gcoimhlint idir dhá chultúr, cultúr na Gaeilge agus cultúr an Bhéarla, a bhí ag tarlú in ábhar léitheoireachta na n-óg. Mhol sé go gcothófaí critic na Gaeilge le hábhar léitheoireachta do dhaoine óga a mheas. Cháin de Blacam polasaí aistriúcháin an Ghúim mar bhealach le hábhar léitheoireachta a sholáthar do dhaoine óga agus idé-eolaíocht na n-aistriúchán nach raibh ag teacht le hidé-eolaíocht Chaitliceach, náisiúnaíoch na hÉireann (1935: 684). Chomh maith leis sin, mhol sé go ndéanfadh an Gúm scéalta béaloidis, scéalta laochra, scéalta staire agus scéalta Críostaí a fhoilsiú do dhaoine óga agus go gcuirfí ábhar oiriúnach ar fáil mar chéadthaithe léitheoireachta do dhaoine óga ar an mbealach sin:

A great national work it is, to re-establish Gaelic criticism. Part of the same work is the familiarising of the young mind with the sagas and lays, so that it will grow up, as it were, with Fionn and Colmcille as companions. Only so can the war between the materially weak Gaelic culture and the materially powerful, far pervading alien culture be won. The desire to save the Gaelic culture is not mere racialism. It is a sane principle, recognising that every nation is best cultivated when it begins with a whole some respect for ancestral things; recognising, too, that this Gaelic culture, ancient and orthodox, offers a standard of values that will safeguard the possessor when he approaches the bewildering outer world. (De Blacam, 1935: 681)

Ag deireadh an ailt thagair de Blacam do liosta an Athar Stephen Brown, ‘Catholic Juvenile Literature: A Classified List’ a foilsíodh in 1919. In ainneoin bhunú an Ghúim a sholáthar ábhar léitheoireachta Gaeilge don aos óg, ba bheag an dul chun cinn, dar leis, a bhí déanta le cur i gcoinne idé-eolaíocht

impiriúil Shasana i litríocht na n-óg. Tá an t-alt seo spéisiúil ar chúiseanna go leor. Díol spéise, mar shampla, go molann de Blacam athfhoilsiú na miotas agus fhinscéalta thraidisiúnta na Gaeilge mar bhunús do nua-litríocht Ghaeilge na n-óg, faoi mar a rinneadh i gcás litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn ag tús an fichiú haois. Chomh maith leis sin, déantar cur síos ar choimhlintí idé-eolaíochta idir dhá chultúr trí bliana déag tar éis bhunú an tSaorstáit, rud a tugann le fios nach raibh mórán athrú ná forbairt tar éis teacht ar mheon ná ar dhearcadh scríbhneoirí, eagarthóirí, aistritheoirí an Ghúim i dtaobh íomhá ná féiniúlacht nua-Éirinn a léiriú.

Dar le Uí Laighléis ‘iarracht réabhlóideach cheannródaíochta’ a bhí sa Ghúm maidir le hábhar léitheoireachta a chur ar fáil le freastal ar phobal beag de léitheoirí Gaeilge tar éis bhunú an tSaorstáit, ach ba é ‘easpa stiúradh an fhadhb is mó a bhain le pleanáil tosaigh an Ghúim’ agus cinntí á ndéanamh maidir le haistriúcháin agus/nó bunsaothair a bheith mar bhunús litríocht na Gaeilge (Uí Laighléis, 2004: 202-5). Thug an Gúm aghaidh ar litríocht ghinearálta a chur ar fáil don ghnáthléitheoir agus i gcomparáid le Conradh na Gaeilge a rinne leabhráin bheaga a fhoilsiú bhí leabhair iomlána thoirtíúla á bhfoilsiú (O’Leary, 2004: 4). Deir O’Leary an méid seo a leanas i dtaobh phríomhchuspóir an Ghúim:

An Gúm did fulfil its primary mission: the provision of a significant body of writing, original and translated, in modern Irish. For the first time ever, readers of the language were seeing a fairly steady stream of real books appearing in the shops of the major cities and towns at least, books quite different from the sporadically issues slender volumes – pamphlets really – that constituted the bulk of Gaelic prose in the days when the Gaelic League was the principal publisher in the language. (O’Leary, 2004:4)

Is féidir forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg a mheas i gcomhthéacs na tréimhse roimh bhunú an Ghúim agus ina dhiaidh sin, agus léirítear ceangal idir idé-eolaíocht náisiúnaíoch, cur chun cinn na Gaeilge agus tábhacht chultúr na hóige:

There is a fascinating contrast between the types of children’s literature produced in the Irish language before and after the foundation of An Gúm in 1926. In the period preceding An Gúm’s foundation, there were very few Irish-language books published for children, especially books that were intended for entertainment rather than language instruction. Those that were published, however by the likes of the Gaelic League, Cólucht Foillsighthe Dáibhís and the Educational Company of Ireland, displayed a keen awareness of the didactic potential of children’s literature and its ability to shape children’s perceptions of the world around them, and contained constructions of Irish childhood that were intended to inculcate certain values in readers. Amongst those values were a reverence for traditional rural life, a respect for Catholicism and Catholic teachings, and an advocacy of nationalism. In contrast, those values are conspicuously absent from the majority of the children’s books published by An Gúm in its early years. The reason for this absence, as discussed above, was a lack of appreciation in An Gúm of the socialising function of children’s literature. (Adams, 2018: 131)

Ina choinne sin, ní mór machnamh a dhéanamh ar chuspóirí uile an Ghúim agus más ann don eagraíocht le litríocht ghinearálta a chur ar fáil don phobal léitheoireachta uile, caithfear éachtaí an Ghúim a mheas

i gcomhthéacs an fhreastail a rinneadh ar dhaoine óga chomh maith. Ní fhéadfaí a rá go raibh polasaí ná fíís chinnte i mblianta tosaigh an Ghúim i dtaobh fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg.

3.5 Éire: Blianta Tosaigh an Stáit go 1950

Ní mór na comhthéacsanna stairiúla, polaitiúla agus sóisialta i mblianta tosaigh an tSaorstáit a chur san áireamh agus cuntas a thabhairt ar thionchar Chathail Uí Shándair ar an nGaeilge agus ar litríocht na n-óg as Gaeilge in Éirinn. I mblianta tosaigh an tSaorstáit leagadh béim ar thraidisiún, ar dhúchas agus ar bhéaloideas mar ghnéithe d'fhéiniúlacht shainiúil Éireannach agus cothaíodh idé-eolaíocht náisiúnaíoch le hÉirinn a léiriú mar Stát neamhspleách agus le muintir na tíre a léiriú mar phobal náisiúnaíoch, Caitliceach agus Gaelach. Sna blianta tosaigh sin, bunaíodh gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí Stáit éagsúla ina measc, Airm na hÉireann, na Gardaí Síochána, an státseirbhís. Bhí ról lárnach ag an nGaeilge sna gníomhaireachtaí agus sna heagraíochtaí Stáit agus leagadh amach critéir agus treoirlínte ina mbeadh stádas ag an nGaeilge mar theanga chumarsáide agus mar bhuntáiste dóibh siúd ar mhian leo cur isteach ar phoist agus dul chun cinn a dhéanamh. Bhí an Ghaeilge mar riachtanas iontrála agus ardú céime san earnáil phoiblí agus mar státseirbhíseach á lorg (Ferriter, 2007: 429- 431). Chomh maith leis sin, tugadh stádas oifigiúil don Ghaeilge sa bhunreacht mar theanga náisiúnta agus tugadh stádas don Ghaeilge mar chroí-ábhar ar churaclam na bunscoile agus na meánscoile (Coolahan, 1981: 152). Is amhlaidh, áfach, nach raibh féiniúlacht ná idé-eolaíocht dhúchasach thraidisiúnta ag teacht leis na hathruithe a tháinig ar chúrsaí polaitiúla, sóisialta ná cultúrtha sa chéad leath den fhichiú haois. Pléann Gearóid Ó Cruaioich an chodarsnacht idir an idé-eolaíocht chultúrtha a bhí á cur chun cinn agus an t-athrú a bhí ag teacht ar an ngnáthshaol:

When we come to look at the popular culture of Ireland in the middle decade of the twentieth century we can see how a prevailing cultural ideology that saw cultural identity chiefly in terms of antiquarian tradition, served to divert attention away from the culturally creative nature of the adjustments to modernity that were expressing themselves in the world-view, the lifestyle and the material culture of the twentieth century urban and urbanising world, in which Irish people actually lived increasingly metropolitan-influenced lives. (Ó Cruaioich, 2003: 163)

Tháinig Fianna Fáil i gcumhacht agus Éamonn de Valera mar cheannaire an pháirtí sa tréimhse 1932 go 1948, arís in 1952 go 1954 agus arís in 1957 go 1959. Baineann tábhacht le réim de Valera mar cheannaire rialtais agus Stáit nua agus an t-athrú saoil agus an nua-aoisiú mar ábhar lárnach na tréimhse. Tráchtar go minic ar dheacrachtaí na tréimhse: ar an gcogadh eacnamaíochta le Sasana idir 1932 go 1938 agus teorannú curtha le díolacht earraí allmhairithe, ar theannas agus easaontas le rialtas Shasana maidir leis na sé chontae agus todhchaí Thuaisceart Éireann, ar aimsir na héigeandála le linn an Dara Chogadh Domhanda (1939-1945), agus ar bhochtaineacht agus ar an ráta ard imirce (Ferriter, 2007:

381-385). In Éirinn bhí an caighdeán maireachtála íseal, bhí bochtaineacht forleathan, bhí dífhostaíocht agus imirce ard. Idir na blianta 1940 agus 1950 chuaigh 405,000 Éireannach ar imirce (Ó Tuathaigh, 2003: 181). Bhí plódú sna cathracha agus droch-chaoi ar chúrsaí tithíochta, agus sna bailte agus sna ceantair iargúlta bhí ceisteanna agus deacrachtaí le Coimisiún na Talún maidir le húinéireacht talaimh. Bhí ról lárnach ag an Eaglais Chaitliceach agus cead isteach aici i ngnóthaí an Stáit. Ghlac an Eaglais Chaitliceach seilbh ar scoileanna saothair, ar scoileanna ceartúcháin agus ar dhílleachtlanna agus in ainneoin chonclúidí Thuairisc Cussen in 1936 a cháin modh oibre na scoileanna seo agus na bealaí a bhí acu le déileáil le leanaí faoi chúram an Stáit, leanadh leis an gcóras scolaíochta seo go dtí tús na 1970idí (Ferriter, 2007: 392-393).

Is fada uaidh sin fíis de Valera agus íomhá idéalach den saol traidisiúnta in Éirinn a léiríodh in óráidí leis agus i mbeartais éagsúla rialtais a d'fhéach le féiniúlacht agus idé-eolaíocht Éire-Ghaelach a chur chun cinn. Ba mhinic a labhair de Valera ar fhíis agus ar íomhá idéalaithe d'Éirinn, in óráidí sa Dáil agus le polaiteoirí agus le hionadaithe poiblí agus in óráidí le muintir na hÉirinn sa bhaile agus thar lear. Achoimre chuí ar an idé-eolaíocht s'aige is ea an óráid rómánsach a dtagraítear di go minic, 'The Ireland that We Dreamed Of' a thug sé ar an 17 Márta 1943, agus a bhfuil sliocht as anseo a leanas:

That Ireland which we dreamed of would be the home of a people who valued material wealth only as the basis of right living, of a people who were satisfied with frugal comfort and devoted their leisure to the things of the spirit - a land whose countryside would be bright with cosy homesteads. Whose fields and villages would be joyous with the sounds of industry, with the romping of sturdy children. The contest of athletic youths and the laughter of comely maidens, whose firesides would be forums for the wisdom of serene old age. It would, in a word, be the home of a people living the life that God desires that man should live. (de Valera, 1980: 466)

Leagadh an-bhéim ar stádas na Gaeilge agus ar athbheochan na teanga i bhfíis de Valera, agus tháinig fás agus forbairt ar chúrsaí teanga le linn a ré siúd. Tugadh stádas oifigiúil don teanga i gcúrsaí Stáit agus Rialtais, bhí an Ghaeilge mar theanga oifigiúil i mbunú an tSaorstáit sa bhliain 1922 agus daingníodh stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil stáit i mBunreacht 1937 (Fitzgerald, 2003: 199). Le linn bhlianta tosaigh an stáit agus ré W.T. Cosgrave agus a pháirtí Cumann na nGaedhael, cinneadh an Ghaeilge bheith mar ábhar riachtanach ag leibhéal na bunscoile agus cuireadh leis seo le linn ré de Valera agus rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge. Tháinig feabhas ar chaighdeán agus ar chumas Gaeilge na múinteoirí bunscoile agus na múinteoirí meánscoile de bharr chinntí an rialtais i dtaobh ról lárnach a thabhairt don Ghaeilge sa chóras oideachais. Bunaíodh ceithre Choláistí Oilíúna sa bhliain 1926 le hábhar oidí bunscoile a oiliúint, agus leagadh béim ar an nGaeilge mar theanga labhartha na gcúrsaí oilíúna sin (Coolahan, 1981: 48-9). Rinneadh cúrsaí samhraidh a chur ar fáil do mhúinteoirí meánscoile agus ó 1926 ar aghaidh bhí scrúdú cainte mar riachtanas le clárú le bheith mar mhúinteoir meánscoile (Coolahan, 1981: 76-7). Chiailaigh sé seo go raibh múinteoirí maithe ann le cumas agus le

cáilíochtaí sa Ghaeilge agus tionchar aige seo ar fhoghlaim agus ar theagasc na teanga féin. De bharr na béime a leagadh ar an nGaeilge, tháinig feabhas ar chumas Gaeilge agus ar scileanna léitheoireachta daoine óga. Chiollaigh sé seo anois go raibh pobal léitheoireachta óg ann ach freastal a dhéanamh orthu agus ábhar léitheoireachta Gaeilge a fhoilsiú. Cuireann Ó Tuathaigh suntas san athrú seo:

By 1950s a substantial cohort of secondary bilinguals had emerged from the schools and Irish had achieved a degree of penetration and a presence in public domains in Ireland from which it had been excluded for many centuries. (Ó Tuathaigh, 2003: 173-4)

Bunaíodh gluaiseachtaí agus eagraíochtaí lasmuigh den chóras Stáit agus den chóras oideachais a chuir go mór le hardú stádas chultúr agus theanga na Gaeilge; athbhunú Oireachtas na Gaeilge (1938), bunú na hirise Comhar (1942), bunú na gluaiseachta Glúin na Buaidhe (1942), bunú Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge (1953), foilsiú *Inniu* mar pháipéar seachtainiúil (1945), agus bunú Gael Linn (1953) (Ó Tuathaigh, 2003: 178). Leagadh béim ar ghnéithe éagsúla den Ghaeilge; ar Ghaeilgeoirí mar phobal teanga ar leith agus ar an teanga mar theanga cumarsáide lasmuigh den seomra ranga agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta.

Bhí tionchar ag fíis de Valera agus ag léiriú íomhá idéalaithe d'Éirinn ar litríocht na n-óg. Tugtar faoi deara gur daingníodh an ceangal idir Gaelachas nua an tSaorstáit agus an Eaglais, an Ghaeilge agus an saol traidisiúnta tuathúil i bhfíis de Valera. Ó thús an fichiú haois go tús na 1940idí is beag athrú a tháinig ar léiriú íomhá agus féiniúlachta traidisiúnta i litríocht Bhéarla na n-óg (Ní Bhroin, 2004: 112-3; Adams, 2018: 117). In *Irish Library Bulletin* cháin an léirmheastóir, Kenneth Reddin, íomhá agus léiriú seo na féiniúlachta Gaelaí agus mhol sé do scríbhneoirí an Bhéarla aghaidh a thabhairt ar íomhá nua-Éirinn a léiriú:

Look at Ireland. What is the matter with the Irish writers of children's stories? They are completely stage-Irish. Pigs in the kitchens and little red-hen and tinkers splitting skulls down bohoreens, and ass carts and clamps of turd and heaps of muck, cabins and sleans, Seáns, illiteracy, bad whiskey and general "devilment"; all the things which America loves to think makes the "rural" Irish scene: these are the things almost all the Irish writers write about. I forgot to squeeze in a few shamrocks. I could do that "be the aid of me shillelagh." That's the position of children's books in Ireland to-day. (Reddin, 1946: 74)

I gcás litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn, is minic a luaitear tábhacht an scríbhneora Eilís Dillon i léiriú na féiniúlachta Gaelaí agus i léargas a thabhairt ar thionchar na n-athruithe a tharla i sochaí na hÉireann le linn na 1950idí agus na 1960idí (Dunbar, 2001: 84; Ní Bhroin, 1994; Herron, 2014). Tugtar faoi deara, áfach, go bhfuil formhór scéalta Dillon bunaithe i suíomh tuaithe in Éirinn agus maíonn Dunbar nár léiríodh suíomh cathrach i litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn go dtí deireadh na 1980idí le foilsiú na sraithscéalta 'Joe' le Tony Hickey.

3.6 Ceangal

Bunaithe ar an bplé go dtí seo a dhírigh ar an gceangal idir cultúr na hóige, idé-eolaíochtaí polaitiúla agus litríocht na n-óg ón naoú haois déag go dtí lár an fichiú haois, bheifí ag súil go gcloíffí leis an íomhá idéalaithe d'Éirinn i litríocht Ghaeilge na n-óg le linn na 1940idí agus ina dhiaidh sin. Ní mar a shíltear a bhítear, áfach. Sna caibidlí atá le teacht, díreofar ar shaothair roghnaithe de chuid Chathail Uí Shándair agus pléifear go mion an cineál idé-eolaíochta agus féiniúlachta a cuireadh chun cinn i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus i scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin.

Caibidil a Ceathair

An tÚrscéal Coire agus Bleachtairachta agus Réics Carló

4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo pléifear tábhacht Chathail Uí Shándair i gcur chun cinn na féiniúlachta Éireannaigh i litríocht Ghaeilge na n-óg sa stát nuabhunaithe. Tabharfar cuntas ar fhorbairt agus ar chomharthaí sóirt an úrscéil choire agus bhleachtairachta i litríocht an Bhéarla agus i litríocht na Gaeilge agus díreofar ar mhúnla an scéinseára i litríocht Ghaeilge na n-óg. Déanfar cur síos ar charachtair agus ar mhórtéamaí scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus ar struchtúir agus ar ghnéithe éagsúla den eachtraíocht agus den bhleachtairacht a bhaineann leis na scéalta.

4.2 An tÚrscéal Coire agus Bleachtairachta

Tá seánra na bleachtairachta ar cheann de sheánraí móra an Bhéarla. Ó lár an naoú haois déag i leith, tá cáil agus éileamh mór ar scéalta bleachtairachta i measc léitheoirí, idir óg agus aosta. Is minic leagan amach neamhchasta le tabhairt faoi deara i dtaobh fhorbairt an tseánra. Tugtar le fios gurbh é Edgar Allan Poe a bhunaigh foirm, struchtúr agus comharthaí sóirt an tseánra agus a chuir na comharthaí sóirt chun cinn i dtosach sna gearrscéalta *The Murder in the Rue Morgue*, *The Mystery of Marie Roget* agus *The Purloined Letter*, a foilsíodh idir na blianta 1841- 1843 (Priestman, 2003: 2-4). Ba é C. Auguste Dupin bleachtair na chéad ghearrscéalta le Poe ach glactar leis go forleathan gurbh é an bleachtair Sherlock Holmes ó pheann Arthur Conan Doyle a rinne struchtúr agus comharthaí sóirt an tseánra a dhaingniú. Aithnítear *The Newgate Calendar* (1773-1826) mar réamhtheachtaí an úrscéil choire agus bhleachtairachta, téacsanna ina raibh cur síos ar shaol, ar choireanna, ar fhaoistiní agus ar bhás coirpeach a chaith tréimhsí i bPríosún Newgate i Londain san ochtú agus sa naoú haois déag. Ábhar suntais iad mar gur glacadh leis na cuntais mar ábhar léitheoireachta agus chuir an pobal suim sna cuntais:

In the development of crime fiction the Newgate novels are important in a number of ways: they represent an increasing interest in the construction and motivation of the criminal; they have an element of detection or feature a detective figure; they bring crime firmly into mainstream fiction and so make possible the later genre of sensation fiction. (Worthington, 2010: 19)

Foilsíodh úrscéalta Conan Doyle faoin mbleachtair Sherlock Holmes den chéad uair ag deireadh an naoú haois déag: *A Study in Scarlet* (1887) a foilsíodh in *Breton's Xmas Annual*, agus *The Sign of Four* (1890) a foilsíodh in *Lippincott's Magazine*. Foilsíodh sraithscéalta Sherlock Holmes san iris *Strand Magazine* chomh maith, *The Adventures of Sherlock Holmes* (1891) agus *The Memoirs of Sherlock Holmes* (1892) agus foilsíodh *The Hound of the Baskervilles* (1901) mar shraithscéal i dtosach san iris

chéanna. Feictear bunphrionsabail agus comharthaí sóirt an tseánra i saothar Doyle, agus feictear bunú agus daingniú ar an úrscéil choire agus bhleachtairacht:

Nor was it just earlier investigators who contributed: the narrator-companion, the urban setting, the rational “deductive” process, the case history, the scientific approach, the eccentricity of the protagonist, the collection and reading of clues, the importance of minutiae and, perhaps above all, the encyclopaedic knowledge of crime and criminality, have all featured at some point and in some form over the long nineteenth century. (Horsley, 2010: 26-27)

Tá cúiseanna éagsúla ann ar tháinig cáil ar an úrscéal coire agus bleachtairacht i measc an phobail, daoine fásta go háirithe. Ar an gcéad dul síos, bhí feabhas tagtha ar scileanna léitheoireachta an phobail, agus bhí spéis á léiriú in ábhar léitheoireachta mar ábhar siamsaíochta. Sa dara háit, bhí borradh tagtha ar ghléasra agus ar theicneolaíocht foilseacháin agus d’fhéadfaí ábhar léitheoireachta a fhoilsiú ar chostais íseal. Thugtaí “dime novels” agus “pulp” ar na hirísí agus na leabhráin bheaga a foilsíodh le freastal ar an bpobal léitheoireachta i Meiriceá agus i Sasana (DeForest, 2004: 13-14).

Glacadh leis an seánra bleachtairacht mar sheánra a bhí oiriúnach le haghaidh an chineál seo foilseacháin ar roinnt mhaith cúiseanna. Bhíodh an carachtar céanna mar phríomhcharachtar na sraithscéalta; bhí struchtúr agus comharthaí sóirt na sraithscéalta céanna ag baint leis na scéalta ar fad, agus béim ar eachtraí agus ar cheisteanna éagsúla a bhí le réiteach ag an mbleachtair seachas ar scrúdú intinne ná anama carachtair. I bhfianaise líon na n-irisí agus fianaise na leabhrán beaga a foilsíodh, is léir gur thaitin an cineál seo seánra agus scéil leis an ngnáthphobal. Ag an am, ar ndóigh, bhí fás ag teacht ar chathracha móra an domhain, borradh faoi thionsclaíocht agus ré an tomhaltais ag teacht chun cinn agus dá réir sin is féidir ceangal a dhéanamh idir an scéal bleachtairacht, an saol nua-aimseartha agus earraí tomhaltais. Ainneoin gur bhain na cúinsí céanna le teacht chun cinn an tseánra, is díol suim an t-idirdhealú a dhéanann Kayman idir comharthaí sóirt na scéalta bleachtairacht i Meiriceá agus na scéalta bleachtairacht i Sasana:

[...] detective stories are divided between those, most frequently American, set in the world of industry and finance, and those which dwell on the family and the home. With British stories in particular, the public dimension is often provided by the trace of Empire - the precious stone brought back from India, the missing brother or wife who returns from Australia, or the crime committed in the past in America. (Kayman; 2003: 43)

Tugtar ré órga an úrscéil choire agus bhleachtairacht ar na 1920idí agus 1930idí (Knight, 2003: 77). Le linn na tréimhse seo tháinig múnlaí éagsúla chun cinn sa seánra chomh maith, mar shampla, *the hard-boiled detective*, *spy fiction*, *thrillers*, ina measc eile. Má bhreathnaítear ar mhúnlaí éagsúla an tseánra feictear gur léiríodh an chathair agus an saol faoi choim i scéalta *hard-boiled detective*, gur

bhain gnéithe den saol idirnáisiúnta agus cur síos comhcheilge le scéalta *spy fiction* agus gur leagadh béim ar an eachtraíocht sna scéalta *thriller* (Horsley, 2010). Mar sin féin, tagraítear do mhúnla A. Conan Doyle mar eiseamláir den úrscéal coire agus bleachtairachta ‘clasaiceach’ agus do Sherlock Holmes mar eiseamláir den bhleachtair. Tá aitheantas bainte amach ag an múnla i measc léitheoirí agus scríbhneoirí go forleathan. Is iondúil an leagan amach céanna ar an scéal: tarlaíonn eachtra tromchúiseach ag tús an scéil, dúnmharú de ghnáth agus ina dhiaidh sin is faoin bpríomhcharachtar, is é sin an bleachtair, leideanna a leanúint agus an cheist a réiteach agus teacht ar an dúnmharfóir. Is faoin mbleachtair atá sé ceangal a dhéanamh idir foinsí agus fianaise agus an coirpeach a ghabháil agus an dlí a chur air nó uirthi. Tugtar tuairisc ar an dúnmharú, ar shuíomh agus ar láthair an choir agus cuntas ar shaol an duine mhairbh, ar chúla, stádas agus aicme sa phobal agus tugtar léiriú daonna ar an gcoir le bá idir léitheoirí agus an duine marbh a chothú (Knight, 2003). Leagtar béim ar eolas cruinn, ar fhíricí agus ar fhianaise seachas ar mhothú nó iomas duine agus ceangal a dhéanamh idir an fhianaise agus an té atá ciontach. De ghnáth, bíonn níos mó ná duine amháin faoi amhras agus cúiseanna éagsúla acu leis an gcoir a dhéanamh. Ní hiondúil gur scéal grá ná gur scéal polaitiúil atá ann, dírtítear ar an gcoir a tharla agus ar an tóir agus ar an eachtraíocht a bhaineann le teacht ar an gcoirpeach. Áirítear stíl scríbhneoireachta an úrscéil mar stíl shimplí, thuairisciúil, agus samhlaítear ábhar an úrscéil mar ábhar léitheoireachta taitneamhach. Go deimhin ar an ábhar sin, ba mhinic a pléadh an cheist maidir le luach scríbhneoireachta agus litríochta an n-úrscéalta céanna (Pyrhonen, 2010). Ba le linn ré órga an úrscéil choir agus bhleachtairachta a bunaíodh an Gúm (1926) agus i bhfianaise cháil agus éileamh an tseánra as Béarla, féachadh leis an seánra a thabhairt isteach sa Ghaeilge.

4.3 An tÚrscéal Coire agus Bleachtairachta sa Ghaeilge.

Roimh bhunú an Ghúim (1926), níor foilsíodh oiread agus aon úrscéal coire agus bleachtairachta amháin sa Ghaeilge a chloígh go cruinn le struchtúr ná le comharthaí sóirt an tseánra bhleachtairachta. De réir a chéile a d’fhás an smaoineamh go bhféadfaí gnéithe den seánra a léiriú sa Ghaeilge. Bhain dúshlán ar leith le forbairt agus le cur chun cinn an tseánra sa Ghaeilge. Sa chéad áit, bheadh saol na cathrach le léiriú as Gaeilge. Samhlaítear an t-úrscéal coire agus bhleachtairachta leis an gcathair mar shuíomh. Leis an nGaeilge a shamhlú mar theanga labhartha na cathrach, ba ghá neamhiontas a dhéanamh de chomhthéacs sóisialta na teanga mar a bhí ag an am. Bhí suíomh na cathrach agus léiriú an tsaoil nua-aimseartha an-lárnach do phlotaí na scéalta coire agus bleachtairachta. Bhain réalachas, draíocht agus rómánsaíocht leis an gcathair, dar leis an údar G.K. Chesterton, údar a scríobh agus a chum an bleachtair Father Brown idir na blianta 1910-1936. Léiríonn a thuairimí siúd an dúshlán ar leith a bheadh roimh scríbhneoir nár bhain a mheán go dlúth le saol uirbeach:

The first essential value of the detective story lies in this, that it is the earliest and only form of popular literature in which is expressed some sense of the poetry of modern life. Men lived among mighty mountains and eternal forests for ages before they realized that they were poetical; it may reasonably be inferred that some of our descendants may see the chimney-pots as rich a purple as the mountain peaks, and find the lamp-posts as old and natural as the trees. Of this realization of the great city itself as something wild and obvious the detective story is certainly the Iliad. (Luaithe in Kayman, 2003: 41-58)

Bhain dúshlán leis ann Gaeilge a léiriú agus a úsáid mar theanga bheo na cathrach, ar ndóigh. Bhí an léiriú seo ag teacht salach ar léiriú agus úsáid na Gaeilge mar theanga phobail na gceantar Gaeltachta agus íomhá den saol traidisiúnta tuathúil. Scrúdaíonn O’Leary léiriú na cathrach agus saothar scríbhneoirí a thug cur síos agus cuntas ar an saol uirbeach sa Ghaeilge (1994). Tugann sé cuntas ar straitéisí na scríbhneoirí le léiriú a thabhairt ar an gcathair agus an saol uirbeach, scríbhneoirí mar Phádraic Ó Conaire, Seán Ó Caomhánaigh agus William P. Ryan. Is iondúil gur mar dheoraithe sa chathair a léiríodh príomhcharachtair na scéalta. Is minic a thugtaí le fios gurbh í Gaeilge teanga dhúchais na gcarachtar agus gur teanga eile a bhí in úsáid ag formhór mhuintir na cathrach (O’Leary, 1994: 430). Luaitear an t-úrscéal *Deoraíocht* (1901) le Pádraic Ó Conaire, *Eoghan Paor* (1911) le Conán Maol, colún agus sraithscéal “Catharach Nuadh” (1911-1914) le Seán Ó Caomhánaigh, an t-úrscéal *Caoimhghín Ó Cearnaigh* (1913) le William P. Ryan, Liam Ó Rinn *Cad ba Dhóibair Dó agus Sgéalta Eile* (1920), an tsraithscéal agus an leabhar *Astronár* (1928) le Piaras Béaslaí (1994: 430-448) mar fhoilseacháin roimh bhunú an Ghúim, a thug cuntas ar shaol na cathrach agus ar ghnéithe den saol uirbeach. Cé gur léiríodh saol na cathrach, níor scéalta coire ná bleachtairreachta iad na scéalta thuasluaite. Ina theannta sin, léirigh daoine amhras faoi chaighdeán na litríochta sa seánra féin agus faoi idé-eolaíocht an úrscéil choire, mar bhunleabhair nó mar aistriúcháin, agus sin a chur ar fáil mar ábhar léitheoireachta don ghnáthphobal. Glacadh leis, áfach, go raibh cáil agus éileamh ar an seánra mar ábhar léitheoireachta éadrom sa Bhéarla agus go raibh ábhar léitheoireachta éadrom sa Ghaeilge den chineál chéanna á éileamh ag léitheoirí (O’Leary, 2004: 195).

I gCaibidil 3 tugadh cuntas ar an bplé agus ar na díospóireachtaí a bhain le bunú na nua-litríochta Gaeilge agus tagraíodh do thuairimí Chiaráin Uí Nualláin faoi ábhar léitheoireachta a chur ar fáil don ghnáthphobal agus do dhaoine óga. Mheas an Nuallánach go bhféadfaí an t-úrscéal coire agus bleachtairreachta a thabhairt isteach sa Ghaeilge agus go gcuirfeadh a leithéid le pobal léitheoireachta na Gaeilge; ‘Shílfeá mar sin, go mbeadh na céadta daobhtha seo [úrscéal bleachtairreachta] á scríobhadh i nGaedhilg. Shílfeá ar mhaithe leis an phobal a mhealladh le leabharthaí Gaeghilge a léigheadh go mbeadh níos mó aca ann ná de shaghas ar bith eile (Luaithe in O’Leary, 2004: 195). Cé gur scríobh Ó Nualláin an méid sin in 1937, is fiú a lua gurbh ann cheana féin do roinnt mhaith bunsaothar agus aistriúcháin Gaeilge sa seánra i mblianta tosaigh an Ghúim, mar shampla; gearrscéalta an tAthair Seoirse Mac Clúin agus ina raibh an bleachtair Seámas de Barra agus a chuntóir Antoine Ó Briain a foilsíodh in *An Sguab* idir Deireadh Fómhair 1922 agus Nollaig 1923 agus scéalta Mhichíl Uí Ghríobhtha ina

raibh an bleachtair Toirdhealbhadh Ó Briain in *Lorgaireacht* (1927) (O’Leary, 2004: 195-9; Titley, 1990: 19).

I gcás na mbleachtairí thuas luaite, ‘Seámas de Barra’ agus ‘Toirdhealbhadh Ó Briain’, tráchtar ar thionchar Sherlock Holmes ar chomharthaí sóirt agus ar mhodh oibre na scéalta agus na mbleachtairí úd. Is léir ó chuntas cuimsitheach O’Leary ar scéalta bleachtairí na Gaeilge a foilsíodh idir 1922 agus 1939 gur chloígh formhór na scéalta coire agus bleachtairí leis an múnla sin (2011: 114-117). Aistríodh tromlach na scéalta bleachtairí a foilsíodh as Gaeilge ón mBéarla féin. I measc na bhfoilseachán is mó cáil bhí *Sa Villa Rose* (1929) le Mícheál Ó Gríobhtha (1929) aistrithe ó *At the Villa Rose* le A.E.W. Mason (1910); *Cás Deireanach Trent* (1935) le Seán Mac Maoláin aistrithe ó *Trent’s Last Case* le E.C. Bentley (1913); *Cú na mBaskerville* (1935) le Nioclás Toibín aistrithe ó *The Hound Of Baskerville* (1902) le Arthur Conan Doyle; agus *Eachtraí Sherlock Holmes* (1936) le Prionnsias Ó Brógáin aistrithe ó *The Adventures of Sherlock Holmes* (1892). Mheas criticeoirí agus léirmheastóirí, Ciarán Ua Nualláin agus Liam S. Ó Broilcháin ina measc, go raibh dul amú ar eagarthóirí an Ghúim aistriúcháin a sholáthar ar leabhair bhleachtairí sa Bhéarla go háirithe agus an bunsaothar Béarla ar fáil go forleathan (O’Leary, 2004: 195). Chomh maith leis sin, samhlaíodh gur seánra impiriúil a bhí san úrscéal coire agus bleachtairí, seánra a d’fhéach le hidé-eolaíocht na hImpireachta a chur chun cinn. Bhíodhas den tuairim nach raibh an idé-eolaíocht sin in oiriúint d’fhoilsitheoir oifigiúil an Stáit nuabhunaithe:

For many at the time, Irish versions of mystery novels like *At the Villa Rose*, *The Cask*, *The Kang-He Vase*, *Island of Terror*, or *Trent’s Last Case* epitomised just about everything that was wrong with An Gúm’s project, an opinion still held by some who see a Gaelicised Sherlock Holmes as emblematic of the eccentric hybridity of the whole enterprise. These were novels originally written in English, widely available in Ireland already, occasionally of dubious literary merit, and rooted in a British often imperialist, worldview. For others, however, they were a powerful and plausible lure to win readers, particularly young ones, for the language. (O’Leary, 2004: 404)

Más rud é gur samhlaíodh idé-eolaíocht na hImpireachta le húrscéalta coire agus bleachtairí do dhaoine fásta, ba é sin go díreach a bhí á chur chun cinn i bhfoilseacháin litríocht na n-óg i Sasana ó lár an naoú haois déag ar aghaidh. Pléadh na coincheapa, aois na hóige agus teacht in aois fir chomh maith le ceistanna féiniúlachta i scéalta bleachtairí Shasana i gcomhthéacs idé-eolaíocht na hImpireachta. I gcás na hÉireann, ba iad na foilseacháin chéanna a bhí ar fáil agus á léamh ag daoine óga in Éirinn ag tús an fichiú haois. In ainneoin cháil an úrscéil choire agus bhleachtairí i measc daoine óga, is beag staidéar agus taighde atá déanta air seo:

Elements of mystery, crime and detection have long been important features of stories enjoyed by young readers. Yet despite the element of play that seems inherent to solving mysteries, crime and detective literature written specifically for young readers was slower to develop than the adult form, perhaps because children's literacy in the major countries of Europe, and in the United State, did not become a general expectation until the late nineteenth century...Crime and detective writing for children has frequently been omitted from the wider history of detective fiction...Perhaps even more significantly, the importance of mystery and detection in stories for young readers has been seriously underestimated and underexplored. (Routledge, 2010: 322)

I gcás litríocht Ghaeilge na n-óg, ba é seánra an úrscéil choire agus bhleachtairachta agus múnla an scéinséara ba mhó díol le linn na 1940idí agus na 1950idí in Éirinn, i bhfianaise líon na scéalta bleachtairachta le Ó Sándair a díoladh (Comhad G295). Is ceart dá réir sin anailís a dhéanamh ar ábhar agus idé-eolaíocht scéalta Uí Shándair.

4.4 An tÚrscéal Coire agus Bleachtairachta i Litríocht na nÓg

Ón tús ba dheacair idirdhealú a dhéanamh idir scéalta bleachtairachta do dhaoine fásta agus do dhaoine óga:

Children and detective fiction for young readers are not restricted to stories written specifically for them and anthologies of crime and detective fiction produced for young readers often include a mix of stories, at least some of which were originally intended for adults ... While the market for crime and detective literature written specifically for young readers expanded rapidly in the early twentieth century, it has frequently overlapped with crime and detective writing for an adult audience. (Routledge, 2003: 321)

Is le linn na tréimhse seo, 1920idí agus 1930idí, an tréimhse idir an dá chogadh domhanda a tosaíodh ar athruithe a dhéanamh ar chomharthaí sóirt, ar mhúnlaí agus ar ghnéithe an tseánra le freastal ar dhaoine óga go sonrath. Ba le linn na tréimhse seo chomh maith a tharla scoilt in ábhar a foilsíodh do dhaoine fásta agus do dhaoine óga. Bhí ceangal idir seo agus an fhorbairt a tháinig ar mhúnlaí éagsúla sa seánra. Feictear, mar shampla, gur léiríodh duine óg nó daoine óga mar phríomhcharachtair agus mar bhleachtairí sna scéalta, gur leagadh níos mó béime ar eachtraíocht sna scéalta chomh maith agus as sin a d'eascair an scéinséir mar mhúnla a thaitin le daoine óga. Léiríodh daoine óga mar phríomhcharachtair agus mar bhleachtairí i litríocht na n-óg lasmuigh de litríocht na n-óg i Sasana i dtosach agus is le linn na tréimhse seo a tháinig na bleachtairí óga seo a leanas chun cinn; Hardy Boys (1927), Nancy Drew (1930), Judy Bolton (1932) le Edward Strettemeyer i Meiriceá, Tintin (1929) le George Remi sa bhFrainc, Emile le Erich Kastner sa Ghearmáin (1929). Léirítear na gnéithe seo i litríocht na n-óg i Sasana tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus is iad sraithscéalta, *The Famous Five* le Enid Blyton, a foilsíodh le linn na 1940idí, is fearr mar eiseamláirí. Léirítear na bleachtairí óga mar charachtair aclaí, fhuinniúla agus éirimiúla, leagtar béim ar fhorbairt scileanna breathnadóireachta agus breithiúnais agus leagtar béim ar scileanna comhoibrithe agus ar an tábhacht a bhaineann le teacht le chéile le ceist agus

le fadhb a réiteach. D’fhéadfaí a rá mar sin gur scéalta oiriúnacha iad scéalta bleachtairachta na n-óg le ceangal a dhéanamh idir eachtraíocht agus féiniúlacht agus le híomhá eiseamláireach a léiriú. Pléann Routledge tábhacht na scéalta bleachtairachta mar scéalta ina dtagann ceisteanna chun cinn maidir le féiniúlacht agus teacht in inmhe:

As one of the most popular of literary types, detective fiction is also one of the most common forms of mystery in children’s literature. But the mysteries investigated in children’s detective fiction rarely, if ever, only deal with the immediate problem on which the formal plot is based. Perhaps even more than in its adult incarnation, the formal problem of ‘whodunit’ in children’s detective fiction allows the investigation of other kinds of mystery – mysteries that become apparent during childhood itself and concerning issues such as identity, economic power, and social status. More specifically, detective fiction for children often explores the differences and tensions between adulthood and childhood. (Routledge; 2001: 64)

Díol spéise gur cuireadh an seánra bleachtairachta in oiriúint do dhaoine óga i dtíortha éagsúla agus léirítear seo i dtéamaí agus in ábhair na scéalta a foilsíodh i Meiriceá agus i Sasana. D’eascair ábhar an tseánra bhleachtairachta i Meiriceá as fás agus forbairt na gcathracha móra, cúrsaí tomhaltais agus airgeadais áit ar dhírigh ábhar an tseánra bleachtairachta i Sasana ar idé-eolaíocht na hImpireachta. I gcás an dá tír, áfach, tháinig tuiscint do ról agus do thábhacht pholaitiúil an aosa óig sa tsochaí tar éis an Chéad Chogadh Domhanda, agus tháinig athrú ar mheon agus ar dhearcadh an phobail i leith daoine óga. Bhí idé-eolaíochtaí éagsúla agus tuiscintí éagsúla ar chúrsaí saoránachta le tabhairt faoi deara sa dá tír:

The early American boy detectives’ representation as quasi-adults was hardly-surprising, considering their emergence within an aspirational culture that promoted individualism and independence... However, while American boy detective protagonists and their boy readers alike were directed towards individualised maturity, it was a different story in Britain. Here, social reformers wanted to cultivate characteristics in boys that would later enable them to enter into proper manhood – a collective adult identity that focused on the nation’s needs over individual desires. (Andrew, 2017: 7)

I Sasana, foilsíodh scéalta bleachtairachta do dhaoine óga sna “penny bloods” agus “penny dreadfuls”, ó lár an naoú haois déag ar aghaidh, foilseacháin do dhaoine óga ina raibh réimse leathan ábhair agus seánraí ar fáil. Cuireann Condon síos ar ábhar idé-eolaíochta na n-irisí agus ar chultúr na hImpireachta agus léirítear an gaol cumhachtach a bhí ag an gcineál seo ábhar léitheoireachta le cur chun cinn meoin agus dearcaidh impiriúil:

The early history of juvenile magazines in Ireland reveals that the world of late-Victorian ‘penny-weeklies’ was a veritable battleground for the control of the cultural allegiances of Irish children... If so, it was also profoundly the golden age of British imperial expansion and consolidation, and in this respect, it is not surprising to find that English periodicals of all kinds are infused by, and are predisposed to, the

imperial culture of exploration and adventure. The specific genre of juvenile periodicals, which developed as a distinct and lucrative part of the market for cheap weeklies in the 1870s, was particularly imbued with themes of imperialism, with the colonies providing new, exotic settings for daring deeds in the imperial romance. (Condon, 1999: 103-104)

Tá sé spéisiúil breathnú ar léiriú na gcarachtar i dtaobh na haibíochta i litríocht na n-óg i Sasana de bharr chúrsaí stairiúla agus polaitiúla na tréimhse. Tháinig coincheapa éagsúla chun cinn mar chuid d'ide-eolaíocht na hImpireachta; mar shampla, aois na hóige, teacht in inmhe, athrú saoil agus teacht in aois fir. Chomh maith leis sin, cuireadh coincheapa agus ceisteanna féiniúlachta os comhair léitheoirí óga ar bhealach caolchúiseach agus d'fhéadfaí íomhá idéalach den laoch a léiriú agus tionchar a imirt ar mheon agus ar dhearcadh daoine óga. Seo mar a mhíníonn Andrews:

To ensure that British boys conformed fully to this collective ideal of manhood during the most crucial and malleable stage of development, it was necessary that they remained subservient to and under the influence of the men whose shoes they would fill one day. The permeable nature of the boundary between boyhood and manhood, therefore, was a cause of significant anxiety in the mid to late nineteenth-century society in which British boy detective fiction first appeared ...By the early twentieth century, as a European conflict seemed increasingly likely, anxieties about the boy's transition to manhood were still present, but now focused on the necessity of training boys to become more active citizens ready to play their part in defence of the British Empire once they reached adulthood. (Andrews, 2017: 7-8)

Tháinig borradh faoin líon irisí agus leabhrán a foilsíodh go speisialta do dhaoine óga i dtreo dheireadh an naoú haois déag agus tús an fichiú haois, ina measc *The Gem* (1907-1939), *The Magnet* (1908-1940), *Boy's Own Paper* (1879-1967), *Halfpenny Marvel* (1893-1922), *Pluck* (1894-1918), *Union Jack* (1894-1933) (Turner, 1976). Chomh maith leis sin, tugtar faoi deara gur tháinig athrú ar ábhar na n-irisí ón "penny dreadful" go forbairt an tseánra "Boy's Own", agus tháinig tuiscint chun cinn go bhféadfaí ábhar teagascach a cheangal le hábhar siamsaíochta. Samhlaíodh féiniúlacht agus ide-eolaíocht na hImpireachta le scéalta agus le carachtair na n-irisí "Boy's Own" agus léiríodh luachanna saoil na sochaí agus tréithe pearsanta ceannaireachta do dhaoine óga:

It should not be surprising that the material of the genre should reflect the concerns of this class and those who aspired to join it. These were conveyed through direct moralising, through public school stories, through sport and most importantly through the adventure story. These, generally in an exotic imperial setting, ranging from the jungles of Africa to the souks of Arabia, the baking plain of India, and the snowy wasteland of the Arctic, provided the backdrop whereby class, gender and British nationalist concerns might be passed on. (Flanagan, 2010: 88)

Tá sé tábhachtach a mheabhú gurb iad irisí Shasana a bhí ar fáil agus á léamh ag daoine óga in Éirinn i dtreo dheireadh an naoú haois déag agus gurb iad na téamaí, ceisteanna agus féiniúlacht agus ide-eolaíocht Impireachta a léiríodh iontu (Condon, 1999).

4.4.1 An scéinséir i Litríocht na nÓg

Glacadh go ceann i bhfad le cáil Sherlock Holmes mar bhleachtair clasaiceach do dhaoine fásta ag tús an fichiú haois agus ba é Sexton Blake a mhacasamhail i litríocht Bhéarla na n-óg i Sasana. I gcás na hÉireann, foilsíodh an chéad sraithscéal bleachtairachta i mBéarla san iris *Our Boys* in 1927, eachtraí an bhleachtair O'Malley le C. Kirwan (Flanagan, 2010: 98). I gcás litríocht Ghaeilge na n-óg foilsíodh an chéad sraithscéal bleachtairachta i nGaeilge in 1941, *Na Mairbh a D'Fhill* le Cathal Ó Sándair. Léirítear, áfach, difríochtaí suntasacha idir comharthaí sóirt an úrscéil choire agus bhleachtairachta do dhaoine fásta agus do dhaoine óga agus is scéinséirí iad na scéalta do dhaoine óga i gcás Sexton Blake, O'Malley agus Réics Carló. Is meascán de scéalta eachtraíochta agus scéalta bleachtairachta iad scéinséirí. Sna scéinséirí léirítear an bleachtair mar charachtar neamhspleách agus ceanndána agus mar bhleachtair a théann i mbun gnímh agus i mbun eachtraíochta agus tugtar na tréithe seo carachtair seo faoi deara i mbleachtairí eile i scéinséirí na tréimhse; Nelson Lee (1894), Dixon Brett, Nick Carter, Bulldog Drummond (1919) ina measc (Turner, 1976: 157-181). Is múnla éagsúil é an scéinséir den úrscéal coire agus bleachtairachta agus léirítear difríochtaí i bpearsantacht agus i modh oibre na mbleachtairí agus i bplotaí agus ábhar na scéalta. Is é an difríocht is mó, áfach, idir an scéinséir agus an scéal bleachtairachta ná an bhéim a leagtar in insint an scéil ar an eachtraíocht seachas ar an mbleachtairacht:

Where the thriller differs from the detective story is not in any disinclination to resort to deductive methods in solving crimes - though, to be sure, when present they necessarily occupy only a secondary role. Rather, the thriller was and still is to a large extent marked by the way in which it persistently seeks to raise the stakes of the narrative, heightening or exaggerating the experience of events by transforming them into a rising curve of danger, violence or shock. The world that the thriller attempts to realise is one that is radically uncertain in at least two major senses. On the one hand, the scale of the threat may appear to be vast, its ramifications immeasurable and boundless. Thus, the thriller trades in international conspiracies, invasions, wholesale corruption, serial killers who threaten entire cities or even nations and this remains the case even where the tone is relatively light-hearted or facetious... On the other, the thriller unsettles the reader less by the magnitude of the terrors it imagines than by the intensity of the experience it delivers: assaults upon the fictional body, a constant awareness of the physicality of danger, sado-masochistic scenarios of torture or persecution, a descent into pathological extremes of consciousness, the inner world of the psychopath or monster. (Glover, 2003: 137-138)

Ba é an carachtar Sexton Blake bleachtair eiseamláireach an scéinséara. Foilsíodh an chéad eachtra de chuid Sexton Blake, *The Missing Millionaire* san iris *Marvel* sa bhliain 1893, agus ina dhiaidh sin foilsíodh scéalta agus eachtraí leis i bhfoilseacháin eile; *Boys' Friend, Herald, Penny Popular, The Jester*. Foilsíodh sraithscéalta éagsúla ar Sexton Blake faoi scáthscríbhneoirí éagsúla mar chuid den *Sexton Blake Library* a mhair go dtí an bhliain 1963 (Turner, 1976: 155-6). Bhí Sexton Blake éagsúil ó Sherlock Holmes, níor leagadh an bhéim chéanna ar loighic ná ar réasúin le coirpeach a ghabháil i scéalta Blake agus bhain níos mó eachtraíochta leis na scéalta, gné a thaitin le daoine óga, dar le Turner:

Sexton Blake has been called, patronizingly, the office-boy's Sherlock Holmes. Those who take detective fiction seriously claim that his successes are due less to pure deduction than to calculated coincidence, an ability to recover almost instantly from concussion, and such specialized attainments as the power to out-stare cobras...But nail him down in a crate and throw him off the bridge at Westminster and while you are still dusting your hands and saying 'That's that' he will be right there behind you. (Turner, 1976: 117)

Maidir le léiriú an bhleachtaire Éireannaigh as Béarla, ba é O'Malley le C. Kirwan a tháinig chun cinn mar phríomhbhleachtaire na hirise *Our Boys* in 1927. Tá tábhacht ag baint le O' Malley sa chaoi agus gurb é an chéad bhleachtaire Éireannach a bhí cosúil le bleachtairí na n-irisí Sasanacha (Flanagan, 2010: 98). Baineann tábhacht leis an seánra agus leis an mbleachtaire mar charachtar do dhaoine óga 'idir dhá chultúr'; ó thaobh an tséanra de, léirítear an bleachtaire mar dhuine ar leith ar féidir leis taisteal idir an domhan réalaíoch agus domhan na coireachta faoi choim agus éiríonn leis dul i ngleic le deacrachtaí agus teacht ar réitigh (Flanagan, 2010: 95). Ó thaobh tréithe phearsanta de agus charachtar an bhleachtaire, is laoch ar leith é an bleachtaire a thugann aghaidh ar dhúshlán, a théann i mbun eachtraíochta ach a dhéanann amhlaidh go staidéarach, go stuama agus go héirimiúil. Má scrúdaítear an ceangal idir forbairt an tseánra bhleachtaireachta do dhaoine óga agus an tréimhse stairiúil agus pholaitiúil inar tháinig an seánra chun cinn, léirítear tábhacht an tseánra agus an bhleachtaire féin mar laoch. Bhí an seánra i mbarr a réime i measc daoine fásta agus daoine óga, tar éis an Chéad Chogadh Domhanda go tús na 1940idí nó mar sin (Rowland, 2010: 120-121). Thug an seánra aghaidh ar cheisteanna féiniúlachta, cheisteanna idé-eolaíochta agus scrúdaíodh cúrsaí stairiúla agus polaitiúla sna scéalta. Maíonn Robin W. Winks go raibh ceangal idir an seánra agus an tsochaí, mar scáthán a léirigh inní an phobail maidir leis an saol (Andrews, 2017: 6). Is amhlaidh, áfach, go léirítear tábhacht an tseánra tar éis mhórathruithe na dtréimhsí seo agus sa léiriú seo is féidir scrúdú a dhéanamh ar athruithe féiniúlachta agus idé-eolaíochtaí. Ag tógáil ar thuairimí Homi K. Bhabha faoi thairseachúlacht na staide iarchoilíní, tráchtann Ed Christian ar an mbleachtaire iarchoilíneach a fheidhmíonn idir dhá chultúr:

Bhabha focuses on the concept of liminality, the condition of being within a space made by the meeting of two borders. The postcolonial detective often lives in this space. He or she has the power to oppress others provided by Western police methods and the detective's own position within society, often as a member of the police force. But he or she also has the power to resist oppression that goes with ethnic attachment, education, and access to power. Bhabha has also written about mimicry, the sometimes ironic but generally sincere tendency of the colonized to imitate the colonizers in order to be like them, and this mimicry is often seen in postcolonial detectives when they try to act like those who train them. Often, they discover the solution to the crime only when they stop mimicking and use their indigenous knowledge. (Christian, 2010: 285)

Má scrúdaítear teacht chun cinn an bhleachtaire Réics Carló mar bhleachtaire iarchoilíneach is léir gur bleachtaire eisceachtúil é Réics Carló. Foilsíodh céadscéalta Réics Carló ag tús na 1940idí, tréimhse

thábhachtach ó thaobh chúrsaí stairiúla agus chúrsaí polaitiúla de agus muintir na hÉireann ag dul i dtaithí ar thír neamhspléach, agus tréimhse thábhachtach ó thaobh féiniúlachta agus idé-eolaíochta de. Ó thaobh léiriú chomharthaí sóirt an tseánra, chloígh Ó Sándair le suíomh na cathrach mar shuíomh do scéalta Réics Carló agus roghnaigh sé gan íomhá rómánsach d'Éirinn a chur chun cinn nó suíomh na tuaithe a léiriú. Ó thaobh na Gaeilge de, roghnaigh Ó Sándair an Ghaeilge a léiriú mar theanga chumarsáide mhuintir na hÉireann uile agus níor chloígh sé le labhairt na Gaeilge a léiriú mar theanga phobail cheantar na Gaeltachta amháin. Ó thaobh Réics de, rinne Ó Sándair aithris ar thréithe na mbleachtairí na scéinséara: is bleachtair eírimiúil agus loighciúil é Réics ach taitníonn an eachtraíocht go mór leis chomh maith agus tugann sé aghaidh ar dheacrachtaí, ar dhúshláin agus ar choirpigh go misniúil. Tá luachanna morálta aige. Léirítear seo sa tuiscint agus sa phlé agus sa idirbheartaíocht a tharlaíonn idir Réics agus carachtair eile in Éirinn, thar lear agus ar phláinéid eile. Tá a eisceachtúlacht pléite ag Nic Congáil chomh maith agus maíonn sí gurb é Réics Carló atá 'mar 'Fhionn mac Cumhaill' an fichiú haois, a thiomáineann Mercedes agus a bhfuil cur amach aige ar gach uile chóir iompair agus gach uile ghiurléid nua-aimseartha ar domhan, ar a bheadh réamhtheachtaí James Bond ann' (Congáil, 2015: 159-160). Is dóigh liom go n-éiríonn le Ó Sándair Gael eiseamláireach a léiriú in Réics Carló, tá tuiscint aige ar chúrsaí staire, cultúir agus teanga na hÉireann agus déantar ceangal idir luachanna Gaelacha agus saol nua-aimseartha na hÉireann sa tréimhse a foilsíodh na scéalta, tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Bhí machnamh déanta ag Ó Sándair ar mhúnlaí bleachtairachta a bhí ar fáil mar eiseamláirí, mar a pléadh sa chéad chaibidil, agus bheartaigh sé gnéithe idé-eolaíocht ar leith a shaothrú agus a chur chun cinn i scéalta Réics Carló.

4.5 Scéalta Bleachtairachta i Litríocht Ghaeilge na nÓg

Nuair a bhreathnaítear ar ábhar cartlainne an Ghúim agus ar ábhar foilsithe litríocht na n-óg feictear gurbh é an Réics Carló an chéad bhleachtair den mhúnla scéinséara ba mhó foilseacháin agus ba mhó díol i litríocht Ghaeilge na n-óg. Chomh maith leis sin, bhí scéalta bleachtairachta do dhaoine óga á bhfoilsíú in *Ár mBuachaillí* agus *An Gaedhael Óg*, forlíontaí Gaeilge leis an iris *Our Boys*, in *Comhar* agus *Leader* agus d'fhoilsigh an Gúm scéalta bleachtairachta eile leis na scríbhneoirí seo a leanas, Tomás Ó Bairéad, Seán Ó Ciarghusa, agus Seán Mac Maoláin (O'Leary, 2011: 114-117). Cé go ndearna na scríbhneoirí Míchéal d'Andún agus Críostóir Ó Floinn iarracht seánra bleachtairachta a chur chun cinn sa Ghaeilge agus aithris a dhéanamh ar mhúnlaí Uí Shándair agus ar an gcarachtar Réics Carló, ní raibh an cháil chéanna ar a saothar (Adams, 2015: 211-231). Léiríonn ábhar cartlainne an luí a bhí ag Ó Sándair leis an náisiúnachas cultúrtha agus an tuiscint a bhí aige ar íogaireachtaí polaitiúla na comhaimsire. I gcomhfhreagras leis an eagarthóir Seán Mac Lellan rinne Ó Sándair cur síos ar an bhfís a bhí aige i dtaobh an scéil, *Na Mairbh a D'fhill*. Dar leis ba gá a leithéid d'ábhar léitheoireachta éadrom a chur ar fáil do dhaoine óga:

The youth of Ireland to-day needs something in the Gaelic language to off-set the influence of 'foreign thrillers' and paper-back magazines. In this work of 20,000 words I have tried to provide similar work in Irish and have thereby written for the wide-spread class who love an exciting story with plenty of 'blood and thunder'. How far I have succeeded in this object is, of course, a matter for your judgement. One of my objects in this work has been to encourage by suggestion rather than statement a sturdy, practical patriotism and sense of national pride. (Comhad G295)

D'fhéadfaí a rá go raibh tuiscint ag Ó Sándair ar thionchar litríocht na n-óg ó Shasana ar Ghaeil óga, agus gur fhéach sé leis an mbearna idir léitheoirí óga an Bhéarla agus léitheoirí óga na Gaeilge a dhúnadh trí ábhar léitheoireachta spreagúil a scríobh as Gaeilge. Chomh maith leis sin, mheas Ó Sándair go bhféadfaí daoine óga a spreagadh i dtreo an tírghrá agus mórtas náisiúnta ach seo a dhéanamh ar bhealach caolchúiseach.

4.5.1 Club Leabhar Réics Carló

I gCaibidil 1 rinneadh cur síos ar an gceithre Chlub Leabhar a bhí ag Ó Sándair; Club Leabhar Nua-Éireann, Club Leabhar Réics Carló, Club Leabhar Fir an Iarthair Fhiáin, Club Leabhar na gCailíní. Foilsíodh scéalta eile mar shraithscéalta chomh maith; Scórach Ghlionnáin, Captaen Spéirling agus An Captaen Toirneach. Cinneadh ar scéalta Réics Carló Uí Shándair a fhoilsiú i bhfoirm Chlub Leabhar, rud a chiallaigh go mbeadh na leabhair á ndáileadh ar pháistí scoile agus go mbeadh leanúnachas éigin idir scéalta, bíodh sé mar théama leanúnach nó mar eachtraí charachtar amháin nó níos mó. Faoi 1950 bhí cúig scéal foilsithe mar chuid de Chlub Leabhar Nua-Éireann agus seacht scéal de chuid Chlub Leabhar Réics Carló agus bhí láimhscríbhinní eile ag an nGúm (Comhad G295). Sna chéad seacht leabhar tá suaitheantas Réics Carló ar chlúdach an leabhair ach ní thagraítear do Réics Carló i dteideal an leabhair. Feictear, áfach, ó thús na 1950idí go raibh cáil ar Réics Carló mar charachtar agus cinneadh ar an ainm Réics Carló a chur i ngach aon teideal. Sna scéalta féin, agus san fhógraíocht a dhéantar ar chúl-leathanach gach scéal, tagraítear d'eachtraí eile atá le teacht sa tsraith.

4.5.2 Réics Carló, an Bleachtair

Is é Réics Carló príomhcharactar na sraithscéalta. Tá cónaí air i Sráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath lena iníon Fionnuala agus tá Brian Ó Ruairc, a chúntóir ina chónaí leo. Sa chéad scéal sa tsraith Chlub Leabhar Réics Carló, *Na Mairbh a D'fhill* castar Brian Ó Ruairc ar Réics Carló agus is dlúthchairde iad ón bpointe sin ar aghaidh. Ní thugtar mórán eolais faoi shaol pearsanta Réics Carló ach i scéal amháin *Réics Carló i gCairlinn* (1952). Sa scéal sin, insítear dúinn gur phós Réics Carló bean darb ainm Síle ach go raibh ailse uirthi agus gur bhásaigh sí roinnt blianta roimhe sin (1952: 6). Níl aon tagairt do chaidreamh le bean ná le páirtí ina dhiaidh sin i gcás Réics ná i gcás Bhriain Uí Ruairc. Sa scéal *An Gluaisteán Sídhe* luaitear deartháir Réics, a bhfuil cónaí air i gCo. Chiarraí agus a thugann cuireadh do

Réics cuairt a thabhairt ar an mbaile agus saoire a ghlacadh ann (1945: 11). Ní thugtar mórán eolais ar óige ná ar chúlra Réics i scéalta eile Club Leabhar Réics Carló. Sa scéal, *Súile an Íodhail* (1947), áfach, tagraítear do Chogadh na Saoirse agus tugann an reacaire cuntas ar an tionchar a bhí aige sin ar thuiscintí agus ar fhealsúnacht saoil Réics:

Fear méan-aosta ba dheadh an lorgaire. Ba léir ar a aghaidh gur casadh a chuid féin de thrioblóidí an tsaoghail ina bhealach agus gur bhlaís sé de dhomlas na péine agus an bhróin. Níor gá ach aon amharc amháin air, ámh, chun a bheith deimhin de gur duine a bhí ann ná géillfeadh go bráth dá mbeadh prionsabal i gceist agus ná thioctadh le haon comhacht saoghalta a spiorad a chlaidhe. Cé nach raibh ann ach gearr-stócach le linn Troid na Saoirse do bheith ar siubhal, rinne sé a chion féin i gcúis a thíre. D'fhoghlaim sé an uair sin conus aghaidh do thabhairt ar an mbás go calma ceann-árd agus go maorda mórdálach. Thuig sé go mbíonn an síor-choimhlint ar siubhal idir an ceart agus an t-aincheart. Bhí sé sásta ina aigne go raibh sé féin ar an taobh cheart agus gur ar an taobh sin a bheadh an buaidh i gcomhnaidhe i ndeireadh báire. (*Súile an Íodhail*, 1947:7-8)

Tá naimhde éagsúla ag Réics Carló ach ní minic a luaitear na carachtair chéanna ach i gcás dhá scéal, *Súile an Íodhail* (1947) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980). Is é Randa Dal namhad Réics agus is minic a bhaintear úsáid as na hainmneacha céanna do choirpigh sa tsraith ar fad, mar shampla Bairní, Hans, Otto, Maicsí. Is féidir na scéalta a léamh mar eachtraí neamhspleácha a tharlaíonn ach i gcúpla scéal tagraíonn Brian Ó Ruairc d'eachtraí eile agus do thuairiscí atá á gcoinneáil aige le cur le chéile i gcás leabhar Réics Carló. Sa scéal *Réics Carló agus an Maisín-fé-thalamh* (1953) tagraítear do Necrhoneus agus luaitear an carachtar sin ag tús an scéil *Réics Carló agus Cró-Dheamhan* (1954), ach sa chás sin amháin. D'fhéadfadh sé gur bhraith sé seo ar an ord ar scríobhadh agus ar foilsíodh na scéalta mar ag tús na 1950idí bhí Ó Sándair ag seoladh an-chuid scéalta chuig an nGúm agus de réir chartlann An Ghúim níor foilsíodh iad san ord ar scríobhadh iad (Comhad G295).

Is bleachtair éirimiúil, géarchúiseach é Réics. Tá sé aclaí agus láidir go fisiciúil agus tá grá aige dá thír agus dá chathair. Is é cur chuige Réics atá eisceachtúil ó bhleachtairí eile, áfach; an tuiscint a léiríonn sé do dhaoine atá i gcruachás agus a phearsantacht bhríomhar agus ghealgháireach agus é ag tabhairt aghaidh ar choirpigh. Is bleachtair lánaimseartha é Réics Carló, ní thugtar aon eolas maidir le post nó gairm a bhí aige roimh dó bheith ina bhleachtair gairmiúil agus ní thagraítear don bhealach ina bhfuair sé traenáil ná oiliúint. É sin ráite, deir Réics go bhfuil sé tuiscint aige ar an bhfealsúnacht agus ar nádúr an duine agus go bhfuil an ghné seo tábhachtach i ngairm an bhleachtair (*Réics Carló ó Shráid Fhearchair*, 1952: 31). Tá Réics féinhostaithe agus cé go dtaitníonn sé sin leis ag amanna bheith neamhspleách agus a rogha oibre a dhéanamh, luaitear go minic go mbíonn sé faoi bhrú airgid agus go gcaithfidh sé bheith cúramach leis.

Níor mhaith leis bheith ceangailte. B'fhearr leis go mór cásanna casta, do-thuigthe a phiocadh amach, mar bheadh seans aige annsan an staidéar dian a dhein sé agus an t-eolus iongantach a bí aige a úsáid –

agus is mó uair a bhí gádh le n-a chlisteacht go léir chun cuirphigh do chuardach agus iad a thabhairt suas do phionós an dlighe (*Na Mairbh a D'fhill*, 1943: 8)

Idir 1943 agus 1959 foilsíodh daichead a trí leabhar faoi Réics Carló agus foilsíodh dhá leabhar eile sna 1980idí, *Fáilte ar ais, a Réics* (1981) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984). Chomh maith leis sin, foilsíodh scéal sraithe *Scéal Lorgaireachta* bunaithe ar eachtraí Réics Carló in *Inniu* ó 1951 go 1956 (Uí hUiginn, 1995: 98). Faoi 1953 bhí ‘Leathanach Chathail Uí Shándair’ a fhoilsiú in *Inniu*, ina mbeadh sleachta as scéalta grinn, seanchas agus scéalta, comórtais agus agallaimh, píosaí beag eolais, comhfhreagras idir léitheoirí óga faoin teideal “Réics Carló: Réics Carló ag Caint”. Ba in *Inniu* chomh maith a foilsíodh na chéad ghreannáin sa Ghaeilge agus iad bunaithe ar eachtraí Réics Carló: bhí dhá stiallghreannáin bunaithe ar eachtraí Réics Carló le linn na mblianta 1953 agus 1954, *Réics Carló agus An Deamhan Fola* bunaithe ar an leabhar *Réics Carló agus an Cró-Dheamhan* (1954) agus *Uafás san Aifric* bunaithe ar an leabhar *Réics Carló san Aifric* (1951). I gClub Leabhar Réics Carló tá naoi gcnuasach de ghearrscéalta; *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Cás-Leabhar Réics Carló* (1952), *Réics Carló ó Shráid Fhearchair* (1952), *Cuir fíos ar Réics Carló* (1954), *Réics Carló, Taighdealáí Príobháideach* (1954), *Réics Carló i Meicseó* (1955), *Réics Carló i bPort Láirge* (1955), *Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh* (1956) agus *Réics Carló Arís* (1958). Den chuid is mó, is eachtraí beaga simplí iad na gearrscéalta - tá thart ar 2,000 agus 4,000 focal i ngach ceann ach is eisceachtaí iad *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) agus *Réics Carló i Meicseó* (1955) toisc go bhfuil na scéalta sna cnuasaigh seo níos faide ná gearrscéalta eile, mar shampla sa leabhar *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) tá thart ar 12,000 focal sa scéal ‘Dúnmharú ar an gCanáil’ agus thart ar 13,000 focal sa scéal ‘Réics Carló go Mars’. Sa chnuasach *Réics Carló i Meicseó* (1955) tá 10,000 focal sa scéal ‘Réics Carló i Meicseó’, agus ceithre ghearrscéal eile sa chnuasach, ‘An Spiaire sa Roinn Cosanta’, ‘An Snámháí Mistéireach’, ‘Argain an Charrain Phost-Oifige’, ‘An Burglaer Béasach’.

Maidir le suíomh agus láthair na scéalta, tá an chuid is mó de scéalta i gClub Leabhar Réics Carló suite i gCathair Bhaile Átha Cliath nó i mbailte samhailteacha gear do Bhaile Átha Cliath; Rinn Rua in *Réics Carló agus Mistéire an Chuain* (1955), Baile na Mara in *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956), Baile na nIascaire in *Réics Carló agus Mistéire an Oileáin* (1956). Tá seacht leabhar suite i gcontaetha agus bailte éagsúla in Éirinn; *Réics Carló i gCairlinn* (1952), *Réics Carló i gCorcaigh* (1954), *Réics Carló i gCill Mhántáin* (1958), *Réics Carló i bPort Láirge* (1955), *Réics Carló i gCo. Mhuineacháin* (1956), *Réics Carló i nDún na nGall* (1956), *Réics Carló i nDún Dealgan* (1958). Baineann roinnt mhaith de scéalta Chlub Leabhar Réics Carló le cúrsaí smuglála agus le cúrsaí trasteorann agus dá bhrí sin tarlaíonn eachtraí na scéalta i gcontaetha ar an teorainn féin: *Réics Carló i gCo. Mhuineacháin* (1956) mar shampla. Tá ocht leabhar bunaithe ar eachtraí i dtíortha thar lear: *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951) *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló sa tSín* (1953), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló i Londain* (1954), *Réics*

Carló i Meicseó (1955), *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984) agus tá leabhar amháin agus gearrscéal amháin suite ar phláinéad eile: *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951) agus *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*, 'Réics Carló ar Mhars' (1951).

Tagann scéalta Chlub Leabhar Réics Carló leis an múnla scéinséir sa chaoi is go mbaineann ábhar na scéalta le dúnmharú agus le duine atá ar iarraidh á chuardach, le comhchealga náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le caimiléireacht agus le smugláil. Baineann atmaisféar éadromchroíoch leis an insint. Leagtar béim ar an eachtraíocht agus den chuid is mó is é an patrún céanna a bhaineann leis na scéalta. Is é sin, imíonn Réics sa tóir ar choirpeach agus éiríonn leis an coirpeach a ghabháil. Go hiondúil bíonn obair eile le cur i gcrích ag Réics ina dhiaidh sin, agus éiríonn leis an gcoirpeach éalú agus go dtéann an coirpeach sa tóir ar Réics ansin. Mar bhuaicphointe na scéalta bíonn coimhlint idir Réics agus an coirpeach agus éiríonn le Réics an coirpeach a ghabháil arís. Baineann comharthaí sóirt de sheánraí éagsúla le heachtraí Réics Carló agus dar le Nic Congáil is féidir idirdhealú a dhéanamh idir sraithscéalta éagsúla Réics Carló: scéalta a chomhlíon coinbhinsiúin an tseánra bhleachtairachta agus scéalta a bhaineann le cuid de chomharthaí sóirt na fantaisíochta (Nic Congáil, 2009: 14). Anuas air sin, áfach, is cóir a thuiscint go mbaineann comharthaí sóirt de chuid na ficsean-eolaíochta le scéalta eile chomh maith agus is gné é seo atá le feiceáil sna scéalta is luaithe de chuid Chlub Leabhar Réics Carló, ina measc *Na Mairbh a D'fhill* (1943), *An tEiteallán Do-fheicthe* (1943), *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló agus an Measín Faoi Thalamh* (1953). Scéalta béaloidis agus seanchais is bun do scéalta eile i gClub Leabhar Réics Carló, mar shampla, *Uathbhás i mBrú na Bóinne* (1944), *An Gluaisteán Sídh* (1945) agus *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956), *Réics Carló agus Caisleáin an Ridire Dhuibh* (1954).

Ag deireadh roinnt scéalta i gClub Leabhar Réics Carló, íoctar airgead le Réics mar go bhfuil sé tar éis breith ar choirpigh nó ceist mhistéireach a réiteach. I gcásanna áirithe cinneann Réics ar chuid den airgead a roinnt le daoine atá i gcruchás, sa scéal *Réics Carló agus Rún an Iarnród Dúnta* (1943), mar shampla. In amanna eile cinneann sé gan táillí a ghearradh ar dhaoine mar go tuigeann sé nach bhfuil sé d'acmhainn acu táillí a íoc leis, *Réics Carló i Londain* (1954). Léiríonn Réics bá agus trua do dhaoine atá tar éis coir a dhéanamh agus atá ag iarraidh maithiúnais, mar shampla, i ngearrscéal in *Cuir Fios ar Réics Carló* (1953) léiríonn sé bá agus trua agus roghnaíonn sé gan an dlí a chur ar cheantálaí atá tar éis calaois a dhéanamh ar a chomhpháirtithe gnó. Léirítear an ghné seo de phearsantacht Réics Carló go minic. Is carachtar flaithiúil é agus caitheann sé go lách le daoine, daoine atá i gcruchás airgid nó a bhfuil fadhbanna eile ag cur isteach orthu. Anuas air sin, tá rógaireacht agus acmhainn grinn ag baint le Réics agus léirítear seo go hiondúil agus Réics i gcruchás agus ag plé le coirpigh. Sa scéal, *Uathbhás i mBrú na Bóinne* (1944) agus an chosúlacht ar an scéal nach mbeidh ar chumas Réics ná Bhriain éalú ón Dr Randall, ritheann smaointe greannmhara leis. Is dóigh le Réics go bhfuil Randall cosúil le Daidí na Nollag agus in ainneoin go bhfuil sé i mbaol a bháis, tosaíonn sé ag gáire agus ag magadh faoi Randall:

Ní raibh gíog ná míog as ceachtar den bheirt phríosúnach. Sháith an cuairteoir [Dr. Randall] an tóirse isteach i bpoll san bhfalla. Ní raibh deabhadh ar bith air. Dhein sé gach rud go mall réid. Chaith sé tamall maith ag stánadh ar na príosúnaigh. Mheas Brian go raibh mion-gháire dialbhailta ar a bhéal, ach b'fhéidir nach raibh ann ach an soluis ag rince ar a ghnúis. “Bhfuilir sásta linn, a Dheaidí Nodlag?” arsa Réics agus é ag éirighe mío-fhoighneach. “Dheinas dearmad glan mo stocáí d’fhágaint fá réir, ach tig leat na féiríní a thabhairt dom go pearsanta anois, má’s maith leat!” Ní dubhairt fear na féasóige rud ar bith. “Ó, a Mhaimí, cad ‘n-a thaobh go bhfuil Deaidí Nodlag ar buile liom?” arsa Réics agus é ag déanamh aithrise ar ghuth pháiste. D’fhan fear na féasóige ina thost. “Agus, a Mhaimí, nach é an truaigh shaoghailta é go bhfuil na póilíní chun Deaidí Nodlag a chrochad?” (*Uathbhás i mBrú na Bóinne*, 1944: 53)

Is minic a leithéid seo d’iompair ag Réics, ag magadh faoi choirpigh agus bithiúnaigh agus é i nguais agus i gcrúachás. Tugann Brian an nós seo faoi deara chomh maith agus deir sé:

Ní raibh eagla ar Bhrian roimh an mbás, go mórmhór ó’s rud é go raibh Réics in éineacht leis. Ach ní raibh sé chomh suairc le n-a charaid. Bhíodh Réics mar sin de shíor nuair a bhíodh sé i mbearnáin an bhaoghail. An fhaid a’s bhíodh an saoghal go bog, rialta aige agus gan aon rud mór idir lámhaibh aige, bíodh sé ciúin, agus uaireanta cantalach. Ach chomh luath a’s bhíodh chuile rud ag dul ina gcoinnibh, thagadh gliondar agus fonn grinn air. Bhíodh sé ar nós páiste a bheadh tar éis féirín nua d’faghail. (*An Gluaisteán Sídh*e, 1945: 55)

I gcás mhodh oibre Réics, deir sé an méid seo a leanas faoi na lorgairí is fearr a bhfuil ann, ‘ní bhíonn siad an-chliste, ach bíonn dhá dhorn mhaithe acu, beagán céille, agus an-chuid foighne’ (*An Gluaisteán Sídh*e, 1944: 108). Tá tuiscint aige ar a chuid láidreachtaí agus ar a chuid laigí féin mar bhleachttaire agus aithníonn sé na tréithe is tábhachtaí. Creideann Réics nach luíonn bua an bhleachttaire sa chlisteacht. “‘Na lorgairí is fearr,’ a deireadh sé, ‘ní bhíonn siad an-chliste, ach bíonn dhá dhorn mhaithe acu, beagán céille, agus an-chuid foighne’” (*An tEiteallán Dofheicthe*, 1943: 11). Is minic a n-oibríonn Réics i gcomhpháirt leis na gardaí nó go n-iarrtar air obair a dhéanamh ar a son agus tá cairdeas idir Réics agus Malcolm Ó Conchubhair atá mar cheannphort na nGardaí Síochána. Tá comhoibriú idir Réics agus na póilíní idirnáisiúnta chomh maith, mar shampla *Réics Carló i Londain* (1954) agus *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953). I measc na ndualgas bleachttaireachta a bhíonn ar Réics; cuireann sé agallaimh ar fhinnéithe, fiosraíonn sé aidhmeanna agus bunchúiseanna na gcoirpeach, oibríonn sé faoi rún agus cuireann sé bréagriocht air féin, tugann sé tarrtháil do dhaoine atá i dtrioblóid agus téann sé i mbun troda nuair is gá. Tugann an reacaire an méid seo le fios faoi i gceann de na scéalta:

Ba é an cineál bleachttaire iontach cruinn beacht ina chuid oibre, níor spáráil sé am ná allas chun gach aon ghné de cheist a mheas le haigne osgailte, agus go raibh sé ábalta a chuid dorn agus a roithleacán d’úsáid nuair a bhí gádh leo (*Uathbhás i mBrú na Bóinne*, 1944: 41)

Luann Réics Sherlock Holmes féin agus é ag magadh a rá go bhfuil sé in am do Holmes dul ar scor, gurb é Réics is fearr mar bhleachtair, ‘Tabhair píopa agus únsa Bhrúno dom, cathaoir uileann agus teine maith agus féadann sibh ansin pinsiun na sean-aoise a thabhairt do Sherlock Holmes (*Na Mairbh a D’fhill*, 1943: 21). I gcomparáid le scéalta bleachtair eile do pháistí ina bhfuil am agus tréimhsí staire síoraí agus gan teorainn ag baint leo, tá scéalta Chlub Leabhar Réics Carló suite san am ar foilsíodh na scéalta agus dá réir sin tugtar léargais ar chúrsaí reatha, ar ábhair inní an phobail, ar thuiscintí maidir le féiniúlacht iarchoilíneach.

4.6 Ceangal

Rinneadh cur síos ar mhúnlaí an úrscéil bhleachtair agus choire i litríocht na n-óg i mBéarla agus i nGaeilge in Éirinn agus ar an gcineál idé-eolaíochta a cuireadh chun cinn in Éirinn le linn bhlianta tosaigh an Stáit agus tréimhsí idir chogaidh. Tugadh cuntas ar Chlub Leabhar Réics Carló, agus pléadh carachtar agus modh bleachtair Réics Carló agus an luí a bhí aige le múnla an scéinséara. I gCaibidil 5 pléifear scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus déanfar anailís ar na bealaí ar múnlaíodh an t-úrscéal coire agus bleachtair mar sheánra iasachta le freastail a dhéanamh ar Ghaeil óga. Déanfar plé agus anailís ar idé-eolaíocht na scéalta agus áiteofar go raibh trí bhealach éagsúil ag Ó Sándair le féiniúlacht náisiúnaíoch a chur chun cinn i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló.

Caibidil a Cúig

Club Leabhar Réics Carló

5.1 Réamhrá

I gCaibidil 4 rianaíodh forbairt an úrscéil choire agus bhleachtaireachta agus mar a tháinig an seánra chun cinn i litríocht na n-óg i mBéarla agus i nGaeilge. Sa chaibidil seo breathnófar ar an gcaoi a ndearnadh íomhá nua-Éirinn a chur chun cinn i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló. Ba thréimhse thábhachtach í na 1940idí in Éirinn i dtaobh léiriú cultúir agus féiniúlachta de - bhí Éire agus muintir na hÉireann ag dul i dtairní ar an neamhspleáchas. Baineann tábhacht, dá bhrí sin, leis an tréimhse inar foilsíodh scéalta Uí Shándair i gcomhthéacs choincheapa ‘idir dhá chultúr’, agus an dúshlán a bhí roimhe saol agus féiniúlacht nua-aimseartha Ghaelach a léiriú. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go raibh scéalta Chlub Leabhar Réics Carló dírithe ar Ghaeil óga go príomha agus nach raibh siad dírithe ar mhargaidh idirnáisiúnta ná ar Éireannaigh thar lear. Beifear ag áiteamh gur bhain gnéithe nua le hÍomhá agus le léiriú d’Éirinn i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló a bhí chun tosaigh i litríocht na n-óg in Éirinn agus gur trí mheán an charachtair Réics Carló a cuireadh tuiscintí nua faoi fhéiniúlacht na nÉireannach óg i láthair. Fiosrófar na bealaí ar fhéach Ó Sandair le hÍomhá nua-d’Éirinn a chruthú do dhaoine óga.

5.2 Íomhá de Nua-Éirinn

I scéalta Chlub Leabhar Réics Carló samhlaíodh cathair Bhaile Átha Cliath mar lárionad na heachtraíochta agus leagadh béim ar ról na cathrach le hÍomhá Nua-Éirinn a léiriú. Roghnaíodh timpeallacht uirbeach Bhaile Átha Cliath mar shuíomh agus mar cheantar dúchais scéalta Chlub Leabhar Réics Carló. Tá formhór scéalta Chlub Leabhar Réics Carló suite i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tugtar cur síos mion ar thíreolaíocht chathair Bhaile Átha Cliath amhail is go mbeadh eolas ag léitheoirí óga ar mhór-radarcanna na cathrach. I bhformhór na scéalta tagraítear do Shráid Fhearchair, áit chónaithe Réics, do Shráid Uí Chonail, do Ghallán Nelson, d’Amharclann na Mainistreach agus do Shráid Chill Dara, do Shráid Damsoin, do Chearnóg Muirbhtean i measc áiteanna eile sa chathair. Léirítear Baile Átha Cliath mar chathair iontach spreagúil agus mar chathair nua-aimseartha ar nós mhórchathracha eile an domhain agus tugtar le fios nach gá do Réics Carló imeacht go háiteanna ná go tíortha eile le dul i mbun eachtraíochta. Chomh maith leis sin, leagtar béim ar dhúchas Réics Carló mar Bhaile Átha Cliathach. I gcomparáid le scríbhneoirí Béarla i litríocht na n-óg in Éirinn agus scríbhneoirí litríocht na Gaeilge sa tréimhse chéanna, bhí Ó Sándair chun tosaigh in úsáid shuíomh na cathrach agus athshamhlú na cathrach mar shuíomh don Ghaeilge agus don saol nua-aimseartha (Dunbar, 2001: 84; Ó Laighléis, 1997: 427). Cuireadh i gcoinne na tuairime gur bhain saol mhuintir na hÉireann leis na tuaithe go speisialta agus le hIarthar na hÉireann. Léirigh Ó Sándair go bhféadfaí an chathair a úsáid le

saol mhuintir na hÉireann a thaispeáint agus le ceisteanna féiniúlachta a phlé. Tagann an ghné seo chun cinn i scéalta luatha Chlub Leabhar Réics Carló agus tugtar faoi deara ceangal idir téamaí scéalta Chlub Leabhar Nua-Éireann agus scéalta Chlub Leabhar Réics Carló. I gcomhfhreagras le Seán Mc Lellan in Iúil 1945, is mar seo a leanas a rinne Ó Sándair cur síos ar an aidhm agus ar an bhfís a bhí aige le haghaidh an Chlub Leabhar Nua-Éireann:

Ins an tsraith leabhar seo, is mian liom chómh fada agus is féidir gnéithe éagsamhla de shaoghal na cathrach agus de shaoghal na mbuachaillí ann do bheith mar chúl leis na sgéalta agus cineál droichid do chur idir saoghal na hÉireann san aois seo, ár stair agus ár dteanga ar thaobh amháin agus an domhan mór ar an dtaobh eile. Ní'l ann ach iarracht, dar ndóigh. Ach tá an smaoineamh sin mar threoir ann. (Comhad N1207)

I gClub Leabhar Nua-Éireann is iad na scéalta seo a leanas atá suite i mBaile Átha Cliath: *Jacko agus Scéalta Eile* (1943), *Tríocha Píosa Airgid* (1943), *An Lá Geal* (1945), *An Chathair Seo 'Gainne* (1947), *"John Joe"* (1952), *An Buachaill Bán* (1950), *An Bóthar go Cuailgne* (1953), *Bliain ón mBás* (1953), *An tSeamróigín Dhílis* (1956) agus *Micilín* (1953). Leagtar an-bhéim ar bhéaloideas, ar stair agus ar chultúr dúchasach na cathrach i scéalta Chlub Leabhar Nua-Éireann agus déantar cur síos ar an gceangal idir an chathair agus saol nua-aimseartha na hÉireann (Adams, 2014: 141). I scéalta Chlub Leabhar Réics Carló a foilsíodh sna 1940idí, déantar cur síos ar atmaisféar chathair Bhaile Átha Cliath agus samhlaítear an chathair mar charachtair. Sna scéalta a foilsíodh sna 1950idí, áfach, leagtar níos mó béime ar an eachtraíocht agus ar mhodhanna bleachtaireachta Réics Carló agus ní dhéantar an cur síos céanna ar chathair Bhaile Átha Cliath. Sna scéalta luaithe, is iondúil a thugtar cur síos ar an gcathair agus gnéithe taitneamhacha den chathair ach ní íomhá rómánsach a chuirtear ar fáil i gcónaí, mar a léiríonn an sliocht thíos:

'Sí an Life croídh cathrach Átha Cliath. Is ina thimpeall a théigheann saoghal corruigte do-thuigthe na cathrach, fé mar a casann an domhan timcheall ar a ais. Snigheann sí trí n-lár fé mar a shigh leis na cianta cairbreacha agus í ar a bealach amach chun na mara. Deineann na cathruightheoirí iongnadh di, uaireanta bíonn siad bródúil aisti.... Ar bhruacha na habhann seo atá an leath-mhilliún bailighthe. An leath-mhilliún? Aonad amháin atá ann, dar leis an abhainn. Croidhe amháin, meon amháin, mothú amháin. Tá mogallradh de bhóithre agus de lánaí ar gach taobh de'n abhainn. Tá áruis anseo a bhí ann in aimsir Chromail. Tá an uaisleacht agus an drabhlás anseo taobh le taobh. Na tigthe céadna as a dtagann naomh, tagann diabhair asta leis. An buaidheart a chuireann duine amháin i muinighin na bpaidreacha, cuireann sé duine eile i muinighin an óil. An t-airgead a bhailigheann fear amháin chun céim a mhuintire d'ardú sa saoghal, bailigheann fear eile é i dtreo is go dtiocfaidh leis satailt ar na comharsain. (*Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh*, 1944: 39)

Déantar cur síos ar stair na cathrach, ar mhuintir Bhaile Átha Cliath agus ar an saol nua-aimseartha, idir maith agus olc. Léirítear an tuairim seo sa scéal *Súile an Íodhail* (1947), agus Réics ag machnamh ar an

saol agus fealsúnacht – maith agus olc, samhlaítear an chathair mar charachtar. Moltar atmaisféar na cathrach, fuaimanna agus radharcanna na cathrach agus deir Réics é seo a leanas:

Bhí an grádh agus an ghruaim, an saibhreas agus an daibhreas, an gol agus an gáire, an mhaith agus an t-olc fíthe fuaighte tríd...Bádh é a dhála sin ag saoghal gach aoine é, do cheap Réics. Fionntar mór dob eadh saoghal an duine, agus ba chruinn an té a d'fhéadfadh a insint roimh ré cad iad na cora a chlaonfadh an t-ógánach i leith na maitheasa nó an uilc. Is mó athrú a tháinig ar mheon Réics féin le himtheacht aimsire...Ba thrua leis gan Beethoven Éireannach a bheith ann a dhéanfadh ceol agus coigeadal na cathrach d'fhighhe isteach i gcomhshuinn mhór. Bheadh brón agus briseadh croidhe, aiteas agus áthas sa choimhseim sin. Bheadh glór na bpáistí ag súgradh ar an sráid, amhrán an daill, scréachaíl adharcanna na ngluaisteáin, clingeadh clog lucht rothar agus trup agus táirm lucht coisidheachta le cloisint sa cheol (*Súile an Íodhail*, 1947: 6-7)

Léiríonn an sliocht thuas tiomantas Uí Shándair léargas réalaíoch a thabhairt ar chathair agus ar mhuintir Bhaile Átha Cliath. Bheifeá ag súil le húsáid lárnach na cathrach in úrscéalta coire agus bleachtairachta agus tá sé sin ann i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló ach chomh maith leis sin, léirítear íomhá dhiúltach agus íomhá dhearfach den chathair. I roinnt mhaith scéalta tugtar cur síos ar áilleacht na cathrach, tá an chathair mar thearmann agus mar áit shábháilte ar a bhfilléann Réics Carló tar éis dó dul i mbun fiosrúcháin agus eachtraíochta. Mar shampla sa scéal 'Réics Carló ar Mhars' in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) déanann Réics cur síos dearfach, rómánsach ar chathair Bhaile Átha Cliath agus ar fhéiniúlacht Ghaelach d'eachtráin nach bhfuil aon chur amach acu ar an gcathair:

“Tá a lán le taispeáint agam duit in ár dtír dúchais ar an domhain. Caithfidh tú an ghrian a fheiscint ag éirí ó Cheann Bhrí agus ag dul fé ag Cuan na Gaillimhe. Taispeánfad an bleachtán agus an cróc san Earradh duit Cloisfidh tú na hinnill bhainte sa bhfómhar. Siúlfaidh tú síos suas Sraid Uí Chonaill maidin Shamhraidh. Breathnóidh tú ar Chathair Átha Cliath ó bharr na sléibhte. Éisteadh tú le lucht canta na gearúl um Nollaig. Chífidh tú ár gcluichí á n-imir i bPáirc an Chrócaigh. Snámhfaidh tú ag Cill Iníonn Léimín. Beidh ticéad sa chrannchur agat. Rachaidh tú go dtí Garraí na mBeithíoch agus go dtí an Iarsmalann. Caithfidh tú an tseamróg Lé 'le Pádraig. (*Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*, 1951: 40)

Baineann struchtúr simplí leis na scéalta i gClub Leabhar Réics Carló – an ghluaiseacht “imeacht agus filleadh”, rud a threisíonn an bhéim ar Bhaile Átha Cliath sna scéalta. Go hiondúil tosaíonn gach scéal le Réics Carló sa bhaile go dtagann scéal chuige go bhfuil rud éigin tar éis tarlú, fágann sé an baile le dul i mbun eachtraíochta agus filléann sé ar an mbaile ag críoch gach scéil. Tá cúiseanna éagsúla ann a mbeadh an struchtúr sin taitneamhach do dhaoine óga. Ar an gcéad dul síos bíonn cur amach ag léitheoirí óga ar shuíomh agus ar cheantar dúchais an phríomhcharachtair. I gcás scéalta bleachtairachta, ba cheart go bhfeicfí an bleachtair i mbun réiteach na faidhbe i lár an scéil agus go mbíodh cúrsaí an tsaoil socair ag tús agus ag críoch an scéil. Pléann Perry Nodelman agus Mavis Reimer an ghluaiseacht seo mar phatrún coitianta i litríocht na n-óg, “imeacht agus filleadh” agus an tábhacht

a bhaineann leis an bpatrún sa chur síos ar shuíomh, ar phlota, ar struchtúr agus ar théamaí scéalta agus leabhar do dhaoine óga; ‘the opening and closing “resting states” typical of children’s narratives are often set in home places, and “home” is an ambivalent ideal that carries connotations of both safety and boredom, comfort and constriction’ (2003: 188-91). Ag deireadh gach scéal agus Réics agus a chairde ag filleadh ar an mbaile is iondúil cur síos dearfach ar áilleacht na hÉireann agus chathair Bhaile Átha Cliath, mar shampla in ‘Réics Carló ar Mhars’ in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) agus in *Réics Carló i bParis* (1952):

“Táimid ag filleadh chugat, a Sheandomhain chairdiúil,” arsa Réics. “Agus chugatsa, a Inis fá réim i gcéin san Iarthar! Agus chugatsa, a sheanchathair Cois na Life, áit a mbeimid arís i lár an leathmhilliúin daoine a lonnaim ar do bhruacha aoibhne!” Agus bhí an domhan ag spréacharnaigh na milliúin míle i gcéin ag beannú dhóibh, a chlann féin a bhí ag filleadh air trasna an duibheagáin. (*Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*, 1951: 48-9)

Bhí Fionnuala ag breathnú amach go smaointeach ar an gcósta a bí ag cúlú ní b’fhaide uathu, gach second dá raibh ag teacht. “Ó, Paris?” ar sise. “Bhuel, ná bíodh aon mhí-thuiscint á dhéanamh agaibh, a fheara. Bhéarfad cuairt eile ar Pharis, amach anso. Ach beidh tamall saoire agam i mBaile Chaoin Átha Cliath, ar dtúis. (*Réics Carló i bParis*, 1952: 64)

Is spéisiúil go ndíríonn Máirín Nic Eoin ar an bpatrún seo agus filíocht chomhaimseartha na Gaeilge á plé aici agus ar léiriú an cheantair dúchais mar ghné thábhachtach le ceisteanna féiniúlachta agus teanga a phlé. In anailís Nic Eoin ar fhilíocht Chathail Uí Shearcaigh, Nuala Ní Dhomhnaill agus filí eile, scrúdaítear an gaol leis an nGaelacht, mar réigiún agus mar phobal agus léirítear tarraingt an dúchais agus tarraingt na teanga ar fhilí agus ar scríbhneoirí Gaeilge (2005: 256). Tá an tarraingt chéanna ann do Réics agus fonn air filleadh ar Bhaile Átha Cliath. Fiú amháin in eachtraí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gcontaetha eile in Éirinn, bíonn tóir aige ar an mbaile ach leagtar níos mó béime ar thábhacht ‘filleadh’ ar Éirinn i scéalta atá lonnaithe taobh amuigh d’Éirinn. Is minic a deir Réics an seanfhocal, ‘Níl aon tinteán mar do thinteán féin’, seanfhocal a thagann chun cinn sna scéalta *Réics Carló san Éigipt* (1951) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980), mar shampla:

Sceinn an t-eiteallán amach thar an Meán-Mhuir agus d’fhág tír na hÉigipte ina diaidh. “Is cuma cad deir an lucht eolais,” arsa Réics, “Bhí an ceart ag na sean-daoine: níl aon tinteán mar do thinteán féin!” Agus bhain sé gal as a phíopa go sásta. (*Réics Carló san Éigipt*, 1951: 78).

Ní fada gur shroich an galtán an pointe leath bealaigh –Manainn ag dul as amharc, sléibhte Chill Mhantáin á nochtadh féin ar fhíor na spéire. B’áit dhraíocht, ba Thír na nÓg í Oileán Mhanann. Ach anois, agus Inis Ghlas Airt, Fearann Fáil na laoch, á nochtadh féin rompu, d’airigh na hÉireannaigh tocht ina scornach. “Níl aon tinteán mar do thinteán féin,” a deir an seanfhocal. Ina gcnámha agus ina gcoí, thuig siad fírinne na cainte sin. (*Réics Carló ar Oileán Mhanann*, 1980: 140-141)

Tá an dearcadh céanna faoi Bhaile Átha Cliath mar cheantar dúchais ag cúntóir Réics, Brian Ó Ruairc. Ar thuras go Nua Eabhrach dó in *Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, déanann Brian aithris ar amhrán Airt Mhic Cobhthaigh agus deir sé, ‘Meiriceá na maoinne, ní cinniúin duit mé mar stór; Tugaim léagsa ‘gus gealladh dhuit, a’s mé ‘dul siar sa ród, Nach bhfanfadh-sa i Manhattan, ná i Siceágó, cé gur mór, Óir ní thréigfeadh Baile Átha Cliath an fhaid a mhairfeadh beo!’ (1953: 7). In *Réics Carló i Londain* deir Réics ‘Bhuel, a chairde, bhíomar i bParis, i Nua Eabhrac, i Londain ag plé le bithiúnaigh. Chonaic muid iontais na gcathracha sin. Ach bheireann an carnán teach ar dhá bhruach na Life an chraobh uatha uilig! Blá-Cliathach adúirt agus ní hé Corcaíoch ná Gaillimheach ná Béal-Feirsteach!’ (1954: 61).

Gné eile is ea muintir Bhaile Átha Cliath a chur i láthair mar phobal bródúil agus cróga. I scéalta mar *Na Mairbh a D’fhill* (1943), *An tEiteallán Do-fheicthe* (1943), *Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh* (1944), *Súile an Íodhail* (1947), *Réics Carló agus Rún an Iarnróid Dúnta* (1953), *Réics Carló agus Mistéire na nÉan gan Sciatháin* (1954) is mórthéamaí iad saoirse agus slándáil agus ceannas na tíre. Ag tús an scéil *Na Mairbh a D’fhill* (1943) tá Dr Leon ag obair ar phleananna le heitleán dofheicthe a dhéanamh agus is é an chúis atá leis seo ná “i dtreo is go mbéadh Éire ábalta a saoirse agus a neódracht a choimeád slán in aghaidh gach namhad” (*Na Mairbh a D’fhill*, 1943: 8). Sa scéal, *An tEiteallán Dofheicthe* (1943) tá an Fiach Dubh ag iarraidh pleananna an eitleáin a ghoid, eitleáin do-fheicthe a thógáil agus Baile Átha Cliath agus Éire a chur faoi smacht:

Támuid chun Éire a smachtú le cabhair an Eitealláin Do-Fheicthe ó Thig Móire go Donnchadh Dí. Déanfaimid Bannc na h-Éireann, Dáil Éireann, an Phost-Oifig Gheinearálta agus áiteachta eile a shéideadh san aer le pléasgáin. Millfimid bealaighe taistil na príomh-chathrach. Stopfaimid an gléas rialtais go léir . . . Annsan leigfimid do’n rialtas atá ag tabhairt páighe dhúinn teacht isteach ’san tír seo chun í a ghabháil. (*An tEiteallán Do-fheicthe*, 1943: 28)

Sa scéal céanna, tá Brian Ó Ruairc i mbun troda agus maíonn sé “Do cheannuigh na Gaedhil a saoirse go daor, a phleidhche, agus ní dhéanfaidh aon dúnmharbhuightheoir barbardha ded’ lethéid-se í a thógaint uatha!” (*An tEiteallán Do-fheicthe*, 1943: 28). Níl eagla ar mhuintir Bhaile Átha Cliath agus tagraítear d’ Éirí Amach na Cásca 1916; ‘Cheap muintir Bhaile Átha Cliath go raibh a seal tugtha. Ach an raibh eagla ortha? Is ortha nach raibh! . . . An spioraid chéadna a nochtadh imeasg óglach na Cásca ins an bhliain 1916, do nochtadh í arís imeasg an phobail go léir (*An tEiteallán Dofheicthe*, 1943: 51). Luaitear an tábhacht a bhaineann le heacnamaíocht agus talmhaíocht a chosaint mar thionscal le cur i gcoinne náisiún eile ar mian leo Éire a smachtú; ‘Cuirfear stop le gach tionscal atá againn. Fiú amháin an talmhuidheacht, tá an dream malluighthe seo ag cur a ladhar isteach innti . . . Caithfear stop a chur leis. Muna ndeintear san, beidh stad na tíre chomh dona san, sar i bhfad, go mbeidh sé ar chumas aon náisiúin gur mian leo é, teacht isteach agus sinn-ne a chur fé smacht (*An tEiteallán Dofheicthe*, 1943:

40). Moltar tréithe mhuintir Bhaile Átha Cliath arís in *Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh* mar ‘cathruightheoirí’ bródúil a chuireann in aghaidh ‘saol corruigthe dothuigthe na cathrach’ (1944: 39).

Tagraítear do chathair Bhaile Átha Cliath agus Réics Carló i mbun eachtraíochta sna scéalta atá lonnaithe taobh amuigh d’Éirinn: *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951), *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló i Londain* (1954), *Réics Carló i Meicseó* (1955), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló sa tSín* (1953) *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984). Déantar codarsnacht idir na nithe a fheiceann Réics agus a chompánaigh in áiteanna eile agus a mhacasamhail i mBaile Átha Cliath agus Éire. Straitéis í seo a fhágann go n-ardaítear stádas na príomhchathrach agus leagtar béim ar chosúlachtaí Bhaile Átha Cliath le cathracha móra an domhain. Sna eachtraí spástaistil, *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951) agus in ‘Réics Carló ar Mhars’ in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) déantar an tírdhreach, an nádúr agus an fhiadhúlra i gcéin a chur i gcomparáid lena mhacasamhail in Éirinn agus i mBaile Átha Cliath féin. In *Réics Carló ar an nGealaigh*, mar shampla, feiceann na carachtair bláthanna i nGáirdíní Impiriúla na gealaí ach ní haon iontas dóibh a leithéid mar ‘nach bhfuil a leithéidí le fágáil fiú amháin ag cúinne Sráid Uí Mhórdha!’ (1951: 23). Déantar cur síos ar airde ollphéist agus é a bheith chomh hard le Gallán Nelson (1951: 30). In ‘Réics Carló ar Mhars’ in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), scrúdaíonn Réics, Brian agus Dr Leon tógáil na mbóithre agus deir Réics ‘bhí sé gach pioc chomh breá le bóthar ar bith in Éirinn. Chuir sí Slí Chualainn i gcuimhne dó’ (1951: 10). Chomh maith leis sin, tugtar cur síos ar ainmhithe ar Mhars, ollphéist Gigantosaurus agus Dinosaur ar Mhars, ‘Ba bhreá go deo an pictiúir iad ina sheasamh ansin in uaigneas motharchoillte Mharsa. Dá seasadh aon cheann acu i Sráid Uí Chonaill ós comhair Ard-oifige an Phoist amach, b’fhuiris dó amharc idir an dá shúil ar Nelson thuas ar a ghallán (1951: 9). Ar an mbealach céanna a dhéantar cur síos ar bhláthanna in Amasonia in *Réics Carló sa Bhreasail*, agus “bláthanna nach bhfaca sibh a leithéidí le háilleacht ach amháin sna Gáirdíní Luibheolaíochta i mBaile Átha Cliath, b’fhéidir” (1953:16). In *Réics Carló sa tSín* (1953), déanann Réics cur síos ar áilleacht thírdhreach na Síne i gcomparáid le háilleacht Gharraithe Náisiúnta na Lus i nGlas Naíon (1953: 37), agus cuireann an Ruarcach hata Hari Tsin Síneach i gcomparáid leis na cineálacha úd a díoltar ar Dhroicheadh Uí Chonaill nuair a bhíos cluiche mór ar siúl i bPáirc an Chrócaigh (1953: 17). Léiríonn na tagairtí seo go bhfuil cultúr agus dúlra na hÉireann agus Bhaile Átha Cliath incomparáide le háiteanna eile. In ainneoin gur thaistil Réics go tíortha eile an domhain nó go pláinéid eile fiú amháin, tá macasamhail na rudaí seo in Éirinn agus sa chaoi seo ardaítear stádas Bhaile Átha Cliath agus stádas na hÉireann mar áit thábhachtach ar domhain.

Léirítear íomhánna dearfacha agus diúltacha den chathair i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló ach ní iondúil a thugtar léargas ar fhadhbanna sóisialta na tréimhse agus tionchar na bhfadhbanna sin ar ghnáthdhaoine. Tá an leabhar, *Cás-leabhar Réics Carló* (1952), eisceachtúil sa chaoi ina léirítear an

bhochtaineacht, an éagromaíocht agus an t-aicmeachas sa tsochaí chomh maith le tionchar na dífhostaíochta agus tionchar na himirce ar mheabhairshláinte na ndaoine. Is iondúil Réics a bheith ag comhoibriú leis na Gardaí Síochána agus lucht dlí ach sa scéal ‘Nollaig Shona Duit’, agus Réics ag iarraidh cúnaimh a thabhairt d’fhear atá i bhfiacha tuigtear do Réics nach mbíonn an saol cóir ná cothrom do gach uile dhuine. Éiríonn Réics éadóchasach faoi staid na tíre agus an córas dlí, cáineann sé an Stát agus an bealach atá acu déileáil le daoine a bhriseann an dlí, ‘Is fada mise ag cabhrú leis an Stát chun sórt áirithe daoine a chur laistiar de bharráir iarann. Ach ní bhíonn aon deabhadh ar an Stát ag tabhairt maithiúnas dá leithéidí siúd. Ní hionann agus Dia, ní leor leis an Stát faoisdin mhaith (*Cás-leabhar Réics Carló*, 1952: 48). I scéal amháin eile sa leabhar céanna, ‘An tSlí chun Dé’, tugtar cuntas ar bheirt deartháireacha agus iad ag fás aníos; Réamonn a ghoid airgead óna athair agus an deartháir eile Tomás a d’imigh chun cónaí sa chathair agus a chuir dúil san ólachán agus sa chearrbhachas. I gcomhrá le Réics, is mar seo a leanas a dhéanann Tomás cur síos ar chúrsaí an tsaoil agus ar dhrochthionchar na cathrach air:

“Is fíor gur fhágas feirm m’athar agus gan de rún agam ach cuid de phléisiúirí an tsaoil a bhlaiseadh. Bhíos bréan d’obair na feirme. Cheapas gur suarach an saol é – go raibh beatha níl fhearr agus níl iomláine le fáil sa chathair. Ní raibh a fhios agam, an uair sin, nárbh ionann pléisiúr agus sonas! “Bhí an chathair ag cur cathuithe orm, agus gheilleas don chathú san. Ní róshásta bhí m’athair an mac a ba shine aige a ligint uaidh. Ach bhí croí mór maith aige. Nuair a ba léir dó gurbh fánach bheith ag plé liom, stad sé de chur im choinnibh. Bhuel, a chairde, chaithinn mo thuarastal go léir chun ‘pléisiúr’ d’fháil dom féin. Ní bhíodh pingin fágtha agam, ach mé ag feitheamh go dian ar lá na páighe. Uair amháin, bhí mo chás chomh dona agus go rabhas ag cuimhneamh ar chuid m’fhostaitheora a ghoid. Ní dhearnas é sin, áfach. Fé-dheire, rinneas dianmhachtnamh im chroí, agus chuireas romham féin tosnú as an nua agus saol níos réasúnta a chaitheamh. Agus rinneas dá réir. B’ionadh le gach éinne an t-athrú mór a tháinig orm. Ba dheacair le Mac Ailpín [úinéir an tsiopa ghrósaera] radharc a shúl a chreidint. D’éiríos poncúil agus néata agus dícheallach agus measartha. (*Cás-leabhar Réics Carló*, 1952: 57-8)

Sa scéal ‘Cócaen’ in *Cás-leabhar Réics Carló* (1952), tugtar cur síos ar Aodhagáin Ó Cuinn agus na fadhbanna atá aige éirí as drugaí. Imíonn a dheartháir, Domhnaill, chun cainte le Réics le cúnaimh a thabhairt dó cabhrú le hAodhagáin agus beartaíonn Réics agus Brian ar Aodhagáin a fhuadach oíche amháin agus a chur ar bord loinge le dul chuig na hOileáin Chanáireacha agus an chathair a fhágáil ina dhiaidh. Tugann Réics cuntas den scéal d’Fhionnuala:

“An duine bocht, tá sé beagnach as a mheabhair le himní. Deir se go dtáinig athrú an-ait ar Aodhagáin le gairid. Deir sé gur éirigh sé gruama, tostach agus gur chaill sé an loinnir anamúil a bhíodh sna súile aige... “Agus cad fé ndeara an t-athrú obann san, an dóigh leat, a Dhaid?” arsa Fionnuala. “Ceapann Domhnall go bhfuil a dheartháir ag caitheamh drug éigin – cócaen, is dócha.” Lig an Ruarcach fead bheag. “Go bhfóire Dia air!” arsa Fionnuala. “Ní foláir ní bhí sé uaigneach agus-” “Uaigneach?” arsa Réics. “Ní haon leithscéal aige a leithéid sin. Is é a dheartháir an té is mó trua, dar liom-sa. Ó thosnaigh sé ag caitheamh an stuif sin, ní bhíonn sé ach ag brionglóidigh de ló agus d’oíche.” (*Cás-leabhar Réics Carló*, 1952: 59)

Ag deireadh an scéil, tagann Aodhagáin ar ais go hÉireann agus beartaíonn sé bád innill a cheannach agus dul ag seoltóireacht agus ní bhacann sé le drugaí ina dhiaidh sin. Sna scéalta ar fad sa chnuasach, tá cur síos ar fhadhbanna áirithe sóisialta agus tá críoch shona le gach scéal. Is scéalta an-simplí iad, áfach, agus ní thugtar mórán eolais i dtaobh phearsantacht an duine ná na bealaí a n-éiríonn leo a gcuid fadhbanna a shárú.

Bhí rún daingean ag Ó Sándair saol nua-aimseartha na hÉireann sa tréimhse ar mhair sé féin ann a léiriú. Sna scéalta agus sa chomhthéacs seo tagraítear do thionchar na héigeandála ar mhuintir Bhaile Átha Cliath le linn an Dara Cogadh Domhanda, don ré adamhach agus don dul chun cinn ó thaobh chúrsaí teicneolaíochta agus don smugláil mar gníomh mídhleathach a bhí ag tarlú trasna na teorann in Éirinn féin agus idir Éire agus tíortha na hEorpa chomh maith. Sna scéalta a scríobhadh tar éis na hÉigeandála, ní hiondúil go dtagraítear do shaoirse na hÉireann bheith i mbaol. Ina áit sin cuirtear Éire os ár gcomhair mar thír neamhspleách agus sna scéalta a foilsíodh ag tús na 1950idí tá fáil ar Réics i mbun eachtraíochta thar lear agus taobh amuigh d'Éirinn: *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló sa tSín* (1953), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló i Londain* (1954) agus *Réics Carló i Meicsicó* (1955).

Is léir go raibh tionchar ag cúrsaí reatha na tréimhse ar théamaí agus ar eachtraí agus dá réir sin is féidir tréimhse ama cinnte a lua leis na scéalta, mar shampla tagraítear d'aimsir na héigeandála in *Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh* in 1944, don chumhacht adamhach i *Réics Carló agus Mistéire an Chuain* in 1955, don smugláil trasteorann in *Réics Carló i gCo. Mhuineacháin* in 1956 agus do bhallaíocht Éirinn i gComhphobal na hEorpa in *Fáilte ar ais, a Réics* in 1980. Cé is moite d'aon scéal amháin, níl mórán cur síos ar Éirí Amach 1916, ar an gCéad Chogadh Domhanda ná ar an Dara Cogadh Domhanda sna scéalta ach amháin an scéal, *Súile an Íodhail* (1947). Sa scéal sin luaitear go raibh taithí ag Réics ar ghreanáid láimhe a chaitheamh le namhaid, 'Ba mhinic iad ina sheilbh aige i rith an Chogaidh Mhóir 1914-1918 nuair a bhí sé ag troid i bhFlóndras. Bhí sean-taithighe aige ar iad do láimhseáil' (1947: 42). In *Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh*, tugtar cuntas ar thionchar na héigeandála ar mhuintir na cathrach: 'Bhí ganntanas petrol ann agus bhí iomradh ag dul thart go raibh an rialtas chun deire a chur ar fad le móitair phríobháideacha' (1944: 40). In *An Corpán sa Trunc* (1944), tagraítear do chúrsaí eacnamaíochta agus geilleagair bheith go dona chomh maith agus an t-innín a bhí ar mhuintir na tíre faoi chúrsaí tionsclaíochta agus faoi chúrsaí talmhaíochta a bheith lag. Tugann Malcolm Ó Conchubhair, ceannasaí na nGardaí Síochána, le fios do Sheán Mac Gearailt, lorgaire nua le Roinn Lorgaireachta na nGardaí Síochána, go gcaithfí an eacnamaíocht a chothú le córas rialacháin a choinneáil agus le neamhspleáchas agus saoirse a chosaint:

"Ní gádh dom a rádh leat go bhfuil cogadh ar siubhal i láthair na huairé,! Arsan Ceannaire agus é ag gáiridhe. "Ní gádh dom a rádh leat ach oiread go bhfuil an-chuid earraidhe nach dtig linn iad d'faghail san tír seo de bharr an chogaidh chéadna. Chuala tú trácht go minic ar an Margadh Dubh, is dóigh liom.

B'fhéidir go measann tú nach bhfuil san rud san ach adhbhar inspéise i gcóir sgéalta ins na páipéirí grinn... Tá buidhean eadar-náisiúnta cuirpheach ag treorú an Mhargaidh Dhuibh, agus ní h-amháin go bhfuil an Margadh Dubh dé n-a stiúir acu, ach táid ag fagháil dreim diaidh ar ndiaidh ar an mbeagán d'earraidhe éagsamhla fíor-tábhachtacha atá fágtha againn...Má leanann an rud ar aghaidh fé mar atá; deirim-se leat go mbeidh an tír ina raic. Ní bheimid ábalta an corús rialacháin a choimeád ar sibhal. Cuirfear stop le gach tionnscal atá againn. Fiú amháin an talmhuidheacht, tá an dream malluighthe seo ag cur a ladhar isteach innti... Caithfear stop a chur leis. Muna ndeintear san, beidh stad na tíre chomh dona san, sar i bhfad, go mbeidh se ar chumas aon náisiúin gur mian leo é, teacht isteach agus sinn-ne a chuir fé smacht. (*An Corpán sa Trunc*, 1944: 3-4)

Is cosúil go raibh an t-inní agus an bhuaire sin ann fós i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta agus an ceangal idir sin agus córas rialacháin na tíre. Luaitear an ceangal seo arís in *Réics Carló agus Rún an Iarnróid Dúnta* (1953) agus géarchéim airgeadais le tarlú de dheasca airgead bréagach bheith á eisiúint. Tá inní ar dhaoine go bhfuil an stáisiún traenach le dúnadh i nGrianphort, Cuailgne agus tá ceist ann i dtaobh dífhostaíocht sa cheantar agus monarchain bheith ar oscailt (1953: 6). Inní eile atá léirithe ó am go chéile sna scéalta ná cumhacht adamhach agus forbairt agus forás i gcúrsaí teicneolaíochta agus eolaíochta. Tá a leithéid de théama in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló ó Shráid Fhearchair* (1952) *Réics Carló agus Mistéire an Chuain* (1955), *Réics Carló agus Mistéire an Mhaidhm Bháite* (1955), *Réics Carló agus Mistéire an Oiléain* (1957). In *Réics Carló agus an Mhaidhm Bháite* (1955), mar shampla, tagraítear do thubaistí Hiroshima agus do Nagasaki agus an scrios is féidir leis an gcumhacht adamhach a dhéanamh (1955: 54). Baineann ábhar na scéalta leis an gcumhacht adamhach agus le trialacha eolaíochta agus leagtar béim ar cheartúsáid eiticiúil na heolaíochta a úsáid ar son maitheasa agus ar son an chine dhaonna.

Is ábhar é an smugláil a thagann chun cinn i roinnt mhaith de scéalta Chlub Leabhar Réics Carló, smugláil in Éirinn agus trasteorann agus idir Éirinn agus tíortha idirnáisiúnta eile. Tagann a leithéid chun cinn in *Réics Carló i gCairlín* (1952), *Réics Carló i Londain* (1954), *Réics Carló Taighdealaí Príobháideach* (1954), *Réics Carló i bPort Láirge* (1955), *Réics Carló i gCo. Mhuineacháin* (1956), *Réics Carló Arís* (1956), *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956), *Réics Carló i nDún Dealgan* (1958) agus *Fáilte ar ais, a Réics* (1981). Sna scéalta a bhaineann leis an smugláil, luann Réics an dochar a dhéanann a leithéid do thionscal dúchais agus don gheilleagar i gcoitinne. I scéal amháin, 'Mistéire an Teidí-Bhéir' in *Réics Carló, Taighdealaí Príobháideach* (1954), tá siúcra á smugláil isteach sa tír laistigh de theidithe. Níl Réics sásta faoi seo agus in ainneoin nach bhfuil ann ach siúcra measann Réics go bhfuil an cás tromhchúiseach mar sin féin:

“D’innis Réics ansan dó i dtaobh an tsiúicrín – substaint is milse fá cheithre chéad ná siúcra! Níor cheadmhach ach méid áirithe dhe d’allmhuiú go hÉirinn, óir mhillfeadh an iomarca dhe tionscal siúcra na tíre seo ar fad” (*Réics Carló, Taighdealaí Príobháideach*, 1954: 42).

In *Réics Carló i Londain* (1954) is toitiní atá á smugláil ach i scéalta eile - *Réics Carló Arís* (1958), agus *Réics Carló i nDún Dealgan* (1958) mar shampla - ní dhéantar cur síos ar an ábhar atá á smugláil,. Leagtar an bhéim ar mhodh oibre Réics agus ar an gcomhoibriú idir Réics agus Gardaí na hÉireann agus póilíní sna sé chontae agus tábhacht an chórais dhleathaigh. I gcás *Fáilte ar ais, a Réics* (1981) nuair a éiríonn le Réics teacht ar smuglaerí agus earraí atá á dtabhairt isteach go hÉirinn, leagtar béim ar an smugláil mar chalaos ollmhór sa chómhargadh agus seoltar litreacha buíochais ón Eoraip chuig Réics (1981: 135).

Ábhar suime ról na mban i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus an ceangal idir an léiriú seo agus saol na mban agus a ról poiblí le linn na 1940idí agus na 1950idí. Ábhar é seo a bhaineann le léiriú an tsaoil nua-aimseartha ná léiriú ról na mban sa tsochaí agus in ainneoin go dtugtar léargas ar chúrsaí reatha na tréimhse agus ar dhul chun cinn i bhforbairtí teicneolaíochtaí, léirítear íomhá thraidisiúnta den bhean. I bhformhór na scéalta déantar cur síos ar an mbean mar chuid de shaol an teaghlaigh agus an bhaile. Tagraíonn Nic Congáil don easpa cothromaíochta idir ról na bhfear agus ról na mban i sraithscéalta Réics Carló agus dar léi is aithris atá sa léiriú seo ar an saol poiblí nuair a bhí de Valera i réim:

Bhí dlúthbhaint ag scéalta Réics Carló leis an gcineál féiniúlachta idéaláí iarchoilíní a theastaigh ó Chathal Ó Sándair a chur chun cinn i measc a chuid léitheoirí óga. D’ardaigh Ó Sándair stádas na bhfear Éireannach trí eiseamláir an charachtair Réics Carló, ach murab ionann is an *Femme Fatale* a fheictear i seánra na bleachtairacht go minic, feictear ról imeallach na mban go hiondúil ina scéalta, mar mhacalla ar ról íochtarach na mban sa saol poiblí nuair a bhí de Valera i réim. (2009: 13)

Níl aon phlé ag bean leis an mbleachtairacht ná leis an eachtraíocht sna scéalta luatha seo a leanas: *Na Mairbh a D’fhill* (1943), *An t-Eiteallán Do-fheicthe* (1943), *Súile an Íodhail* (1947), *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951), *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951). In *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951) agus in *Réics Carló ar Mhars* in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) tagraítear don spáslong ‘Gráinne’ mar ghné nó uirlis bhaineann, “gur comhlíon Gráinne a dualgas agus go raibh sí mar rud daonna fé lámha Leon. D’fhreagradh sí láithreach gach uair do luigheadh a mhéaranna ar na cnaipí agus ar na luamháin.” (1951: 17). Faraor, ní éiríonn le Gráinne teacht slán ag deireadh na heachtraíochta chuig an nGealach agus tá Réics agus a chairde buíoch di ‘thug sí iad chun na gealaí agus thug sí slán abhaile iad. Ach níor éirigh léi í féin do bhreith slán’ (1951: 62).

I scéalta eile a foilsíodh roimh 1951 tugtar cur síos géar ar mhná agus ar thréithe baineanna sna cuntais le hatmaisféar nó mothúcháin dhiúltacha a léiriú. Sa scéal *An Gluaisteáin Sídh*e (1945) mar shampla, tá an reacaire ag tabhairt cur síos ar atmaisféar teannasach i dteach duine de na carachtair deir sé go raibh gach duine sa teach ‘chomh cantalach le mnaoi gan fear’ (1945: 6) agus tagraítear do bhean eile, Áine

Ní Mhórdha, sa scéal céanna a bheith cantalach mar ‘b’fhada an lá imthighthe ó mhargadh í’ (1945: 43-46). Is seanmhná a léirítear i scéalta eile, *Uathbhás i mBrú na Bóinne* (1944) agus *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956) san áireamh, agus ní chabhraíonn ceachtar den bheirt bhan, Siobhán Ní Cheallaigh ná Bríd Cailleach Chairlinne le Réics agus é i mbun fiosrúcháin. Sa scéal *Uathbhás i mBrú na Bóinne* (1944), mar shampla, tugann an tSáirsint Aibhistín Ó Fearghaile rabhadh don tseanbhean Siobhán Ní Cheallaigh smacht a choinneáil ar a teanga mar go mbíonn sí sotalach le Réics agus tugann sé ‘sean-chearc drochmhúinte’ uirthi (1944: 29). Is amhlaidh, áfach, nach dtugann Réics an tréith seo de phearsantacht Shiobhán Uí Cheallaigh faoi deara agus tá sé sásta leis na freagraí a thugann sí dó agus glacann sé leis go bhfuil sí ag insint na fírinne. I scéal eile, áfach tugann Réics cur síos ar cé chomh dian is atá saol na baintrí agus sa scéal *Réics Carló agus Rún an Iarnróid Dúnta* tugann sé airgead do bhaintreach mar gur chaith a fear chéile go crua léi, ‘níor ró-shona an saol do bhíodh aici le hAindrias bocht; ach chuireadh sí suas leis go foighneach agus dhéanfadh sí a dícheall (1953: 40). Sna samplaí thuas, is díol suime é go tagraítear don bhean i gcomhthéacs an fhir nó in éineacht le fear.

Bíonn iníon Réics, Fionnuala, i bhformhór scéalta Réics Carló. D’fhéadfaí mar sin breathnú uirthi mar léiriú ar ról na mban sa tsraith. Cuirtear í in aithne do léitheoirí sa scéal *Réics Carló i gCairlinn* (1952) agus is sa scéal sin cineann Fionnuala ar an scoil a fhágáil agus fanacht sa bhaile le haire a thabhairt dá hathair agus bheith i bhfeighil cúraimí tí. Deir Fionnuala lena hathair go measann sí go bhfuil sí rófhada ón mbaile agus í ar scoil agus deir sí gur féidir léi freastal ar choláiste oíche má thagann sí ar ais go Baile Átha Cliath. Tá Réics sásta leis seo mar shocrú agus is mar seo a leanas a dhéanann sé cur síos ar a cinneadh:

“Is fíor duit sin, a Fhionnuala,” arsa Réics agus é ag stánadh siar thar bhearnáin na mbliain. “Measaim go bhfuil do dhóthain foghlamtha agat chun do bhealach a threabhadh i machairí móra an léinn. Má tá fíor-ghrá agat don léann, ní bheidh tú sásta choíche gan bheith ag cur feabhais ar d’aighe. D’fhéadfá, cuirim i gcás, cúrsa léinn d’fháil tríd an bpost, agus bheadh ar do chumas tairbhe a bhaint as, mar tá bonn maith curtha féd chuid oideachais ag na mná rialta.”...“Rud eile, a Dhaid,” arsa Fionnuala, “Tá an áit seo an-uaigneach duit. Tá fhios agam go bhfuil an Ruarcach agat agus go mbíonn Síle anso sa ló chun an tigh a ghlanadh agus chun na béilí a ullamhú díbh. Ach tá gá agaibh le duine a mbeadh suim thairis sin aici ionaibh. Is é mo bharúil go bhfuil sibh ró-thugtha don obair agus ná thugann sibh aire cheart díbh féin.” Bhí strabhar gáirí ar an lorgairde. Nach air a bhí an t-ábh iníon mar Fhionnuala a bheith aige! (1952: 6)

Scríobhann príomhoide na scoile, an tSiúr Pól, chuig Réics agus sa litir tugann sí cur síos ar an gcineál saoil agus todhchaí a bheadh i ndán d’Fhionnuala dá bhfanfadh sí ar scoil. Is léiriú é seo ar an dearcadh i leith cailíní maithe agus oiliúint mar bhean rialta, ‘dá bhfanfadh sí ar scoil, ‘go raghadh isteach i gclochar go fóill, na cailíní aeracha is fearr i gclochar i ndeireadh na ndála’ (*Réics Carló i gCairlinn*, 1952: 6). Is amhlaidh, áfach, a ligtear d’Fhionnuala fanacht sa bhaile ach níl aon trácht ar fhreastal ar choláiste oíche ná ar chúrsa oideachais ina dhiaidh sin agus is mó cuntais a thugtar ar obair teaghlaigh agus cúraimí eile bheith uirthi.

Léirítear Fionnuala mar chailín soineanta, dílis, sna scéalta, cailín nach bhfuil mórán eolais aici ar chúrsaí an tsaoil ná ar an gcoiriúlacht. Is í Fionnuala is minice a léiríonn easpa tuisceana ar chúrsaí agus ar chásanna Réics agus dá réir sin tugtar deiseanna do Réics agus do Bhrian cúrsaí a mhíniú di agus iad féin a chur chun cinn mar charachtair éirimiúla. Tá tuiscint shimplí aici ar ghairm a hathar. Sa scéal *Réics Carló i Meicsicó* (1955), mar shampla, glacann Fionnuala leis go bhfuil siad le dul ar saoire seachas dul le hobair a dhéanamh, ‘Meicsicó! Buachaillí bó – vacqueros agus caballeros, Rancheros agus hacenderos! An Rio Grande! Siesta san iarnóin agus ceol agus siamsa ar an patio ist’ oíche! Ó mo ghrá go deo thú, a Dhaid’ (1955: 7). Nuair a shroicheann siad an príomhchathair tá éirí amach ar siúl agus daoine i mbun troda ach taitníonn an radharc seo le Fionnuala agus ní thuigeann sí cé chomh tromchúiseach is atá an scéal:

“Níor mhaith liom an iomarca den tsíocháin a bheith anso. Féach na cuimhní agus an t-ábhar comhrá a bheidh againn nuair a fhillimid go hÉirinn!” “Humh”!” arsa Ruarcach. “Daoine mar thusa is cúis leis na cogaidh go léir, a Fhionnuala! Ceapann sibh gur glórmhór an rud é an cogadh. Cuireann na dromaí móra agus an ceol máirseála fé dhraíocht sibh.” (*Réics Carló i Meicsicó*, 1955: 9)

Fuadaítear í i gceithre scéal, *Réics Carló agus Mistéire an Chuain* (1955), *Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí* (1956), *Réics Carló agus Mistéire an Oileáin* (1957) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980) agus tugann sé seo cúiseanna pearsanta do Réics dul sa tóir ar choirpigh.

Cé gur cailín óg í, tá Fionnuala ina bean tí ag Réics, mar a bhí Mrs Hudson ag Sherlock Holmes agus Mrs. Martha Bardell ag Sexton Blake. Tá an caidreamh idir Réics agus Fionnuala, idir bleachtair agus bean an tí, éagsúil toisc gur féidir le Réics comhairle a chur uirthi nó orduithe a thabhairt di agus go nglacann sí leis mar gurb é a hathair é. Is iondúil comhrá mar seo a leanas idir an triúr acu, Réics, Brian agus Fionnuala, iad ag gáire agus ag magadh faoina chéile ach in amanna éiríonn argóint idir Brian agus Fionnuala. Sa ghearrscéal, ‘Gealach na gConlach’ in *Réics Carló i gCairlinn* (1952) tá Réics, Fionnuala agus Brian ar saoire cois Fharráige agus déanann Brian cur síos ar an lá agus tosaíonn Fionnuala ag magadh faoi:

“Aoibhinn bheith beo a leithéid seo de lá!” arsan Ruarcach. “Óc,óc, óc!” arsa Fionnuala, agus trua aici dó, mar d’ea. “Nach dtig leat smaoineamh ar chaint éigin nach bhfuil chomh cianaosta léi sin?” “Ó! B’fhéidir gur píosa Fraincise b’fhearr leat, a chailín óig,” arsa Brian. “A Réics, a chroí, is eagal liom go milltear na hógmhána so sna clochair. Ar chuala tú an rud adúirt d’iníon? Níl binnbhriathra na Gaielge maith go leor di anois!” Mhuidh a ghean gáire ar Réics. Bhaineadh sé an-taitneamh as an tsíorargóint a bhíodh ar siúl idir an Ruarcach agus Fionnuala. “Aigne na mban, a Bhrian, a mhic! Nach eol duit go bhfuil sé sin ar rúndiamhara móra na beatha so?” arsa Réics, agus é ag cúbadh go mear. Bhí Fionnuala tar éis máim féir a chaitheamh leis. (*Réics i gCairlinn*, 1952: 28)

Déanann Réics magadh faoi Fhionnuala go minic agus tá an cead sin aige mar athair, níl an léitheoir cinnte cé acu ag súgradh nó i ndáiríre a bhíonn sé. Nuair a dhéanann Brian Ó Ruairc magadh fúithi, is iondúil go n-éiríonn sí crosta leis agus éiríonn teannas idir an bheirt. Sa scéal *Réics Carló ó Shráid Fhearchair* (1952), ag tús an scéil tá Réics ag magadh faoi Fhionnuala agus nósanna cainte na mban agus deir sé, ‘ní teach faoi shíocháin an teach a mbíonn iníon ann’ ach is cosúil go bhfuil sé sásta go bhfuil cúis gearáin aige (1952: 3). Ina dhiaidh sin, bíonn plé idir Réics, Brian agus Fionnuala ar shaol agus ar ghairm an bhleachtair agus tagraítear do mhodhanna oibre Sherlock Holmes agus na bealaí éagsúla a bhí aige dul i mbun fiosrúcháin. Éiríonn argóint idir Brian agus Fionnuala cé acu, fear nó bean, is fearr i dtaobh scéalta bleachtairachta a chumadh nó obair bhleachtairachta a dhéanamh:

“Fionnuala, mo chomhairle d’intinn a leagaint ar do leabhra staire agus tíreolaíochta agus a fhágaint fé na fir aire a thabhairt do chúrsaí coire agus bithiúchachais,” arsa Brian. “Níl aon scríbhneoirí scéalta lorgaireachta chomh maith le Dorothy Sayers agus Agatha Christie. Agus cuimhnigh a phleidhce, gur mná iad san. Éinne dá bhfuil ar chumas na bhfear a dhéanamh tá sé ar chumas na mban an ní sin a dhéanamh i bhfad níos fearr.” a deir Fionnuala. “Is é sin an scéal grinn is fearr dár chualas le seachtain’ arsa Brian. (*Réics Carló ó Shráid Fhearchair*, 1952: 5)

Ní léirítear an ghné cheandána ná neamhspleách de phearsantacht Fhionnuala go minic agus glacann sí le ról an bhean tí agus tuigeann sí go gcaithfidh sí fanacht sa bhaile in áit dul i mbun eachtraíochta lena hathair agus le Brian mar go bhfuil cúraimí eile uirthi, ‘Is uirthi bheadh an t-áthas, dá mbeadh sí ag dul leo. Ach níorbh fholáir di fanúint sa mbaile an turas so. Níorbh fhéidir di an aire ceart a thabhairt don obair tí, dá mbeadh sí leis an mbeirt lorgaire gach uile uair dá dtéidís sin chun siúil (*Réics Carló agus an Maisín Faoi-Thalamh*, 1953: 6). I scéal eile tugtar ordú di fanacht sa bhaile agus cé go bhfuil díomá uirthi, glacann sí le cinneadh a hathar, ‘Ní hobair oiriúnach duitse a Fhionnuala. Beidh orainn dul ina bun id’éamais. Ba dhíomach Fionnuala tar éis an méid sin a chloisint (*Réics Carló agus Mistéire an Oiléain*, 1957: 35). I scéalta áirithe, áfach, ceistíonn Fionnuala na cúiseanna nach mbíonn na deiseanna céanna aici féin agus atá ag Brian dul i mbun fiosrúcháin agus eachtraíochta agus éiríonn teannas eatarthu. Sa scéal *Réics Carló i bParis* (1952), bíonn argóint idir an Ruarcach agus Fionnuala agus an Ruarcach ag iarraidh uirthi filleadh ar an óstán seachas dul i mbun eachtraíochta leis mar go mbeadh sí sa tslí air (1952: 51). Éiríonn Fionnuala crosta maidir leis seo agus deir sí:

“Humt! Ní ceart dom dul leat in aon chor,” arsa Fionnuala. ‘Fan sa bhaile, an turas so!’ ‘Féadann tú teacht liom, an turas so! ‘An síleann tú gur páiste mé? Má thugann tú mórán eile ordú den tsórt san dom, ceannódh gunna maith, agus troidfeadh chun mo shaoirse a bhaint amach.” (*Réics Carló i bParis*, 1952: 53)

Sna scéalta nach bhfuil lonnaithe in Éirinn, is í Fionnuala an t-aon charachtar a dhéanann gearán faoin mbia agus faoin aimsir ach ní bhíonn mórán páirte aici sna codanna sin den scéal a bhaineann leis an

mbleachtaireacht féin. Luaitear í ó am go chéile mar dhuine den ghrúpa a imíonn ag siopadóireacht agus le breathnú ar mhór-radharcanna na gcathracha ina mbíonn siad. Sa scéal *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) tá Fionnuala ag gearán go bhfuil ocras uirthi agus léiríonn an Ruarcach a mhíshástacht do Réics gur tháinig bean leo ar an turas go dtí an Bhreasaíl. Míníonn Réics do Bhrian gurbh éigin dóibh Fionnuala a thabhairt leo, áfach, mar go raibh cócaire ag teastáil uatha agus iad ag taisteal, “Beidh bia ag teastáil uaibh, nach mbeidh?” ar [Fionnuala]. “Agus ní bhfaighfidh sibh aon bhia fóna, mura mbeidh bean libh” (1953: 4). Níos déanaí sa scéal iarrann an Ruarcach ar Fhionnuala fanacht sa champa ach diúltaíonn sí glacadh le hordú uaidh agus tugann an reacaire le fios, ‘Ba chailín cróga í Fionnuala, ba mhinic cheana a bhí sí i gcrua-chás gan a misneach a chailliúint’ (1953: 51). Tugann sí neamhaird ar Bhrian agus imíonn sí leis agus déanann Brian gearán fúithi bheith ceandána agus gan glacadh le treoir uaidh (1953: 56).

Tugann Fionnuala cúnamh dá hathair i gceithre scéal Sa scéal *Réics Carló sna Sáit Aontaithe* (1953) aithníonn Fionnuala fear i ngrianghraif sa pháipéar agus tá a ainm ar eolas aici, ‘cé go gceapann sibh nach bhfuil aon mhaith sna mná bochta, is féidir liom a insint díbh go bhfuilim féin tar éis teacht ar fhíor-ainm an duine uasail úd’ (1953: 43). In *Réics Carló agus Mistéire na n-Éan gan Sciatháin* (1954), cuirtear Fionnuala chuig an gcartlann chun staidéar a dhéanamh ar cháipéisí an Aerfhórsa chun teacht ar an dúnmharfóir. I scéal eile, *Réics Carló agus Cás an Amhránaí Sráide*, iarrtar ar Fhionnuala taighde a dhéanamh agus breathnú trí fhógraí i sean-nuachtáin. Deir Réics gur obair mhí-thaitneamhach é, ‘obair nár mhaith liom féin ná leis an Ruarcach a thuilleadh di a dhéanamh’ (1953: 20) agus is faoi Fhionnuala a fhágtar an cúram. Sa scéal céanna ceistíonn Fionnuala an easpa cothromaíochta idir obair na bhfear agus obair na mná agus tagraíonn sí do thuairimí Fhinn Mhic Chumhail sa chás seo ‘dá mairfeadh Fionn agus an Fhiann bheadh saol ní b’fhearr ag na mná!’ (1953:29). Sa ghearrscéal, ‘Dúnmharú an Tuairisceora’, sa chnuasach *Cás-Leabhar Réics Carló* (1952) iarrtar ar Fhionnuala dul chuig an ospidéal agus ceisteanna a chur i dtaobh tuairisceora a maraíodh mar go bhfuil Réics inmíoch go n-aithneodh duine é agus nach dtabharfaí freagraí dó. I scéalta áirithe tugtar cur síos uirthi mar chailín ciallmhar nach gcuireann spéis i gcúrsaí faisin agus atá cúramach le hairgead ach i scéalta eile tugtar a mhalairt de chur síos. Nuair atá Réics, Brian agus Fionnuala i bPáras tagraítear do mhná agus a suim i gcúrsaí faisin agus deir Réics go bhfuil sé buíoch nach duine de na mná sin í Fionnuala (*Réics Carló i bParis*, 1952: 17). Tuiscint eile atá ag an Ruarcach ar an scéal, áfach:

Réics ag gáire ‘Airgead arís! Innis seo dom, a Ruarcach, an smaoiníonn na mná ar aon rud eile ach ar airgead?’ “Smaoiníonn cinnte,” ar seisean. “ Smaoinid ar chótaí fionnaidh. An bhfaca tú súile d’iníne nuair a bhí sí ag féachaint ar na rudaí atá i siopa Monsieur Solomon?” (*Réics Carló i bParis*, 1952: 31)

Sa scéal *Réics Carló i nDún na nGall* (1956), imíonn Fionnuala ag siopadóireacht agus ag caitheamh airgid agus deir Réics le cara leis, ‘Bíonn na seiceanna caite ag Fionnuala sara dtagann siad, ‘Nach

aoibheann duitse atá gan bean nó iníon a scaipfeadh do chuid maoinne ort! (1956: 59). Is léiriú míchothrom a thugtar ar Fhionnuala, ag amanna is cailín ceandána neamhspleách í ar mian léi éirí amach i gcoinne thoil a hathar ach is iondúil di bheith cúlaitheach, réchúiseach agus dea-mhúinte.

Cé gur iondúil léiriú ar an saol nua-aimseartha i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló, i gcás scéal amháin léirítear íomhá thraidisiúnta de shaol idéalach na hÉireann. In *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) déantar cur síos ar eachtra a tharlaíonn i gClub Honlulu, club oíche i Nua Eabhrac, ina bhfuil Réics Carló, Brian Ó Ruairc agus Fionnuala. Tugann Réics cur síos idéalach de shaol na hÉireann, ar abheith ag suí cois tine le solas na lampaí, agus bheith ag éisteacht le ceol traidisiúnta ach cáineann an bheirt eile íomhá idéalach Réics:

“B’fhéidir go dtaitníonn sé seo libh-se a chairde,” arsa Réics lena bheirt chompánach. “Ach maidir liom féin, b’aibhne go mór liom bheith im shuí, sa gcistin i dtig tuaithe in Éirinn agus acordán a bheith ar a ghlúin ag fear an tí. B’fhéarr i bhfad liom ná solas na lampaí mí-nádúrtha san an solas a thioctadh ó shean-lampa agus ó thine bhreá mhón.” “Airiú, bíodh ciall agat, a Réics!” arsan Ruarcach. “Ná bí chomh sean-aimseartha agus tá tú! Tá tú ag brionglóidigh ar ré atá imithe. Is amhlaidh atá tú ar fán sa ‘gclapsholas Ceilteach. A dhuine chroí, tá an leictreachas againn in Éirinn féin – sa tuaithe chomh maith leis an gcathair!” Bhual Fionnuala a bosa ar a chéile le haiteas. “Maith thú, a Ruarcach!” ar sí. “Tá an ceart agat! Is dóigh lem athair go bhfuil greim docht aige ar a dhúchas; ach, ina ionad san, is amhlaidh atá greim aige ar chóta dhear a shean-mháthair!” Chuala Réics an méid adúirt sí, ach ní thug sé freagra ar bith uirthi. (*Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, 1953:22).

Tagraíonn Adams gur aithris é an chaint seo ar ráiteas Néill Uí Dhomhnaill in *Forbairt na Gaeilge*, ‘Nuair a shíleas scríbhneoirí na Gaeltachta go bhfuil greim docht acu ar a ndúchas is é rud atá barróg acu ar chóta dearg a máthar’ (*Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, 1953:12).

5.3 Réics Carló agus Saíocht na Gaeilge

Ghlac Ó Sándair leis an seasamh go bhféadfaí an Ghaeilge a shamhlú mar ghnáth-theanga agus d’fhéach sé le straitéisí éagsúla a chur i bhfeidhm leis an tuiscint seo a chur in iúl sna scéalta. Níl áit is fearr a léirítear an seasamh seo ná i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus carachtar Réics Carló i mbun eachtraíochta i gcathair Bhaile Átha Cliath, in Éirinn agus i dtíortha agus in áiteanna taobh amuigh d’Éirinn. Bhain straitéisí éagsúla le cur chun cinn na Gaeilge i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló le Gaeilge a léiriú mar ghnáth-theanga chomhaimseartha agus le saol phobal comhaimseartha na Gaeilge a phlé. Samhlaítear an Ghaeilge mar theanga idirnáisiúnta agus mar mhórtéanga an domhain. Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na nGael agus tá an Ghaeilge in úsáid mar theanga chumarsáide in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá an Ghaeilge úsáideach mar theanga chumarsáide i dtíortha agus in áiteanna taobh amuigh d’Éirinn agus tá stádas agus cáil ar an nGaeilge mar theanga dhomhanda agus spéis ag daoine eile í a fhoghlaim chomh maith. Sa scéal, *Na Mairbh a D’fhill* (1943) léirítear an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge agus an tsuim a chuireann náisiúin eile sa teanga. Tugann Brian Ó Ruairc

cuntas ar na cúiseanna a d'fhuadaigh eachtráin é le Gaeilge a theagasc do mhuintir Atlantis ionas gur féidir leo níos mó eolais a fháil amach faoi fhionnachtain eolaithe na hÉireann:

“Tháinig It-Samhna [taoiseach mhuintir Atlantis] isteach agus do thosnuigh sé ag caint liom. Níor thuigeas ó thalamh an domhain cad a bhí ar siubhal aige...’Sé an fáth gur gabhadh mise ná chun teanga na nGaedheal a mhúineadh do mhuintir Altantis! Gach lá ar feadh bliana ‘na dhiaidh san, tugadh ós comhair ranga ina raibh fiche Atlantaidheach óg mé. Dheineamar comharthaí le chéile agus gach aon tsaghas geáitsí chun sinn féin do chur i dtuigsint dá chéile. Caithfidh mé a rádh go raibh siad go léir go deas liom, ach bhí mo chroidhe á chrádh le cumha, i rith an ama go léor. I gceann bliana do bhí an Ghaeghluinn aca-san agus Atlantis agam-sa. Diaidh ar ndiaidh do fuaireas amach gach eoluis i dtaobh na háite agus i dtaobh an chine iongantaigh seo; ach ní bhfuaras seans éalódh glan uatha chun an sgéal a thabhairt do’n domhan. (*Na Mairbh a D’fhill*, 1943: 13-14).

Ón gcéad scéal leagtar béim ar an nGaeilge agus ar fhoghlaim agus ar theagasc teangacha le gur féidir aithne a chur ar a chéile, eolas a mhalartú agus cumarsáid a dhéanamh idir daoine. Tagann sé seo le tuiscint Uí Shándair ar Nua-Éirinn, ‘áit ba ea í ‘Nua-Éire’ Uí Shándair freisin inar labhraíodh Gaeilge go forleathan ach nach raibh eagla ar na daoine inti roimh úsáid an Bhéarla ná roimh thionchar na teanga sin ná roimh thionchar teangacha eile ach oiread ina measc Fraincís, Spáinnis, Sínis (Adams, 2014: 141).

Tugann Réics aitheantas do shuíomh teagmhála agus do chomhthéacsanna sóisialta ina n-úsáidtear an dá theanga Gaeilge agus Béarla, ach is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na gcarachtar, in Éirinn agus thar lear. Ní léirítear an Ghaeilge mar theanga atá i mbaol a báis ach a mhalairt, léirítear forás agus forbairt na teanga agus tugtar cur síos ar an spéis atá ag foghlaimoírín in áiteanna taobh amuigh d’Éirinn an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Admhaíonn Réics, áfach in dhá scéal, go bhfuil meath ag teacht ar an teanga agus luaitear meath na teanga i gceantar Gaeltachta agus teanga Oileán Mhanainn agus an cainteoir deireanach. Deir Réics gur ábhar díomá dó an meath i gceantar Gaeltachta Ó Méith, ‘áit ina raibh an Ghaeilge beo go dtí dhá scór bliain nó mar sin ó shoin’ ach gur dúnadh Coláiste Gaeilge Ó Méith agus leis sin go raibh ‘deireadh leis an gcoláiste agus leis an nGaeilge dúchasaigh’ (*Réics Carló i nDún Dealgan*, 1956: 26). In *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980), cuireann Réics suim i saíocht na teanga dúchais atá á caomhnú trí mheán na nua-theicneolaíochtaí:

Chinn Réics ar an bpointe an caiséad iontach nua seo a cheannach. Bhí leabhar ag gabháil leis, freisin, agus an chaint go léir ann, í scríofa sa litriú Manannach, agus aistriúchán Béarla ar an iomlán. Ba sheoid é mar chaiséad, ceangal breá leis an am a bhí. Nach raibh guth Ned Maddrell féin air, an cainteoir dúchais deireanach a fuair bás Lá Fhéile Stiofáin, 1974! (Ó Sándair, 1980: 80-81)

Maidir le stádas an Bhéarla mar theanga dhomhanda, tagraítear don Bhéarla in dhá scéal éagsúla, mar atá *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) agus *Réics Carló i Meicseó* (1955). Ní luaitear an Béarla go sonrath

sna scéalta eile, rud atá suimiúil ann féin. Sa scéal *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) tá eachtráin tar éis tuirlingt sa Bhreasail agus tá cinneadh déanta acu Béarla a fhoghlaim toisc gurbh é an teanga sin a labhraítear sna Stáit Aontaithe agus i Sasana (1953: 31). Tá sé seo éagsúil ó scéalta eile mar a gcinneann daoine ar an nGaeilge a fhoghlaim le heolas a chur ar shaineolas eolaíochta agus teicneolaíochta na nGael. Is mar seo a leanas a thugann an t-eolaí, Hutchinson, cuntas ar na heachtráin agus na tuiscintí atá acu i leith theangacha an domhain:

“Is amhlaidh ghabhadar mise chun go ndéanainn teanga an domhan-chinidh ‘mhúineadh dóibh. Cheap siad-san nach mbeadh á labhairt ar fud na plainéide seo, ach aon teanga amháin. Nuair a bhíos-sa i ndon comhrá ‘dhéanamh leo ina dteangain féin, d’inseas dóibh go bhfuil na céadta teanga á labhairt sa domhan so; agus is ar éigin a chreideamar mé. B’an-ait lei é sin mar scéal. B’ é an tuairim go mb’fhearr go mór do mhuintir an domhain bheith ag labhairt na haon-teangan. D’inseas dóibh go bhfuil teangain ann a dtuigtear go réasúnta foirleathan – Laidean, Fraincis, Béarla agus dá réir sin. Nuair a bhí an méid sin tuigte acu, chinneadar ar an mBéarla d’fhoghlaim, toisc gurb é atá coitianta sna Stáit Aontaithe agus i Sasana. (*Réics Carló sa Bhreasail*, 1953: 30-31)

Tá sé spéisiúil chomh maith nach luann Hutchinson Gaeilge i liosta mhórtéangacha an domhain, ach seans go mbaineann sé sin le tuiscint Hutchinson seachas le tuiscint agus meas Réics ar an nGaeilge mar mhórtéanga. Sa scéal *Réics Carló i Meicséó* (1955), tagraítear do Réics ag labhairt Béarla le buíochas a ghabháil le grúpa fear atá tar éis iad a shaoradh ó shaighdiúirí Mharsanillo (taoiseach):

“Táimid fé chomaoin mhóir agaibh, a fheara!” ar sé [Réics] óna chroí i mBéarla. “Hó-hó!” arsa duine de na Poncánaigh. “Ní Meicsiceach é, in aon chor!” “Ní Meicsiceach éinne díobh ach duine amháin,” arsa fear eile. “Is cuma cé hiad féin, is léir ach bhfuil saighdiúirí Mharsanillo ró-cheanúil orthu,” arsan tríú fear. “A chairde, chreidfinnse an té adéarfadh liom nach bhfuil siad ró-chompordach ach oiread!” Rinne a chomrádaithe gáire. Tharraing duine acu scian as a crios agus ghearr sé na téadracha cheangail do bhí ar na príosúnaigh [Réics, Fionnuala, Brian agus Seámas Mac Éinrí]. (*Réics Carló i Meicséó*, 1955: 17).

Sna scéalta eile, amh, glactar leis go bhfuil stádas ag an mBéarla mar theanga dhomhanda agus go bhfuil an stádas céanna ag an nGaeilge chomh maith. Ní thagraítear do náisiúntacht Réics ná na príosúnaithe eile, ach tá an chosúlacht air nach gcuireann sé isteach ar Réics go gceapfadh duine den ghrúpa fear gur Meicsiceach ná Sasanach é. Tá sé seo éagsúil ó chuntais in dhá scéal eile, *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980). Sa scéal, *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) tá Réics ag cur agallaimh ar únéir chlub oíche, Sartini, agus cé go ligeann an bheirt orthu go bhfuil siad cairdiúil lena chéile, léirítear teannas sa chaidreamh:

“Is mé an t-únaer,” ar sé [Sartini], agus aobh beag gháire air. “Sea, táimid bródúil as an gClub Honolulu. Déanaim féin iarracht chun aithne pearsanta chur ar na haoithe thagann anso. Is maith liom seirbhís sásúil a thabhairt dóigh agus iad a mhealladh chun teacht chugainn go gnásúil. An raibh sibh-se anso cheana? Ní cuimhin liom sibh d’fheiscint.” Ba mhaith dob eol dó nach rabhadar ann cheana; ach labhair sé chomh

séimh sin go mba dhroch-mhúinte an mhaise do dhuine gan bheith séimh leis. “Ní rabhamar anso cheana,” arsa Réics go cairdiúil. “Is é seo an chéad uair dúinn an pléisiúr san a bheith againn.” “Ní Meiriceánaigh sibh,” arsa Sartini, agus é ag féachaint orthu ó dhuine go duine. “Sasanaigh, b’fhéidir?” “Éireannaigh,” arsa Réics. “Tá roinnt bheag Éireannach sna Stáit Aontaithe cheana féin, do réir mar a chloisim.” (*Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953: 25)

In *Réics Carló ar Oiléan Mhanann* (1980) casann Réics ar namhad leis, Randa Dahl. Chas an bheirt ar a chéile cheana sa scéal *Súile an Íodhail* (1943) ach ligeann Randa Dal air nach bhfuil aithne aige ar Réics:

“Randa Dal?” arsa Réics... “Sin é m’ainm, gan amhras – ainm, ar ndóigh, atá thar a bheith coitianta i measc mo chomhthíreach. As Sasana daoibhse mura bhfuil dul amú orm?” Rinne na hÉireannaigh ionadh de dhánacht an duine agus dá chumas aisteoireachta. “Ceapaim gur casadh ar a chéile sin cheana – in Éirinn,” arsa Réics ar nós cuma liom. “Uair nó dhó nó trí”. Chroith Dal a cheann. “Tír álainn, cloisim. Ba mhínic rún agam cuairt a thabhairt uirthi. Ach níor éirigh liom dul ann. Sa séasúr – sin, sa séasúr turasóireachta – bím an-chruógach anseo, mar is léir daoibh.”... Bhreathnaigh Randa Dal ó dhuine go duine agus cuma mhearaithe theanntaithe ar a aghaidh. “Ní thuigim do chuid cainte, a dhuine uasail,” aar sé. “Níl ionamsa ach Oirthearach simplí gan chlaon gan chluain” (*Réics Carló ar Oiléan Mhanann*, 1980: 65).

Léirítear neamhiontas sa chaoi is go gceistíonn Randa Dal dúchas Réics. Ní thagraítear don chomhrá a bheith i mBéarla ná i nGaeilge Mhanannais, agus dá réir sin glactar leis go bhfuil an comhrá as Gaeilge. Sa scéal, *Súile an Íodhail* (1932) agus Randa Dal ag teitheadh ó Réics, déantar cur síos ar Ghaeilge agus ar Bhéarla bheith ar a thoil aige agus a theanga dúchais féin. Cé nach luaitear teideal ná ainm a theanga dúchais, tagraítear do Randa bheith feargach agus bheith ag cur mallachtaí ar dhaoine ina theanga dúchais féin:

Tá slighe dá gcuid féin ag gach éinne chun fearg a chur i gcéill agus tá múnlaí ag gach aon duine a mbaineann sé úsáid asta nuair a bhriseann ar an bhfoighne aige. Níorbh í an Ghaedhilge ná an Béarla teanga dúchais Randa Dal, cé go rabhadar go maith aige, agus mar sin ba dheacair d’Éireannach a dhéanamh amach cad é an bhrígh a bhí leis an sruth cainte a bhí sé a chur de fé n-anáil. Bheadh tuairimí ag duine, ámhthach, dá mbeadh a fhios aige cá raibh Randa Dal agus cad é an cumhangrach ina raibh sé... Bhí gach aon mhallacht a chur aige ina teangain ársa féin ar na daoine ba chionntsiocair leis an ríocht ina raibh sé. (*Súile an Íodhail*, 1943: 53-54)

Is Baile Átha Cliathach ó dhúchas é Réics Carló agus léirítear é mar Ghaeilgeoir, ní thugtar aon chúlra ná míniú ar na bealaí ar fhoghlaim sé Gaeilge. Labhraíonn Réics faoi chanúint Bhaile Átha Cliath in *Réics Carló i Londain* (1954) agus é ag súil le fillleadh ar Éirinn, ‘B’é a mbarúil nach gcloisfí canúint ba dheise ná canúint Bhaile Átha Cliath. Nach rabhdar ar ais ar a nádúr? (1954: 61). Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide laethúil Réics Carló agus labhraíonn sé Gaeilge agus é ag plé lena iníon, lena chúntóir Brian, le Gardaí Síochána agus le hoifigigh Stáit in Éirinn, agus le gnáthdhaoine agus le hoifigigh i dtíortha eile lonnaithe taobh amuigh d’Éirinn. Pléitear ceist na Gaeilge agus Réics i mbun

eachtraíochta sna scéalta idirnáisiúnta ach mar sin féin tagann ceist na Gaeilge chun cinn agus Réics ag plé le daoine in Éirinn chomh maith. Tuigtear dúinn gur Gaeilge atá mar theanga chumarsáide Réics agus go bhfuil sé líofa sa Bhéarla chomh maith ach is iondúil go bhfágтар é ag carachtair eile teangacha eile a labhairt agus a fhoghlaim agus dul i mbun cumarsáide le daoine agus le pobal eile, mar shampla, Dr Leon ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), Fionnuala in *Réics Carló i bParis* (1952), Brian in *Réics Carló sa tSín* (1953). Is é Dr Leon a mhúineann Gaeilge d'eachtráin ar Mhars (*Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951: 23), is í Fionnuala a labhraíonn Fraincís agus iad san Fhrainc sa scéal *Réics Carló i bParis* (1952: 16), agus is é Brian a cheannaíonn na leabhair *Sínis i seachtain* agus *Sínis gan Deora*, le Sínis a fhoghlaim agus a labhairt agus iad sa tSín (*Réics Carló sa tSín*, 1953: 25). Déanann Réics neamhiontas den réaltacht shochtheangeolaíoch teanga agus fágтар faoina chomhghleacaithe, Brian Ó Ruairc, an Dr. Leon agus a iníon Fionnuala plé le heachtráin agus le heachtrannaigh eile.

I roinnt mhaith scéalta Chlub Leabhar Nua-Éireann léirítear an Ghaeilge mar theanga ar mian le heachtrannaigh a fhoghlaim le heolas a chur ar mhodhanna eolaíochta agus teicneolaíochta na nGael, *Na Mairbh a D'Fhill* (1943), *An Gluaisteán Sídh*e (1945), 'Réics Carló ar Mhars' in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951). In *Na Mairbh a D'Fhill* fuadaíonn muintir Atlantis Brian Ó Ruairc agus é ar laethanta saoire sa Spidéal le Gaeilge a theagasc do mhuintir Atlantis. Tá muintir Atlantis ag cur fúthu i bpluais amuigh ó chósta Iarthar na hÉireann atá ag iarraidh bóthar a thógáil faoi thalamh chomh fada le coilíní san Oirthear agus an domhan a chur faoi smacht (1943: 14-16). Tuigtear dóibh má éiríonn leo foirmli an eitealláin do-fheicthe a léamh agus a thuiscint, foirmli atá i nGaeilge, gur féidir leo na céadta eitleán eile a thógáil agus ionsaithe a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann agus ina dhiaidh sin smacht a fháil ar an domhan ar fad. In *An Gluaisteán Sídh*e (1945) tagann dochtúirí léannta ó Shalonia go hÉirinn le Gaeilge a fhoghlaim agus imíonn siad chun na Gaeltachta le léamh agus staidéar a dhéanamh ar shean-lámhscríbhinní, le héisteacht leis an nGaeilge agus taifead a dhéanamh ar dictafón agus cé go bhfoghlaímíonn siad Gaeilge tá blas eachtrannach ar a gcuid cainte:

Bhíodh dochtúirí léigheannta ó Shalonia ag taisteal na hÉireann 'san am úd agus iad ag déanamh staidéar ar an nGaodhluinn, ar shean-lámhscríbhinní, ar sheandálaí agus ar chuile rud den chineál san. Bhíodh siad san Ghaedhealtacht agus a gcuid leabhar nótaí leo, agus a gcuid dictafón. B'fhuirist do rialtas Shalonia roinnt fear a chur anall ina measc súd agus gan suim dá luighead acu ins na neithe sin ach amháin gur thugadar caoi dóibh imtheacht ó áit go háit agus gan éinne 'á gceistiú. Deineadh san, toisg go bhfuarthas cúpla mianach litnium in Éirinn, agus séard a bhí ó mhuintir Shalonia áit den tsórt san d'fagháil agus é a cheannach. (*An Gluaisteán Sídh*e, 1945: 20)

Sa scéal 'Réics Carló ar Mhars' in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*, is iad na Gaeil atá le teanga 'eile' a fhoghlaim. Tá deachtóir i gceannas ar Mhars agus tá tuiscint aige ar an tábhacht a bhaineann le teangacha nua a fhoghlaim le cumarsáid a dhéanamh agus le heolas a fháil ó dhaoine eile. Tá na Gaeil

gafa i bpríosún agus tá brú orthu an teanga Mhairseach a fhoghlaim ionas gur féidir leo cúnaimh a thabhairt d'eolaithe Mhars. Cuirtear múinteoirí scoile chuig na Gaeil agus tá siad le cur chun báis más rud é go dteipeann orthu sna scrúduithe cainte. Is é an Dr. Leon is fearr le teangacha nua a fhoghlaim agus cé go bhfuil teangacha eile de chuid na hEorpa agus an Oirthir go líofa aige, is teanga éagsúil ar fad ar fad í an teanga Mhairseach. Sa chás eisceachtúil seo, is gá do na hÉireannaigh teanga a fhoghlaim agus eolas a roinnt le heachtráin ionas gur féidir leo éirí amach i gcoinne deachtóra.

I scéalta eile atá lonnaithe taobh amuigh d'Éirinn tá Gaeilge líofa ag muintir na tíre, mar shampla in *Réics Carló san Aifric* (1951) tá sliocht Fhinn Mhic Chumhaill ag cur fúthu sa Chongó leis na céadta bliain agus Gaeilge á labhairt acu. In *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) cuireann Réics, Brian agus Fionnuala aithne ar phóilín a d'imigh ar imirce go Nua Eabhrac – is as Maigh Eo dó ó dhúchas agus tá Gaeilge aige. Sa scéal *Réics Carló sa tSín* tá roinnt mhaith de mhuintir na Síne líofa sa Ghaeilge, 'd'fhoghlaimíodh Síniigh agus Seapánaigh léannta teangacha mar an Ghaeilge sna scoltacha agus sna coláistí' (1953: 27), agus dá bhrí sin labhraítear Gaeilge sa tSín agus níl aon cheist ná plé i dtaobh teangacha eile. Cuirtear seasamh Réics i dtaobh stádas na Gaeilge in iúl ar dhá bhealach; go simplí glactar leis gur teanga í an Ghaeilge a labhraítear go forleathan ar fud na cruinne agus sa dara háit ceapadh nua-théarmaíocht le coincheapa nua-aimseartha a léiriú sa Ghaeilge le taispeáint go bhféadfadh an Ghaeilge dul i ngleic le saol na cathrach agus leis an saol nua-aimseartha.

Tugadh cuntas i gCaibidil 1 ar na ceisteanna a tháinig chun cinn maidir le caighdeán agus cumas Ghaeilge Uí Shandair i measc eagarthóirí agus phiarmheasúnóirí an Ghúim. Is léir ó chéad chomhfhreagras Uí Shandair le Seán Mac Lellan go raibh rún aige aithris a dhéanamh ar chaint bheo na Gaeltachta agus chloígh sé leis an rún a bhí aige i gcéadeachtra Réics Carló, *Na Mairbh a D'Fhill* (1943), cinneadh a mhínigh sé do Mac Lellan:

I have used simple Irish and where technical terms were necessary I have followed the example of the people in the Gaeltacht in call a motor-car 'mótar'; petrol, 'petrol' and so on. I sincerely hope, and it is my opinion that the average reader born and bred to English will follow the story with ease. (Comhad N1036).

Cé go raibh an cineál cleachtais sin oiriúnach d'fhocail áirithe is léir nach bhféadfaí an cleachtas seo a úsáid le cur síos a dhéanamh ar choincheapa agus ná ar ghnéithe nua-aimseartha, mar shampla, arm ollscriosta a bhainfeadh leis an gcumhacht adamhach nó spástaisteal ná le giuirleídí éagsúla a bhainfeadh le hobair bhleachtairreachta. Sna cásanna seo bhí straitéisí éagsúla de dhíth le haistriúcháin a dhéanamh ar choincheapa agus ar ghiuirleídí. Bhí straitéisí éagsúla ag Ó Sándair. I gcásanna áirithe is traslitríú ar fhuaimneanna Béarla a rinne sé, agus i gcásanna eile is aistriúcháin ar bhrí agus ar choincheap, agus i gcásanna eile is cosúil gur ceapadh téarma as an nua. I gcás traslitríú ar fhuaimneanna Béarla is fiú na samplaí seo a lua; 'scriúaire' ar 'screwdriver', 'bombaí deor-gheasa' ar 'teargas bombs',

telefónaí’ ar ‘telephonist’, ‘neirbhíni’ ar ‘nerves’, ‘ceansar’ ar ‘cancer’ agus mar sin de. I gcás aistriúcháin ar théarmaí eile feictear bunús na bhfocal Gaeilge mar shampla, ‘ga-ghunnaí’ ar ‘ray-guns’, ‘carrlann’ ar ‘carpark’, ‘spéar-fheithicil’ ar ‘sky-vehicle’. I gcás focal nua is iondúil a rinneadh comhfhocail a chumadh, mar shampla, ‘miondracán’ ar ‘microscope’, ‘sruth-dhoras’ ar ‘trapdoor’, ‘bréag-ghraf’ ar ‘fake photograph’, ‘snámh-fhola’ ar ‘headrush’, ‘rae-roithleacán’ ar ‘head-spin’. Is iondúil a luaitear an focal i gcomhthéacs agus go dtugtar míniú ar an mbrí agus ar an gcoincheap in insint an scéil, nó i gcuntas an reacaire. Ina dhiaidh sin, téann na carachtair ar fad i muinín na nua-théarmaíochta gan aon chur ina choinne.

I bhformhór na scéalta luaitear amhráin agus dánta i nGaeilge agus i dteangacha eile. Samplaí de na tagairtí seo is ea *The Three Caballeros* agus Donnacha Rua in *Réics Carló sa Bhreasail* (1953); filíocht Wordsworth agus Réics Carló ag déanamh cur síos ar chathair Londain in *Réics Carló i Londain* (1954); ‘Amhrán Bhán Chnoic Éireann’ agus ‘La Chanson des Scouts’ in Réics Carló ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951); Seamas Dall Mac Cuarta agus Seamas Mac Murchadh Smólach na Gaeilge agus na hamhráin ‘Auld Lang Syne’ agus ‘Táimse i mo Chodladh’ in *Réics Carló i gCairlinn* (1952). Ach amhráin agus dánta a lua, léiríonn Réics go bhfuil cur amach aige ar chultúir eile agus léiríonn a chomhluadar spéis sna gnéithe seo chomh maith, ach is minic a luann sé amhráin agus dánta Éireannacha díreach tar éis amhráin agus dánta eile a chanadh agus a aithris agus is dóigh go ndéantar é seo le taispeáint go bhfuil a leithéid ann sa Ghaeilge, atá ar comhchéim nó níos fearr fós. Sa scéal ‘Réics Carló i bPort Láirge’ in *Réics Carló i bPort Láirge* (1955) tá Réics, Fionnuala agus Brian sa tóir ar choirpeach atá ag taisteal ó Phort Láirge go teorainn an Tuaiscirt tar éis dó duine a dhúnmharú. Le linn dóibh bheith ag taisteal, tosaíonn Réics ar thráth na gceist staire a reáchtáil:

“Ceist agam oraibh, a chairde!” ar sé [Réics] “An raibh a fhios agaibh go dtug gach duine de thrí ríthe eachtrannachta cuairt ar an gcathair seo ina am féin?” “Má thug féin, ní dócha gurb éinne dhíobh sin a dúnmharú i bPáirc na Simasaí anocht,” arsan Ruarcach. “Ach fágaimis sin mar atá sé. Cérbh iad na trí ríthe, mura miste a fhiafraí?” “An Dara Risteárd, tháinig sé i dtír anseo, agus coróiníodh é,” arsa Réics. “I mbliain a 1399 a tharla an mhíed sin. An Dara Séamas, chuaigh sé ar bord loinge anseo agus é ag teitheadh roimh a chliamhain ó Chath na Bóinne, agus an cluamhain sin féin, an Tríomhadh Liam, chaith sé scathamh anseo!” (*Réics Carló i bPort Láirge*, 1955: 21-22)

In *Réics Carló i gCorcaigh* (1954) agus Réics, Fionnuala agus Brian ag taisteal go Corcaigh sa charr, is deis arís é seo do Réics cúrsaí cultúir, staire agus dinnseanchais a phlé. Tugann Réics cuntas ar stair agus ar logainmneacha Chorcaí, tosaíonn sé ag aistriú an amhráin Bhéarla ‘The Bank’s of The Lee’ go Gaeilge, pléann sé bunús na logainmneacha agus ciall an fhocail ‘Corcach’ agus tugann sé eolas faoi Eaglais Naomh Áine agus Eaglais Naomh Fionnbar (1954: 25-27). Tá roinnt mhaith tagairtí do sheanfhocail, d’amhráin agus do dhánta sa scéal *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980) agus is minic

do Réics aistriúchán a dhéanamh ar fhógraí agus ar nathanna cainte i nGaeilge Mhanann go Gaeilge na hÉireann. Leagtar an-bhéim sa scéal seo ar an gceangal Ceilteach idir Éireann agus Oileán Mhanann agus ar thuiscintí a bheadh ag Éireannach ar theangacha dúchais nach mbeadh ag an mBéarlóir. Tá an scéal seo éagsúil ó gach aon scéal eile sa tsraith mar is é seo an chéad uair do Réics bheith ar saoire ag tús na heachtra. Chomh maith leis sin, deir Réics go bhfuil spéis faoi leith aige i dteanga dhúchais an oileáin agus cuireann sé suim i ngnéithe teangeolaíochta:

Turas príobháideach a bhí ann, ar mhaithe le scíth agus sonas agus sláinte. Má bhí spéis aige in aon ní seachas saoire, ba é sin teanga dhúchais an oileáin, “chengey ny mayrey,” an teanga mháthartha, an chanúint álainn Ghaelach a raibh cumann áitiúil Yv Cheshaght Ghailckagh, ag iarraidh a choinneáil beo. Rith cúpla líne den aistriúchán Manannach ar amhrán náisiúnta na mBreatnach *Hen wlad fy Nhadau*, trí cheann an lorgaire: Tá teanga na máthartha fíor-fiú do mo chroí/ Seanteanga na mbard, na saor aigne’s na rí/ Chomh fada is tá muir ag líonadh ‘s ag trá, ‘Sea mhairfidh ár dteanga faoi bhláth. (*Réics Carló ar Oileán Mhanann*, 1984: 18)

Leagtar béim ar chultúr agus ar shaíocht na dteangacha dúchais agus ar an gceangal Ceilteach. Tugtar faoi deara, áfach, nach bhfuil an ghluaiseacht chéanna in eachtraíocht an scéil seo i gcomparáid le scéalta luatha Uí Shándair; mar gheall ar an dua a chaitear le comhthéacs agus cúlra na teanga a mhíniú don léitheoir, cailltear cuid den ghluaiseacht agus den spreagach a bhain le heachtraí eile Réics.

5.4 Caidrimh le muintir na hÉireann agus le pobail eile

Tugtar léargas ar mheon agus ar dhearcadh Réics Carló i leith daoine agus pobal eachtrannach i bhformhór scéalta Chlub Leabhar Réics Carló. Bíonn Réics ag plé le daoine agus le pobail eile in Éirinn agus in áiteanna taobh amuigh d’Éirinn. Sna scéalta atá lonnaithe in Éirinn, tugtar léargas an-simplí ar theagmháil Réics le daoine agus le pobal ó thíortha eile agus tá sé seo le sonrú sna scéalta luatha go háirithe. Sna scéalta seo is eachtrannaigh atá le hionsaí agus le hionradh a dhéanamh ar Éirinn agus léirítear íomhá dhiúltach den eachtrannach in Éirinn, mar shampla in *Na Mairbh a D’fhill* (1943), *An t-Eiteallán Do-fheicthe* (1943), *Dúnmharú i bPáirc an Chrócaigh* (1944), *An Gluaisteán Sídh* (1945), *Súile in Íodhail* (1947). Léirítear féiniúlacht láidir Ghaelach sna scéalta ar fad atá lonnaithe thar lear agus na scéalta eile a bhaineann leis an spás-thaistéal agus Réics ag plé le daoine agus le heachtraín; *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951), ‘Réics Carló ar Mhars’ in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló sa tSín* (1953), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló i Londain* (1954) agus *Réics Carló i Meicsicó* (1955), *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980).

I bhformhór scéalta Chlub Leabhar Réics Carló is eachtrannaigh iad na coirpigh, i bhfianaise a n-ainmneacha nach ainmneacha Gaelacha iad, mar shampla tá Bairní, Hans, Nicó, Maicsí, Stefan,

Petrobh. Chomh maith leis sin, is minic a thugtar le fios go mbíonn teanga eile á labhairt ag na coirpigh, cé nach luaitear cén teanga féin (*Réics Carló agus Mistéire an Oileáin*, 1957: 54-55). Sa scéal, *An Gluaisteán Sídh*e (1945) gabhtar Réics agus Brian beirt agus caitear isteach i bpluais faoi thalamh iad. Tá inní orthu beirt mar nach dtuigeann siad canúint na bhfear atá á gcoinneáil:

“Is iomaí uair a bhíomar i mbaoghal cheana, a Bhrian, ach is í seo an chéad uair nach raibh ‘fhios againn ó thalamh an domhain cad a bhí i ndán dúinn! Thabharfainn Éire gan roinn ach a fhagháil amach cad a bhí i gceist ag mo dhuine nuair adubhairt sé go raibh beartaithe aige sinn a chur ag obair dó. Ní thuigim é, a Bhriain, agus rud ar bith nach dtuigim, ní maith liom é”... “Codladh Fiann a bheas againn anocht. Úch, a Fhinn Mhic Chumhaill, cá bhfuil tú anocht nach féidir leat Clanna Gaedheal d’fheisghint agus iad chomh bog san ionnta féin gur deacair leo dul a luighe ar an talamh? Agus o’s ag caint ar chlannaigh Gaedheal atáimid, bhí blas eachtrannach ar chainnt ár gcarad, a Bhriain. Coimhthigheach atá ann, táim cinnte. N’fheadar cad tá ar siubhal aige anseo?” (*An Gluaisteán Sídh*e, 1945: 54-55)

Ní thugtar cur síos soiléir ar aidhmeanna ná ar chúiseanna na n-eachtrannach le hionsaí nó le comhcheilg a bheartú agus díronn an insint ar scéal Réics. Baineann an ghné seo le seánra an scéinséara, dá réir sin is léiriú an-simplí ar thugtar ar mheon agus ar chúiseanna na gcoirpeach agus is léiriú aon-taobhach ar na carachtair seo. Déantar idirdhealú idir Réics agus na Gaeil ar thaobh amháin agus na heachtrannaigh agus na coirpigh ar thaobh eile. Is aithris é seo ar shraithscéalta eachtraíochta a foilsíodh i Sasana i dtreo dheireadh an naoú haois déag agus ina dhiaidh sin a d’fhéach le hidé-eolaíocht na hImpireachta a chur chun cinn agus dearcadh diúltach a léiriú den eachtrannaigh agus de bhundúchasaigh:

Foreigners were seen as threats by many. The possible and actual invasion of England by Russians, Germans, and the French was a constant feature in boy’s serials at the turn of the century; these stories portrayed foreign nations as bellicose and filled with jealousy and hatred for Britain. Sometimes the stories were obviously nonsensical, as when Chinese war balloons invaded the island, but on the whole they encouraged xenophobia and chauvinism. (Knuth, 2012: 63)

Sa ghearrscéal ‘Na Stróinséirí ón bhFarraige’ in *Réics Carló ó Shráid Fhearchair* (1952), tá smugláil ar siúl ag fear áitiúil, Brian Ó Cuinn, i gCairlinn agus tá Réics agus Brian i mbun fiosrúcháin. Níl Réics ná Brian cinnte faoi na cineál earraí atá ag teacht i dtír ach de réir a chéile tuigtear dóibh go bhfuil fir agus armlóin i gceist. Measann an ceannaire (eachtrannach) go bhfuil cogadh eile le tarlú agus tugann sé cuntas ar na cúiseanna a bhfuil smugláil armlóin agus fear á dhéanamh acu:

“Bhuel, a fheara,” ar seisean, “Fé mar is eol díbh féin, tá sibh-se mar shaghas de ‘Chúigiú Cholún’ sa tír seo. Tá an cogadh ag teacht; féadaimid bheith cinnte de sin...Beidh Éire i lár réigiún an chogaidh. Tá trealamh foirleatha againne sa tigh ina bhfuilimid. Agus tá armlann beag, freisin againn anso. Tá fhios agaibh nárbh fhéidir le héinne againn teacht isteach sa tír seo go dleathach. Ní thabharfaí ceadúnas cónaithe dúinn. Coinnítear súil ró-ghéar ar eachtrannaigh – agus tá ár bhfaisnéis ag boic an Chaisleáin, pé scéal é. D’íocas cuid mhaith airgid chun sibh a thabhairt isteach i ngach fhios do na húdaráis. Maidir le Brian Ó Cuinn, tá turas amháin eile le déanamh aige – chun tuilleadh beag fhear a thabhairt i dtír. Ní bheidh gá againn leis nuair a bheidh an méid sin déanta aige. Caithfimid é ‘cur as an mbealach, an uair sin’. (*Réics Carló ó Shráid Fhearchair*, 1952: 58)

Sampla eile is ea *Réics Carló agus Mistéire an Oileáin* agus an cur síos a dhéanann an reacaire ar theastais bheith ag eachtrannaigh agus ar fhir eachtrannacha atá ag cur fúthu ar oileán amach ó chósta Bhaile an Iascaire. Tá cónaí ar an Ollamh Smit ar an oileán agus is mar seo a leanas a dhéantar céad chur síos air, ‘Deirtear gur ‘Fear na nÉan, Ollamh Smit ná céacú Gearmánach nó Rúiseach nó Síneach é. Tá ainm an-aisteach air ach ní thugaim féin air ach Fear na nÉan (1957: 6). Lá amháin imíonn buachaillí óga amach ag rámhaíocht timpeall an oileáin agus casann an tOllamh Smit orthu agus tugann sé íde béil dóibh, tá na buachaillí ar buile leis sin agus tugann siad amach faoi ‘Allúrach nach bhfuil a fhios cad as é agus é ag iarraidh bheith ag tíorántacht ar Éireannaigh ina dtír dhúchais féin! (1957:9). Tá fear amháin, Stefan, á choinneáil ag an Ollamh Smit i gcoinne a thola agus iarrann Stefan ar Réics cúnamh a thabhairt dó éalú agus teastas a scríobh ar a shon ionas nach ngabhfaidh na gardaí é (1957: 55). Is ábhar inní do mhuintir na hÉireann é an t-eachtrannach in Éirinn agus is léiriú aontaobhach a thugtar. I gcomparáid leis seo déantar cur síos níos sonraithe ar theagmháil Réics le daoine agus le pobal eile sna scéalta atá lonnaithe thar lear agus lonnaithe ar an nGealach agus ar Mhars. Tugtar cuntais ar thimpeallacht agus ar thírdhreach, ar theanga agus ar chultúr eile agus go hiondúil léirítear íomhá dhearfach den chaidreamh idir Réics agus daoine agus pobal eile. Is samplaí iad na scéalta seo den íomhá dhearfach a léirítear: *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló ar Mhars* in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951), *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló i Londain* (1954), *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953), *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984). Cé go mbaineann gné bhleachtairachta leis na scéalta ar fad, díol suime go mbaineann comharthaí sóirt de chuid na fantaisíochta agus de chuid na ficsean-eolaíochta le scéalta áirithe, mar shampla taistealaíonn Réics agus a chairde ar spáslong go Mars agus go dtí an Ghealach sna scéalta *Réics Carló ar Mhars* in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* agus in *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951), agus taistealaíonn Réics agus a chairde go Mótár-Choillte Amasonia le plé le heachtraín agus fochupáin eite sa scéal *Réics Carló sa Bhreasail* (1953).

Léirítear claontaí agus ciníochas sa phlé idir Réics agus muintir an Oirthir sna scéalta atá lonnaithe in Éirinn agus taobh amuigh d’Éirinn. Ní hionann sin agus an dearcadh a léirítear i leith an chine ghoirm Cuirtear muintir an Oirthir i láthair mar choirpigh agus tugtar cur síos ar dhearcadh saoil na ndaoine bheith iomláin éagsúil ó mhuintir an Iarthair. Ina choinne sin, léirítear an cine gorm agus dúchasaigh mar dhaoine simplí, mar dhaoine a chreideann i bpiseoga, agus mar dhaoine atá á choinneáil faoi chois. Tá ról ar leith ag Réics sa phlé leis an dá dhream; is é Réics an laoch a ghabhann agus a chuireann an dlí ar mhuintir an Oirthir agus is é Réics an laoch a thugann cúnamh agus spreagadh don chine gorm agus do dhúchasaigh éirí amach i gcoinne na n-údarás. Cé go bhféadfaí claontaí in aghaidh mhuintir an Oirthir a mheas mar chiníochas agus mar léiriú steiréitíopaí diúltacha, is cosúil gur cuid de chomharthaí sóirt an úrscéil choire agus bhleachtairachta agus an scéil eachtraíochta na tréimhse iad na claontaí sin.

Tagann sé seo leis an idé-eolaíocht a cuireadh chun cinn i leith mhuintir an Oirthir i Sasana ag tús an fichiú haois; idé-eolaíocht a rinne ceiliúradh ar fhéiniúlacht náisiúnaíoch agus a d'fhéach le himní agus le hamhras a chothú i measc an phobail i dtaobh eachtrannach:

In the early twentieth century, fears of Chinese invasion abounded in British story papers... Greater even than the threat of Chinese invasion, according to the story papers, was the threat posed by the Chinese already living in Britain. In detective stories, Kathryn Castel observes, "British heroes met the imaginative extremes of a generalised fear of Chinese emigrants. Masters of secrecy and deceit, these aliens seemed able to adopt, chameleon like, the surface characteristics of 'civilised' individuals"... story-paper narrative did not now contain the threat of the Chinese through the Anglicisation and hence the civilisation of Chinese characters. Instead, they thwarted the Chinese threat by clearly demarcating these characters as foreign or "other". In detective stories, this meant casting them as master-criminals, "a source of evil geni against whom Anglo-Saxon supermen could pit their wits in the succeeding decades". (MacKenzie) (Andrews: 2017: 87)

Samhlaítear an ceangal a bhí idir an tuairimíocht sin agus scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus cloínn Ó Sándair leis an léiriú thuas. Tugtar léargas ar ról Réics agus é i mbun plé le muintir an Oirthir don chéad uair sa scéal *Súile an Íodhail* (1947), eachtra atá suite i mBaile Átha Cliath. Sa scéal seo tá an coirpeach Randa Dal, 'an coirpeach ba mhó dar tháinig ón oirthear diamhar chun cur faoi sa chuid seo den domhan' (1984: 17) le crochadh i bPriosún Mhoineoigh ach éiríonn leis éalú agus imíonn Réics sa tóir air. Tá sé mar rún ag Randa 'cinideacha na hIndia d'aontú ar dtús agus ina dhiaidh sin iad go léir do chur ag troid in aghaidh na hEorpa agus do réir a chéile an domhain ar fad a thabhairt faoi smacht an Oirthear' (1947: 11). Tugann Réics cur síos ar thréithe fisiciúla Randa Dal, agus in ainneoin é a bheith 'dóighúil...óir bhí cineál dathúlacht diabhlaidhe atá coitianta i measc muintir an Oirthir, ina aghaidh (1947: 14). Is é an ghné is mó a chuireann isteach ar Réics ná dearcadh saoil Randa agus deir Réics, 'Thuig sé go bhfuil dearcadh na ndaoine sin ar an saoghal agus ar chúrsaí beatha agus báis bun os cionn ina lán sligtha leis an dearcadh atá againne' (1947: 18). Tagraítear arís do Randa Dal i scéal amháin eile i gClub Leabhar Réics Carló, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980) agus is é an dearcadh céanna a léiríonn Réics ina thaobh (1980: 16-17). Tá Réics, Fionnuala agus Brian ar saoire ar Oileán Mhanann agus ceapann Réics agus Fionnuala go bhfeiceann siad Randa Dal i ngluaisteán a thiomáineann thairstu, tá iontas orthu beirt. Is mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar an eachtra:

"An chaint faoi bhithiúnaigh agus faoi bhithiúntas faoi dear é, a Dhaid. Fear éigin ó Oirthear an domhain a bhí ann, sin an méid: measann Eorpaigh gur mar a chéile iad uile. An bharúil chéanna a bheadh ag Indiach nó Síneach nó Seapánach fúinne..." Ach bhí smaointe Réics agus a iníne fós ar an ngluaisteán úd. Ba é an teist a bhí ar Randa Dal ná gurbh eisean an coirpeach ba mhó dar tháinig ón oirthear diamhair chun cur faoi sa chuid seo den domhan. Dár ndóigh, níor fhan sé i bhfad anseo, a bhuíochas sin le Réics. "Súil an II" a bhí mar theideal ar an gcuntas mion cruinn ar an gcéad teagmháil a bhí breactha ag an Ruarcach i gceann de na himleabhar de Chásleabhair Réics Carló. De bharr na teagmhála sin thuig Réics meon an ardchoirpigh go maith, Duine é a bhíodh i gcónaí ag smaoinemh ar bhealaí chun a chumhacht a leathnú i gcéin agus i gcóngar. (*Réics Carló ar Oileán Mhanann*, 1980: 17)

In *Réics Carló san Éigipt* (1951), deir Réics “Ní bhíonn meas acu [muintir an Oirthir] ar chreideamh ná ar nós aon dream ar an domhan. Dhéanfaidís ábhar geoine agus fonóide de na nithe is uaisle agus is luachmhair ar an saol” (1951: 9-10). Sa scéal sin, tá Buíon na Córóinneach Deirge ag iarraidh eachtrannaigh a choinneáil amach ón Éigipt agus tá sé mar aidhm acu réim-ársa na tíre a thabhairt ar ais. Deir baill an chumainn go ar mhaithe le sean-chultúr ár gcine a bunaíodh an cumann, ‘ceangal idir an Éigipt a bhí agus atá ann. Chruthaíomar nach bhfuil aon eachtrannaigh ag teastáil uainn (1951: 52-3). Díol spéise go bhfuil an buíon ag iarraidh daoine ón Iarthar á choinneáil amach agus cáineann Réics gníomh Bhuíon na Córóinneach Deirge. Léiríonn sé seo gur fimíneach é Réics sa chaoi is gur féidir le muintir an Iarthair bheith dian ar eachtrannaigh ach nuair a tharlaíonn a mhalairt i dtír eile ní mó ná sásta atá sé leis an ngníomh.

In *Réics Carló sa tSín* (1953) déantar cur síos ar na difríochtaí idir muintir an Iarthar agus muintir an Oirthir agus dar le Réics is beag a meas ar bheatha an tsaoil seo:

Níorbh ionann smaointe dóibh féin agus do mhuintir an Oirthir. Ba dhaoine lácha iad ar uairibh ach bhí a mhalairt sin iontu ar uairibh eile. Thuig an bheirt Ghael go raibh daoine thart orthu gur bheag é a meas ar bheatha an tsaoil so; ar a mbeatha féin ná ar bheatha na gcomharsan. San Ind, sa tSín, agus sna stáit eile in oir-dheisceart na hÁise níorbh annamh Eorpaigh ag dul ó radharc amhail is dá sloigítí isteach sa talamh iad”. (*Réics Carló sa tSín*, 1953: 14)

Léirítear muintir an Oirthir sa dá scéal *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953) agus in *Réics Carló i Londain* (1954) agus tugtar le fios go bhfuil baint ag muintir an Oirthir, na Síningh sa dá scéal seo, le drugaí mídhleathacha. Sa scéal *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), tá Réics i mbun fiosraithe i Harlam agus tá sé buartha go gceapfaidh muintir Harlem go bhfuil siad ag lorg óipiam le ceannach, “Tá cuid mhór Síneach fán áit seo, agus cheapfadh siad go raibh póilíní ar lorg lucht opium” (1953: 62). In *Réics Carló i Londain* (1954), tá Réics agus Constábla Shoreham ó New Scotland Yard ag iarraidh teacht ar dhúnmharfóir Thomas Rochester, Éireannach a raibh cónaí air i Londain. Le linn do Réics agus Shoreham bheith ag obair tarlaíonn dúnmharú eile i Limehouse agus pléann Réics agus Shoreham an dúnmharú. Dar le Shoreham is iad na Síningh a rinne na dúnmharuithe agus cuireann Réics comhairle ar Shoreham, “Seachain na Síningh!” arsa Réics le Shoreham, “Agus ná caith an iomarca den opium” (Ó Sándair, 1954: 29). Díol spéise go luaitear dhá cheantar faoi leith agus Síningh ag cur fúthu, Harlem i gcathair Nua Eabhrac agus Limehouse i gcathair Londain, agus cáil ar an dá cheantar ó thaobh na coiriúlachta de agus go luaitear muintir na Síne leis seo.

Léirítear íomhá dhearfach den chine gorm agus de bhundúchasaigh i gcomparáid le muintir an Oirthir i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus dearcadh níos báúla i leith chás agus stair na mbundúchasaigh. Mar a luadh cheana, cuireadh íomhá dhiúltach de mhuintir an Oirthir chun cinn, leagadh béim ar

dhifríochtaí idir dearcadh saoil mhuintir an Iarthair agus mhuintir an Oirthir agus léiríodh muintir an Oirthir iad mar dhaoine mhímhacánta, éirimiúil agus glic. Ní chloíonn an léiriú a thugtar ar an gcine gorm agus bundúchasaigh le claontaí ná le ciníochas na scéalta eachtraíochta. Déantar cur síos dearfach agus diúltach a thabhairt ar an gcine gorm agus bundúchasaigh sna scéalta atá suite in Éirinn agus léiríonn Réics tuiscint agus meas i leith an chine ghoirm agus na mbundúchasach. Tugtar seo faoi deara sa chur síos agus sa chuntas ar chúla agus ar stair na mbundúchasach agus fiú sa chaoi a dhéantar cine na gcarachtar seo a lua seachas an téarma ‘eachtrannach’ a úsáid, mar a bhí i gcás mhuintir an Oirthir agus eachtrannaigh eile. Léirítear seo sa ghearrscéal ‘Cás an Mhilliúnaí Mhairbh’, *Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh* (1956), tá Réics ag fiosrú dhúnmharú an mhilliúnaí Sam Ancoire in éineacht le ceannasaí na nGardaí Síochána, Malcolm Ó Conchubhair. Tugtar cuntas ar an mbealach ar maraíodh an milliúnaí le Katar Indiach, scian fhada agus dá bhrí sin glacann Ó Conchubhair leis gurbh é an searbhónta Athbhar Kahn a rinne an dúnmharú. Tugtar cur síos ar Kahn, ‘ba léir ó dhath a chneasa gurbh Indiach é Athbhar Kahn agus bhí gnúis breá mhínchumtha air (*Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh*, 1956: 11). Is é Ó Conchubhair a léiríonn claontaí in aghaidh ciníochas eile agus deir sé ‘Is é mo mhórtuairim féin gurbh é an tIndiach sin an coirpeach’ ach ní aontaíonn Réics leis an mbreithiúnas seo agus deir sé le Malcolm:

Sílim go bhfuil an dearcadh contráilte ar fad agat. Léigh tú an iomarca úrscéalta den tsaghas a chuireas in iúl dúinn nach bhfuil coinsias dá laghad ag Indiach ná ag Seapánach ná ag Síneach agus gurbh iad an cineadh bán an t-aon dream amháin a mbaineann réimse agus sibhialtacht leo. Ach, a Mhaolchoilm a chroí, is eol domsa agus is maith is eol duitse freisin, nach bhfuil an cineadh bán gan a ndíol féin de bhithiúnaigh a bheith ina measc. (*Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh*, 1956: 13)

Sa dá scéal *Réics Carló agus an Cró-Dheamhan* (1954) agus *Cuir Fios ar Réics Carló* (1954) léirítear íomhá den chine gorm mar dhaoine simplí agus macánta agus is faoi Réics atá sé cúnamh a thabhairt dóibh. Sa scéal *Réics Carló agus an Cró-Dheamhan* tá Réics ag fiosrú dhúnmharú an Chaptaein Otto Bhoronaidis agus casann sé ar shearbhónta an chaptaein, Numa. Gearradh amach teanga Numa nuair a bhí sé óg agus tá sé balbh agus cuirtear síos air mar fhear mór ard, ‘Siúd isteach an fear mór gorm tá a fhios agam go mbíonn méid an-mhór i gcuid de na hAifricigh ach bhí sé siúd ós méid aon duine dá bhfacas ariamh acu’ (1954:7). Léirítear íomhá dhiúltach de chreideamh an chaptaein a chreid in aiséirí ón mbás de réir creidiúintí mar a bhí sa Rúis, sa Pholainn agus i dtíortha Oirthear na hEorpa. Tá Réics buartha i dtaobh Numa agus deir sé, ‘ba léir go raibh sé fén uafás a bheireann ar a lán de dhúchasaigh ghorma na hAifrice nuair a tharlaíonn iontais nach dtuigeann siad’ (1954: 15) agus tugann sé cuireadh do Numa fanacht leis i Sráid Fhearchair agus deir sé go dtabharfaidh sé aire dó. Faraor an oíche sin tagann an cró-dheamhan go dtí teach Réics agus maraíonn sé Numa agus goilleann sé seo go mór ar Réics gur maraíodh duine ina theach féin. Sa ghearrscéal ‘An Dornálaí Gorm’ in *Cuir fios ar Réics Carló* (1954), tá an dornálaí Seosaí Uashington le dul i mbun troda i gCraobh Dornálaíochta an

Domhain atá á reáchtáil i mBaile Átha Cliath ach fuadaítear é agus tugann Réics faoin gceist a réiteach. Deir Réics le Brian go bhfuil tuiscint agus comhbhá idir mhuintir na hÉireann agus an chine gorm mar go bhfuil taithí ag an dá chine bheith faoi chois ag daoine eile, ‘Séard atá a bheag nó a mhór de chomhbháidh acu leo’. ‘Scéal an-ait é sin, dar liom-sa’, arsa Réics. ‘Níl aon droch-mheas ag Éireannaigh ar na fir ghorma. Séard atá a bheag nó a mhór de chomhbháidh acu leo. Is fada coimeádadh na hÉireannaigh féin fé choir’ (1954: 48). Éiríonn le Réics teacht ar Sheoraí díreach in am dó dul i mbun troda agus éiríonn leis an bua a fháil sa chomórtas dornálaíochta. Ag deireadh an ghearrscéil tugtar duais airgid do Sheoraí agus is mian leis táillí a íoc le Réics ach dhiúltaíonn Réics glacadh leis an airgead. Deir Réics gur cheart dó an t-airgead a úsáid le cabhrú lena muintir féin, ‘Is ‘ó rud eile bheidh le déanamh agat leis an airgead, a Sheosaí. Agus pé rud a dhéanfaidh tú, tabhair cúnamh beag d’éinne ded chine féin arb eol duit é bheith in anchar’ (1954: 54).

Léirítear an tírghrá mar thréith agus mar cheangal idir taithí saoil na nGael agus na ndúchasach agus cothaítear bá agus tuiscint idir Réics agus na dúchasaigh. Déantar cur síos ar thábhacht na saoirse, ar thábhacht éirí amach i gcoinne deachtóra nó Impire agus is é ról Réics sna scéalta ná bheith mar idirghabhálaí. Sna scéalta thuasluaite tá deachtóirí i gcumhacht agus tá na muintir na dtíortha agus na bpláinéad, Mars agus an Ghealach, á choinneáil faoi chois agus lagmhisneach orthu éirí amach i gcoinne na n-údarás. Mar a luadh cheana, tá gnéithe den fheartaisíocht agus den fhicsean-eolaíochta ag baint le Réics Carló ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951) agus *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) agus léirítear muintir Mhars agus muintir Attica (dúchasaigh i mBrasaíle) mar eachtráin shíochánta atá ag iarraidh córas daonlathach a bhunú ionas go mbeidh cearta, saoirse agus neamhspleáchas ag cách. Tá níos mó cur síos ar Éirinn, ar thábhacht na saoirse agus an neamhspleáchais agus ar na cúiseanna ar ghá éirí amach a chur i gcrích le cumhacht a ghabháil ó dheachtóirí nó ó choilíneach sa scéal Réics Carló ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) agus *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951). Tagraítear go minic d’Éirinn mar thír eiseamláireach a bhris ó cheangal Impireachta agus do mhuintir na hÉireann a throid ar son na saoirse.

Ní bhaineann gné bhleachtairachta leis an scéal seo Réics Carló ar Mhars, tá Réics, Brian agus Dr Leon imithe go Mars le taiscéaladh, ‘is le linn an chogaidh a tháinig eolaithe ar an príomhrúin a chur ar a gcumas ina dhiaidh sin an cumhacht adamhach a úsáid le hinneall a dhéanamh chun dul amach sa bhformaimint agus trí dhuibheagáin na spéire’ (*Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile*, 1951:3) agus in ainneoin iarrachtaí na Meiriceánach, na Rúiseach, na Sasanach roicéid a thógáil is iad na hÉireannaigh a thóg an chéad spáslong, Gráinne. Nuair a thuirlingníonn an spáslong ar Mhars gabhtar Réics agus a chairde mar phríosúnaigh le dul os comhair an deachtóra, Rodin, agus níl Réics ná a chairde sásta leis seo, ‘crutháimis don bhodach [Rodin] sa phálás seo nach sclábhaithe sin’ (1951:17). Cuirtear Réics agus a chairde go ‘campa comhláithreachais’ (campa géibhinn) agus tar éis plé le muintir Mhars, na Marsipans, beartaíonn na Gaeil ar chúnamh a thabhairt dóibh, múineann siad Gaeilge dóibh le cabhrú le heolaithe Mhars eolas a chur ar theicneolaíocht agus ar chúrsaí adamhach agus tugann siad spreagadh

dóibh éirí amach in aghaidh Rodin. Tagraíonn Dr Leon d'fhéiniúlacht náisiúnach láidir na nGaeil, a bhí leochaileach mar ábhar ag an am, agus don tuiscint atá ag Gaeil i leith pobal atá á choinneáil faoi chois; 'ní inné ná an lá roimhe a thosnaigh Gaeil ag troid ar son náisiún eile (1951: 26) agus 'troideadh Gaeil i gcónaí ar son na saoirse – a saoirse féin agus saoirse náisiúin mífhortúnacha eile' (1951: 31). Spreagtar muintir Mhars le héirí amach i gcoinne Rodin agus éiríonn leo Rodin a bhriseadh ó chumhacht agus ag deireadh an scéil tá muintir Mhars saor ó smacht deachtóra. Tugann Dr Leon cuntas ar stair na hÉireann agus ar an taithí a bhí ag muintir na hÉireann ar chóras tíoránach agus molann sé éirí amach mhuintir Mhars agus tá sé sásta go raibh na Gaeil in ann spreagadh a thabhairt dóibh:

“Rugadh agus tógadh mé i dtír a bhí briste, brúite,” ar sé. “Éire is ainm di. Tamall beag sar ar thángas ar an saol, scuab gorta mór na milliúin dem chomhthírigh chun siúil léi. Ach níor ghéilleadar riamh dá ndeoin féin don tíoránach. Gach glúin dá dtáinig, rinneadar a gcuid bheag féin chun Éire a fhuascailt ó ansmacht an namhaid. Is sórt eile ansmachta atá anseo ar Mhars agaibh – deachtóireacht nimhneach. Tá sinne, Gail, buíoch do Dhia go bhfuil caoi againn buille a bhualadh libhse ina haghaidh, agus tá dóchas agam nach fada go mbeidh an lá linn!” (Ó Sándair, 1951: 35-36)

Tá an scéal *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951) eisceachtúil sa chaoi go mbaineann gnéithe den fhicsean-eolaíochta agus fantaisíochta leis, cé go bhfuil gnéithe atá cosúil leis an ngearrscéal 'Réics Carló ar Mhars'; tá an tImpire Dardantua i gceannas agus pobal á choinneáil faoi chois, díríonn an scéal ar eachtraíocht, ar thaiscéaladh agus ar thrialacha eolaíochta. Nuair a shroicheann Réics, Brian agus an Dr Leon an ghealach tugann siad cuairt a thabhairt ar Impire na Gealaí, Dardantua agus na Selenítigh, muintir na Gealaí. Is mar an gcéanna timpeallacht agus tírdhreach na gealaí agus Mars sa chaoi is gur an Ré Pheirmheach atá ann agus go bhfuil cónaí ar phiastaí móra ar an bpláinéad; ina measc 'an Gigantosaur, an dinosaur, an Tyrannosaurus, an Pterodactyl, an Mososaur, an Plesiosaur' (1951: 14-15). Gabhtar na Gaeil agus cuirtear Dr Leon chuig an tSaotharlann Stáit le trialacha eolaíochta a dhéanamh agus cuirtear Réics agus Brian amach go Tír na bPiastaí agus tá an tImpire Dardantua le seilg a dhéanamh. Tá trialacha eolaíochta ar bun ag muintir na Gealaí, na Selenítigh, ar luchta agus ar ápaí agus tá siad ag iarraidh teacht ar an ápa foirfe, 'le teasbáint don ghealaigh go léir gur féidir sclábhaithe do dhéanamh as na hápanna agus iad do chur ag obair dúinn ins na mianaigh' (1951:39) Táthar ag iarraidh inchinn Dr Leon a aistriú go hápa agus ní thaitníonn an cineál seo trialach leis na Gaeil, dar leo tá na Selenítigh ag cur isteach ar rúndiamhar na beatha, 'peaca a bheadh soiléir don pháganach féin, peaca an fhir a ardaíonn é féin ar a díomas féin ag iarraidh na comhachta is dual do Dhia a ghlacadh chuige féin (1951: 38-39). Tá cosúlachtaí idir an scéal agus *Planet of the Apes* (1963) le Pierre Boulle. Faoi dheireadh éiríonn leis na Gaeil iad féin a shaoradh agus fillleadh ar Éirinn agus críochnaíonn an scéal le cur síos ar dhul faoi na gréine i gCuan na Gaillimhe. Sa scéal leagtar béim ar fhorbairt na heolaíochta ar son maitheasa agus dearbhaíonn Dr Leon nárbh fhiú 'eolaíocht ar mhaithe le eolaíocht' agus gur cheart eolaíocht a bheith ann le maitheas a dhéanamh don chine daonna (1951: 60).

Léirítear eachtráin ó dhomhain eile sa scéal, *Réics Carló sa Bhreasail* (1953). Díol spéise gurb é seo an t-aon scéal amháin ina dtagann eachtráin go dtí an domhain agus ní hionann na coimhlintí céanna agus a bhí idir dúchasaigh agus deachtóirí in ‘Réics Carló ar Mhars’ in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) agus in *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951). É sin ráite, áfach, léirítear nár cheart ligean do dheachtóireacht bheith mar chóras rialacháin ar phobail ar bith agus leagtar béim ar chairdeas agus ar chomh-oibriú mar luachanna saoil gach uile phobal. In *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) iarrtar ar Réics taisteal go mótar-choillte Amasonia, áit a bhfuil eachtráin, na hAtticigh ón bpláinéid Attica, ag cur fúthu agus a bhfuil éirí amach á bheartú ag dream amháin le cumhacht a ghabháil ón Impire Gung. Is é Dardantua, mac an Impire Gung atá i mbun comhcheilge agus is faoi Réics atá sé eolas a chur ar na heachtráin agus cúrsaí a réiteach ionas nach mbeidh cogadh idir na heachtráin agus muintir an domhain. Déanann Dr Leon cur síos ar na heachtráin, ar an gcuma fhisciúil atá orthu agus ar an gcáil a mbainfear amach de bharr na fionnachtana:

“As pláinéid éigin eile iad siúd, gan dabht ar domhan! Táid cosúil le muintir an domhain seo againne, ach go bhfuil gléas an-ait ar a cheann ag gach neach ariamh acu. Ní éagsoúil le bosca gloine é. Agus tá saghas feadán ar síneadh ón mbosca sin go dtí bosa eile atá thiar ar a ndroim... Is cosúil nach n-oireann atmosphéar an domhain seo dóibh, agus nach foláir dóibh na gléasraí úd d’úsáid chun an t-aer so againne ‘chur in oiriúint dá scamhóga féin. Réics, *mon ami*, is é seo an fhionnachtain is iontaí dá ndearnadh le-le-ó, níl fhios agam cén fhaid!”... “Táim tar éis grianghraf den chathair a thógaint,” arsan Ruarcach. “Cén t-ainm a bheidh uirthi mar chathair? Ba cheart dúinn í a bhaisteadh, a chairde. Ar an bpointe boise, d’fhreagair an Dr Leon an cheist sin. “Nua-Eblana,” ar sé. “Ainm ársa ar Átha Cliath seo ‘Eblana’, tá fhios agaibh, an chathair a thóg na hOllaindigh san Oiléan Úr fadó, bhaisteadar as Amsterdam í; agus tar éis sin, bhaist na Sasanaigh as York í ‘New York’, tá fhios agaibh. Déanaimis-ne amhlaidh sa gcás so. Mar sin de, ‘Nua-Eblana’ – Baile Átha Cliath Nua – Baile Átha Cliath na Breasaile!” (*Réics Carló sa Bhreasail*, 1953: 26)

Tá sé spéisiúil go nglacann Dr Leon freagracht as an lonnaíocht atá ag na heachtráin a ainmniú agus go ndéantar ceangal idir Baile Átha Cliath agus an chathair nua seo i lár mhótar-choille na Breasaile. Gabhann na heachtráin Réics agus Dr Leon ach ní bhíonn an plé ná an caidreamh céanna idir Réics agus Dr Leon leis na dúchasaigh agus a bhí in *Réics Carló ar Mhars* (1951) agus *Réics Carló ar an nGealaigh* (1951). Ní bhíonn an spreagadh céanna le héirí amach a chur ar bun, le teangacha a chéile a fhoghlaim ná le cúnaimh a thabhairt dá chéile agus leagtar béim ar an eachtraíocht agus ar thábhacht na síochána idir náisiúin agus idir chiní.

Is iad na scéalta is fearr a léiríonn tionchar scéal eachtraíocht Shasana ná *Réics Carló san Aifric* (1951) agus *Réics Carló i Meicseó* (1955), is iad na scéalta seo chomh maith a léiríonn mhúnla Uí Shándair i dtaobh an scéil eachtraíochta a athrú le féiniúlacht Ghaelach a chur chun cinn.

The cult of adventure supported an ideology, imperialism, which was rationalized by open and completely unselfconscious racism. The typical native was childlike, undeveloped, and backward in the rationality that had allowed the white man to bring civilization and help them evolve, and who better than the most superior race in the world? (Knuth, 2012: 61)

Is iondúil cur síos mar seo a leanas bheith i scéalta eachtraíochta Shasana; fágann an laoch a cheantar dúchais le taiscéaladh a dhéanamh ar thír i bhfad ón mbaile agus is ann a chastar ar bhundúchasaigh, déantar slad agus ár ar dhúchasaigh le cumhacht a ghabháil agus ina dhiaidh sin cuirtear córas rialacháin an laoi i bhfeidhm. Ag deireadh an scéil filleann an laoch ar a cheantar dúchais, cuirtear fáilte roimhe agus déantar ceiliúradh ar a ghaiscí agus a chrógacht. Sna scéalta eachtraíochta léirítear na bundúchasaigh mar dhaoine simplí, fiáine, barbartha agus léirítear an laoch mar shlánaitheoir a chuireann córas sibhialta i bhfeidhm agus a choinníonn smacht ar an gcóras céanna. Treisíodh an ceangal idir scéalta eachtraíochta, impiriúlachas agus féiniúlacht. Is mar seo a leanas a mhíníonn Kestner an ceangal agus gnéithe de theoiricí iarchoilíneacha Said:

During the late nineteenth century, adventure fiction was inextricably involved with imperialism. These cases of ‘invading’ for imperialising reasons deeply engage masculinity. Edward Said (1993) defines imperialism as ‘the practice, the theory, and the attitudes of a dominating metropolitan center ruling a distant territory’ (9). Said continues that colonialism, ‘which is almost always a consequence of imperialism, is the implanting of settlements on distant territory’ (9). Adventure fiction is especially important part of the ‘ideological formations’ which sustain imperialism and colonialism, as Said argues: ‘Neither imperialism nor colonialism is a simple act of accumulation and acquisition. Both are supported and perhaps even impelled by impressive ideological formations that include notions that certain territories and people *require* and beseech domination, as well as forms of knowledge affiliated with domination . (Kestner, 2010: 99)

Maidir le féiniúlacht Réics féin agus cur chun na féiniúlachta Gaelaí sna scéalta a phléann leis an gcine gorm agus le bundúchasaigh, imíonn Réics go tíortha agus go domhain eile agus déanann sé cur síos ar nósanna, ar chleachtas dhaoine eile ach níl suim aige i gcóras rialacháin de chuid na hÉireann a chur i bhfeidhm. Déantar aithris ar phatrún na scéalta eachtraíochta go pointe áirithe sna scéalta atá lonnaithe thar lear agus lasmuigh d’Éirinn; Réics Carló ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951), *Réics Carló sa Bhreasail* (1953) ach tá na scéalta *Réics Carló san Aifric* (1951) agus *Réics Carló i Meicseó* (1955) níos dílse do chomharthaí sóirt scéalta eachtraíochta Shasana ná na cinn eile. Is é patrún na scéalta na chéad ghrúpa seo ná go bhfágann Réics Baile Átha Cliath le taiscéaladh agus le lorgaireacht a dhéanamh ina dhiaidh sin casann Réics ar dhúchasaigh, ach in áit Réics slad agus ár a dhéanamh ar dhúchasaigh cuireann Réics comhairle ar dhúchasaigh le héirí amach a chur i gcrích i gcoinne deachtóirí agus Impirí atá i gceannas. Cuirtear éirí amach i gcrích agus éiríonn leis na dúchasaigh cumhacht a ghabháil agus bunaíonn siad córas rialacháin dá gcuid féin. Ag deireadh na scéalta seo, filleann Réics ar a cheantar dúchais agus é sásta go bhfuil dúchasaigh tar éis éirí amach i gcoinne fórsaí seachtracha agus a gcóras rialacháin féin a bhunú. Is scéalta difriúla iad

Réics Carló san Aifric (1951) agus *Réics Carló i Meicseó* (1955) sa chaoi is go leagann Ó Sándair béim ar an gceangal idir muintir na hÉireann agus muintir na hAifrice agus muintir Mheicsiceo. I gcás mhuintir na hAifrice tugtar le fios go bhfuil treibh d’oidhreacht Fhinn Mhic Chumhail ina chónaí san Aifric agus is tóraíocht taisce atá in *Réics Carló i Meicseó* (1955) de bharr gur duine de shliocht Shéamas Mhic Enrí imeacht go Meicsiceo blianta ó shin ag tús an ochtú haois déag.

Sa scéal *Réics Carló san Aifric* (1951) tá an Dr Deaglán Randstone imithe ar iarraidh sa Chongó agus imíonn Réics agus an Ruarcach in éineacht lena mhac Éamonn go dtí an Congó len’é a chuardach. Tá an Dr Randstone mar chuid d’fhoireann na hIarsmalanna Náisiúnta ag déanamh taighde ar an lámhscríbhinn ‘Turas Fhinn Mhic Chumhail go Críocha Aifrice’ agus ag cuardach Chathair Chailte na Féinne. Tá Réics ag iarraidh treoraithe a fhostú agus iarrann sé comhairle ar thrádálaí, is mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar mhótharchoille an Chongó:

“Tá an Aifric fealltach,” ar sé [an trádálaí], ‘Agus tá na mótharchoillte fealltach. Chomhairleoinn díbh éirí as an turas seo sar a mbeidh sé ró-dhéanach. Ní dheineann aon duine botún ach an t-aon uair amháin sa tír seo. Ní bhíonn sé beo chun an dara botún a dhéanamh. Is dorcha diamhair iad na ceantair ar a bhfuil bhur dtriall. Ta fir ghorma anso liom agus bheadh sceon orthu gabháil an bealach soir. Tá geasa aidhmhillte ag baint leis an gcuid sin den Chongó.’ Ach ba fhanach aige bheith leo. Níor mhiadh agus níor mhiste leo fillleadh gan a gcuid oibre a chríochnú. Dheineadar iarracht fir ghorma d’fhostú mar threoraithe ach ní thiofadh duine ar bith leo ar ór Mhianaigh Sholaimh. (*Réics Carló san Aifric*, 1951: 8)

Imíonn Réics, Brian agus Éamonn leo agus casann siad ar Bhandá, dúchasach óg a thugann treoir agus cúnaimh dóibh agus a insíonn dóibh go bhfuil sé ag beartú éirí amach a chur i gcrích i gcoinne uncail leis. Díol spéise gur Banda an t-ainm atá an an dúchasach óg agus an ceangal le Tuatha De Danann. Tuigtear do Réics go bhfuil córas rialacháin éagsúil acu sa Chongó agus deir sé, ‘d’aduain í mór-roinn na hAifrice. Bhí a creideamh féin aici, a nósanna féin agus a piseoga féin’ agus in ainneoin réiteach go maith le Banda tá siad amhrasach fúithi. Nuair a chasann Réics ar dhúchasaigh eile deir sé, ‘Ní chun cogadh a tháingamar chun do thíre, ach go múinte agus go síochánta. Is ag lorg carad a ghabhamar an bealach so. Ba mhaith linn beith cairdiúil libh’ (1951: 24). Tá Réics macánta agus ionraic le dúchasaigh agus míníonn sé nach ar mhaithe le slad ná ionradh atá siad sa Chongó. Tarlaíonn comhrá idir Réics agus Éamonn maidir le cé acu tae is fearr, tae na Síne, tae na hÉireann nó tae na hAifrice agus tugtar léargas ar phearsantacht Réics:

“Nuair a smaoinín ar thae, ní ar an tSín a dírtear m’aigne ach ar Éirinn,” arsa Éamonn. “Tá cineál barúla agam gur ann atá dea-thae an domhain! T’anam ón Diucs, ach is iongtacht an rud é an cupán tae.” D’iompaigh sé chun an fhir ghoirm agus sheachaidh sé cupán tae dó. D’fhiafraigh sé de i gcanúint na N’banu nach foláir nó ón tír uachtraigh a tháinig an gráinne draíochta as ar deineadh deoch chomh fíorálainn. “Cad é do bharúil fé sin, a Réics, tusa atá de shíor ar rá go bhfuil Éire damanta ag an tae céanna?” arsa Éamonn. Dhein Réics gáire. “Fanaim im thost,” ar sé. “An tae nach bhfuil láidir ní foláir dó bheith glic.” (*Réics Carló san Aifric*, 1951: 16).

Ní fhreagraíonn Réics ceist Éamonn ach is dóigh go mbeadh Réics ar aon tuairim le hÉamonn agus go gceapann sé gurb iad gnéithe Éireannacha is fearr. Déanann sé gáire agus imeartas focal idir ‘té’ agus ‘tae’ agus tagraíonn sé don seanfhocail. Tá Réics muiníneach agus bródúil as a chúlra, a náisiúntacht agus féiniúlacht agus is duine stuama, ciallmhar é agus tuigeann sé nach gá an cheist a fhreagairt ná bheith ag maíomh i gcónaí. Tá Réics agus a chairde sásta nuair a éiríonn leo teacht ar Chathair Caillte na Féinne agus cuirtear Aodh Mac Réitín in aithne dóibh, ‘Is mise Aodh Mac Réitín a tháinig chun na hAifrice ó almhain luachmhar lán-aoibheann Laighean in Éirinn. Is mise Ceannaire Ochtú Catha na Fianna, an cath a fágadh i ndiaidh na Féinne nuair a d’fhill Fionn ar Éirinn’ (1951:40). Tarlaíonn sé go bhfuil Dr Randstone leis na Fianna agus tá Réics, Brian agus Éamonn sona go bhfuileadar tar éis teacht air agus é sábháilte. Bíonn plé agus comhrá idir Réics agus Aodh maidir le cúrsaí mar atá in Éirinn, insíonn Réics dó go bhfuil sairse i réim, ‘bhí seachtain glórmhar amháin i stair na hÉireann. Chuaigh Fianna Éireann agus Óglaigh Éireann amach agus chuireadar glún le gliaidh agus troigh le taca agus thugadar aghaidh ar iomghoin’ (1951: 52). Beartaíonn Aodh agus na Fianna ar thrialacha Fiannaíochta a dhéanamh agus i gceann amháin de na trialacha bíonn ar Réics iomrascáil le crogall agus dár ndóigh, éiríonn leis sa chath. Tugtar cuntas ag deireadh an scéil ar Bhandá agus ar an éirí amach agus éiríonn cumhacht a ghabháil óna uncail Sapú agus filleann Réics ar Éirinn lena chairde.

Is é an scéal *Réics Carló i Meicsicó* (1955) is fearr a leanann múnla an scéil eachtraíochta agus an scéil stairiúil sa chaoi is go dtugtar cuntas ar stair Mheicsicó agus ar thaisce faoi thalamh. Ag tús an scéil tugtar cuntas stairiúil ar an aistear a rinne coilínithe na Spáinne go dtí an Oileán Úr sa bhliain 1511 agus ar an gcaoi a chaitheadar leis na daoine dúchasacha. Chuir na hAstacaigh fáilte roimh na ‘stróinséirí’ i dtosach agus tugadh ómós dóibh ach bhí na coilínithe ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar óir agus ar thalaimh na nAstecach agus rinneadh amhlaidh. Ghabh na coilínithe an phríomhchathair ach d’éirigh leis na hAstacaigh órthaisc a bhí acu a chur i bhfolach. Cuireadh Iustahuaca, rí na n-Astacach, agus Clann na Gréine (na daoine dúchasacha) chun báis agus de réir a chéile tháinig meath ar ríocht na nAstecach. Léirítear na hAstacaigh mar dhaoine simplí agus soineanta a chreid gealltanais na gcéad coilínithe i 1511 agus a chreid sa chóras deachtóireachta.

Sna blianta úd, bhí muintir na hEorpa fé dhraíocht ag scéalta na n-iontas agus an tsaibhris do bhí sa Domhan Nua. D’imigh na mílte anonn d’iarraidh a bhfortúin; agus ní nach ionadh, níorbh fir chneasta iad go léir. Bhain Matuco [Mairnéalach Spáinnise] agus a dhrong amach cuan a dtugadar Catena mar ainm air. B’álainn agus ba thorthúil an tír do chonaiceadar os a gcomhair amach. Ba léir nach deacair do dhuine dícheallach teacht ar aghaidh go maith sa saol ansúd. Ach níor rún do dhrong Mhatuco aon dícheall do dhéanamh ag saothrú na talún nó ag tógaint stoic. Ar áis nó ar éigin, ba é mian teacht go tapaidh i seilbh ar – ór! Iustlahuaca, an rí do bhí ar Astecaigh na háite úd, chuir sé fáilte mhór roimh na strainséirí, agus ghair sé féin agus a mhuintir “Clann na Gréine” díobh. Ba dhóigh leo gur daoine ionraice uaisle iad san. Ach níorbh fhada gur nocht “Clann na Gréinne” a bhfiormhianach. (*Réics Carló i Meicsicó*, 1955: 3).

Ag tús an ochtú céad déag, imíonn Éireannach, Mac Éinrí go Meicsiceo ar thóir an óir agus éiríonn leis teacht ar an taisce, filleann sé ar Éirinn agus fágann sé léarscáil ag a mhuintir. Is duine de shliocht Sheámais Mhic Éinrí é agus iarrann sé ar Réics dul ar thóraíocht taisce in éineacht leis go Meicsiceo agus imíonn Réics, Brian agus Fionnuala go Meicsiceo. Nuair a shroicheadh Réics agus a chairde Calafort Vera Cruz, tá éirí amach ar siúl agus tá réabhlóidithe ag iarraidh deachtóireacht a bhriseadh as a chéile agus córas polaitiúil níos féarálte a bhunú. Sa scéal seo is é an tóraíocht taisce is tábhachtaí ach tagraítear d' éirí amach agus réabhlóid sa phríomhchathair, cuireann Réics spéis sa scéal ach ní bhíonn aon phlé aige leis an éirí amach. Tarlaíonn eachtra amháin eile a thugann léargas dúinn i dtaobh chreidimh Chaitlicigh Réics. Feiceann Réics agus Brian duine de na hAstacaigh, Sapata, ag marú beirt fhear le hÍobairt a thabhairt do na déithe mar go bhfuil tromach sa tír agus tá na daoine dúchasacha ag súil go dtiocfaidh an bháisteach agus is mar seo a dhéantar cur síos ar an radharc:

D'éirigh an ghealach, agus thosaigh na hIndiaigh ag corrú go tapaidh. Bhailigh na hIndiaigh lena chéile, agus luíodar, béal fúthu... Bhí na hIndiaigh fé mar bheidís gan aon mhothú daonna in aon chor. Ní raibh éinní ar a n-aire ach pé ordú do thabharfadh Sapata uaidh do chur i ngníomh. Bhí an scian cloiche úd leis ina lámh. Ba bharbartha an uirlis í chun neach daonna do mharú léir! Ach ba bharbartha cuid de dheasgnátha na nAstecach úd a raibh roinnt dá gcreideamh ag Sapata fós... "Cheapas gurbh an-fhada ó cuireadh deireadh lena leithéid sin i Meicsicó" arsa Réics. (*Réics Carló i Meicsicó*, 1955: 32)

Tá Réics agus Brian i bhfolach agus feiceann siad Íobairt dhaonna ag tarlú agus fir á gcur chun báis. Cáineann sé creideamh na nIndiaich maidir le hÍobairtí agus ina dhiaidh do na dúchasaigh na coirp a fhágáil cinneann Réics ar na fir mhairbhe a chur.

An radharc do chonaiceadar fúthu ar thaobh an chnocáinín, chuir sé creathán tríothu ó bhaitis go bonn. Triúr príosúnach ina luí ar shlait a ndroma agus a ngéaga ceangailte de stácaí; buíon beag Indiaich ina dtimpeall, agus seandúine a raibh scian ina lámh aige ag cromadh os cionn duine de na príosúnaigh! "A Thiarcais!" arsa Réics Carló. "Íobairt daonna atá ar siúl! Cheapas gurbh fhada agus gurbh an-fhada ó cuireadh deireadh lena leithéid sin i Meicsicó! ... "Ní foláir dúinn adhlacadh Críostúil a thabhairt ar na coirp," arsa Réics... Rinneadar poll mór doimhin, agus d'adhlacadar na coirp ann. Tráth bhí an méid sin déanta, thógadar áir chluthar sho-chosanta i bhfothrach an tsean-teampaill, agus rinneadar a gcampa oíche ansan. Leagadh sealanna faire amach do na fir, agus chuadar go léir chun suain cé's móite den bheirt a raibh an chéad seal faire le déanamh acu (*Réics Carló i Meicsicó*, 1955: 33)

Cuirtear deasgnátha Caitliceacha chun cinn agus níl aon chaint faoin gcineál searmanais ná nósanna a bheadh ag daoine dúchasacha maidir le coirp a chur, ba iad deasgnátha agus nósanna Réics agus na nGael is mó suntas agus is mó tábhacht. Ar lámh amháin moltar nósanna na ndaoine dúchasacha agus an chaoi ar éirigh leo traidisiúin a choinneáil in ainneoin iarrachtaí na gcoilíneach iad a chur faoi smacht:

Is iontach a bhuaine a leanann daoine de nós a seansinsear in áiteanna iargiúlta. Agus tharla san i bpáirteanna de Mheicsicó go háirithe. Mheas na Spáinnigh gur mór ar fad na hathraithe do rinneadar féin i Meicsicó ó fuair Cortes treis inti i dtosach an tséú céid déag. Ach ar feadh na gcéadta bliain, féadfaí a rá nár shroich na hathraithe sin, in aon chor, a lán mion-phobal dá raibh sna sléibhte agus in áiteanna eile nach raibh aon triall eachtrannach orthu. (*Réics Carló i Meicsicó*, 1955: 23-24)

Mar sin féin, léirítear dearcadh dearfach i dtaobh nósanna agus cleachtais an Iarthair. Tugtar cur síos ar an dá chineál nóis agus cleachtais agus ní hé go gcáineann ná go molann Réics ceann amháin ná ceann eile. Is sa chiall seo a léirítear mar idirghabhálaí é Réics; imíonn sé go tíortha agus do dhomhain eile i mbun eachtraíochta, ní hé an laoch impiriúil é a dhéanann iarrachtaí bundúchasaigh a smachtú ná a theastaíonn uaidh córas rialacháin a chur i bhfeidhm agus bíonn sé sásta plé le bundúchasaigh agus chomh sásta céanna filleadh ar Éirinn.

Sna scéalta atá lonnaithe thar lear ina mbíonn plé agus teagmháil idir Réics agus údaráis, póilíní agus bleachtairí eile, ní thagraítear do mhodhanna oibre póilíní agus bleachtairí eachtrannacha ná do chomhoibriú idir Réics agus údaráis eile. Díríonn an insint ar Réics agus ar a chairde, ar a dtaithí a bheith i dtír eile agus tugtar cur síos ar chultúr na tíre agus na ndaoine i gcomhthéacs chultúr na hÉireann. Cloítear, áfach, le claontaí ní hamháin i gcoinne na ngnáthdhaoine ach i leith údarás ciní eile agus léirítear seo sna scéalta seo a leanas: *Réics Carló san Éigipt* (1951), *Réics Carló sa tSín* (1953). Sa scéal *Réics Carló san Éigipt* (1951), ní thugtar aon chúnamh do Réics agus Dr Leon agus iad i mbun fiosrúcháin a dhéanamh ar cara leo atá imithe ar iarraidh, an tOllamh René Poussin. Is é an Dr Ras Magnum a bhuaileann le Réics, Brian agus an Dr Leon le heolas a thabhairt dóibh maidir le René Poussin, seandálaí mór-cháil ón bhFrainc atá imithe ar iarraidh agus é ag lorg piriminde nua. Feictear láithreach go bhfuil teannas idir Réics agus Dr. Ras Magnum agus gur mór an difríocht idir luachanna saoil agus tuiscintí na beirte, airíonn Réics seo ón gcéad amharc:

Ba ghile a chuid fiacla ná fiacla fhear ar bith dá bhfaca na hÉireannaigh riamh. Ba choimhthíoch an gáire a dheineadh sé, an cineál gáire a chuirfeadh amhras ort cé acu ag gáire leat nó ag gáire fút a bhí sé. Bhí “tarboosh” dear nó “feg” mar a thugann Eorpaigh air go mícheart, ina luí ar an mbord. Cé go raibh culaith den scoth ar an dochtúir, ba chosúil gur chloígh seisean, ar nós formhór na nÉigipteach, leis an hata sin, mar chomhartha beag a chuir i gcéill nach rabhadar sásta aithris a dhéanamh ar gach uile nós a tugadh chucu ón Eoraip. (*Réics Carló san Éigipt*, 1951: 8)

Nuair a phléascann buama i dtacsáí a bhí ag fanacht ar Réics, Brian agus an Dr Leon is é Dr Magnum a ghlacann ról mar idirghabhálaí idir Réics agus na póilíní agus is é Dr Magnum a deir gurbh iad an Bráithreachas atá ciontach as an bpléascadh. Glacann Réics leis seo agus tá sé ar buile faoin bpléascadh, ‘Íocfar fós as an mbeart uaiféalta sin. Cár bh fhios do na daoine a cheap é ná go mbeadh é ná go mbeadh daoine neamhurchóideacha in aice an ghluaisteáin sin, daoine nach raibh aon namhadas acu leo? Ní leor an tírghrá, más tírghrá atá i gcroí ball an Bhráithreachais, mar leithscéal do na coire seo a dhéanamh”

(Ó Sándair, 1951: 14). Tá an dearcadh seo iomlán éagsúil leis ó dhearcadh a léiríodh sna scéalta luatha agus tráchtairacht ar thírghrá mhuintir na hÉirinn mar a pléadh ag tús na caibidile agus mar atá sna scéalta ar thírghrá agus éirí amach an chine ghoirm agus na ndúchasach sna scéalta *Réics Carló san Aifric* (1951), *Réics Carló ar Mhars in Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951), *Réics Carló ar an nGaelaigh* (1951) agus *Réics Carló sa Bhreasail* (1953). Tuigtear do Réics agus do Bhrian go bhfuil difríochtaí móra idir an Éigipt agus Éire, ‘bhí dearmad déanta acu [Réics agus Brian] de thír na hÉireann, ar éigin ba chuimhin leo a n-oileán ciúin síochánta féin darbh ainm Éire. Bhíodar i dtír eile ar fad anois’ (Ó Sándair, 1951: 20). Is iad na Giúdaigh atá i gceannas ar an tír agus i dTuaisceart na Éigipte tá an chosúlacht ar chúrsaí gur chuma leis na hudaí faoin gcuid eile den domhan (Ó Sándair, 1951: 22). Tá cumhacht faoi leith ag Allah, tá eagla ar mhuintir na tíre roimh an ngeasa de chlann Allah atá ar cheann de na pirimid agus tá eagla orthu roimh an mBráithreachas chomh maith mar is cosúil gurbh iad is cúis le seandálaithe agus daoine eile dul ar iarraidh. Tá tagairtí do Allah agus do Dhia, cuireann fear ceist ar Dr Leon maidir le Allah agus a bheannacht a ghuí orthu ach deir Dr Leon go bhfuil Dia dá threoraí agus gur leor sin.

Sean-fhear ar asal an chéad duine a casadh ar na hÉireannaigh agus iad ag dul isteach go Chelo. Bheannaigh Leon dó agus tháinig sé amach as an ngluaisteán chun comhrá a dhéanamh leis. Léim an sean-fhear anuas den asal agus tháinig sé i leith chun an ghluaisteáin. “An bhfuil Allah maille libh nó ar fhág sibh é in bhur ndiaidh?” d’fhiafraigh an Sensussi den dochtúir. “Tá Dia linn agus guímid bail Dé ort,” arsa Leon (*Réics Carló san Éigipt*, 1951: 27).

Léirítear a mhalairt d’iomhá sna scéalta *Réics Carló i bParis* (1952), *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953), *Réics Carló i Londain* (1954), *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1980) ina gcuireann údarás, póilíní agus bleachtairí fáilte roimh Réics agus ina dtugtar cúnaimh dó le dul i mbun fiosrúcháin go neamhspleách. Léiríonn Réics a mhíshástacht le póilíní i bPáras agus i Londain agus le bleachtairí eile agus ceistíonn sé a gcumas agus a ngairmiúlachta ach ní léirítear go bhfuil difríocht idir Réics agus na hudaí seo i dtaobh dhearcadh saoil. In *Réics Carló i bParis* (1952) casann Réics ar René Defarge, ceannaire an Bhrainse Lorgaireachta agus is mar seo a leanas a chuirtear René i láthair:

Fear beag bídeach ab’ea René Defarge. Bhí féasóg bheag air – féasóg thriantánach den chineál a mbíonn eachtrannaigh ag súil lena fheiscint i bParis, go mórmhór ag lucht ceoil agus ag scríbhneoirí agus a leithéidí. Ach níorbh “fear dána” René. Cheapfá, le féachaint air don chéad uair, gur duine suaimhneach soineanta é. Ach ní raibh sé chomh soineanta sin. Ba mhaith an lón gaoise agus géire bhí laistigh de’n chloigeann mhór mhaol úd aige’. (*Réics Carló i bParis*, 1952: 11)

Ní réitíonn Réics agus René lena chéile mar níl Réics sásta leis an gcur chuige atá ag René agus ceistíonn sé a mhodhanna oibre ar dhúnmharfóirí a aithint agus a ghabháil. Deir René go dtabharfaidh sé gach cúnaimh agus gach tacaíocht do Réics ach tuigtear dúinn go bhfuil iomaíocht éigin idir an bheirt agus

go dtabharfaidh Réics faoin bhfiosrúchán ar a bhealach féin. Imíonn Réics le fiosruithe a dhéanamh agus cé go bhfuil eolas aige a chabhródh le René agus na póilíní i dtaobh dúnmharaíthe eile atá tar éis tarlú, diúltaíonn sé an t-eolas a roinnt. Maíonn Réics go bhfuil sé chun tosaigh ar fhiosrúcháin phóilíní Phárais agus deir sé le Fionnuala go n-oibreoidh siad as a stuaim féin agus neamhspleách ar na póilíní, “Ar ár gconlán féin oibre oibreimid sa gcás so” (*Réics Carló i bParis*, 1952: 20). Is amhlaidh an scéal é in *Réics Carló sna Stáit Aontaithe* (1953). Téann Réics, Brian Ó Ruairc agus Fionnuala go Nua Eabhrac le fiosruithe a dhéanamh faoi dheartháir Bhrian a fuarthas marbh. Dar le póilíní Nua Eabhrac tharla timpiste d’Éamonn, deartháir Bhrian, nuair a bhí sé ag siúl ar bhruach na nduganna agus gur thit sé isteach san Hudson agus gur báthadh é. Níl an Ruarcach sásta leis an míniú seo agus tá eolas aige go raibh a dheartháir i gcontúirt mar go raibh sé tar éis eolas a fháil maidir le comhcheilg a bhí ag tarlú. I stáisiún na bpóilíní casann Réics agus Brian ar Dhiarmaid Ó Tóibín ó Chontae Mhaigh Eo atá mar phóilíní i Nua Eabhrac agus is é Leifteanant Ó Néill atá i gceannas ar an gcás. I gcomparáid leis an gcaidreamh le René Defarge, tá cairdeas agus dea-chaidreamh idir Réics agus póilíní Nua Eabhrac:

“Tá sé [Leifteanant Ó Néill] chun a ordú go mbeidh mótar póilíneach ar iasacht agaibh, an fhaid a bheidh sibh ag obair ar an gcás so i Nua-Eabhrac. Ní socrú oifigiúil é sin, ach is geall le socrú oifigiúil é. Gheobhaidh sibh uainne aon chabhair is féidir linn a thabhairt díbh. Agus íocfaimid na costaisí go léir, má éiríonn libh a chruthú nach de thionóisc a fuair Éamonn bocht an bás a fuair sé”. (*Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, 1953: 13)

Tugann Leifteanant Ó Néill ‘carte blanche’ do Réics maidir le cas Éamonn Uí Ruairc (*Réics Carló sna Stáit Aontaithe*, 1953: 37), agus éiríonn le Réics a chruthú gur maraíodh Éamonn toisc go raibh eolas aige ar chomhcheilg a bhain le spairí agus le cumhacht adamhach. In *Réics Carló i Londain* (1954) tá caidreamh dearfach idir Réics agus Constábla Shoreham agus póilíní New Scotland Yard agus muinín ag Réics in obair na bpóilíní Sasanach. Ní hamhlaidh an cas, áfach, maidir le máthair Tomás Rochester, a iarrann ar Réics imeacht go Londain agus fiosrúcháin a dhéanamh i ndúnmharú a mic. Deir an mháthair “Is mian liom firinne an scéil go léir d’fháil agus ní bheinn ag súil leis an bhfirinne chloisint ó Shasanaigh” (1954: 8). Baineann sé seo gáire as Réics, geallann sé di go bhféadfadh sí bheith lán-muiníneach as póilíní Shasana ach ní ghlacann an mháthair leis seo agus téann Réics, Brian agus Fionnuala go Londain. Tá Réics arís chun tosaigh ar phóilíní Shasana agus is é Réics agus Brian a thagann ar dhúnmharfóir Rochester agus a dhéanann ceangal idir an dúnmharú sin le dúnmharuithe eile agus le smugláil toitíní atá ar bun chomh maith. Ag deireadh an scéil tá Réics tar éis breith ar an gcoirpeach, Galgani agus tá go leor fianaise ag Shoreham len’ é a chiontú.

Bhí lucht an Yard cinnte go raibh cruthúnas go leor acu. Bheadh a gcuid eolaí féin i ndon a chruthú gur bh as gunna Galgani tháinig na piléir do mharaigh Tomás Rochester. Maidir le cúis do bheith aige, dar leis, bhí a ndóthain cruthúnais air sin, freisin, acu. Agus, ina theannta san go léir, bheadh fianaise an Ruarcaigh acu go ndearna Galgani iarracht chun eisean do mharú agus gur thairg sé breab dó. “Beidh sibh ag teastáil

uainn in aimsir na trialach,” arsa Shoreham le Réics. “ach féadann sibh filleadh go hÉireann anois, má’s mian libhé. Cuirfidh scéala chugaibh nuair a bheidh gá againn libh.” D’fhilladar go hÉireann, lá árna mhárach. B’áthas leo bheith sa mbaile arís. “Níl aon tinteán mar do thinteán féin. (*Réics Carló i Londain*, 1954: 60)

Is bleachtaire neamhspleách é Réics, níl aon cheangal oifigiúil aige le gardaí ná le póilíní ach tá údarás aige scéalta a fhiosrú agus dul i mbun eachtraíochta agus i mbun gnímh. Tugtar le fios go bhfuil cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Réics i measc phóilíní údarás éagsúla agus go bhfuil an-mheas air:

Bhí sgéilín grinn i measc gardaí na cathrach a léirigheann an meas mór a bhí acu air. Deireadh siad leat gurbh leór ainm Réics Carló a luaidh i láthair cait abhí tréis iasg do ghoid – go bhfaigheadh an cat bocht bás ar an bpon, le neart sgrannraighthe! Is fíor, pé sgéal é, gur deireadh an-chuid phost mór i mBrainse na Lorgaire den na gárdaibh a thairisgint dó. Ach do dhiúltaigh se iad go léir (*Na Mairbh a D’Fhill*, 1943: 8).

Tá críoch shona le gach uile scéal i gClub Leabhar Réics Carló agus éiríonn le Réics gach fadhb a réiteach. Bíonn an suaimhneas chéanna ann is a bhí ag tús gach scéal agus sásamh ar Réics agus é bheith ar ais i mBaile Átha Cliath.

5.5 Ceangal

Sa chaibidil seo léiríodh íomhá nua-Éirinn agus féiniúlacht Ghaelach i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló. Cuireadh argóint chun cinn gur éirigh le Ó Sándair seo a bhaint amach ar trí bhealach; gur úsáideadh cathair Bhaile Átha Cliath le léiriú a thabhairt ar shaol na cathrach agus ar an saol nua-aimseartha agus níos tábhachtaí fós go bhféadfaí an Ghaeilge a shamhlú mar theanga labhartha na cathrach. Tugadh aird ar chúrsaí reatha na tréimhse, ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tugadh léargas ar ábhar inní mhuintir na hÉireann i dtaobh chumhacht dhomhanda agus fhorbairtí teicneolaíochta. Taispeánadh gur samhlaíodh an Ghaeilge mar theanga domhanda a bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid le cúrsaí an tsaoil nua-aimseartha a phlé, le plé agus le comhrá a dhéanamh le muintir faoi thoinn in Atlantis in *Na Mairbh a D’Fhill* (1943) go bhféadfaí an Ghaeilge a mhúineadh d’eachtráin ar Mhars in *Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile* (1951) agus go raibh an Ghaeilge á fhoghlaim sa tSín in *Réics Carló sa tSín* (1953). Léiríodh chomh maith, le fianaise agus le tagairtí ó scéalta Chlub Leabhar Réics Carló go ndeachaigh Réics i ngleic le claontaí agus le tuiscintí de chuid scéalta eachtraíochta na hImpireachta agus gur laoch agus idirghabhálaí é idir phobail. Tuigtear do Réics Carló, de bharr taithí saoil, eolas agus cur amach a bheith aige ar chúrsaí staire agus ar chúrsaí pholaitiúla na hÉireann go bhféadfaí féiniúlacht eile a chur chun cinn. Sa chéad chaibidil eile breathnófar ar an dara carachtar is mó cáil i saothair Uí Shándair, Réamonn Óg agus bealaí a ndearnadh féiniúlacht Ghaelach a chur chun

cinn i scéalta Chlub an Iarthair Fhiáin, i dtír choimhthíoch agus i seánra a bhain go dlúth le stair Mheiriceá agus le plé idir fir bhána agus Indiaigh.

Caibidil a Sé

Club Leabhar an Iarthair Fhiáin agus Réamonn Óg

6.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo tabharfar cuntas ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt leabhar faoin Iarthar Fíáin i litríocht an Bhéarla agus i litríocht na Gaeilge agus do dhaoine fásta agus do dhaoine óga. Pléifear saintréithe an tseánra agus steiréitíopa agus léiriú na mbuachaillí bó agus na mbundúchasach mar léiriú ar mheon agus ar dhearcadh na sochaí agus an phobail. Tabharfar cur síos ar théamaí, ar phlotaí agus ar chomharthaí sóirt an tseánra. Tabharfar cuntas ginearálta ar scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin le Cathal Ó Sándair, agus breathnófar ar na bealaí a ndearna sé téamaí agus comharthaí sóirt an tseánra a mhúnlú le freastal ar Ghaeil óga. Pléifear an idé-eolaíocht atá le sonrú i scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin agus an léiriú ar fhéiniúlacht na mbuachaillí bó agus na mbundúchasach i litríocht Ghaeilge na n-óg.

6.2 Leabhair faoin Iarthar Fíáin

Baineann an seánra go dlúth le cúrsaí staire, le cúrsaí polaitiúla agus le cúrsaí cultúrtha i Meiriceá i dtreo dheireadh an naoú haois déag, idir deireadh Chogadh Cathartha Mheiriceá (1865) agus tús an fichiú haois. Glactar leis go bhfuil scéalta, leabhair agus scannáin an tseánra lonnaithe in Iarthar Mheiriceá, i gceantar siar ó Abhainn an Mississippi agus ó thuaidh an Rio Grande, agus go ndéantar cur síos ar thaithí saoil na bhfear bán agus an t-aistear a rinne siad thiar i dtreo Iarthar Mheiriceá. Léirítear tionchar an tseánra in idéalú agus cur chun cinn íomhá na bhfear bán mar shiombail den lucht cinsil agus mar shiombail den bhuachaill agus den fhear Meiriceánach. Is léir ó léamh a dhéanamh ar leabhar faoin Iarthar Fíáin go bhfuil ceiliúradh á dhéanamh ar chás agus ar chearta na bhfear bán agus imeallú á dhéanamh ar bhundúchasaigh. Rinneadh ceangal idir féiniúlacht na bhfear bán agus féiniúlacht náisiúnaíoch phobal Mheiriceá. Cuireadh idé-eolaíocht náisiúnaíoch chun cinn i dtaca le húdarás agus ceannasaíocht na bhfear bhán, agus léiríodh tábhacht an chórais pholaitiúil agus cur chun cinn na sibhialtachta chomh maith leis an tábhacht ar bhain le bundúchasaigh a chur faoi chois agus a dhíshealbhú (Slotkin, 1994: 32). Tá ceangal láidir idir cúrsaí staire agus cúrsaí polaitiúla sa seánra, mar a mhínítear thíos:

The story of the Western is the story of America. Although formed by folk tales, national dreams, popular songs, yellow press reportage, dime fiction and outright lies, the Western is rooted in the historical realities of what took place during the gradual advance westward, in the nineteenth century, of the United States of America. While couched in terms of the coming of civilization, the rise of law and order or the establishment of community values, the Western is essentially about conquest. Cavalries conquer

Indians, pioneers conquer the wilderness, lawmen conquer outlaws and individuals, whether geographical or philosophical, comes under the hegemony of the United States of America and the evils of the past fade away into prehistory. (Flanagan, 2010: 92)

Samhlaítear tábhacht eiseamláireach le scéalta James Fenimore Cooper (1789-1851) agus an tsraith *Leatherstocking* a foilsíodh idir 1823 agus 1850. Áirítear iad mar na céad leabhair sa seánra a leag síos an múnla (Newman, 1990: xv). Bhí cúig leabhar sa tsraith *Leatherstocking: The Pioneers* (1823), *The Last of the Mohicans* (1826), *The Prairie* (1827), *The Pathfinder* (1840) agus *The Deerslayer* (1841) ina ndéantar cur síos ar aistear agus ar eachtraí an charachtair Hawkeye ó Nua Eabhrac siar go hIarthar Mheiriceá. Chuaigh scéalta Cooper i bhfeidhm ar scríbhneoirí agus baineadh úsáid as téamaí agus comharthaí sóirt an tseánra i scéalta na “dime novels” agus foilseacháin eile (Sloktin, 1992: 16). Leagadh béim ar an gcaidreamh idir an fear bán agus an bundúchasach agus is iondúil gurbh é an teagmháil agus choimhlint sin bunús na scéalta. Tuigtear do Slotkin go raibh tábhacht shiombalach leis na contrárthachtaí dénrátha:

Cooper recognises that the racial opposition of Whites and Indians is the most basic and definitive of historical tropes, that the ideological justification of American history hinges somehow on the Indian Question. His *Leatherstocking* novels amplify this basic imagery systematically, using White/ Indian opposition as the key to interpreting other fundamental oppositions: the opposition between “hard” and “soft” understandings of social and class questions embodied in the gendered contrast of Masculine and Feminine ways of thinking about Indian wars, and the class opposition between landed and gentry and social-climbing yeomen, masters and slaves, or commanders and subordinates. (1992: 15-16)

Foilsíodh scéalta faoin Iarthar Fiáin sna “dime novels” agus bhí an-cháil agus éileamh ar an gcineál seo foilseacháin i measc daoine fásta. Ba é *Malaeska, the Indian Wife of the White Hunter*, le Ann S. Stephens a foilsíodh in 1860, an chéad scéal a foilsíodh mar chuid de “dime novels” na comhlachta Beadle agus sa chéad bhliain amháin díoladh 300,000 cóip den fhoilseachán (DeForest, 2004: 15). Mar a mhíníonn DeForest, bhí dlúthbhaint idir cúrsaí cogaíochta i Méiriceá agus pobal léitheoirí an tseánra áirithe seo:

It was obvious that the dime novel was a highly successful format for cheap literature. After the start of the Civil War (1861-1865), sales rose even higher. The cheap and easy-to-carry books proved popular among soldiers. Dime novels were one of their [soldiers] major sources of entertainment. By the end of the war, Beadle and Adams had sold nearly five million copies of their various novels... Frontier stories and Westerns remained enormously popular. Purely fictional characters abounded, but some of the most popular dime novel series featured historical characters – Buffalo Bill, Kit Carson, Grizzly Adams, Calamity Jane and so on. (DeForest, 2004: 16)

I measc na scríbhneoirí ba mhó cáil a bhí ag saothrú ag tús an fichiú haois déag is fiú na scríbhneoirí a leanas a lua; Owen Wister (1860-1938), Edgar Rice Burroughs (1875-1950) agus Zane Grey (1872-

1939). Ba é *The Virginian* le Owen Wistern sa bhliain 1902 an chéad úrscéal a foilsíodh sa seánra, scéal faoi thaithí saoil an bhuachalla bhó. Bhí cáil ar Burroughs de bharr an réimse ábhair ar shaothraigh sé sa ghearrscéal agus leabhar faoin Iarthar Fiáin ach ba é Zane Grey an scríbhneoir ba mhó cáil a shaothraigh sa seánra. Cé gur thosaigh Grey amach mar scríbhneoir gearrscéalta d'éirigh leis cur lena cháil agus é féin a chur chun cinn mar úrscéalaí (Slokin, 1992: 211).

Ó thaobh téamaí de, bunaithe ar théama na coimhlinte agus ar léiriú idir an chodarsnacht idir an mhaith agus an t-olc atá scéalta faoin Iarthar Fiáin. Tugann an laoch aghaidh ar an bhfásach agus léirítear an choimhlint idir an fear bán agus an bundúchasach, an buachaill bó agus an tIndiach, an sirriam agus an ceithearnach coille. I dtaobh na gcarachtar, is minic gurb iad an grúpa carachtar céanna a léirítear, mar shampla, an buachaill bó, an ceithearnach coille, an sirriam ionraic agus a fhear cúnata amaideach, an cearrbhach géarchúiseach, an baincér mí-mhacánta, an múinteoir scoile díograiseach agus an cailín óg i gcruachás. Go hiondúil déantar cur síos dearfach ar chur i bhfeidhm an chórais rialacháin agus ar thábhacht na n-údarás. Samhlaítear forás le dul chun cinn i gcúrsaí tionsclaíochta agus talmhaíochta agus leagtar béim ar thábhacht an oideachais agus ar an dul chun cinn eacnamaíochta. Tugann Frank Gruber cuntas ar phlotaí an tseánra agus tuigtear dó nach bhfuil sa seánra seo ach seacht bplota bhunúsacha agus go ndéantar aithris ar na plotaí céanna arís agus arís eile; comhlintí idir fhir bhána agus Indiaigh; aistear na bhfear bán san fhásach; borradh na heacnamaíochta; glacadh agus sealbhú na talún; scéal faoi dhíoltas a bhaint amach; scéal an tsirriam; scéal an cheithearnaigh choille (luaite in Saunders, 2001: 5). Cé gur léiríodh bundúchasaigh sna scéalta ón tús is fiú tagairt a dhéanamh d'easpa forbartha ar tháinig ar léiriú chás agus scéal na mbundúchasach agus ar chur chun cinn steiréitíopaí a mhaireann go dtí an lá atá inniu ann. Meabhraíonn Saunders an ceangal idir an seánra seo agus scríobh na staire féin don léitheoir:

Although Native Americans have appeared in westerns from the beginning, since history is written by the victors it has most often been as the villains duly defeated in the last reel. Yet whether we take the simple collection of cowboys and Indians or the more sophisticated binary opposition between civilisations and the wilderness, their role is central. The stereotypes and the dramatic possibilities they provide date back at least to James Fenimore Cooper, writing at a time when their history was still in the making, their eventual defeat and the white man's guilt over how it came about still in the future. (Saunders, 1991: 93)

6.3 Leabhair faoin Iarthar Fiáin i Litríocht na Gaeilge

Cé go raibh cáil ar an seánra i mBéarla do dhaoine fásta níor aistríodh ná níor scríobhadh leabhair faoin Iarthar Fiáin i nGaeilge go deireadh na 1920idí. Seo mar a mhíníonn O'Leary an t-easnamh a bhí ann agus a laghad leabhar faoin Iarthar Fiáin a bhí ann sa Ghaeilge. Tagraíonn sé do Phádraig Ó

Conchubhair agus criticeoirí eile a mheas gur ábhar eachtrannach a bhí sna scéalta faoin Iarthar Fiáin agus nach bhféadfaí na scéalta a aistriú go hÉirinn nó an Ghaeilge féin a shamhlú leis an Iarthar Fiáin:

[Also] startling in their relative absence were stories about the American West, even in translation. There were, for example, no Gaelic versions of the novels of Zane Grey, a perennial favourite with Irish readers in their original English. Perhaps some in the language movement agreed with Pádraig Ó Conchubhair when he dismissed the western for its ‘altogether alien and foreign subject matter’ (adhbhar eachtrannach coigchroíoch ar fad) and argued ‘the rustlers and the coyotes and the mesquite would not have the same smell if they were moved to Ireland’ (ná beadh an balath céadna ó’s na rustlaéirí, na coyotes ná ó’n mesquite dá n-aistrechthaí go h-Éirinn iad (Luaithe in O’Leary, 2011: 125)

Pléadh cheana díospóireachtaí i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge i suíomh uirbeach i gCaibidil 4 agus d’fhéadfaí cuid de na díospóireachtaí céanna a shamhlú i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge i dtír eachtrannach.

I gcás na mbunshaothar Gaeilge faoin Iarthar Fhiáin do dhaoine fásta a foilsíodh, ba iad na saothair seo a leanas ba mhó cáil; *Go mBeannuightheas Dhuit: Eachtra thar Eachtraíbh* (1925) le Micheál Ó Gríobhtha, *Fánaí* (1927) le Seán Óg Ó Caomhánaigh, *Sé Dia an Fear is Fearr* (1928) le ‘Fionn Mac Cumhail’, *Onncail Séarlaí* (1930) le Seán Ó Ciarghusa agus *Cailín na Gruaige Duinne* (1932) le hÚna Bean Uí Dhiosca. Foilsíodh *Go mBeannuightheas Dhuit: Eachtra thar Eachtraíbh* le Micheál Ó Gríobhtha, úrscéal faoi Éireannach óg a thaistealaíonn ó Nua Eabhrac go dtí an Iarthar Fiáin le hór a thaiscéaladh. Ba mhaith mar a thuig Ó Gríobhtha go raibh seánra de chineál nua á chur chun cinn aige sa Ghaeilge agus mhínigh sé na haidhmeanna a bhí aige i brollach an úrscéil:

‘Cé gur dhána an gnó damh-sa tabhairt fé n-a leithéid, do bheartuigheas ar dhíchillín mo chroidhe do chur le iarracht chun sgéal do chumadh ‘n-a mbeadh eachtraí agus beodhacht innste, agus olcas agus maitheas; do chuireas rómham scéal do chumadh ná caithfeadh an léightheoir uaidh sul a mbeadh a leath léighthe aige. Ní fios dom ar éirigh liom; is é an léightheoir an breitheam. (Luaithe in O’Leary, 2004: 192)

Foilsíodh an t-úrscéal *Fánaí* le Seán Óg Ó Caomhánaigh sa bhliain 1927 agus is mó cáil a tharraing sé de bharr cúrsaí cinsireachta ná aon ní eile. Cé nach bhfuil tagairtí díreacha d’Indiaigh san úrscéal, tá tagairtí don leathfholaíocht agus don mheascach ann i dtaobh an charachtair Pinn. Is comrádaí é de chuid an Seansánach agus déantar cur síos air mar dhuine fealltach agus is é an cumasc cine is cúis le tréithe sin a phearsantachta (Titley, 2002: 102-3). Tagann roinnt mhaith d’eachtraí an úrscéil le téamaí seanbhunaithe na leabhar faoin Iarthar Fiáin: tá tagairtí d’Indiaigh agus do thochailt óir i Yukon agus tá an chosúlacht idir an t-úrscéal agus “dime novels” aitheanta ag Titley (1991: 98). Úrscéal eachtraíochta é *Onncail Séarlaí* le Seán Ó Ciarghusa a foilsíodh sa bhliain 1930. Cuireann an reacaire, uncail Séarlaí, cur síos ar imeachtaí a tharla dó agus é ag taisteal i dTuaisceart Mheiriceá. Maidir leis an dá shaothar eile, foilsíodh an t-úrscéal *Sé An Dia is Fearr is Fearr* le Fionn Mac Cumhail sa bhliain

1928 agus *Cailín na Gruige Duinne* sa bhliain 1932. Is úrscéalta iad faoi bheirt charachtar Éireannach a imíonn go Meiriceá agus a dtaithí thall. Baineann *Sé an Dia an Fear is Fearr* le scéal Naos Óig, buachaill óg a fhágann Dún na nGall le taisteal go hAlbain agus go Meiriceá. Tá suim aige dul leis an sagartóireacht ach beartaíonn sé ar thréimhse a chaitheamh ag taisteal i Meiriceá agus le linn na tréimhse sin bíonn taithí aige mar bhuachaill bó (Mac Cumhaill, 2014: 9). Baineann tábhacht faoi leith leis an úrscéal *Cailín na Gruige Duinne*, tá sé ar cheann de na chéad samplaí atá againn i litríocht na Gaeilge de chliseadh pósadh i nua-litríocht na Gaeilge agus cur síos ar bhean óg Protastúnach, Róisín a bhogann ó Éirinn go Saskatchewan agus a chaitheann tréimhse thall mar mhúinteoir scoile (O Leary, 1994: 69). Más tearc na mbuntéacsanna faoin Iarthar Fiáin, fuair léitheoirí Gaeilge taithí ar an seánra trí mheán an aistriúcháin. I measc na n-aistriúcháin is mó cáil, bhí na húrscéalta seo a leanas do dhaoine fásta: *Scairt an Dúthchais* (1932) le Niall Ó Domhnaill aistrithe ó *The Call of The Wild* Jack London (1903), *Mac an mhactíre* (1936) leis an Athair Tadhg Ó Curnáin aistrithe ó *White Fang* le Jack London (1906), *Na Sealgairí Óga* (1934) le Tomás Page a aistríodh ó *The Boy Hunters of the Mississippi* (1912) le Captaen Mayne Reid agus *Lann Fada; a scéal féin arna aithris ag Triath Lann Fada, taoiseach Indeach dubhchosach* (1941) le Muiris Ó Catháin a d'aistrigh *Long Lance: autobiography of an Indian Chief* (1928). Is aistriúcháin fhada iad na leabhair thuasluaite agus d'fhéadfaí a mhaíomh go ndíríonn siad ar léitheoirí fásta seachas ar léitheoirí óga.

Ba é Cathal Ó Sándair thar aon scríbhneoir eile Gaeilge a shaothraigh an seánra as Gaeilge agus é ag díriú ar aos óg go speisialta. Seo a deir Philip O'Leary faoi thuiscint Uí Shándair i dtaobh na gcineálacha scéalta agus leabhar ar thaitin le daoine óga, 'Ó Sándair was not about to leave such a popular form undeveloped in Irish, and he made his mark in the genre with the series 'Club an Iarthair Fhiáin' (The Wild West Club) (2011: 125). Breathnófar i dtosach, ar scéalta agus ar leabhair faoin Iarthar Fiáin ar foilsíodh i mBéarla, i Meiriceá, i Sasana agus in Éirinn do dhaoine óga agus ar mhúnlaí éagsúla den seánra a cuireadh chun cinn le freastal ar dhaoine óga.

6.4 Leabhair faoin Iarthar Fiáin agus Litríocht Bhéarla na nÓg ó Mheiriceá agus ó Shasana

Ón bplé a rinneadh ar leagan amach agus ar théamaí scéalta agus leabhar faoin Iarthar Fiáin, d'fhéadfaí an tarraingt a shamhailt agus thuigfí na cúiseanna a thaitneodh an seánra le daoine óga: an choimhlint idir an mhaith agus an t-olc, an laoch agus an bithiúnach, mar shampla. Samhlaítear, áfach, go gcaithfí cinsireacht agus eagarthóireacht a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'ábhar na scéalta agus na leabhar le freastal ar dhaoine óga. Mar shampla, bheifí ag súil go ndéanfaí cur síos níos simplí agus níos soineanta ar eachtraí foréigneacha agus rómánsúla agus go leagfaí níos mó béime ar ghnéithe eachtraíochta na scéalta. I gcás litríocht na n-óg, samhlaítear léiriú aontoiseach le carachtair, bíodh siad maith nó olc. Ina theannta sin, ní gá míniú ná réasúnaíocht dhomhain a thabhairt i dtaobh na n-eachtraí ná iompair na gcarachtar. Mar sin féin, baineann gnéithe den fhicsean staire le scéalta agus le leabhair faoin Iarthar

Fiáin, go háirithe nuair nach bhfuil an tuiscint ná an t-eolas iomlán ag daoine óga ar eachtraí stairiúla, ar dhaoine agus ar thíortha eile. Tagann claontaí in aghaidh na mbundúchasach chun solais go minic, mar shampla léirítear na hIndiaigh mar dhaoine fiáine, barbartha, foréigneacha ach ní mhínítear na cúiseanna ar mian leo éirí amach ná dul i mbun troda. Nuair a léitear scéalta agus leabhair faoin Iarthar Fiáin tugtar cuntas ar thaithí saoil na ndaoine a mhair le linn na tréimhsí ama sin agus tá freagracht ar leith ar an scéalaí agus an scríbhneoir cúram a dhéanamh den léiriú agus den íomhá a chuirtear chun cinn. Feictear difríochtaí i gcur chun cinn an tseánra i Meiriceá i gcomparáid le Sasana agus le hÉirinn féin. Foilsíodh dhá chineál ábhair faoin Iarthar Fiáin i Meiriceá, mar shampla – na scéalta “dime novels” agus dírbheathaisnéisí agus cuimhní cinn. I Sasana foilsíodh ábhar ficsin den chuid is mó nó bhí fáil ar na scéalta faoin Iarthar Fiáin in “penny bloods” agus “penny dreadfuls” Shasana (Turner, 1976: 255-265). In Éirinn foilsíodh ábhar ficsin in *Our Boys* agus ba ábhar ficsin a bhí i scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin le Ó Sándair. Rinneadh na scéalta agus na carachtair a ‘ghaelú’ le freastal ar léitheoirí óga. Déanann Peter Hunt cur síos ar na difríochtaí idir litríocht na n-óg i Meiriceá agus i Sasana ag deireadh an naoú haois déag:

American children, whether they grew up on farms or in cities, were expected to be purposeful, to understand money matters, and early to take on adult responsibilities. The fiction written for them reflected this, and contrasts with the fantasy and fairy-tales of England, where childhood, at least among the more prosperous classes, was prolonged and leisurely. Fantasy did not make such a strong appeal to American readers... Ideas of what was appropriate to young readers were changing: there was less moralizing, and it was no longer necessary that parents be depicted as faultless although fathers had been very commonly represented as shiftless drones in comparison to the strong mothers of fiction...but as in Britain, there was a parallel development of cheap popular literature. (Hunt, 1995: 227-8)

I gcás litríocht na n-óg i Meiriceá leagtar béim anseo ar shamplaí de dhírbheathaisnéisí agus de chuimhní cinn agus an tionchar a bhí acu ar dhaoine óga. Ba é *Indian Boyhood* le Charles Eastman a foilsíodh sa bhliain 1902, an chéad leabhar de chuimhní cinn do dhaoine óga a thug cur síos ar thaithí saoil buachalla óig Indiaigh sa bhliain 1862. Bhain tábhacht ar leith leis an saothar seo. Ba shaothar eisceachtúil é sa chaoi gurbh é an chéad leabhar ar thug cuntas agus cur síos ó thaobh na nIndiach agus gur thug sé léargas do dhaoine óga ar shaol, ar chultúr agus ar thraidisiúin na nIndiach (Murphy, 2001: 289). Scríbhneoir eile a rinne iarracht léiriú a thabhairt ar thaithí na nIndiach ná Dietrich Lange. Foilsíodh cúig leabhar déag leis idir na blianta 1910-1930 ar eachtraí agus ar choimhlintí ar tharla i dtreo dheireadh an naoú haois déag. In réamhrá an leabhair ba mhó cáil uaidh, *On the Trail of the Sioux: Or, The Adventures of Boy Scouts on the Minnesota Frontier* (1911), maíonn Lange go raibh sé ag iarraidh solas a chaitheamh ar ‘desperate struggle of the brave and warlike Sioux tribes against the incoming tide of the white man's civilization’ (1911:vi). Bíodh is gur léirigh leabhair Eastman tuiscint agus bá le cás na nIndiach, i leabhair Lange taispeánadh na bundúchasaigh mar dhá ghrúpa éagsúla: na hIndiaigh a thug cúnadh do na fir bhána agus a ghlac lena gcinniúint go mbeadh orthu géilleadh agus

na hIndiaigh nár thug cúnamh agus a dhiúltaigh glacadh le huathlathas na bhfear bán. Is minic an léiriú dénrtha seo, (na hIndiaigh maithe agus na hIndiaigh gan mhaith) le sonrú ar shaothair literatha agus tá sé le tabhairt faoi deara i saothar Ingalls Wilder agus Ó Sándair féin. Ba é an tsraith *Little House* le Laura Ingalls Wilder ba mhó cáil a foilsíodh le linn na 1930idí agus déantar cur síos ar thaithí saoil na Wilders sna leabhair *Little House on the Prairie* (1932), *The Little House in the Big Woods* (1935) *Farmer Boy* (1933), *On the Banks of Plum Creek* (1937), *By the Shores of Silver Lake* (1939), *The Long Winter* (1940), *Little Town on the Prairie* (1941) agus *These Happy Golden Years* (1943). Feictear, áfach, léiriú aontaobhach ar bhundúchasaigh agus ar scéal Wilder. Dearbhaítear uathlathas agus cearta na bhfear bán i ndíshealbhú agus i ndíothú na nIndiach sa tsraith. Léirítear taithí saoil cailín óig ag teacht in inmhe i sraith Ingalls Wilder agus an taithí a bhí aici ar an Iarthar Fiáin. Is é scéal an chailín óig is tábhachtaí mar sin seachas cúrsaí staire agus cúrsaí polaitiúla:

The Indian functions as a vehicle to explore white anxieties and white desires... Thus, despite its seeming authenticity *Little House on the Prairie* ultimately denies the real experience of aboriginal Americans in order to validate the assimilation of the American landscape to the civilising project of frontier settlement... Not immune to the power of the Indian as image, Wilder shapes her representation of natives to a particular set of aesthetic and ideological objectives ... Because the eight volumes, conceived as a single work, link the development of Laura's character to the development of the frontier, they create a parallel between the "individual's moral growth from obedience to autonomy" and the "American's polity's growth from subjection to democracy" (Mills 128). Devoted to a view of the frontier as the site of nascent democratic principles, Wilder's project thus inevitably inclines toward myth, which has, as Anita Clair Fellman notes, a "tendency... to distil and simplify and deny history" . (Smulders, 2003: 191-2)

I Sasana léiríodh scéalta faoin Iarthar Fiáin sna hirisí agus leabhráin bheaga i mblianta tosaigh an fichiú haois agus ba iad na carachtair Buffalo Bill, Deadwood Dick agus Calamity Jane ba mhó cáil. Ba iad na foilsitheoirí Street and Smith is mó a d'fhoilsigh scéalta faoin Iarthar Fiáin i Sasana ach níor foilsíodh an oiread céanna scéalta faoin Iarthar Fiáin de dheasca cháil na scéalta bleachtairreachta i measc na n-óg i Sasana:

In their heyday the Deadwood Dick stories were good value. The arts of suspense were well studied, even if the rules of grammar were neglected. Early numbers of the Harmsworth magazines carried a variety of Western tales, sometimes about Buffalo Bill, sometimes about Deadwood Dick, occasionally both in one story, but there were no early Amalgamated Press publications which were specifically Western in appeal. Detection had become the obsession. (Turner, 1976: 270)

Thaitin na scéalta faoin Iarthar Fiáin le daoine óga i Meiriceá agus i Sasana agus tugtar faoi deara go raibh cáil ar an seanra do dhaoine óga in Éirinn chomh maith.

6.5 Leabhair faoin Iarthar Fiáin agus Litríocht Bhéarla na nÓg in Éirinn

I gcás litríocht na n-óg in Éirinn, foilsíodh scéalta faoin Iarthair Fiáin san iris *Our Boys* agus in ainneoin na scéalta bheith suite i dtír eachtrannach, féachadh le hidé-eolaíocht Chaitliceach, náisiúnaíoch a chur chun cinn le hainmneacha na gcarachtar agus le tagairtí d'Éirinn. Pléann Elizabeth Russell tábhacht na hirise, *Our Boys*, a chothaigh nós na léitheoireachta i measc daoine óga agus a d'fhéach le scéalta agus carachtair a 'ghaelú' le dul i gcion ar Ghaeil óga: 'In Irish books, heroes were given Gaelic names while they fought for good over evil...Cowboys were often called Seán and Dónall, so the wild west could be transported to towns and villages in the Free State' (Russell, 1999: 25). Foilsíodh sraithscéalta faoi eachtraí an tSáirsint Moloney agus marcphóilíní Ríoga Cheanada le Margaret Griffiths in *Our Boys* sna 1930idí. In ainneoin nach bhfuil na scéalta suite ar theorainn an Iarthair Fhiáin i Meiriceá, éiríonn le Griffiths téamaí agus comharthaí sóirt an tseánra a shaothrú. Dar le Flanagan, 'Though not 'American' in the conventional sense of the word, it is in fact the ultimate *North* American narrative, fulfilling such criteria as being set in the wilderness and concerning the struggle between good and evil in a lawless, frontier milieu (2010: 94). Is fíor do Flanagan gur ábhar íoróine é múnla Griffiths sa chaoi is go ndearnadh gaelú ar sheánra impiriúil, gur samhlaíodh Éireannaigh mar phríomhcharachtair, mar shaighdiúirí Cheanada agus na hImpireachta, agus gurbh iadsan laochra agus fir eiseamláireacha an tseánra:

There is also a certain irony in the fact that this is essentially an imperial genre; British juvenile choosing to take this there as a form of 'conditioning', and often in fact programmatic, depicting the frontier as a place where men could prove themselves and learn the resilience they would need to rule an empire, with the figure of the Mountie being one of the quintessential emblems of male, imperial order' (Crang, 1998:75). Yet in the case of [Margaret] Griffith's stories they are, even the senior officers, exclusively Irish! This may perhaps be interpreted as a popular literary version of Irish masculine wish-fulfilment. (Flanagan, 2010: 94).

I bhfianaise an mhéid sin agus múnlaí éagsúla a cuireadh chun cinn i litríocht na n-óg ó Mheiriceá, ó Shasana agus in Éirinn, caithfear plé agus anailís a dhéanamh ar chomhthéacs litríocht Ghaeilge na n-óg agus mar a rinne Ó Sándair a chuid féin den seánra.

6.6 Leabhair faoin Iarthar Fiáin i Litríocht Ghaeilge na n-óg

Foilsíodh an chéad scéal de chuid Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin dar teideal *Soir ón Rio Grande* sa bhliain 1949, agus ina dhiaidh sin foilsíodh 29 leabhar eile sa tsraith. Is féidir sraithscéalta Chlub an Iarthair Fhiáin a roinnt ina dhá chuid: na scéalta luatha a bhaineann le téamaí ginearálta faoin Iarthair Fiáin agus na scéalta a dhíríonn ar eachtraí an tsirriam, Réamonn Óg. Foilsíodh sé scéal ghinearálta i gClub Leabhar an Iarthair Fhiáin, scéalta a bhfuil carachtair éagsúla iontu ach atá bunaithe san Iarthar

Fiáin: *Soir ón Rio Grande* (1949), *Bealach an Ghunna* (1951), *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952), *Iníon an Iarthair* (1953), *An Stróinséir ó Théascas* (1953), *An tIndiach ó Éirinn* (1953) agus is scéalta fada iad seachas an dá chnuasach gearrscéalta *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952) agus *An Stróinséir ó Théascas* (1953). Foilsíodh 22 scéal faoi eachtraí an tsirriam, Réamonn Óg. Is scéalta fada iad formhór na scéalta agus is cnuasaigh ghearrscéalta iad *Réamonn Óg*, *Sirriam* (1954), *Réamonn Óg Arís* (1954) agus *Cuir Fios ar Réamonn Óg* (1955) rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó ná daichead scéal faoi Réamonn Óg sa tsraith iomlán. Díol suime é an scéal *Éamonn Róg*, *An Bó-Bhuachaill Bómánta* (1960), as ucht go bhfuil an scéal suite in Éirinn i gcomparáid leis an scéalta eile sa tsraith atá suite san Iarthar Fiáin. Is léir, áfach, nach raibh an cháil chéanna ar scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin agus a bhí ar Chlub Leabhar Réics Carló, agus níor foilsíodh an líon céanna leabhar ina iomláine ná ní dhearnadh athchló ar leabhair éagsúla sa tsraith (Comhad G295). Foilsíodh idir 2,000 agus 3,000 cóip de gach leabhar ach de réir a chéile tháinig laghdú ar líon na leabhar a foilsíodh sa tsraith agus níl cúis faoi leith luaite in ábhar cartlainne an Ghúim leis seo (Comhad G295). Bhí trí leabhar sa tsraith nár foilsíodh cé gur seoladh lámhscríbhinní na leabhar sin chuig an nGúm. I gcás *Ramona Iarthar Fiadhain* (1950), mheas piarmheasúnóirí an Ghúim nach raibh an Ghaeilge ar chaighdeán ard agus go raibh lochtanna san insint agus an iomarca tionchair ag an mBéarlachas ar chumadóireacht Uí Shándair (Comhad N1373). Is deacair aiseolas ó phiarmheasúnóirí a mheas de bhrí nach bhfuil an buntéacs mar chuid d'ábhar cartlainne an Ghúim. Chomh maith leis sin, ba ghnách líne nó dhó gan aon mhíniú ceart mar chomhfhreagras ó eagarthóirí an Ghúim chuig Cathal Ó Sándair díreach le rá nach bhfoilseofaí scéal nó leabhar dá chuid. I gcás an dá leabhar eile, *Réamonn Óg agus an Cogadh ar an Machaire* (1954) agus *Réamonn Óg ar Eachtra Eile* (1955), mheas piarmheasúnóirí an Ghúim go raibh an t-ábhar róchosúil le hábhair eile a foilsíodh agus nach bhféadfaí é a chur i gcló dá réir sin (Comhad N1523; Comhad N1558).

Is léir gur chloígh Ó Sándair le téamaí agus plotáí an tseánra agus baineann mórchuid na scéalta le heachtraí agus le saol an Iarthair Fhiáin, mar shampla, coimhlintí idir buachaillí bó agus Indiaigh, coimhlintí idir buachaillí bó agus bithiúnaigh, gadaíocht agus rustlaeirí bó, órthaisc i bhfolach agus aistir san fhásach. Scríobhadh formhór scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin idir na blianta 1945 agus 1956 agus léirítear na plotáí céanna in úsáid in an-chuid de scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin. Tá roinnt mhaith athrá ach athraíodh na hainmneacha agus suíomh an scéil, go háirithe sna scéalta a bhaineann le heachtraí Réamonn Óg. I gcás chuid de na scéalta ginearálta a foilsíodh sna blianta luatha, feictear gur leagadh béim ar an gceangal idir carachtair agus Éirinn. Ní dhearnadh amhlaidh sna scéalta ar bhain le heachtraí Réamonn Óg. Sna scéalta *Soir ón Rio Grande* (1949), *Iníon an Iarthair Fhiáin* (1953) agus *An tIndiach ó Éirinn* (1953) mar shampla, tá cur síos ar an gceangal idir na carachtair agus Éire; is inimircigh iad na príomhcharachtair agus leagtar béim ar an stair roinnte idir Éire agus Meiriceá.

Is é *Réamonn Óg ar an Rio Grande* (1952) an chéad scéal fada faoi Réamonn Óg agus tá cur síos sa scéal ar Réamonn Óg mar bhuachaill bó agus cuntas ar eachtraí le bithiúnaigh, ar fhuadach a tharlaíonn agus ar chuardach ar órthaisce atá i bhfolach. Sna scéalta a foilsíodh ina dhiaidh sin, tá mórán de na plotaí céanna le feiceáil ach go bhfuil Réamonn Óg mar shirriam i mbaile Lodestone agus údarás aige an dlí a chur ar bhithiúnaigh agus iarrachtaí á ndéanamh aige síocháin a chur i réim idir bhithiúnaigh an bhaile, agus idir na bithiúnaigh agus na hIndiaigh. Níl cur síos cruinn ar cá háit a bhfuil Lodestone ach luaitear bailte eile cóngarach dó, Rio Grande, San Antonia, Santa Rosa agus Clinton ina measc. Is cosúil go bhfuil sé gearr do theorainn Mheicsiceo mar tá oiread sin cuntas sna scéalta ar eachtraí gadaíochta a tharlaíonn ar an teorainn sin. Is duine neamhspleách, ceandána, é Réamonn Óg. Tá sé macánta agus ionraic agus is ról mar idirghabhálaí atá aige i bhformhór na scéalta, idirghabhálaí idir bithiúnaigh agus Indiaigh, mar shampla. Is é an phríomhaidhm atá aige ná síocháin a choinneáil agus an dlí a chumhdach. Is é ‘Airgead Beo’ ainm a chapail agus tá fear Meicsiceach mar chúntóir aige, Alonso, agus cé go dtugtar cur síos air mar fhear leisciúil agus mar dhuine ar fearr leis scíth a ligean seachas dul sa tóir ar bhithiúnaigh, is duine an-dílís é agus tá an-mheas aige ar Réamonn Óg, ar dhlíthe agus ar na húdaráis:

Ba bhreá an pearsa fir é Réamonn Óg Sirriam. Bhí sé ard urrúnta, agus bhí sé aibí intleachtach ina theannta san. B’fhada ó bhí Sirriam chomh héifeachtach leis i Lodestone. Alonso an cúntóir Meicsiceach do bhí aige, bhí sé trom feolmhar, agus bhí clú na leisciúlachta air. Ach níorbh aon mheatachán an tAlonso céanna nuair do chastaí sa mbearnáin bhaoil é. (*Réamonn Óg ar a Choiméad*, 1954: 4)

In ainneoin na gcosúlachtaí idir pearsantacht Réamonn Óg agus Réics Carló agus léiriú na féiniúlachta Gaelaí, ní thagann na ceisteanna céanna chun cinn sa dá Chlub Leabhar. De dheasca scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin a bheith lonnaithe taobh amuigh d’Éirinn agus le linn tréimhse staire an Iarthair Fhiáin, ní léirítear saol na cathrach ná saol nua-aimseartha na hÉireann sa tsraith. Ní phléitear, ach oiread, stádas na Gaeilge, ná saíocht agus saibhreas na teanga, agus ní mhínítear na cúiseanna a bhfuil an Ghaeilge mar theanga san Iarthar Fhiáin ná mar theanga chumarsáide ag na buachaillí bó, Réamonn Óg ina measc. Ábhar suntais, áfach, plé agus caidreamh Réamonn Óg le fir bhána agus le bundúchasaigh. Is ar an mbonn seo is féidir comparáid a dhéanamh idir Réamonn Óg agus Réics Carló, agus léiriú na féiniúlachta Gaelaí sna scéalta a bhaineann leo. Is fiú na léirithe agus na tuiscintí sin a phlé i gcomhthéacs mhúnlú an tseánra impiriúil le freastal ar Ghaeil óga. I gcomparáid le scéalta eachtraíochta Shasana inar léiríodh ról an laoi le bundúchasaigh a chur faoi chois agus le córas riaracháin a chur i bhfeidhm, tugtar faoi deara go bhfuil ról Réamonn Óg eisceachtúil.

I dtús báire, pléifear na scéalta ginearálta a bhain le Club Leabhar an Iarthair Fhiáin. Scéalta ginearálta a bhí sa chéad sé scéal i gClub an Iarthair Fhiáin: *Soir ón Rio Grande* (1949) *Bealach an Ghunna* (1950), *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952), *Iníon an Iarthair Fhiáin*, *An Stróinséir ó Théacsas* agus *An tIndiach ó*

Éirinn (1953). Is cnuasaigh gearrscéalta iad *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952) agus *An Stróinséir ó Théacsas* (1953) agus is scéalta fada iad na scéalta eile. Tá difríochtaí idir na scéalta ginearálta agus scéalta faoi Réamonn Óg. I gcomparáid leis na scéalta sa tsraith a dhíríonn ar eachtraíocht Réamoinn Óig mar shirriam, sna scéalta ginearálta, déantar cur síos níos mine ar an tírdhreach, tugtar cuntas ar chúrsaí staire agus polaitiúla an Iarthair Fhiáin, agus tugtar níos mó eolais faoi stair agus faoi chultúr na nIndiach. I roinnt de na scéalta ginearálta léirítear ceangal idir na príomhcharachtair agus Éire, mar shampla, *Soir ón Rio Grande* (1949), *Iníon an Iarthair Fhiáin* (1953) agus *An tIndiach ó Éirinn* (1953). Sna scéalta sin is as Éirinn do phríomhcharachtair agus sliocht na bpríomhcharachtar agus tá siad ag cur fúthu anois san Iarthar Fiáin. I gcás na scéalta *Soir ón Rio Grande* (1949) agus *Iníon an Iarthair Fhiáin* (1953) tugtar cuntas gairid ar mhuintir na bpríomhcharactar atá ag cur fúthu anois i Meiriceá agus seilbh acu ar thalamh. Ní mhínítear na bealaí, áfach, ar tháinig siad i sealbh na talún. In *An tIndiach ó Éirinn* (1953) tá cur síos níos fairsinge ar an bplé agus ar an gcaidreamh idir an tÉireannach óg, Éamonn, agus na hIndiaigh. Is gné é seo a thagann chun cinn i scéalta Réamoinn Óig chomh maith, an tuiscint idir Réamonn Óg agus na hIndiaigh agus na hiarrachtaí a dhéanann sé síocháin a chur i réim agus é mar shirriam.

Is cosúil gurbh é *Fir an Iarthair Fhiáin* an chéad lámhscríbhinn sa tsraith a sheol Ó Sándair chuig eagarthóirí an Ghúim (cé nár foilsíodh i dtosach é) agus léiríodh amhras i dtaobh seánra den chineál seo a chur chun cinn sa Ghaeilge. Bhíothas in amhras faoi mhoráltacht na gearachtar. I dtuairisc an léitheora, P.S. Ó Tighearnaigh, is mar seo a leanas a dhéanann sé cur síos ar scéalta faoin Iarthar Fiáin agus ar chinneadh Uí Shándair scéalta an tseánra a thabhairt isteach sa Ghaeilge:

Ní bheadh duine ag súil le hard-mhoráltacht i scéalta a bhaineas le saol fiáin an réigiúin seo Ameiricá... Ní shaolim gur scéalta oiriúnacha don aos óg iad, de bharr rogaire ag obair as lámha a chéile le hairgead fhághail ar 'false pretences' – agus an cluiche ag éirí leo. Tá an dream óg milleadh agus a sáith den chineál sin scéalta dá léiriú sna tigthe pictiúir, gan a léithéidí bheith dá gcur ar fághail i nGaeilge dóibh'. (Comhad N1413)

Bhí Ó Tighearnaigh den tuairim nach raibh aon ghá scéalta den chineál seo a fhoilsiú sa Ghaeilge nuair a bhí a leithéid ann sa Bhéarla cheana féin. I dtuarascáil eile a scríobh P.S. Ó Tighearnaigh ar scéal a bhí mar chuid den lámhscríbhinn *An tIndiach ó Éirinn*, cheistigh sé stíl scríbhneoireachta Uí Shándair agus an léiriú a tugadh ar bithiúnaigh agus ar an sirriam. Ba bheag aige na tagairtí d'fhéinmharú a bhí sa scéal agus go raibh sloinne Gaelach ar dhuine de na bithiúnaigh:

An luíonn comhbhá an léitheora leis na bithiúnaigh nó leis an sirriam? Tagairtí do fhéinbhású – b'fhearr gan. Cén fáth go bhfuil sloinne Gaelach ar dhuine de na bithiúnaigh? Ní fhágaim aon locht ar na scéalta eile. Ní bheadh duine ag súil le hard-mhoráltacht i scéalta a bhaineas le saol fiáin an réigiúin seo i Meiriceá, agus b'fhéidir nach gcuirfeadh gasúir mórán suime sa taobh moráltacht de scéal ach measaim

nach ceart an leabhair a chur i gcló mar atá sé. Ba chóir na lochtanna atá i gceist agam a leigheas nó scéalta eile cuir in ionad na scéalta dár ndearnadh tagairt sul a gcuirfí cló ar an leabhar (Comhad N1453).

Is cosúil gur ghlac an Gúm le breithiúnas Uí Thighearnaigh agus níor foilsíodh an scéal seo. I scéalta Chlub Leabhar Réics Carló léiríodh Réics mar laoch na sraithe agus cuireadh íomhá dhiúltach d'eachtrannaigh chun cinn sa mhéid gur tugadh ainmneacha eachtrannacha do bhithiúnaigh agus do choirpigh. Is cosúil gur bhain Ó Shándair úsáid as ainmneacha Gaeilge do bhithiúnaigh agus do choirpigh sna chéad-dréachtaí agus níor thaitin sé seo le P.S. Ó Tighearnaigh. Bhí sé ag súil le cuntas níor géire ar dhrochghnímh agus le cuntas níos morálta agus níos measúla ar phríomhcharachtair Ghaelacha Uí Shándair.

Léirítear tuiscint Uí Shándair ar chúrsaí stairiúla agus cúrsaí polaitiúla Mheiriceá in *Soir ón Rio Grande* (1949), an chéad leabhar a foilsíodh sa tsraith. Sa scéal *Soir ón Rio Grande* (1949), tá cur síos ar an gearachtar Chico Carson agus é ag machnamh ar staid na tíre. Is ábhar díomá dó 'ná fuil cuid de na hIndiathaigh fiáine fágtha go fóill' (1953: 10) agus tugtar cur síos ar uathlathas na bhfear bán agus ar chás na nIndiach:

Léirigh scéal an bhaile seo [Sanora] scéal Théascas; b'ionann scéal Théascas agus scéal an Deiscirt; ba mar a chéile scéal an Deiscirt agus scéal Ameiriceá: éiríodh an tIarthar go léir sa chomharsanacht so, an tsibhialtacht agus an bharbarthacht taobh le taobh, an dóchas agus an t-éadóchas, an bás agus an beatha – gan aon tsonas ann ná raibh an donas ina orlaí tríd. An tír seo, an talamh so ba gheal le croí an ógfhir, nach eachtrúil an seanchas a bhí ag baint leis, agus nach dána an té a mheasfadh é do rianú ar phár don chine daonna! Ní féidir seanchas den chineál san d'insint. Maireann sé agus mothaítear é sa chroí amháin... Mhothaigh Chico cuid de anois. (*Soir ón Rio Grande*, 1949: 8)

Tá Chico ag smaoineamh siar ar a óige agus ar shagart a bhí mar mhúinteoir scoile aige agus a mhúin "Reading, 'riting agus 'rithmetic' agus roinnt staire dóibh agus an tuiscint atá aige i dtaobh chúrsaí staire agus polaitiúla Mheiriceá:

Ach an stair – bhí gach focal de scéal iontach na mór-roinne seo de ghlanmheabhair aige, nach mór, sna focla céanna inar aithris an tAthair Luis don rang í. Sasana Nua agus na Púratánaigh! An "Mayflower" ag treabhadh na dtonn ag breith daoine ar a mbealach go dtí saol úr i bhfad ó bhaile agus lán-fhios ag na paisinéirí nach saol sámh suairc a bhí rompu ach dian-tsaothair agus briseadh croí. Maryland! Caitlicigh ó Shasana ag cur fúthu sa tír nua seo nach mbeadh saoirse acu i gcónaí chun a gcreideamh féin do chleachtadh. Florida, California, Carolina, Georgia! Ameiriceánach dob ea Chico, ach dhein sé ionadh den ghaol a bhí aige, ar bhealach, leis na Spáinnigh a bhaist na bailte a bhí thart air sa Deisceart ar fad, agus leis na Sasanaigh a thug dó an teanga a labhair sé. 1776, Forógra na Saoirse! 1835, Téacsas, a áit dúchais féin, ag baint amach saoirse ó Mheicsicó! 1860, an Deisceart ag fágaint Comhdháil na Stát Aontaithe! Cogadh agus Jeff Davis agus Serman agus Bull Run agus "Marching thro' Georgia" agus "John Brown's Body!"... Bhí rómánsaíocht ag baint le scéal na tíre seo, freisin. Treabh nua, cine nua, a bhí iontu, fiú amháin in aimsir Chico féin. Níor labhradar na briathra céanna, ach ba chuma san, aon náisiún amháin a bhí iontu. Treabh óg ba ea iad, freisin. Óg agus cróga. Iad dána go leor chun Impireacht do dhéanamh den fhásach, chun cathair do thógaint san áit ná raibh ach riasc ann roimhe sin. Impireacht!

Gan aon amhras, níorbh Impireacht mar gach impireacht eile í. Thóg gach fear impireacht nua dá chuid féin. (*Soir ón Rio Grande*, 1949: 9-10).

Díol spéise dearcadh Chico i dtaobh Mheiriceá agus an rómánsaíocht a bhaineann leis an tír agus tuigtear dó gur treabh nua, cine nua, a bhí i bpobal agus muintir Mheiriceá. In ainneoin an chuntais a thugtar ar chúrsaí staire agus polaitaíochta, déantar neamhaird de na deacrachtaí agus de na dúshláin. Tá Chico dearfach faoi thodhchaí na tíre agus faoin mbealach ar féidir náisiún agus Impireacht a chruthú. Sroicheadh Chico rainse Angélé agus glacann sé le hobair ar an rainse. Tagraítear do dhúchas mháthair Angélé, Eibhlín. ‘Teamhair’ is ainm don rainse, a ainmníodh in ómós don mháthair a tháinig ó “...thír bheag i bhfad i gcéin...” agus a raibh “...grá thar cuimse...” aici don tír sin (1949: 26, 50). Cuirtear brú ar Angelé an rainse a dhíol ach tagann a comharsain agus a muintir i gcabhair uirthi agus ag deireadh an scéil déantar cur síos ar Angelé agus ar Chico ag breathnú amach ar Theamhair, iad pósta agus sásta le cúrsaí an tsaol. Tugtar léargas sa scéal seo agus sna scéalta *Iníon an Iarthair Fhiáin* (1949) agus *Soir ón Rio Grande* (1949) ar ról na mban i sochaí an Iarthair Fhiáin. I gcás an scéil *Soir ón Rio Grande* (1949), is bean dhiongbháilte í Angelé agus tá sí tiomanta rainse a muintire a choinneáil ina seilbh, is cuma léi gur maraíodh daoine le go bhféadfadh a muintir seilbh a choinneáil ar an talamh:

Bhí dearmad déanta aici de na fir a thug a n-anam ar a son. Bhí dearmad déanta aici de na fir eile a bhí sásta an íobairt chéanna do dhéanamh dá mbeadh gá leis. Ach bhí cuid de leithleachas na mban ag baint léi; ba é a nádúir é agus níor tógtha ar fad uirthi é. Níorbh aon aingeal Angelé. Í féin an chéad dhuine a d’admhódh an méid sin. (1949: 93)

Is críoch shona atá leis an dá scéal, tá an bheirt bhan pósta agus éiríonn leo seilbh a choinneáil ar an talamh. Sa chuid eile den tsraith agus sna scéalta bunaithe ar eachtraí Réamonn Óig, léirítear mná éagsúla agus steiréitíopaí a chloínn le comharthaí sóirt an tseánra; mar shampla, an múinteoir scoile díograiseach agus an cailín i gcruachás. Ina theannta sin, léirítear an carachtar Beití Larson atá ina bean láidir chróga. Is í Beití an bhean a roghnaíonn Réamonn Óig mar chéile. I scéalta Réamonn Óig níl an oiread céanna cur síos ar dhearcadh ná ar mhothúcháin na mban, áfach, agus baineann formhór d’insint na scéalta le cuntas agus le cur síos ar Réamonn Óig féin.

Sa scéal *Bealach an Ghunna* (1949), déantar cur síos ar choimhlint idir rainseoir agus meirleach Mheicsiceach agus léirítear arís tuiscint Uí Shándair i dtaobh chás na nIndiach:

Bealach an Ghunna is a more interesting book, dealing with the inevitable showdown between a young rancher and a Mexican outlaw whose fundamental decency has been corrupted by his psychopathic brother. Predictably enough, when the two go out for a showdown from which only one can return, the rancher triumphs. Neither of these novels contains informed descriptions of the western landscape that enable Grey’s novels, whatever their faults, to satisfy the reader’s wish for escape from the modern mundane, although *Bealach an Ghunna* does offer a stirring description of the annual cattle round-up (bó-áireamh an fhómhair (62-4) and shows an awareness of the injustices inflicted on Native Americans as the United States expanded westward (p3). (O’Leary, 2011: 126)

Is mó den eachtraíocht atá sa scéal *Bealach an Ghunna* (1949) ná den fhealsúnacht nó den bhreithiúnas i dtaobh chúrsaí staire agus polaitíochta Mheiriceá. Tugtar aird ar dhíshealbhú agus ar chás na nIndiach ach ní thugtar breithiúnas ina thaobh sa scéal seo ná sa tsraith trí chéile.

Tá sé ghearrscéal sa chnuasach *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952) agus déantar cur síos ar réimse ábhair ann, mar shampla, cúrsaí talún agus smugláil atá ar siúl idir Meicsicó agus Arizona chomh maith le caidreamh idir Indiaigh agus fir bhána. Is iad na gearrscéalta, ‘Ar son a Charad’ agus ‘Díoltas an Indiaigh’, is fearr sa chnuasach a léiríonn an caidreamh idir fir bhána agus Indiaigh. Tá an gearrscéal ‘Ar son a Charad’ suite i Montana agus tá cur síos ar Montelito, taoiseach Indiach de threibh ar a dtugtar Dubhchoraigh, agus na hiarrachtaí atá ar bun aige féin agus ag fear bán, Brett Address, síocháin a dhéanamh idir an dá dhream. Rinne fir bhána iarrachtaí gunnaí a dhíol le cuid den treibh agus iad ag súil go mbeadh cogadh ann ach chuir Montelito i gcoinne seo agus síníodh conradh síochána idir an dá dhream. Eagraíodh cruinniú le cúrsaí a phlé agus bhí an chosúlacht air nach raibh fir bhána sásta leis seo agus rinneadh iarracht Montelito a dhúnmharú ach sheas Brett ina aghaidh seo agus maraíodh é. Ag deireadh an scéil tá Montelito ar a ghlúine agus Brett ina bhaclainn aige agus gabhann sé buíochas leis as ucht a bheatha a thabhairt ar a shon, ar shon a charad. Díol spéise na cruinnithe agus an conradh síochána á shíniú idir an dá dhream agus an bhéim a leagtar ar chomhoibriú, ar theacht le chéile agus idirbheartaíocht. Léirítear an meas agus an cairdeas idir Brett Address agus Montelito agus crógacht agus grá Bhrett bás a fháil lena chara Indiach a shábháil. Chomh maith leis sin, tugtar le fios nach daoine ‘maithe’ iad na fir bhána agus go bhfuil mionlach i measc na bhfear bán atá éadmhar agus fealltach. Is gné é seo a léirítear sa tsraith ar an iomlán. Sa ghearrscéal eile sa chnuasach céanna, ‘Díoltas an Indiaigh’, tugann an reacaire cuntas ar an slad agus ár a rinneadh ar na hIndiaigh agus na bealaí ar caitheadh leo. Tá cur síos ar an uaigneas a bhraitheann Indiach darbh ainm Sionúc mar go bhfuil a threibh agus a mhuintir marbh. Déanann an reacaire dúchasú ar uaigneas Shionúc:

‘Ach tháinig na fir bhána, bhrúigh siad na hIndiaigh i leath-thaobh do réir a chéile, agus ghabh siad féin seilbh ar an tír. Bliain tar éis na bliana eile, bhí na hIndiaigh ar dul i dteirce, agus fa deireadh ní raibh de threibh na Séarmhán ach sean-Sionúc féin... Nach ort a bheadh an chumha, dá mbeadh Gaeil Éireann go léir ar ceal ach tú féin, agus nach mbeadh agat fágtha ina n-ionad ach eachtrannaigh ná de shean-dhúchas na tíre in aon chor! Nach mbeitheá i gcás chomh dona leis an gcás ina raibh Oisín tráth bhí seisean fágtha i ndiaidh na Féinne? Bhuel is ina mhacasamhail sin de chás do bhí sean- Indiach darbh ainm Sionúc. (*Fir an Iarthair Fhiáin*, 1952: 49)

Tá buachaill óg darbh ainm dó Seimí ag iarraidh cairdeas a dhéanamh le Sionúc, cé go bhfuil athair an bhuachalla ina choinne mar gur Indiach é. Tarlaíonn timpiste do Sheimí agus tagann Sionúc i gcabhair air. Is ansin a thuigeann an t-athair gur duine maith é Sionúc. Is cairde iad uile ag deireadh an scéil.

Tá ceithre ghearrscéal sa chnuasach gearrscéalta *An Stróinséir ó Théacsas* (1953). Baineann an chéad cheann le cailín óg darbh ainm di Réiltín atá ag iarraidh rainse a hathar a chosaint ó lucht an iarnróid atá ag iarraidh an talamh a thógáil dóibh féin. Faraor, maraítear athair Réiltín ach tagann Al Seafars, an strainséir ó Théacsas, chuig an rainse agus tugann sé cúnamh do Réiltín an ruaig a chur ar lucht an iarnróid. Éiríonn léi an rainse a choinneáil agus pósann sí Al ag deireadh an scéil. Is é seo an chéad tagairt don charachtar Réamonn Óg agus baineann an dara agus sa tríú gearrscéal le heachtraí Réamonn Óg agus é ag iarraidh stop a chur le gadaithe agus rustlaéirí. Tá an tríú scéal spéisiúil ar an ábhar go léiríonn Réamonn Óg a thuiscint ar chearta na nIndiach agus ar a choinsias féin mar shirriam. Tá an chosúlacht air go bhfuil na hIndiaigh tar éis ionsaí a dhéanamh ar fhir bhána agus beartaíonn Réamonn Óg ar dhul chun cainte leis an Taoiseach Indiach, Lí Bú. Is é seo an chéadaithe a chuireann daoine óga ar Réamonn Óg agus tá sé spéisiúil gurb é seo modh oibre Réamonn Óg, sé sin dul le caint le hIndiaigh agus éisteacht a thabhairt dóibh agus a gcás a thuiscint. Is carachtar stuama, ciallmhar é agus tá sé cosúil le Réics sa chaoi seo. Seasann sé siar ón eachtraíocht i dtosach go dtí go mbíonn an t-eolas ar fad aige agus is ansin a dhéanann sé a chinneadh agus a thuairimí a léiriú. Dar le Réamonn Óg, caithfidh gach uile dhuine aird agus meas a thaispeáint ar dhlíthe an cheantair:

“Tá a gcearta féin ag na hIndiaigh, ba leo féin an tír seo go léir i bhfad ó shoin. Is fíor san, ar ndóigh”, a deir Réamonn Óg, “ach d’imigh sin agus tháinig seo. Rinneadh dlíthe áirithe agus ní foláir dúinn go léir bheith umhal do na dlíthe sin – sinn féin agus na hIndiaigh...Baileoimid buíon amárach agus raghaimid chun cainte le Lí Bú” (*An Stróinséir ó Théacsas*, 1953: 59).

Mar a tharlaíonn, ní dhearna Lí Bú ná na hIndiaigh na hionsaithe ach fir bhána a ghléas i bhfeistias cogaidh na nIndiach agus a chuir péint ar a n-aghaidheanna, rud a léiríonn gur daoine ionraic a bhí sna hIndiaigh agus gurb iad na fir bhána a bhí ag insint bréag. Éiríonn le Réamonn Óg teacht ar na rustlaéirí agus bíonn críoch shona leis an scéal. Creideann Réamonn Óg sé gur ghá na hIndiaigh aird a thabhairt ar dhlíthe na bhfear bán agus gur ghá do na fir bhána na rialacha céanna a leanúint chomh maith.

Is scéal fada é *Iníon an Iarthair Fhiáin* (1953) ina bhfuil cur síos ar chailín óg darbh ainm Páidín atá ina conaí i Wyoming lena huncail Éamonn. Tá a huncail ar leaba a bháis agus tá súil ag a huncail go ndéanfar cleamhnas di go luath ionas gur féidir léi an rainse a choinneáil. Tagraítear d’fhear óg ag tús an scéil, Dáibhíd Burnett. Is fear óg macánta é a chineann ar chúnamh a thabhairt do Pháidín an rainse a choinneáil. Déantar cur síos ar óige Dháibhíd agus ar chuimhní atá aige dá sean-athair. Léirítear ceangal mhuintir Dháibhíd le hÉirinn. Tá tábhacht na saoirse le tuiscint as an tagairt seo d’Éirinn agus don díshealbhú, tagairt atá thar a bheith polaitiúil. Seo mar a thugann Dáibhín cuntas ar óige a sheanathar agus an ceangal a bhíodh idir Éirinn agus Sasana agus í mar choilín de chuid na hImpireachta:

Nuair a bhí a sean-athair beo, chanadh sé amhrán i dteangain iasachta do Dháibhíd óg. Thagadh pacáid bheag chun an tí uair sa bhliain. Seamróg a bhíodh inti. Chaitheadh a shean-athair an tseamróg go bródúil ar a bhealach isteach go dtí Séipéal an Mhisiúin ag Casa Del Sangre. Ba chuimhin le Dáibhíd an phacáid sin go maith, mar bhíodh stampaí deasa daite uirthi. Cloigeann bhainríona Shasana a bhíodh orthu. “Sin an bhainríon Bhictoria anois,” adeireadh a shean-athair. “A Dháibhíd, conas a thaitneodh sé leatsa dá dtagadh saighdiúirí na mná sin go Téacsas agus a rá gur leis an mbainríon gach gleann agus gach sliabh agus gach mágh ann?” Thagadh lasadh feirge ar aghaidh Dháibhíd. “Tá a shaighdiúirí in Éirinn,” adeireadh an seandúine.” Bhídís i gCiarraidhe agus mise óg. Ach ní thuigeann tusa na cúrsaí seo, a mhic. Is fé scátha iolair na saoirse a rugadh tusa sa tír mhóir iontaigh seo. Ní heol duit cad is rí ná diúc ná tiarna ann. Suigh anseo lem ais tamaillín agus ínseod duit stair na tíre bige sin abhfad i gcéin, as a dtáinig mise, do shean-athair.” (*Iníon an Iarthair Fhiáin*, 1953: 7).

In ainneoin na teachtaireachta polaitiúla thuas, ní dhéantar ceangal idir díshealbhú agus cás na nIndiach agus baineann an chuid eile den scéal leis an eachtraíocht, le cúrsaí talún agus le cogáocht. Is gné é seo a bhaineann leis an tsraith seo, is é sin, go dtugtar cuntas ar dhíshealbhú agus ar chás na nIndiach ach nach dtugann an reacaire ná Réamonn Óg breithiúnas ar ghnímh na bhfear bán ná ar an slád a rinneadh ar Indiaigh. Níl tagairtí ná míniúcháin in ábhar cartlainne an Ghúim maidir leis seo agus léirítear gur bhain níos mó plé agus díospóireachta le léiriú Réamoinn Óig mar bhuachaill bó agus mar fhear ar suim leis comhlúadar ban. Mar a luadh, tá cosúlachtaí idir Páidín agus Angélé sa scéal *Fir an Iarthair Fhiáin* (1952) agus léirítear bheirt bhan atá cróga, neamhspleách agus ceandána ina bplé le cúrsaí talúin agus cúrsaí gnó ach a thuigeann cúrsaí grá agus cleamhnais chomh maith. I gcás Pháidín in *Iníon an Iarthair* (1953) is amhlaidh go bhfuil sí ag machnamh ar chleamhnas, ar phósadh agus ar pháirtí:

“Síleann Ben go bpósfaidh mise é lá éigin,” arsa Páidín. “Bhíomar ceanúil ar a chéile ar feadh i bhfad. Ach tá Ben róghuagach agus dúil rómhór sa taisteal aige. Dhéanfadh sé céile cineálta, ach gheobhadh a bhean bás leis an mbuairt agus leis an inní” (*Iníon an Iarthair*, 1953: 29)

Is bean chróga í Páidín, chomh maith, tá cumas troda inti agus is gné é seo a thaitníonn le Dáibhíd, ‘D’éirigh sí den talamh de léim. Bhí roithleachán go daingean ina glaic aici. Bhí áthas ar Dháibhíd go raibh sí slán sábhálta. Ba léir dó nach aon chailín lag scanraithe a bhí aige inti ach bean mhisiúil neamh-eaglach a sheasfadh an fód in am na contabhairte’ (1953:45). Mar sin féin, tá Páidín ag iarraidh cleamhnas le Dáibhíd. Cé go bhfuil fonn uirthi taiscéaladh agus dul ag taisteal b’fhearr léi a leithéid a dhéanamh le páirtí. Ach in ainneoin a cuid iarrachtaí Dáibhíd a mhealladh, ní raibh ag éirí léi.

Is minic a d’fhiafraigh Páidín di féin cad a bhí ar an taobh thall d’íor na spéire. Ba mhaith léi dul ag marcaíocht fhaid leis agus eolas a chur ar an saol a bhí ag daoine i ndúthaigh i gcéin. Smaoinigh sí ar Dháibhíd. Is lena taobh sin a théadh sí ag marcaíocht go dtí íor na spéire ina brionglóidí. Eisean an treoraí a bhíodh aici. Eisean an cosantóir a bhí aici. Ach bhí Dáibhíd dall ina lán slite. Ní fhaca sé riamh solas an ghrá ina súil. Níor thuig sé gur dó féin an gealgháire a bhíodh uirthi, gur dó a chóiríodh sí a cuid gruiaige, gur dó a chuireadh sí gúna nua uirthi. Ba leis a croí go hiomlán. (1953: 59)

Ag deireadh an scéil *Iníon an Iarthair* (1953), éiríonn le Páidín an rainse a choinneáil agus pósann sí féin agus Dáibhíd, ‘Agus cad mar gheall ar Pháidín agus ar Dháibhíd? Ar éigin is gá deireadh a scéil a ríomhadh’. (1953: 86). Críochnaíonn an scéal go sona agus so simplí, pósann Páidín agus Dáibhíd agus is faoin léitheoir atá sé todhchaí Pháidín agus Dháibhíd a thomhais agus ní gá don údar a thuilleadh cur síos a dhéanamh ar an gcaidreamh eatarthu.

Is scéal fada atá in *An tIndiach ó Éirinn* (1953) chomh maith, ina ndéantar cur síos ar aistear buachalla óig, Éamonn Ó Múrchadha, ó Éirinn go Meiriceá agus a shaol ina dhiaidh sin ag tús an ochtú chéad déag. Tá an long Pennsylvania atá i gcuan Bhaile Átha Cliath ar tí fágáil go Philadelphia agus beartaíonn mairnéalaigh triúr buachaillí óga Éireannacha a fhuadach mar sclábhaithe:

N’fheadar cad a dhéanfadh na Coilíní Meiricacha mura mbeadh go bhfuil ár leithéidí-ne ann chun oibríthe óga thabhairt anonn chucu...D’óladar sláinte na gcoilíneach lena n-díolfaidí na macaoimh bhochta fé mar díolfaí ainmhithe le ceannaithe eallaigh (*An tIndiach ó Éirinn*, 1953: 3-4)

Cé go mbíonn eagla ar na buachaillí tuigeann siad nach bhfuil a scéal féin chomh dona le sclábhaithe eile, ‘ní raibh cás na ngarsún bán chomh dona le cás na ndaoránach gorm, áfach’ (*An tIndiach ó Éirinn*, 1953: 5). Ceannaíonn fear ón Albain, Iain Darbhar, Éamonn mar sclábháí agus imíonn Éamonn chun cónaí leis go dtí go mbíonn sé ocht mbliana déag d’aois. Nuair a thugann Iain saoirse dó imeacht agus a rogha rud a dhéanamh lena shaol, roghnaíonn Éamonn fanacht i Meiriceá. Lá amháin tugann sé cúnamh d’Indiach, Sionúc, a thiteann isteach san abhainn. Ina dhiaidh sin réitíonn an bheirt acu go maith lena chéile. Tá an scéal seo spéisiúil mar go roghnaíonn Éamonn tréimhse a chaitheamh leis na hIndiaigh agus tugtar cur síos ar an míthuiscint a bhí ar Éamonn roimhe seo faoi na hIndiaigh:

“Ba mhaith le Sionúc go raghadh Éamonn na mBuabhall leis go campa na nDelamharrach,’ arsa Sionúc. “Tá Sionúc fé chomaoin mhóir ag Éamonn cheana. Beidh sé fé chomaoin níos mó, má théann Éamonn leis chuig Algaíona, athair Shionúc. Ba mhaith le Sionúc go bhfeicfeadh a athair an fear bán a shábháil a mhac ar a bháthadh.” D’fhéach Éamonn ar na hIndiaigh ó dhuine go duine. Bhí sé ag tuiscint, diaidh ar ndiaidh, nár chruinn ar fad an tuairim a bhí tugtha do na hIndiaigh go hoifigiúil. Ní raibh dea-dhaoine ar bith imeasc na nIndiach, má b’fhíor an dearcadh oifigiúil. D’oir an dearcadh oifigiúil do dhaoine santacha ar mhaith leo gach Indiach do dhíothú chomh tuisce agus leagfaí súil air. Is furasta leithscéalta do cheapadh chun ainmhianta do shásamh. “Raghad libh, a fheara; agus is bród liom an cuireadh so d’fháil,” ar sé. Chuaigh sé leo chun an campa; agus ba chroúil an fáilte do cuireadh roimhe chomh tuisce agus do chualathas an scéala do bhí le Sionúc agus lena chompánaigh. (*An tIndiach ó Éirinn*, 1953: 20).

Taitníonn saol an champa le hÉamonn ach chineann sé gurbh fhearr dó filleadh ar a mhuintir féin agus fágann sé slán leis na hIndiaigh agus imíonn sé chun cónaithe le fir bhána i nDún na Saighdiúirí. Casann sé ar iníon an Choirnéil, Róisín, agus titeann an bheirt acu i ngrá lena chéile. Tá Éamonn agus Róisín

ag comhrá oíche amháin agus tugann Éamonn cuntas ar a shaol go dtí seo agus an bealach ar tháinig sé go Meiriceá:

D'fhiafraigh sí ansan de [Éamonn] ar rún dó filleadh ar Éirinn, uair éigin. “Gan aon amhras, ba mhaith liom Éire d’fheiscint arís,” ar sé. “Ach ní tír ró-shásta í fé láthair. Bíonn ar chuid mhór de na daoine imeacht thar sáile. Tá Éire fé smacht na stráinséir, agus níl aon tsí le tsó le fáil inti ag a claimn féin.” “Bhuel,” arsa Róisín, “nach mhaith don mhéid acu a n-éiríonn leo an tír seo baint amach? Is féidir leo tosnú as an nua anso. Tír nua í seo, agus tír an-mhór í, freisin. Tá spiorad an dóchais agus na heachtraíochta inti. Is beag teora atá leis an dul-chun-chinn d’fhéadfadh fear óg a dhéanamh anso”. “Tír breá d’fhir óga í, gan aon agó,” arsa Éamonn, agus gan aon tsuim mhór aige ina chuid cainte. (*An tIndiach ó Éirinn*, 1953: 25).

Faraor, ní dhéantar ceangal idir ‘Éire bheith fé smacht na stráinséir’ agus na hIndiaigh bheith faoi smacht na bhfear bán agus ní léirítear an débhríocht ná an fhimíneacht i dtaobh an dá chás. Pósann Éamonn agus Róisín agus bíonn mac acu, Pádraig, agus cuireann siad fúthu i ngabháltas. I lár an scéil tugtar cuntas ar chogaidh ag tarlú idir na fir bhána agus na hIndiaigh.

Bhí na Francaigh i Louisiana agus i gCeanada, agus bhí uatha na Breatainaigh do choimeád i limistéar cúng in aice an chósta thoir. Agus, ar ndóigh, níor mhiste leis na hIndiaigh bheith ag cur in aghaidh aon dreama do bhí ag glacadh seilbhe ar an talamh ba lena mhuintir féin, tráth. “Caithfidim ár ndícheall a dhéanamh chun bheith cairdiúil leis na hIndiaigh,” arsa Róisín. “Agus sílimh nach ndéanfaidís aon díobháil dúinn, dá mbeidís cinnte nár mhian linn aon díobháil a dhéanamh dóibh.” D’aontaigh Éamonn léi. Ba mhaith dob eol dó go rabhadar in ionad contúirteach, agus ba mhian leis ó thosach bheith cairdiúil leis na hIndiaigh. Thugadh se bronntanais do na taoisigh, agus thugadh sé cuireadh dóibh teacht chun a tí. (*An tIndiach ó Éirinn*, 1953: 46).

Is amhlaidh, áfach, a íonsaítear Éamonn agus a chlann agus le linn an ionsaithe ghabhann na hIndiaigh Éamonn agus scartar óna bhean agus óna mhac é. Bíonn Éamonn croíbhriste mar go gceapann sé go bhfuil a chlann marbh. Nuair a ghabhtar é tugann Éamonn aird ar nósanna agus ar chleachtais na nIndiach, déanann sé a dhícheall a dteanga a fhoghlaim agus aithris a dhéanamh orthu ionas nach marófaí é (1953: 51). Faoi dheireadh éiríonn leis éalú uatha agus filleann sé ar an airm agus i dtreo dheireadh an scéil bíonn sé páirteach i roinnt mhaith ionsaithe a dhéantar ar Indiaigh. Ag deireadh an scéil, tá an cogadh thart agus síocháin i réim, tugann Éamonn cuairt ar a sheanchara Sionúc. Insíonn Sionúc dó gur shábháil na hIndiaigh Róisín agus Pádraig agus tá lúcháir ar Éamonn go bhfuil a chlann beo. In ainneoin na n-ionsaithe a rinne Éamonn ar Indiaigh agus an bealach ar chaith sé leo, léirítear dílseacht na nIndiach agus tábhacht an chairdis sa scéal. I dtuarascáil an Ghúim, mhol Seán Mac Maoláin go n-athrófaí teideal an scéil ó *Eachtraí Éireannaigh sna Cóilíní Meiriceánacha go An tIndiach ó Éirinn* agus go gcuirfí críoch shona a chur leis an scéal:

Is leamh ar fad an deireadh atá curtha leis an scéal. Is eagal liom go mb'olc an taitneochadh sé leis an aos óg. Is é mo thuairim nár ró-dheacair do'n údar 'críochnú suas le deireadh seamhar. Bhí an leanbh ina Indiach orduighthe, mar adéarfá, agus ba le thoil Sheantabaka n'óirdnigheadh é. Mar bhféadfadh Indiach nó dó bheith ann a raibh meas an domhan acu ar Thabaka agus arbh fhuath leo an fear a fuar a áit? Nach bhféadfadh siad Róisín agus an leanbh i bhfolach in ionad éigin ina mbeadh siad slán sábháilte go dtí go mbeadh an cogadh thart. (Comhad 1453).

Is deacair cuntas mar seo a mheas toisc nach bhfuil eolas againn ar an mbunlámhscríbhinn ná ar na leasaithe a rinneadh. Is léir, áfach, go ndearna Ó Sándair críoch an scéil a athrú mar gurbh é sin an críoch a foilsíodh. Is iarracht atá sa scéal seo cur síos a dhéanamh ar choimhlintí idir na fir bhána agus na hIndiaigh agus na dúshláin a bhaineann le caidreamh cairdiúil a chothú idir an dá dhream agus síocháin bheith i réim. In ainneoin na críche sona a cuireadh le scéal Éamoinn, ní bhíonn críoch shona le gach uile scéal sa tsraith seo, léirítear aighneas agus teannas idir na fir bhána agus na hIndiaigh agus tuigtear do Réamonn Óg gur cheist chasta í díshealbhú na talún agus cás na nIndiach.

Feictear sna scéalta ginearálta iarrachtaí Uí Shándair téamaí agus comharthaí sóirt an tseánra a chur chun cinn sa Ghaeilge. Dar le O'Leary, níl cur síos Uí Shándair ar thórdhreach an Iarthair Fhiáin chomh héifeachtach sin leis an gcur síos a thugann Zane Grey ach moltar tuiscint agus taighde Uí Shándair ar an seánra agus ar shaothair Zane Grey féin:

Ó Sándair seems to have steeped himself in the work of Grey, for we find in *Soir ón Rio Grande* the same cast of characters: decent, stalwart young wanderers of the wasteland who while they never seek trouble never back down and shoot fast and straight, beautiful young women who are strong but not strong enough to survive without the stalwart young men, and villains who are sometimes, in the words of Woody Guthrie, more dangerous with a fountain pen than with a gun. (O'Leary, 2011: 125)

I scéalta ginearálta na sraithe, tugtar léargas ar an teannas agus easaontas sa chaidrimh idir fir bhána agus Indiaigh. Sna scéalta sa chuid eile den tsraith, níl an oiread chéanna eolais ná béime ar chúrsaí stairiúla ná polaitiúla Mheiriceá. Díritear ar eachtraí an tsirriam, Réamonn Óg, agus pléitear caidrimh idir na fir bhána agus Indiaigh. Is é ról atá ag Réamonn Óg an tsíocháin a choimeád agus bheith mar idirghabhálaí agus mar shirriam tuisceanach a thugann cothrom na Féinne do chách. Foilsíodh an chéad leabhar *Réamonn Óg agus an Rio Grande* sa bhliain 1952 agus foilsíodh 22 leabhar faoi eachtraí Réamoinn Óig agus díoladh thart ar daichead míle cóip (Comhad G295). Sa chéad scéal, *Réamonn Óg ar an Rio Grande* (1952), tá cur síos ar fhuadach, ar thóraíocht chiste agus ar phósadh Réamoinn Óig le bean darbh ainm di Eibhlín. I bhfianaise ábhar cartlainne an Ghúim is cosúil gur thaitin an carachtar seo, Réamonn Óg, le léitheoirí agus le heagarthóirí an Ghúim agus moladh iarrachtaí Uí Shándair blas agus atmaisféar Gaelach a chur ar ábhar na leabhar (Comhad N1397). Is laoch neamhspleách é Réamonn Óg, agus in ainneoin go bhfuil cúntóir aige, is gnách le Réamonn Óg tabhairt faoi eachtraí as a stuaim féin. Níl leanúnachas idir na scéalta agus ní gá na scéalta a léamh in ord a bhfoilsithe. De réir na cartlainne, is léir nár foilsíodh iad in ord a gcumtha. Tá trácht ar Réamonn Óg den chéad uair sna

gearrscéalta ‘An Traein go Santa Rose’ agus ‘Na Rustlaeraí Dearga’, a foilsíodh sa chnuasach gearrscéalta *An Stróinséir Ó Théacsas* (1953). Níl aon chomhfhreagras in ábhar cartlainne an Ghúim ar na cúiseanna a roghnaíodh Réamonn Óg mar phríomhcharachtar sna scéalta a bhí le foilsiú ina dhiaidh sin. Sa ghearrscéal ‘An Traein go Santa Rose’, tá sirriam Lodestone as baile agus is faoin mbuachaill bó Réamonn Óg atá sé stop a chur le fir eile atá tar éis robáil a dhéanamh. Sa chéad ghearrscéal sa chnuasach céanna, áfach, (‘Na Rustlaeraí Dearga’), is é Réamonn Óg atá mar shirriam Lodestone agus an chosúlacht air go bhfuil ag éirí go maith leis. I gcomhrá le bithiúnach eile, Pierre Marcelle, déanann an carachtar Marc Scroibhin cur síos ar na hathruithe atá tar éis teacht ar chúrsaí san Iarthar Fiáin ó tharla go bhfuil sirriam éifeachtach nua san áit ag cur sriain ar ghadaíocht agus ar smugláil:

“Níl an Iarthar Fiáin mar bhíodh sé roimhe seo. Ní dóigh liom go mbeinn i ndon an méid stoic atá uait a sholáthar duit in aon chor. Bheadh sé i bhfad ró-chontúirteach”... “Maise, is cuimhin liom an t-am ná nós leat-sa airgead bog a ligint tharat, a Mharc,” ar sé [Pierre Marcelle]. “Ba bheag a cheapas, an uair sin, go bhfeicfinn thusa choíche fé eagla roimh shirriam.” ... “Tá san maith go leor, a Pierre,” ar sé [Marc Scroibhin] “ach níl tusa eolach ar an sirriam so, Réamonn Óg. Tá athrú millteach ar fad tagtha ar cheantar Lodestone ó tháinig seisean anso. Na buachaillí ba chruaidhe ar bith, táid curtha fé eagla an dlí aige.” (1953: 51)

I gcaitheamh na sraithe cuireann an léitheoir aithne ar Réamonn Óg san Iarthar Fiáin agus eolas ar na cineálacha eachtraí a tharlaíonn dó agus dá chairde. Sna scéalta uile, leagtar béim ar an eachtraíocht. Díol suime nach mórán eachtraí foréigneacha a tharlaíonn ná ní bhíonn mórán cur síos ar chúrsaí grá ach oiread. Mar shirriam a chuirtear Réamonn Óg i láthair léitheoirí sna scéalta a foilsíodh roimh 1958: *Réamonn Óg, Sirriam* (1952), *Réamonn Óg Arís* (1952), *Réamonn Óg ar a Choimeád* (1952), *Réamonn Óg i nGleann an Bháis* (1952), *Réamonn Óg, Cara na nIndiach* (1952), *Cuir Fios ar Réamonn Óg* (1952), *Réamonn Óg ó Lodestone* (1952), *Réamonn Óg agus Díoltas na Indiaigh* (1956), *Indiaigh ar an Teorainn* (1956), *Réamonn Óg agus Éirí Amach na nIndiach* (1957). Éiríonn Réamonn Óg as bheith ina shirriam in *Marcaigh na hOíche* (1958) agus sna scéalta a foilsíodh ina dhiaidh sin tá cur síos ar eachtraí Réamonn Óg ag fánaíocht ó bhaile go baile agus é ina bhuachaill bó.

6.7 Caidreamh agus Léiriú na nIndiach.

Tugtar cur síos ar chaidrimh agus ar phlé idir Réamonn Óg agus Indiaigh agus idir fir bhána agus Indiaigh sna scéalta seo a leanas: *Réamonn Óg, Sirriam* (1952), *Réamonn Óg, Cara na nIndiach* (1952), *Cuir Fios ar Réamonn Óg* (1952), *Réamonn Óg ó Lodestone* (1952), *Réamonn Óg agus Díoltas na hIndiaigh* (1956), *Indiaigh ar an Teorainn* (1956), *Réamonn Óg agus Éirí Amach na nIndiach* (1957), *Réamonn Óg agus an tÓr-mhianach Caillte* (1959). Sna scéalta eile a bhaineann le heachtraí Réamonn Óg, tá cur síos ar eachtraí a bhaineann le bithiúnaigh agus le ceithearnaigh choille, le gnáthdhaoine bhaile Lodestone agus ar na heachtraí beaga simplí a tharlaíonn dóibh.

Is iondúil i scéalta Réamonn Óig an tsíocháin bheith i réim ach tarlaíonn eachtraí éagsúla a léiríonn teannas agus easaontas sa chaidrimh idir fir bhána agus Indiaigh. Léirítear seo sa scéal *Réamonn Óg, Sirriam* (1954). Deir Hainc Gilder sa scéal, go bhfuil síocháin i réim agus an chosúlacht air gur féidir le fir bhána aistear fada a dhéanamh agus gan a bheith buartha faoi chur isteach ná ionsaithe ó Indiaigh. Tá Hainc agus a chlann ar a mbealach go Lodestone nuair a thimpeallaíonn buíon Indiach a gcarbhan:

“Táimid i ngar do dheireadh na scríbe, a chairde,” arsa Hainc Gilder... “Muise, is mór an t-athrú saoil a tháinig len’ linn féin! Is cuimhin liom an t-am nach ligfeadh an eagla do bhuíon chomh beag so dul sa mbaol do bhain le haistear trasna na machairí! ...Tháinig an carabhán trasna an mhachaire amhail ainmhí mór leisciúil. Bhí na hIndiaigh ag faire aire – iad ar mhuintir a gcapall, agus gan cor astu. Cé go raibh ordaithe dóigh gan éinne a mharú, bhí a n-éide cogaidh agus a bpéint chogaidh orthu, agus dob uafásach go leor le feiscint iad. Tháinig an carabhán go bun an ardáin. Bhí na hIndiaigh ag feitheamh ar chomhartha óna gceannasaí. Thug seisean féachaint fada ghéar ar an gcarbhan. Anson thóg sé a lámh in airde. Thoisigh an scata ag liúraigh go fiánta, agus siúd anuas fána an ardáin iad chomh mear agus bhí na caiple i ndon iad d’iompar...Ar theacht go bun an ardáin do na hIndiaigh, chuaigh cuid díobh ar dheis agus cuid eile ar chlé, i dtreo go rabhadar ina gciorcail i dtimpeall an charabháin – ach iad prósa maith amach uaidh fós. Do leanadar orthu ag liúraigh in ard a ngutha. Ní nárbh ionad, bhí eagla a n-anama ar lucht an charabháin. Ba mhaith dob eol dóibh nárbh fhada bheidís i ndon an scata fiánta úd do choimeád uathu. Mharóidís cuid de na hIndiaigh, gan amhras; agus ar chor ar bith, b’fhearr leo bás d’fháil sa troid ná géilleadh. Bhí clú na barbarachta ar na hIndiaigh, agus ba sean-nós é ag cuid acu piolóid d’imirt ar phriosúnach sara maraidís ar fad iad, ba ró-mhaith dob eol dóibh nach dtiocfaidís slán dá mbeadh na hIndiaigh i ndáiríre ar fad’ (*Réamonn Óg, Sirriam*, 1954: 5-6).

Tugtar faoi deara ón sliocht thuas stíl scríbhneoireachta agus cur síos Uí Shándair ar ionsaithe na nIndiaich, an t-atmaisféar agus an teannas a chruthaítear agus luas na heachtraíochta agus na gluaiseachta sa scéal. Is amhlaidh, áfach, nach ndéanann na hIndiaigh ionsaí ar an gcarbhan ach go n-iarrann siad ar Hainc teachtaireacht a thabhairt do mhuintir Lodestone ar son a dtaoisigh, Scamall Dubh. Tá Scamall Dubh buartha go bhfuil a iníon fuadaithe ag fir bhána agus ag iarraidh orthu í a scaoileadh saor. Mura ndéantar sin beidh sé ina chogadh. Sroicheann Hainc baile Lodestone agus scaiptear an scéal agus ní mó ná sásta atá muintir Lodestone leis na hIndiaigh. Dar le roinnt den slua, is dream bréagach iad na hIndiaigh agus ba ceart dóibh ionsaí a dhéanamh orthu i dtosach. Cuireann Réamonn Óg stop leis an gcineál seo cainte ach airíonn roinnt daoine go bhfuil iomarca muiníne ag an sirriam as na hIndiaigh agus bíonn plean acu le feall a imirt orthu:

“Scamall Dubh!” arsa Réamonn Óg. “Níl a iníon anso, agus ba chóir go mbeadh a fhios nach bhfuil. Rud eile de, b’é tuairim Scamail Duibh ariamh go mb’fhearr síocháin ná cogadh do bheith idir na hIndiaigh agus na fir bhána. Ní thuigim an gnó so, in aon chor. “Dream bréagach iad na hIndiaigh go léir, agus tá Scamall Dubh chomh bréagach le héin díobh!” arsa fear darbh ainm Pól Púdarsan. “Ní chreidim, in aon chor, gur fuadaíodh a iníon uaidh.” “Tá an ceart ag Pól!” arsa Rob Tríl. “Is mithid dúinn ceacht a mhúineadh do na hIndiaigh mallaithe! Bhí an rialtas i bhfad ró-bhog leo! Chíonn sibh go léir an toradh atá ar an mboige. Féachaigí ar an gcarbhan san, a chairde!” Thug an sirriam aghaidh ar an slua, agus thóg sé a lámh in airde. “Níor chualas aon bhréag ariamh ó Scamall Dubh, a dhaoine chora,” ar sé. “Agus is deacair liom a chreidiúint gur bréag dó a rá gur fuadaíodh a iníon. Más sin de, ní foláir dom féachaint isteach sa scéal so.” (*Réics Carló, Sirriam*, 1952: 8)

Léirítear pearsantacht stuama Réamonn Óig, creideann sé focal Scamaill Dhuibh agus is fearr leis an scéal iomlán a fhiosrú roimh dó ionsaí a dhéanamh ar Indiaigh. Is minic a léirítear plota den chineál seo i scéalta Réamonn Óig; bíonn míshuaimhneas i measc an phobail agus amhras i dtaobh mhuintir an tsirriam as na hIndiaigh ach léirítear pearsantacht Réamonn Óig mar dhuine ionraic, macánta a thugann éisteacht do chách agus a bhíonn cothrom le daoine. Sa scéal *Réamonn Óig ó Lodestone* (1955) tugann an carachtar Maidhc Ó Spleodair cur síos ar eachtra a tharla dó agus é i mbun troda le hIndiaigh agus an líon dóibh ar mharaigh sé:

Bhí Indiaigh ar mo dheis. Bhí Indiaigh ar mo chlé. Bhí Indiaigh os mo chomhair agus Indiaigh taobh thiar dhíom. Bhí, agus cuid acu sna crainn os mo chionn, agus iad ag léimnigh anuas sa mhullach orm! Ach sceon ná scanrú dá laghad ní tháinig orm!...D'éirigh baraille mo raidhfil deirg te, bhí mé ag lámhach chomh tiubh sin ar na hIndiaigh úd. Stad mé den lámhach ansin, agus thosaigh mé ag súisteáil na mbithiúnach leis an raidhfil féin. ...an liúrach chráite a dhéanfaidís nuair a theagmhaíodh an t-iarann grísdhearg leis an gceas acu. ..ach theith siad ansin... tharla go raibh coirp na nIndiaich ina gcarnán arda idir mé féin agus an capall. (1955: 3-4)

Ní chreideann muintir Lodestone scéalta áibhéalacha Mhaidhc agus nuair a dhéantar robáil ar chóiste leis bíonn muintir an bhaile amhrasach faoi. Bailíonn slua lasmuigh d'oifigí an tsirriam agus iarrann siad ar Réamonn Óig éirí as a phost mar go bhfuil sé tar éis an iomarca deiseanna a thabhairt do Mhaidhc an fhírinne a insint dó. Deirtear go bhfuil an slua ar meisce agus go bhfuil fonn orthu tabhairt faoin bhforéigean. Ní thaitníonn sé seo le Réamonn Óig agus roghnaíonn sé éirí as a phost mar shirriam. Tá sé neamhghnách go roghnaíonn an tsirriam éirí as a phost seachas aghaidh a thabhairt ar an slua. D'fhéadfaí a rá go léiríonn an eachtra seo easpa misnigh Réamonn Óig nó d'fhéadfaí a rá go léiríonn sé tréithe eile de pearsantacht Réamonn Óig, mar atá, a thuiscint ar dhaoine agus a rún iarracht a dhéanamh i gcónaí an foréigean a sheachaint. Ceaptar fear nua mar shirriam agus cuirtear coiste síochána le chéile le súil a choinneáil ar chúrsaí. Éiríonn le Maidhc an t-airgead a fháil ar ais ó na gadaithe ach faoin am seo tá an coiste cogaidh imithe ó smacht agus tá gnáthmhuintir an bhaile buartha agus imníoch. Filleann Réamonn Óig ar Lodestone agus bíonn suaimhneas i réim arís agus cuirtear an dlí i bhfeidhm agus an tsíocháin i réim.

Sa scéal *Díoltas Réamonn Óig* (1959), tá Réamonn Óig mar gharda i gClinton agus airíonn sé go bhfuil an iomarca ragairne agus cearrbhachais ar siúl ag muintir an bhaile sa teach tábhairne agus beartaíonn sé ar an dlí a chur ar an tábhairneoir agus an teach tábhairne a dhúnadh ag a deich a chlog ist'óiche. Ní mó ná sásta atá muintir an bhaile leis seo agus cuireann siad oifig Réamonn Óig faoi thine d'aon ghnó ach éiríonn le Réamonn Óig teacht slán (1959: 17). Déanann Réamonn Óig iarracht labhairt leis an slua agus a chinneadh a mhíniú ach éiríonn an slua amach ina choinne. Déantar cur síos ar an slua bheith ar meisce agus tuigtear do Réamonn Óig nach fiú dó dul i mbun argóna. Tá sé spéisiúil go seachnaíonn

Réamonn Óg argóintí, coimhlintí agus foréigean ag amanna, ach tagann sé seo le léiriú Réamonn Óg mar shirriam agus mar dhuine ciallmhar agus tuiscint aige ar nádúr an duine. Sna scéalta uile agus é ag plé le hIndiaigh, le bithiúnaigh agus le ceithearnaigh choille, molann Réamonn Óg do mhuintir Lodestone agus do mhuintir Clinton bheith ceart agus cóir le gach uile dhuine, deis cainte a thabhairt do chách agus gan a bheith teasaí ná mífhoighneach le daoine.

Sa scéal *Indiaigh ar an Teorainn* (1956), ionsaíonn na hIndiaigh campa na bhfear bán agus cuireann siad na fir, mná agus leanaí chun báis. Éiríonn le duine amháin Lodestone a bhaint amach agus insíonn sé an scéal do Réamonn Óg. Imíonn Réamonn Óg, Alonso, agus muintir eile ón mbaile amach ag an gcampa ach tá sé ródhéanach, tá gach uile dhuine marbh seachas cailín óg amháin Eibhlín, atá trí mbliana d’aois. Is é Sciúirse Dhearg, taoiseach na nIndiach, a thug orduithe i dtaobh na n-ionsaithe seo agus a dhéanann ionsuithe eile ar an fir bhána. Níl Sciúirse Dhearg ag iarraidh ligean d’fhir bhána an abhainn atá ina gceantar a thrasnú. In ainneoin na n-iarrachtaí a dhéanann Réamonn Óg teacht ar réiteach le Sciúirse Dhearg, ní féidir plé ná idirbheartaíocht a dhéanamh leis. Tagann Indiach de bhuíon Sciúirse Dhearg chun cainte le Réamonn Óg agus léirítear seasamh láidir Réamonn Óg:

Thosnaigh súile an Indiaigh ag spréacharnaigh le neart feirge. “Ní cladhaire é an Sciúirse Dhearg!” ar sé go teasaí. “Taoiseach cróga an Sciúirse Dhearg! Bhain na fir bhána an talamh de na hIndiaigh. Bainfidh an Sciúirse Dhearg an talamh de na fir bhána. Tá sé ag cur eagla ar na fir bhána.” “Ní fíor!” arsa Réamonn Óg. “Ní féidir leis an Sciúirse Dhearg eagla a chur ar na fir bhána. Ní féidir leis éinní a dhéanamh ach eagla a chur ar na mná agus na páistí! Níl sé cróga! Agus níl ciall aige. Tá sé ag glacadh comhairle ó dhrochfhear bán. Fear a rinne feall ar a mhuintir Féin! Déanfaidh sé feall ar an Sciúirse Dhearg, freisin!” Bhí an tIndiach lom-lán d’fheirge, ach ba mhaith a choinnigh sé smacht air féin.

I dtreo dheireadh an scéil, deir Réamonn Óg go mbeidh sé sásta dul i mbun chomhrac beirte le Sciúirse Dhearg agus glacann Sciúirse Dhearg leis an tairiscint seo. Bíonn an bua ag Réamonn Óg sa chomhrac, tugtar cead taistil thar an abhainn do na fir bhána agus glacann na hIndiaigh leis seo. Léiríonn Réamonn Óg tuiscint ar chastachtaí an scéil, áfach; laige an taoisigh agus an cluas le héisteacht atá á tabhairt d’fheallaire.

I scéal eile, *Réamonn Óg, Cara na nIndiach* (1955), léirítear an easpa tuisceana atá ag na fir bhána ar chás na nIndiach. Tá síocháin i réim idir na fir bhána agus na hIndiaigh, tá Néall Dhearg ina thaoiseach agus tá cur síos air mar dhuine stuama agus ciallmhar. Lá amháin imíonn Néall Dhearg go Santa Barbara agus iarrann sé ar Indiach eile, Nathair Nimhe, súil a choinneáil ar chúrsaí sa champa. Tá fonn ar Nathair Nimhe dul i mbun troda leis na fir bhána agus tapaíonn sé an deis agus Néall Dhearg as baile le hIndiaigh eile a spreagadh le haghaidh ionsaithe. Éiríonn le Réiltín, deirfiúr Néill Dhearg, éalú agus imíonn sí chuig a deartháir leis an scéal a insint dó. Nuair a chloiseann muintir Lodestone faoi Nathair Nimhe agus an teannas atá i gcampa na nIndiach pléitear na bealaí a bhféadfaí cúnaimh a thabhairt do na

hIndiaigh. Dar le Hiram Harmon, seanoide scoile an Iarthair, is ceart baile a thógáil do na hIndiaigh agus dá mbeadh an cineál saoil acu is atá ag fir bhána go mbeidís sásta:

“Sílímse, a dhaoine uaisle,” arsa Hiram, “go mba cheart dúinn cabhrú leis na hIndiaigh chun teacht isteach ar bhealaigh na bhFear bán. Ó tá a fhios agam go bhfuil na hIndiaigh síochánta go leor faoi láthair. Ach ní ar shíocháin inti féin atáim ag smaoineamh. Is dóigh liom go mba cheart sráidbhaile agus mórghailte a bheith ag na hIndiaigh go díreach mar atá a leithéidí ag na fir bhána. Go mba cheart tithe maithe cónaithe bheith acu, agus siopaí maithe, agus postoifigí, agus bancanna, agus dá réir sin”. (*Réamonn Óg, Cara na nIndiaich*, 1955: 18)

Aontaíonn Réamonn Óg leis an smaoineamh seo agus cinneann na fir bhána ar bhaile nua a thógáil do na hIndiaigh agus Concordia a thabhairt air. Dar le muintir an bhaile ní bheadh fonn troda ar na hIndiaigh dá mbeadh baile mór ná maoin acu, díreach mar atá acu féin (1955: 27). Dar le muintir Lodestone agus Réamonn Óg bheadh Concordia mar ábhar agus mar fhoinsé dóibh a chreidiúint go bhfuil na fir bhána ag iarraidh cúnaimh a thabhairt dóibh, ‘Cruthódh sí [Concordia] do na hIndiaigh nach é is mian leis an gcine bán gach maitheas a bhaint díobhsan agus iad a dhíbirt go dtí na háiteanna is fiáine agus is boichte sa tír’ (1955: 19). Is é an réiteach atá ann ná baile a thógáil do na hIndiaigh agus gan iad a dhíbirt go háit eile, ach ní réiteach iomlán sásúil é seo dóibh. Nuair a thagann Néall Dearg ar ais ag an gcampa imíonn sé chun cainte le Réamonn Óg agus insítear na pleananna dó maidir le Concordia. Bíonn Néall Dearg ag smaoineamh ar an gcineál saoil a bhíodh ag na hIndiaigh tráth agus na hathruithe atá tagtha ar chúrsaí:

‘Bhí sé ag smaoineamh ar an am a raibh an tír mór úd go léir ag na hIndiaigh dóibh féin. D’fhéadfaidís, an uair sin, neadú in áit ar bith chomh fada ba mhian leo... óir b’ é a mhian ariamh bheith ag imirce ó áit go háit do réir mar bhíodh an séasúr agus an tsealg ag feiliúint dóibh...ach bhí an ré sin imithe’. (*Réamonn Óg, Cara na nIndiaich*, 1955: 44)

Níl aon chur síos ar chearta na nIndiaich ná ar athrú saoil, a gcultúir ná traidisiúin, leagtar béim ar bhorradh agus ar dhul chun cinn na sibhialtacht agus is é an réiteach ar ‘fhadhb’ na nIndiaich ná baile a thógáil dóibh, maoin a thabhairt dóibh agus iad a thabhairt isteach faoi scáth na bhFear bán. Léiríonn sé seo an easpa tuisceana atá ag fir bhána ar chearta na nIndiaich agus a meon agus a ndearcadh i dtaobh úinéireacht na talún.

Ábhar suntais é an scéal *Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* (1961), scéal atá iomlán éagsúil le scéalta eile na sraithe agus scéalta eile Chlub Leabhar Réics Carló sa chaoi is gur ábhar greannmhar atá sa scéal. Tá an scéal suite in Éirinn agus scéal faoi bhuachaill óg, Éamonn, é a chuireann spéis in eachtraí Réamonn Óig agus a dhéanann aithris air. Is tincéirí iad tuismitheoirí Éamonn, Dáithí Mór Tincéir agus Máire Bheag, agus in ainneoin go bhfuil siad buartha faoi mhianta Éamonn tugann siad cead dó

imeacht agus aghaidh a thabhairt ar an mbóthar. Fágann Éamonn slán lena tuismitheoirí agus is mar seo a leanas a chuireann athair Éamoinn comhairle air faoi chúrsaí an tsaoil:

“Slán agaibh, a athair agus a mháthair,” ar sé ansin. “Cuirigí bhur mbeannacht liom.” “Muise, ár mbeannacht agus beannacht Dé leat ar gach bóthar a rachaidh, a mhic!” arsan máthair, agus na deora lena súile. “Cá rachaidh tú, a mhic?” arsa Daithí Mór. “Sílim go dtabharfaidh mé aghaidh ó thuaidh i dtreo na teorann,” arsa Éamonn. “Mheasfainn go mbeadh gá le sirriam sa bpáirt sin den tír.” “B’fhéidir é,” arsa Daithí Mór. “Ach pé treo ina rachaidh tú, ná lige i ndearmad choíche gur ó Bhrian Mór Róg, Rí na mBóithre a shíolraigh tú. Cuimhnigh do ghal agus do ghaisce. Coinnigh glan ar na Gardaí Síochána. Ná tóg prátaí ná cabáiste as gort ar bith in aice d’ionad codlata; agus ná tóg tada nach dteastóidh uait. Rud eile, a mhic, ná bí choíche santach ar throm-obair. Am ar bith a dtiocfaidh fonn tréan oibre ort, luigh síos agus fan id luí go n-imí an fonn oibre díot.” (*Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta*, 1961: 9).

Tarlaíonn eachtraí greannmhara d’Éamonn le linn dó a bhealach a dhéanamh chun an Tuaiscirt; casann sé ar fheirmeoir a thugann cuntas dó ar ghadaíocht cearc ach samhlaíonn Éamonn gur gadaíocht eallaigh a tharla agus déanann sé iarracht cúnadh a thabhairt dó. Déantar cur síos ar bhean óg atá ag cur fúithi sa cheantar agus samhlaíonn sé go bpósfaidh sé í, ach nuair a chasann sé ar Mheagí Bán is seanbhean í agus cuireann sí an ruaig air. Is ábhar gearáin dó nach bhfuil ráille lasmuigh de Stáisiún na nGardaí i gCairlinn agus ceanglaíonn sé an gearrán bán, ‘Airgead Beo’ le geata taobh leis an stáisiún le dul isteach agus le cúrsaí a phlé leis na Gardaí. Níl na Gardaí sásta le hÉamonn Róg agus é ag ligean air gur sirriam é agus imíonn sé go gasta ón stáisiún agus na Gardaí sa tóir air. Éiríonn leis éalú uatha agus an teorainn a shroichint. In Óméith casann sé ar Oifigeach Custaim ar an teorainn agus bíonn comhrá eatarthu:

“An bhfuil aon earraí toirmeasctha á mbreith thar an teorainn agat, a dhuine uasail?” arsan t-oifigeach do bhí laistigh. “Éag?” arsa Éamonn. “Earraí toirmeasctha? Níl, in aon chor – murab earra toirmeasctha é an gearrán bán sin amuigh.” Rinne an t-oifigeach gáire mór... “Mise Éamonn Róg, Sirriam Éireann,” agus leis sin d’imigh sé amach as siúntán agus chuaigh sé ar mhuintir an ghearráin bháin arís. Thiomáin sé leis suas i dtreo an fheadáin, an cnoc úd a bhfuil a leath ar an taobh thuaidh den Teorainn agus an leath eile ar an taobh theas. “Sea,” ar sé leis féin, ar an mbealach suas dó. “An rud céanna a bhíodh á dhéanamh ag na rógairí thall de chois an Rio Grande. Ghoideach siad eallach as na Stáit Aontaithe agus thugadh siad leo trasna na teorann go Meicsicó iad. Bhuel déanfaidh mise leo seo mar rinne Réamonn Óg leis na gadaithe thall; cuirfidh mé deireadh lena gcuid cneámhaireachta. (*Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* 1961:18)

Samhlaíonn Éamonn cosúlachtaí idir teorainn an Tuaiscirt agus an teorainn idir an Rio Grande agus Meicsiceo agus cinneann sé ar bheith ina oifigeach custaim agus ina shirriam agus súil a choinneáil ar an teorainn. An oíche sin, feiceann sé leoraí ag dul thairis ar an mbóthar agus seasann sé amach ós a chomhair agus iarrann sé ar an tiománaí stopadh. Dar le hÉamonn Róg is rustlaeir é an tiománaí agus tá smugláil eallaigh ar siúl aige. Ní hamhlaidh atá, áfach, is muca atá ar chúl an leoraí! Ina dhiaidh sin, tugann Éamonn Róg aghaidh ar Dhún Dealgan, agus ó Dhún Dealgan imíonn sé go Baile Átha Cliath agus go Loch Gorman. Le linn dó bheith ag taisteal casann sé le haisteoirí Chumann Scannán Eblana

Teoranta agus scannán á thaifead acu le fir i gcultacha Indiach agus bhuachaillí bó. Bíonn baint aige i robáil bainc i ngan fhios dó féin agus tugann sé cúnamh do na Gardaí. Casann sé ar dhaoine eile atá i gcomórtas gléasadh suas buann sé bosca seacláidí mar go bhfuil sé gléasta mar shirriam agus tugann sé cúnamh d'fhear an tsorcais breith ar leon ata imithe ar iarraidh. I dtreo dheireadh an scéil, titeann sé i ngrá le Peigín agus tugann fear darb ainm dó Cathal tairiscint dóibh beirt seó a chur ar siúl in amharclann agus dul ar camchuart timpeall na hÉireann:

“A Éamoinn, a mhic,” ar sé [Cathal], “ba mhaith linn tú theacht chugainne nuair a bheidh deireadh leis an aonach seo” ; agus d’innis sé céard do bheadh le déanamh. “I dtosach báire, “ ar sé, “Dhéanfá féin agus ‘Airgead Beo’ cuid de na mion-cleasanna – oiread agus bheadh slí ar an stáitse agaibh lena n-aghaidh. Beidh carabhán ar an stáitse; agus, tar éis na geleas, súfid tusa ar staighre an charabháin agus tosnóidh tú ag seinm ar acordán. Tíocfaidh cailín amach as an gcarabhán agus tosnóidh sise ag amhránaíocht. Cailín breá dathúil í; agus táim cinnte gurb aoibhinn leat bheith ina comhlúadar.” ...D’éirigh go seoigh leo – leo féin agus le “Airgead beo” – óir b’fheidhmiúil go maith an ball den chomhlucht é sin. I gcarabhán do dhéanfaidís an taisteal ó áit go háit, mar ba dhual dóibh féin agus dá muintir. Agus níor lúide sin an taitneamh do tugadh dóibh i ngach cearn dár shiúladar! (*Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómánta* 1961:52)

Tuigtear dúinn gur eachtraí áibhéalacha iad eachtraí Éamonn Róig ach in ainneoin sin is iarracht atá ann múnla nua a thabhairt isteach sa Ghaeilge, téamaí agus comharthaí sóirt leabhar faoin Iarthar Fiáin a ghaelú agus ábhar nua-aimseartha a fhoilsiú do dhaoine óga sa Ghaeilge.

Díol suime iad clúdaigh leabhair Chlub an Iarthair Fhiáin agus léiriú na mbuachaillí bó agus na nIndiach. Is amhlaidh, áfach, gur chloígh an Gúm le híomhánna coinbhinsiúnacha agus nach bhfuil na híomhánna sin ag teacht i gcónaí le hábhar na scéalta, mar atá pléite ag Pádraig Ó Siadhail:

Ar chlúdaigh shaothair Indiacha Chathail Uí Shándair sa tsraith ‘Réamonn Óg’, mar shampla, tagaimid ar íomhánna – trodaí Indiach agus tua ina ghlac aige, típionna na nIndiach i gcriostal agus tine lasta sa lár – íomhánna a bhfuilimid cleachta orthu ó Hollywood agus ón chultúr coiteann. Agus an Gúm ag iarraidh an t-aos óg a mhealladh i dtreo na léitheoireachta Gaeilge, luigh sé le ciall go gcloídís le híomhánna coinbhinsiúnacha mar sin. (Ó Siadhail, 2015: 189)

D’fhostaigh an Gúm dearthóirí agus ealaíontóirí éagsúla le clúdaigh na leabhar a tharraingt. In ábhar cartlainne an Ghúim tá fáil ar sceitsí agus ar léaráidí garbha a tarraingíodh. I gcásanna áirithe is cosúil gurbh é Cathal Ó Sándair féin a tharraing iad seo, ach i gcásanna eile ní fios cé a tharraing an sceitse.

6.8 Caidrimh Réamonn Óig le mná

Bhain ceist moráltachta le scéalta Chlub Leabhar an Iarthair Fhiáin ar bhealach nár bhain le scéalta ná le seánraí eile a shaothraigh Ó Sándair. Bheifí ag súil dá réir sin le plé ar léiriú na mbundúchasach agus ar cheisteanna polaitiúla agus ar cheartaiseacht pholaitiúil. Is amhlaidh, áfach, nach bhfuil aon fhianaise in ábhar cartlainne an Ghúim gur pléadh ná go ndearnadh measúnú ar ábhair a bhain le bundúchasaigh, idir Indiaigh agus fhir ghorma. Ceisteanna eile a bhí ag dó na geirbe ag piarmheasúnóirí an Ghúim: ainmneacha Gaelacha na mbithiúnach, an líon carachtar agus na bealaí éagsúla ar maraíodh iad agus an cheist ba mhó a tharraing aird agus plé ná ceist maidir le stádas pósta Réamonn Óig. Is amhlaidh go bhfuil roinnt mhaith tagairtí do chaidrimh Réamonn Óig le mná sna scéalta, ina measc *Réics Carló i nGleann an Bháis* (1952), *Réamonn Óg ar a Choimeád* (1952), *Réamonn Óg Arís* (1952), *Réamonn Óg agus Marcaigh na hOíche* (1958), *Díoltas Réamonn Óig* (1959), *Eachtra Dheireanach Réamonn Óig* (1961). I gcomhfhreagras idir Seán Mac Maoláin, eagarthóirí an Ghúim, agus Ó Sándair, mhol Mac Maoláin d'Ó Sándair gan "cineál de Brighton Young" a dhéanamh de Réamonn Óg (Comhad 1472). Duine de cheannairí Eaglais Naoimh na Laethanta Deireannacha i Meiriceá sa naoú céad déag a bhí ina Brighton Young agus bhí níos mó ná bean chéile amháin aige. I gcomhfhreagras le heagarthóirí an Ghúim dhearbhaigh Ó Sándair, "Níl beartaithe agam Mormon a dhéanamh de Réamonn Óg! Nár lige Dia!" (Comhad N1472). An chúis a bhí leis an bplé seo ná gur tugadh cur síos i scéalta áirithe ar Réamonn Óg mar fhear a chur spéis sna mná agus níor thaitin an ghné seo de phearsantacht Réamonn Óig leis an nGúm. Mháigh Mac Maoláin go raibh sé sásta leis an scéal *Réamonn Óg agus Marcaigh na hOíche* (1958) agus cur síos ar chaidreamh seasta idir Réamonn Óg agus Beití Larson agus is mar seo a leanas a rinne sé cur síos ar stádas phósta Réamonn Óig ina thuairisc chuig eagarthóirí an Ghúim, 'ó thárla Réamonn Óg pósta anois (ag an ughdar) ní hoireamhnach, feasta, Réamonn do bheith i ngrádh le mnaoi ar bith ach léi-se féin' (Comhad N1579). An fhadhb a bhí leis seo, áfach, ná go raibh Réamonn Óg pósta le bean eile ar fad sa scéal *Réamonn Óg ar an Rio Grande* (1952), an chéad leabhar sa tsraith. Is cosúil go raibh dearmad déanta ag eagarthóirí agus piarmheasúnóirí an Ghúim ar an chuid seo den scéal, áfach!

Tá cosúlachtaí idir an bheirt charachtar, Réics Carló agus Réamonn Óg, maidir le tréithe pearsanta agus modh oibre na beirte agus iad ag deiléail le muintir agus le pobail eile. Tá sé spéisiúil go ndearna Ó Sándair dúchasú ar sheánra an Iarthair Fhiáin sa chiall is gur leagadh béim ar thréithe pearsanta Réamonn Óig mar idirghabhálaí idir na fir bhána agus na hIndiaigh. Is beirt charachtar Ghaelacha iad, tá taithí acu ar bheith faoi chois agus ar shaoirse a chleachtadh, tá tuiscint acu ar mhuintir agus ar phobail éagsúla agus féachann an bheirt le síocháin a chur i réim agus le féiniúlacht Ghaelach iarchoilíneach a chur chun cinn. Cé go mbaineann gnéithe breise le scéalta Réics Carló agus le múnlaí Uí Shándair íomhá nua-Éirinn agus féiniúlacht Ghaelach a léiriú sna scéalta bleachtairreachta tabharfar faoi deara gurb Gael eiseamláireacha iad beirt a fhéachann le féiniúlacht idéalach a chur chun cinn i suímh nua-aimseartha.

Iarfhocal

Chuir mé romham sa tráchtas seo plé criticiúil a dhéanamh ar shaothar Chathail Uí Shándair agus teoricí iarchoilíneacha a thagairt dó. Tugadh léargas úr ar ionad litríocht Ghaeilge na n-óg mar chuid de thionscnamh na critice iarchoilíní agus rinneadh plé agus anailís ar théamaí agus ar léiriú féiniúlachta i gClub Leabhar Réics Carló agus i gClub Leabhar an Iarthair Fhiáin de chuid Uí Shándair.

Is staidéar idirdhisciplíneach é an tráchtas seo a phléann agus a scrúdaíonn modhanna na critice liteartha agus tarraingítear ar theoricí iarchoilíneacha i léann liteartha na Gaeilge agus i léann liteartha na n-óg le léamh a dhéanamh ar shaothair roghnaithe le Ó Sándair. Rinneadh réimsí taighde éagsúla a áireamh mar chuid den staidéar seo; cúrsaí stairiúla agus polaitiúla in Éirinn ó lár an naoú haois déag go tús na 1940idí, stair na foilsitheoireachta Gaeilge agus ról agus stádas na Gaeilge sa chóras oideachais. Trí athléamh a dhéanamh ar shaothair roghnaithe de chuid Uí Shándair i gcomhthéacs gnéithe de thionscnamh na critice iarchoilíní, tugtar léargas ar na bealaí a thug Ó Sándair faoi fhéiniúlacht chomhaimseartha Ghaelach a léiriú le haghaidh daoine óga sna 1940idí agus sna 1950idí. Baineann tábhacht faoi leith leis an ré inar foilsíodh saothar Uí Shándair. Sa stát nuabhunaithe tugadh ardú stádais don Ghaeilge – bhí sí mar chroí-ábhar teagaisc, bhí daoine óga tar éis teacht tríd an gcóras scolaíochta a raibh scileanna maithe litearthachta agus léitheoireachta acu agus bhí ábhar léitheoireachta á lorg acu. Sa dara háit, bhí tuiscint ag Ó Sándair ar an gcaoi a bhféadfaí seánraí litríochta éagsúla a mhúnlú le freastal ar dhaoine óga, ó thaobh réimse spéise agus cumas teanga de. Sa tríú háit, bhí fíis ag Ó Sándair maidir le híomhá nua féiniúlachta a chur chun cinn agus léiríodh Éire mar thír idéalach agus muintir na hÉireann mar phobal ionraic a raibh tuiscint acu ar luachanna maithe Gaelacha. Léirítear na téamaí seo i scéalta Chlub Leabhar Réics Carló agus i scéalta Chlub an Iarthair Fhiáin. Is léir ó phlé agus anailís a dhéanamh ar scéalta an dá Chlub Leabhar sin go raibh Ó Sándair chun tosaigh in íomhá idéalach iarchoilíneach d'Éirinn agus de mhuintir na hÉireann a chur chun cinn i litríocht Ghaeilge na n-óg.

Ag tús an tráchtas seo, tugadh cuntas ar shaol agus ar shaothar Uí Shándair agus rinneadh cur síos ar phlé agus ar chaidreamh Uí Shándair le heagarthóirí an Ghúim agus ar cheisteanna a tháinig chun cinn in ábhar cartlainne an Ghúim. Rinneadh cíoradh ar ábhar cartlainne an Ghúim atá ar fáil sa Chartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus tugadh léargas úr ar mhodh oibre Uí Shándair agus eagarthóirí an Ghúim. Taispeánadh cé chomh tábhachtach is atá na doiciméid seo mar fhianaise ar phlé agus ar phróiseas eagarthóireachta litríocht Ghaeilge na n-óg. I gcéad chomhfhreagras Uí Shándair leis an nGúm léiríodh fíis an scríbhneora óig i leith litríocht na n-óg agus an tsuim a bhí aige sa teanga, an taithí a bhí aige féin ar irisí Bhéarla ó Shasana agus ar an mian a bhí aige a mhacasamhail a chruthú agus a chumadh i nGaeilge do léitheoirí óga na Gaeilge. In ainneoin chumas agus chaighdeán Ghaeilge Uí Shándair agus na deacrachtaí agus na dúshláin a bhain leis an bplé agus leis an gcaidreamh a bhí aige le heagarthóirí agus léirmheastóirí an Ghúim, d'fhéach sé le seánraí nua agus scéalta eachtraíochta a chumadh do dhaoine óga, le nua-théarmaíocht a chumadh sa Ghaeilge agus le saol nua-aimseartha a

léiriú do Ghaeil óga. Is ábhar fíorthábhachtach é ábhar cartlainne an Ghúim a thugann léargas ar mheon agus ar dhearcadh Uí Shándair féin chomh maith le léargas ar an tionchar a bhí ag eagarthóirí agus piarmheasúnóirí na linne ar an bpróiseas scríbhneoireachta agus foilseacháin.

I gcaitheamh an tráchtais, rianaíodh forbairt litríocht Ghaeilge na n-óg ó lár an naoú haois déag go tús na 1940idí agus go foilsíú saothair Chathail Uí Shándair. Léiríodh an fhorbairt a tháinig ar ábhar léitheoireachta Gaeilge agus ar litríocht Ghaeilge na n-óg ag tús an chéid, agus tugadh cur síos ar an gceangal idir litríocht Ghaeilge na n-óg agus idé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha le linn thréimhse na hAthbheochana. Tugadh faoi deara an neamhaird a rinneadh ar litríocht na n-óg in Éirinn mar uirlis pholaitiúil agus mar ábhar idé-eolaíochta i gcomparáid le litríocht na n-óg i mBéarla ó Shasana agus rinneadh comparáid idir idé-eolaíocht scríbhneoirí Bhéarla agus Ghaeilge in Éirinn freastal ar dhaoine óga agus ábhar litríochta a fhoilsíú. Léiríodh chomh maith, drochstaid na Gaeilge ag tús an fichiú haois agus caighdeán íseal litearthachta agus léitheoireachta i measc na n-óg agus pléadh an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí oideachais Ghaeilge, ar ardú stádais na Gaeilge i mbunú an tSaorstáit agus an tionchar a bhí aige seo ar cháil agus ar éileamh scéalta Uí Shándair ag tús na 1940idí.

Díríodh go príomha ar fhorbairt dhá sheánra faoi leith: seánra an úrscéil choire agus bhleachtairachta agus leabhair faoin Iarthar Fiáin, sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, do dhaoine fásta agus do dhaoine óga. Scrúdaíodh go mion na bealaí a ndearna Ó Sándair gnéithe éagsúla den dá sheánra a mhúnlú le freastal ar léitheoirí óga Gaeilge a chomhaimsire. I bhfianaise na mbuntéacsanna, léiríodh go ndearnadh Ó Sándair íomhá nua-Éirinn agus féiniúlacht Ghaelach a chur chun cinn ar trí bhealach ar leith: ar an gcéad dul síos, rinne sé scéalta Chlub Leabhar Réics Carló a shuíomh i gCathair Bhaile Átha Cliath agus léirigh sé saol na cathrach agus saol nua-aimseartha don chéad uair i litríocht dhúchasach na n-óg sa Ghaeilge. Sa dara háit, rinne sé an Ghaeilge a shamhlú agus a chur in iúl mar mórtheanga agus mar theanga dhomhanda agus chum sé téarmaíocht nua le dul i ngleic leis an saol nua-aimseartha. Deimhníodh dá réir sin go bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid le cúrsaí an tsaoil nua-aimseartha a phlé. Sa tríú háit, rinne sé athshamhlú ar ghnéithe áirithe de scéalta eachtraíochta na hImpireachta le féiniúlacht Ghaelach agus Éireannach a léiriú agus a chur chun cinn.

Maidir le Club Leabhar an Iarthair Fhiáin níor leagadh an bhéim chéanna ar shuíomh na scéalta, ná ar an nGaeilge mar theanga chumarsáide ag Réamonn Óg agus a chomhluadar ach bhain tábhacht le léiriú na mbundúchasach sa tsraith seo. Leag Ó Sándair béim ar leith ar phearsantacht agus ar fhéiniúlacht Ghaelach Réamoinn Óig sa phlé agus sa tuiscint a bhí aige ar chaidrimh idir fir bhána agus Indiaigh. I ndeireadh na dála, in ainneoin na ndifríochtaí idir Réics Carló agus Réamonn Óg, áitím gur bhain nuálaíocht le féiniúlacht Ghaelach na beirte sa saol chomh-aimseartha, féiniúlacht a bhí difriúil ó bhonn leis an idé-eolaíocht thraidisiúnta a cuireadh chun cinn i litríocht na n-óg go dtí sin. I bhfianaise na hanailíse téacsúla a rinneadh ar bhunsaothair Uí Shándair, is léir gurb ionann na mórcheisteanna cultúir,

féiniúlachta agus teanga a ndéantar a chóradh i saothair Uí Shándair, agus ceisteanna de chuid tionscnaimh na critice iarchoilíní.

Go dtí seo i litríocht Ghaeilge na n-óg, díríodh ar thaighde a dhéanamh ar chúrsaí litearthachta agus ar chúrsaí léitheoireachta, ar chúrsaí aistriúcháin agus ar chúrsaí foilsitheoireachta, ar chúrsaí bhéaloidis agus ar mhiotaseolaíocht. Tá níos mó anailíse téacsúla le déanamh, áfach, ar litríocht Ghaeilge na n-óg mar chuid de dhioscúrsaí liteartha éagsúla. Tús aistir atá sa tráchtas seo. Is é seo an chéad tráchtas dochtúireachta ar shaothar Chathail Uí Shándair, an scríbhneoir ba líonmhaire foilseacháin agus ba mhó díol leabhar i litríocht na Gaeilge san fhichiú haois. Is é seo an chéad tráchtas sa Nua-Ghaeilge a phléann an ceangal idir teoiricí iarchoilíneacha agus litríocht Ghaeilge na n-óg. Mar sin féin, tá níos mó taighde le déanamh ar shaothair eile de chuid Chathail Uí Shándair, agus ar thionchar Uí Shándair ar scríbhneoirí litríocht Ghaeilge na n-óg eile, Críostóir Ó Floinn agus Mícheál d'Andún ina measc. Chomh maith leis sin, is gá níos mó taighde a dhéanamh ar chultúr na hóige agus ar fhorbairt litríocht Ghaeilge na n-óg le linn thréimhse na hAthbheochana, ar fhoilseacháin Chonradh na Gaeilge do dhaoine óga agus ar cheisteanna idé-eolaíochta. Níor mhiste réimse eile critice a chur i bhfeidhm ar litríocht Ghaeilge na n-óg, staidéar inscní agus léiriú na mban i litríocht Ghaeilge na n-óg, san áireamh. Ag cur san áireamh an dá thraidisiún liteartha in Éirinn, ba chóir taighde comparáideach a dhéanamh idir litríocht Ghaeilge na n-óg agus litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn, ar shaothar Gaeilge Uí Shándair agus ar shaothar Béarla Eilís Dillon, mar shampla, beirt mhórscribhneoirí Éireannacha a d'fhéach le féiniúlacht náisiúnaíoch a chur chun cinn le linn na 1940idí agus na 1950idí in Éirinn.

Cathal Ó Sándair: Clár Saothair

Comhad Cartlainne

1943

An tEiteallán Do-Fheicthe. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1042).

Jacko agus Sgéalta Eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1060).

Na Mairbh a d'fhill. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1036).

Tríocha Píosa Airgid agus scéalta eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1014).

1944

An Corpán sa Trúnc. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1052).

Dúnmharbhú i bPáirc an Chrócaigh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1058).

Uathbhás i mBrúgh na Bóinne. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1074).

An Gluaisteán Sídh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1091).

An Lá Geal. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1075).

1947

An Chathair Seo 'Gainne. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1105).

Súile an Íodhail. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1122).

Soir ó'n Rio Grande. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1203).

1951

Bealach an Ghunna. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1212).

Réics Carló ar an nGealaigh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1185).

Réics Carló ar Dhá Eachtra Eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1304).

Réics Carló san Aifric. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1230).

Réics Carló san Éigipt. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1242).

1952

“John Joe”. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1207).

An Buachaill Bán. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1382).

Buachaillí Chluain Éanna. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1267).

Cailíní Chluain Éanna. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1195).
Cás-Leabhar Réics Carló. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1385*).
Fir an Iarthair Fhiáin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1413).
Réamonn Óg ar an Rio Grande. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1397).
Réics Carló i bParis. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1395).
Réics Carló i gCáirlinn. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1376).
Réics Carló ó Shráid Fhearchair. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1403).

1953

An Bóthar go Cuailgne. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1383).
An Stróinséir ó Théacsas. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1434).
An tIndiach ó Éirinn. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1453).
An Tríú Adamhbhomba. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1224*).
Bliain ón mBás. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1260).
Cluain Éanna Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1417).
Cluain Éanna go Bráth. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1405).
Iníon an Iarthair. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1272*).
Micilín. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1296).
Réics Carló agus an Maisín-fé-thalamh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1415).
Réics Carló agus Cás an Amhránaí Sráide. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1443).
Réics Carló agus Rún an Iarnróid Dúnta. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1424).
Réics Carló sa Bhreasail. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1407).
Réics Carló sa tSín. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1218).
Réics Carló sna Stáit Aontaithe. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1425).

1954

Buachaillí Chluain Éanna agus an Spiaire ón Spéir. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1465).
Cailíní Chluain Éanna agus Fear an Chlóca Dhuibh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1462).
Cuir Fios ar Réics Carló. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1437).
Mistéire na n-Éan gan Sciatháin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1435).
Réamonn Óg ar a Choimeád. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1471).

Réamonn Óg Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1459).
Réamonn Óg i nGleann an Bháis. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1472).
Réamonn Óg, Sirriam. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1458).
Réics Carló agus an Cró-Dheamhan. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1420).
Réics Carló agus Ridire an Chaisleáin Duibh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1454).
Réics Carló i Londain. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1433).
Réics Carló, Taighdeálaí Príobháideach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1455).
Uafás i gCluain Éanna agus scéalta eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1470).

1955

Cuir Fios ar Réamonn Óg. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1491).
Mistéire na Scoile ar Muir. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1495).
Réamonn Óg ó Lodestone. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1500).
Réamonn Óg, Cara na n-Indiach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1508).
Réics Carló agus an Mhaidhm Bháite. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1488).
Réics Carló agus Mistéire an Chuain. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1499).
Réics Carló i bPort Láirge. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1502).
Réics Carló i Meicsicó. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1430).
Scorach Ghlionnáin agus Ballaí Indreabháin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1486).

1956

An Captaen Toirneach ar Eachtra Eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1559).
An tSeamróigín Dhílis agus Scéalta Eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1533).
Buachaillí Chluain Éanna agus An Mac Léinn is Raimhre ar Bith. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1528).
Cuir Fios ar Scorach Ghlionnáin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1514).
Faoi Bhratach an Bháis. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1537).
Réamonn Óg agus Díoltas an Indiaigh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1527).
Réamonn Óg agus Indiaigh ar an Teorainn. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1519).
Réics Carló agus Cás an Chailín Fhuadaithe. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1544).
Réics Carló agus Cás an Mhilliúnaí Mhairbh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1506).
Réics Carló agus Mistéire na Loinge Sí. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1536).

Réics Carló i gContae Mhuineacháin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1524).

Réics Carló i nDún na nGall. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1538).

1957

An Captaen Toirneach ar an Meánmhuir. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1552).

Réamonn Óg agus Éirí Amach na nIndiach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1562).

Réics Carló agus Mistéire an Oileáin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1556).

Réics Carló i gCorcaigh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1521).

1958

An Captaen Toirneach agus Órthaisce na Spáinneach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1545).

An Captaen Toirneach Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1563).

Réamonn Óg agus Marcaigh Ghleann an Bháis. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1580).

Réamonn Óg agus Marcaigh na hOíche. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1579).

Réics Carló Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1560).

Réics Carló i gContae Chill Mantáin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1571).

Réics Carló i nDún Dealgan. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1547).

Scorach Ghlionnáin ó Chonamara. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1543).

1959

An Chéad Bhliain i gCluain Éanna. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1504).

Díoltas Réamoinn Óig. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1584).

Faoi Sheol leis an gCaptaen Toirneach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1549).

Réamonn Óg agus an tÓr-Mhianach Caillte. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1582).

Réamonn Óg agus Rí an Mhachaire. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1551).

Réics Carló agus an Fear do bhí Róshaibhir. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1578).

1960

An Captaen Spéirling agus an Phlainéad do Phléasc agus Scéalta Spáis eile. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1605).

An Captaen Spéirling Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1604).

Eachtraí Bhuachaillí Chluain Éanna. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1577).
Éamonn Róg, An Bó-Bhuachaill Bómáanta. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1613).
Le Columbus go Meiriceá. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1594).
Réamonn Óg agus an Marcach Dubh. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1546).
Réamonn Óg agus Ór an Sprionlóra. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1585).
Réamonn Óg, An Sirriam Gan Eagla. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1581).
Réamonn Óg, Namhaid na mBithiúnach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1588).

1961

An Sean-siopa Dorcha. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1649).
Eachtra Dheireanach Réamoinn Óig. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1590).
Leis an gCaptaen Spéirling go Mars. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1599).

1962

An Campa sna Sléibhte. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1653).
An Captaen Spéirling, Spás-Phíolóta. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1597).
An Príosúnach. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1663).
Íobairt Sheáin. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1656).

1963

Prionsa, Rí na Madraí. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1673).

1964

An Clódóir Óg. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1670).
Ar Son a Charad. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1655).
Mo Mhadra, Prionsa. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1672).
Rún M'Athar. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1667).

1965

Mo Ghaiscíoch, Mícheál. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1662).

1966

Prionsa Arís. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1683).

1967

Mo Chara, Mo Namhaid. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N1660).

1980

Réics Carló ar Oileán Mhanann. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair (Comhad N2014).

1984

Fáilte ar ais, a Réics. Cathal Ó Sándair. Oifig an tSoláthair.

Liosta Léitheoireachta

- Adams, R., 2013. 'Marion King agus an Gúm: Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg i mBlianta Luatha an Ghúim'. In: Nic Lochlainn, C. agus Nic Congáil, R. (eag.) *Laethanta Gréine agus Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 95-119.
- Adams, R., 2014. 'Baile Átha Cliath Abú!': Cathal Ó Sándair agus an suíomh uirbeach i litríocht Ghaeilge na n-óg'. In: Adams, R., Dunne, C. agus Nic Lochlainn, C. (eag.) *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 135-156.
- Adams, R., 2015. 'Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg, 1926-1967'. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Adams, R., 2018. 'Jimín Mháire Thaidhg and Constructions of Irish Childhood in Irish-Language Children's Literature in the Independence Period, 1910-1940'. In: Boylan, C. agus Gallagher, C., 2018. *Constructions of Irish Childhood in the Independence Period 1910-1940*, Cham: Springer International Publishing, 115-138.
- Andrew, L., 2017. *The Boy Detective in Early British Children's Literature: Patrolling the Borders between Boyhood and Manhood*. London: Palgrave Macmillan.
- Ashcroft, B., 2001. *Post-colonial Transformation*. London: Routledge.
- Ashcroft, B., Griffiths, G. agus Tiffin, H., 1989. *The Empire Writes Back: Theory and Practice in Post-Colonial Literature*. London and New York: Routledge.
- Bertens, H., 2001. *Literary Theory: The Basics*. London: Taylor and Francis.
- Black, J., 2010. 'Crime Fiction and the Literary Canon'. In: Rzepka, C.J., agus Horsley, L. (eag.) *A Companion to Crime Fiction*, Oxford: Wiley-Blackwell John Wiley & Sons, 76-89.
- Blake, K.S., 1995. 'Zane Grey and Images of the American West'. *Geographical Review*, 85 (2), 202-216.
- Bradford, C., 2001. 'The End of Empire? Colonial and Postcolonial Journeys in Children's Books'. *Children's Literature*, 29, 196-218.
- Bradford, C., 2007. *Unsettling Narratives Postcolonial readings of Children's Literature*. Canada: Wilfrid Laurier University Press.
- Bradford, C., 2011. 'Children's literature in a global age: transnational and local identities'. *Nordic Journal of Child literature Aesthetics*, 2.
- Breathnach, D. agus Ní Mhurchú, M., 2001. *Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: Clóchomhar.
- Briggs, J., Butts, D. agus Grenby, M.O. 2008. *Popular Children's Literature in Britain*. Hampshire, England: Ashgate Publishing Limited.
- Brown, S., 1919. 'Catholic Juvenile Literature: a classified list/ compiled and edited with an introduction'. *Irish Fiction for Boys. VI.: Humorous Stories and Sketches, An Irish Quarterly Review*, 8: 32 (Nollaig) Irish Province of the Society of Jesus, 658-663.

- Bulfin, A., 2018. *Gothic Invasions: Imperialism, War and Fin-de-Siècle Popular Fiction*. University of Wales. Cardiff.
- Cahill, S., 2011. "Cleaning up the Mess? The Child and Nation in Historical Fiction Set between 1890 and 1922". In: Coghlan, V. agus O'Sullivan, K. (eag.) *Irish Children's Literature and Culture New Perspectives on Contemporary Writing*. New York: Routledge, 41-54.
- Cai, M., 2002. *Multicultural Literature for Children and Young Adults: Reflections on Critical Issues*. Connecticut, London: Greenwood Press.
- Caomhánach, A. P., 1996. 'An Br S. Ó Maoil Eoin, 1901-68'. In: Ó Cearúil, M. (eag.) *Gníomhartha na mBráithre Críostaí*. Baile Átha Cliath, 229-256.
- Caomhánach, A. P., (1996) 'Na Bráithre Críostaí agus an Ghaeilge'. In: Ó Cearúil, M. (eag.) *Gníomhartha na mBráithre Críostaí*. Baile Átha Cliath, 123-157.
- Christian, E., 2010. *The Post-Colonial Detective*. Basingstoke: Palgrave.
- Coghlan, V., 2005. 'Faith and Fatherland: The influences of Church and State on Publishing for Children in Ireland in the Mid-Twentieth Century'. In: O'Sullivan, E., Reynolds, K. agus Romoren, R. (eag.) *Children's Literature Global and Local: Social and Aesthetic Perspectives*. Oslo: Novus Press, 149-159.
- Condon, J., 1999. 'Victoria's Own'? : Discourses of Cultural Imperialism and Nationalist Resistance in Nineteenth-Century Children's Literature in Ireland. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Coolahan, J., 1981. *Irish Education: Its History and Structure*. Dublin: Institute of Public Administration.
- Coyne, M., 1997. *The Crowded Prairie: American National Identity in the Hollywood Western*. London New York: I.B.Tauris Publishers.
- De Blacam, A., 1935. 'What will the Children Read?'. *The Irish Monthly*. 63, 748 (Deireadh Fómhair, 1935), 680-688.
- DeForest, T., 2004. *Storytelling in the Pulps, Comics and Radio: How Technology changed Popular Fiction in America*. Jefferson, North Caroline [?]: McFarland.
- Denvir, G., 1978. *Aistí Phádraic Uí Chonaire Pádraic Ó Conaire 1883-1928*. Indreabhán: Cló Chois Fharraige.
- Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire'. I: Denvir G (eag.) *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 67-70.
- Dillon, E., 1982. *Inside Ireland*. Bath, Kent: The Pitman Press.
- Dunbar, R., 2001. 'Ireland and its Children's Literature'. In: Meek, M., (eag.) *Children's Literature and National Identity*. England/USA: Trentham Books, 79-88.
- Dunne, C., 2014. 'Éagsúlacht ar Chúl Éaga? Léiriú ar an Éagsúlacht Chultúrtha i Litríocht na nÓg'. In Adams, R., Dunne, C. agus Nic Lochlainn., C., (eag.) *Thar an Tairseach*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 157-180.
- Fallon, B., 1998. *An Age of Innocence: Irish Culture 1930 – 1960*. Dublin: Gill & MacMillan,

- Fanon, F., 1967. *The Wretched of the earth*. Middlesex: Penguin.
- Ferriter, D., 2007. *The Transformation of Ireland 1900-2000*. Great Britain: Profile Books.
- Flanagan, M., 2006. 'There is an Isle in the western ocean': the Christian Brothers, Our Boys and Catholic/nationalist ideology'. In: Shine Thompson, M. agus Keenan, C. (eag.) *Treasure Islands: Studies in Children's Literature*. Dublin: Four Courts Press, 43-52.
- Flanagan, M., 2007. 'And who will fight for Ireland? The Great War, propaganda and the representation of conflict in children's popular literature'. In: Shine Thompson, M agus Coghlan, V. (eag.) *Divided Worlds: Studies in Children's Literature*, Dublin: Four Courts Press, 115- 125.
- Flanagan, M., 2010. 'To Enlighten and Entertain': Adventure narrative in the *Our Boys* Paper'. *Irish Communications Review*, 12, 88-102.
- Flanagan, M., 2011. '*Our Boys*, the Campaign against Evil Literature and the Assertion of Catholic Moral Authority in Free Sate Ireland'. In: King, L. agus Sisson, E. (eag.) *Ireland, Design and Visual Culture: Negotiating Modernity 1922-1992*. Cork: Cork University Press, 117-129.
- Flanagan, M., 2011. 'Tales told in the turflight': the Christian Brothers, Our Boys and the representation of Gaelic authenticity in the popular culture of the Irish Free State' In: Shine Thompson, M. (eag.) *Young Irelands: Studies in Children's Literature*. Dublin: Four Courts Press, 57-66.
- Frey, C., 1987. 'Laura and Pa: Family and Landscape in Little House on the Prairie'. *Children's Literary Quarterly*, 12.3.125-128.
- Frey, C., 2001. *Hollywood, Westerns and the 1930s The Lost Trail*. Exeter: University of Exeter Press.
- Glover, D., 2003. 'The thriller'. In: Priestman, M. (eag.) *The Cambridge Companion to Crime Fiction*. Cambridge: Cambridge University Press, 135-154.
- Grenby, M.O. agus Reynolds, K., 2011. *Children's Literature Studies: A Research Handbook*. Basingstoke, Palgrave MacMillan.
- Hay, M., 2006 'This treasured island: Irish nationalist propaganda aimed at children and youth, 1910-1916'. In: Shine Thompson, M. agus Keenan, C. (eag.) *Treasure Islands: Studies in Children's Literature*, Dublin: Four Courts Press, 33-42.
- Hay, M., 2011. 'The Propaganda of Na Fianna Éireann, 1909-26' In: Shine Thompson, M. (eag) *Young Irelands*, Dublin: Four Courts Press, 47- 56.
- Hay, M., 2015. 'Children and the Irish Cultural Revival'. In: Modalities of Revival UCDscholarcast. Sraith 12 (Earrach 2015).
- Herron, A.M., 2014. 'Don't let the fire go out': echoes of the past, aspirations for the future in the teenage novels of Eilís Dillon. In: Keyes. M.T. agus McGillicuddy, A. (eag.) *Politics and Ideology in Children's Literature*. Dublin: Four Courts Press, 72-82.
- Horsley, L., 2010. 'From Sherlock Holmes to the Present'. In: Rzepka, C.J. agus Horsley, L. (eag.) *A Companion to Crime Fiction*, Oxford: Wiley-Blackwell John Wiley & Sons, 28-42.
- Hunt, P., 1991. *Criticism, Theory, and Children's Literature*. Oxford: Basil Blackwell.

- Hunt, P. agus Sands, K., 2000. 'The View from the Center: British Empire and Post-Empire Children's Literature'. In: McGillis, R. (eag.) *Voices of the Other Children's Literature and the Postcolonial Context*, New York and London: Routledge, Taylor & Francis Group, 71-88.
- Kayman, M.A., 2003. 'The Short Story from Poe to Chesterton' In: Priestman, M. (eag.) *The Cambridge Companion to Crime Fiction*, Cambridge: University Press Cambridge, 41-58
- Keenan, C., 2007. 'Divisions in the world of Irish publishing for children: re-colonization or globalization?' In: Shine Thompson, M. agus Coghlan, V. (eag.) *Divided Worlds: Studies in Children's Literature*. Dublin: Four Courts Press, 196-208.
- Keogh, D., 2007. 'Our Boys, de Valera's Ireland and the European Crisis, 1932-9'. In: Shine Thompson, M. agus Coghlan, V. (eag.) *Divided Worlds: Studies in Children's Literature*, Dublin: Four Courts Press, 126- 138.
- Keogh, D., 2015. 'Our Boys: the Christian Brothers and the formation of youth in the 'new Ireland' 1914-1944. *History of Education*, 44:6, 700-716.
- Kestner, J.A., 2010 *Masculinities in British Adventure Fiction, 1880-1915*. Surrer: Ashgate.
- Kiberd, D., 1993. *Idir Dhá Chultúr*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Kiberd, D., 1995. *Inventing Ireland: the literature of the modern nation*. London: Johnathon Cape.
- Knight, S., 2003. 'The Golden Age'. In: Priestman, M. (eag) *The Cambridge Companion to Crime Fiction*. Cambridge: Cambridge University Press, 77-94.
- Knuth. R., 2012. *Children's Literature and British Identity, Imagining a People and a Nation*. Plymouth UK: Scarecrow Press.
- Kirwan-Keane, S., 2012. 'Sinéad de Valera agus Drámaíocht Ghaelach na nÓg'. In: Nic Congáil, R. (eag) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 45-62.
- Kutzer, D., 2000. *Empire's Children: Empire and Imperialism in Classic British Children's Books* New York and London: Garland.
- Lesnik-Oberstein, K., 1998. 'Childhood and Textuality: Culture, History, Literature.' *Children in Culture: Approaches to Childhood*. Eag. Karín Lesnik-Oberstein. Houndmills: Macmillan, 1-28
- Lesnik-Oberstein, K., 2000. 'The Psychopathology of Everyday Children's Literature Criticism'. *Cultural Critique*, 45, 222-242.
- Mac Aonghusa, M., 1996. 'Cathal Ó Sándair 1922-1996'. *Comhar* (3), 27-28.
- Mac Congáil, N., 2007. 'Weekly Freeman' agus "Irish Fireside Club" ag Cothú an Náisiúnachais agus an Ghaelachais Bealach na hÓige'. *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 21/11, 21 (2)(1), 278-318.
- Maguire N. agus Rodgers B., 2013. *Children's Literature on the Move: Nations, Translations, Migrations*. Dublin: Four Courts Press.
- May, C., 2011. 'The Romance of America: Trauma, National Identity, and the Leather-Stocking Tales'. *Early American Studies: An Interdisciplinary Journal*, 9 (1) Winter, 167-186.

- Moynihan, M., 1980. *Speeches and Statements by Emaon de Valera, 1917-73*. Dublin: Gill and Macmillan; New York: St. Martin's Press.
- McGillis, R., 1998. 'The Delights of Impossibility: No Children, No Books, Only Theory'. *Children's Literature Association Quarterly* 23.4: 202-8.
- McGillis, R., 2000. *Voices of the Other Children's Literature and the Postcolonial Context*. (eag.) New York and London: Routledge Taylor & Francis Group.
- McGillis, R., 2004. 'Postcolonialism: Originating Difference'. In: Hunt, P., (eag.) *International Companion Encyclopedia of Children's Literature*. London and New York: Routledge, 891-900.
- Murphy, N., 2001. 'Starting Children on the Path to the past: American Indians in Children's Historical Fiction'. *Minnesota Historical Society Press*, 57(6), 284-295.
- Ní Bhroin, C., 2004. 'Forging national identity: the adventure stories of Eilís Dillon'. In: Keenan, C. agus Shine Thompson, M. (eag.) *Studies in Children's Literature 1500-2000*. Dublin: Four Courts Press, 112-119.
- Ní Bhroin, C., 2011. 'Mythologizing Ireland. In: Coghlan, V. agus O'Sullivan, K. (eag.) *Irish children's literature and culture: New perspectives on contemporary writing*. London: Routledge, 7-27.
- Ní Chuilleanáin, O., 2014. *Tíortha na hÓige: Litríocht Ghaeilge na nÓg agus Ceisteanna an Aistriúcháin*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR.
- Nic Congáil, R., 2009. "Fiction, Amusement, Instruction": The Irish Fireside Club and Educational Ideology of the Gaelic League'. *Éire-Ireland*, (44)1&2 Earrach/ Samhradh, 91-117.
- Nic Congáil, R., 2009. 'Réics Carló: Gaelachas sa nua-aois'. *Comhar*, Bealtaine: 12-18.
- Nic Congáil, R., 2011. 'Young Ireland and *The Nation*: Nationalist Children's Culture in the Late Nineteenth Century'. *Éire-Ireland*, Fómhar/Geimhreadh, 37-62.
- Nic Congáil, R., 2012. 'Réamhrá'. In: Nic Congáil, R. (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 11-21.
- Nic Congáil, R., 2013. 'Drámaíocht Ghaeilge don Aos Óg i dTréimhse na hAthbheochana (1900-1920). In: Nic Congáil, R. agus Nic Lochlainn, C. (eag.) *Laethanta Gréine agus Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 217-254.
- Nic Congáil, R., 2015. 'Contrárthachtaí Chathail Uí Shándair: Idé-eolaíocht an Chosantais agus an Margadh Domhanda'. In: Nic Congáil, R., Nic Eoin, M., Ní Úrdail, M., Ó Liatháin, P. agus Uí Chollatáin, R. (eag.) *Litríocht na Gaeilge ar fad an Domhain: Critic, Cultúr agus Comhthéacs Comhaimseartha*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR 147-174.
- Ní Dhonnchadha, A., 2019. 'Scéalta Bleachtaireachta Chiaráin Uí Nualláin: cúlra agus comhthéacs. In: De Brún, F. agus Mag Shamhráin, A. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille VLIX: Ón nGruagach Gréagach go Myles na gCopaleen: Saol agus Saothar Mhuintir Nualláin*. Maigh Nuad: An Sagart, 135-186.
- Nic Eoin, M., 1982. *An Litríocht Reigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

- Nic Eoin, M., 2005. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Pháidín, C., 1982. 'Irisleabhar na Gaedhilge 1882-1909' *Comhar* 41(11), Samhain, 4-16.
- Nic Pháidín, C., 1998. *Fáinne an Lae agus an Athbheochan 1898-1900*, Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Pháidín, C., 2003. "'Cén fáth nach?'" ó Chanúint go Criól'. In: Ní Mhianáin, R., (eag.) *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 113-130.
- Nic Lochlainn, C., 2013. 'Asal Fhear na Mónadh: Aistriúchán Mhaighréad Nic Mhaicín ar Shaothar Patricia Lynch'. In: Nic Lochlainn, C. agus Nic Congáil, R., *Laethanta Gréine agus Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 69-93.
- Nikolajeva, M., 2000. 'Tamed Imagination: A Re-reading of Heidi'. *Children's Literature Association Quarterly* 25.2. 68-75.
- Nodelman, P., 1985. 'The Case of Children's Fiction: Or, The (Im)Possibility of Jacqueline Rose'. *Children's Literature Association Quarterly*, 10(3), 98-100.
- Nodelman, P., 1992. 'The Other: Orientalism, Colonialism, and Children's Literature'. *Children's Literature Association Quarterly*, 17(1) Spring, 29-35.
- Ó Buachalla, S., 1988. *Education Policy in Twentieth Century Ireland*. Dublin: Wolfhound Press.
- Ó Buachalla, S., 1984. 'Educational Policy and the Role of the Irish Language from 1831 to 1981'. *European Journal of Education* 19.1,75-92.
- Ó Cadhain, M., 1987. 'Tuige nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?'. In: Costigan, B agus Ó Curraoin, S. (eag.) *De Ghlaschloich an Oileáin: Beatha agus Saothar Mháirtín Uí Chadhain*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta, 253-274.
- Ó Cearnaigh, S., 1995. *Scribhneoirí na Gaeilge 1945-1995*. Baile Átha Cliath: Comhar.
- Ó Crualaoich, G., 2003. 'De Valera's other Ireland'. In: Doherty, G. agus Keogh, D. (eag.) *De Valera's Irelands*. Cork: Mercier Press, 155-165.
- Ó Conchubhair, B., 2011. 'An Gúm, The Free State and the Politics of the Irish Language' In: King, L agus Sisson, E. (eag.) *Ireland, Design and Visual Culture: Negotiating Modernity 1922-1992*. Cork: Cork University Press, 92-113.
- Ó Domhnaill, N., 1951. *Forbairt na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill.
- Ó Laighléis, R., 1997. 'Extraordinary Exigencies: Current Irish Language Literature for the Young Reader'. *The Lion and the Unicorn*, Márta, 426-436.
- Ó Murchú, S., 2003. 'An Léitheoireacht i measc Déagóirí' In: Ní Mhianáin, R. (eag.) *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 83-96.
- Ó Murchú, S., 2012 'Idir Laethanta Gréine agus Na Mairbh a d'fhill: Súil Sceabhach ar an bhFoilsitheoireacht do Dhaoine Óga i mBlianta Tosaigh an Ghúim'. In: Nic Congáil, R. (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 23-44.

- Ó Raghallaigh, C., 2003. ‘Léitheoireacht na Gaeilge a Neartú: Dúshlán na bhFoilsitheoirí’ In: Ní Mhainín, R. (eag.) *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 71-81.
- Ó Sándair, C., 1980. ‘Mar a Thosaigh mé ag Scríobh’. *Feasta*, Meán Fómhair, 5-6.
- O’Leary, P., 1994. *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation*. University Park: Pennsylvania State University Press.
- O’Leary, P., 2004. *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.
- O’Leary, P., 2009. *Irish Interior: Keeping Faith with the Past in Gaelic Prose 1940-1951*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.
- O’Leary, P., 2011. *Writing Beyond The Revival: Facing the Future in Gaelic Prose 1940-1951*. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.
- Ó Siadhail, P., 2010. “The Indian Man” and the Irishman: James Mooney and Irish Folklore’. *New Hibernia Review*, 14 (2) Samhradh, 17-42.
- Ó Siadhail, P., 2015. ‘An bhfuil cion ag an bhfear bán ar an mbean dhearg?: Bundúchasaigh Mheiriceá Thuaidh i bpróslitríocht na Gaeilge’. In: Nic Congáil, R., Nic Eoin, M., Ní Úrdail, M., Ó Liatháin, P., Uí Chollatáin, R. (eag). *Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain, Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*, Imleabhar II. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 175-218.
- Ó Tuathaigh, G., 2003. ‘Cultural visions and the new state: embedding and embalming’ In. Doherty, G. agus Keogh, D. (eag.) *De Valera’s Irelands*. Corcaigh: Mercier Press, 166-184.
- Pearson, N. agus Singer, M., 2009. *Detective Fiction in a Postcolonial and transitional World*, Farnham, England: Ashgate.
- Pyrhonen, H., 2010. ‘Criticism and Theory’. In: Rzepka, C.J., agus Horsley, L. (eag.) *A Companion to Crime Fiction*, Oxford: Wiley-Blackwell John Wiley & Sons, 43-56.
- Rahn, S., 1997. “Inishrone Is Our Island”: Rediscovering the Irish Novels of Eilís Dillon. *The Lion and the Unicorn* 21.3, The Johns Hopkins University Press, 347-368.
- Reddin, K., 1946. ‘Children’s Books in Ireland’. In: *Irish Library Bulletin*, (5), 74-76.
- Reimer, M. agus Bradford, C., 2005. ‘Home, Homelessness, and Liminal Spaces: The Uses of Postcolonial Theory for Reading (National) Children’s Literature’. In: O’Sullivan, E., Reynolds, K., Romoren, R., *Children’s Literature Global and Local: Social and Aesthetic Perspectives*. Oslo: Novus Press, 200-217.
- Reynolds, K., 1990. *Girl’s Only? Gender and Popular Children’s Fiction in Britain, 1880-1910*. Philadelphia: Temple University Press.
- Richards, J., 1989. *Imperialism and Juvenile Literature*. Manchester: Manchester University Press.
- Rieupeyrou, J., 1952. ‘The Western: A Historical Genre’. *The Quarterly of Film Radio and Television*. Vol.7.2. 116-128.
- Rose, J., 1984. *The Case of Peter Pan, Or The Impossibility of Children’s Fiction*. Basingstoke: Macmillan.

- Rosenstock, G., 1990. 'Books in Irish: The Great Lost Treasure'. In: Reece, L. agus Rosenstock, G. (eag.) *Irish Guide to Children's Books Decade 1980-1990*. Dublin: Irish Children's Book Foundation /Fondúireacht Leabhar Páistí na hÉireann, 121- 122.
- Routledge, C., 2010. 'Crime and Detective Literature for Young Readers'. In: Rzepka, C.J., agus Horsley, L. (eag.) *A Companion to Crime Fiction*, Oxford: Wiley-Blackwell John Wiley & Sons, 321-331.
- Rzepka, C.J., 2005. *Detective Fiction*, Cambridge UK: Polity Press.
- Rudd, D. & Pavlik, A., 2010. 'The (Im)Possibility of Children's Fiction: Rose Twenty-Five Years On'. *Children's Literature Association Quarterly*, 35(3), 223-229.
- Rudd, D., 2000. *Enid Blyton and the Mystery of Children's Literature*. New York: St. Martin's Press.
- Rudd, D., 2010. 'Children's Literature and the Return to Rose'. *Children's Literature Association Quarterly*, 35(3), 290-310.
- Russell, E., 1999. 'Holy Crosses, guns and roses: themes in popular reading material' In: Augusten, J. (eag.) *Ireland in the 1930s New Perspectives*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 11-27.
- Saunders, J., 2001. *The Western Genre from Lordsburg to Big Whiskey*. London and New York: Wallflower.
- Slotkin, R., 1992. *Gunfighter Nation: The Myth of the Frontier in Twentieth-Century America*. New York: Atheneum.
- Smulders, S., 2002. "The only good Indian": History, Race, and Representation in Laura Ingalls Wilder's *Little House on the Prairie*'. *Children's Literary Association Quarterly*, 27 (4), 191-202.
- Steege, D., 2003. 'Doctor Dolittle and the Empire: Hugh Lofting's Response to British Colonialism'. In: Lawson, A. agus Westport, L. (eag.) *The Presence of the Past in Children's Literature*. Connecticut, London: Praeger, 91-98.
- Stevenson, D., 1997. 'Sentiment and Significance: The Impossibility of Recovery in the Children's Literature Canon or, The Drowning of *The Water Babies*'. *The Lion and the Unicorn*. 21(1), 112-30.
- Stoodt, B. agus Ignizio S., 1976. 'The American Indian in Children's Literature'. *Language Arts*. 53(1), 17-21.
- Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Titley, A., 2012. 'An Leanbh Ionainn go Léir: Na hAistriúcháin Ghaeilge ar Litríocht do Dhaoine Óga'. In: Nic Congáil, R. (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 87-108.
- Uí Chollatáin., R. 2003. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*: Nuachtán Mionteangach nó Cuid de Phreas na hÉireann Uile? *Bliainiris*, 338- 385.
- Uí Laighléis, G., 2003. *Seán Mac Maoláin agus Ceart na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Uí Laighléis, G., 2004. 'An Gúm: scéal agus scéalaíocht'. In: Ó Conaire, B. (eag.) *Aistí ag iompar Scéil: In ómós do Shéamus P. Ó Mórdha*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 185-206.

- Uí Mhaicín, M., 1996. 'Leabhair Ghaeilge'. In: Coghlan, V. agus Keenan, C. (eag.) *The Big Guide to Irish Children's Books/Móthreoraí do Leabhair Éireannacha don Óige*. Dublin: The Irish Children's Book Trust, 121-130.
- Uí Mhaicín, M., 2000. 'Children's Books in Irish'. In: Coghlan, V. agus Keenan, C. (eag.) *The Big Guide 2: Irish Children's Books*. Dublin: Children's Books Ireland, 103-110.
- Uí Mhaicín, M., 2007. 'Gods, heroes, saints and villains of the Celtic other-world in modern retellings of old Irish tales'. In: Shine Thompson, M. agus Keenan, C. (eag.) *Treasure Islands: Studies in Children's Literature*, Dublin: Four Courts Press, 43-52.
- Webb, J., 2000. 'Text, Culture, and Postcolonial Children's Literature: A comparative Perspective'. In: McGillis, R. (eag.) *Voices of the Other Children's Literature and the Postcolonial Context*, New York and London: Routledge, Taylor & Francis Group, 71-88.
- West, M., 1994. 'Kings, heroes and warriors: aspects of children's literature in Ireland in the era of emergent nationalism'. *Bulletin of John Rylands Library*, 76(3), 165-184.
- Worthington, H., 'From *The Newgate Calendar* to Sherlock Holmes'. In: Rzepka, C.J. agus Horsley, L. (eag.) *A Companion to Crime Fiction*. Oxford: Wiley-Blackwell John Wiley & Sons, 13-27.

